


**Catalóg Mhionsonraithe de Chomhaid Aistriúcháin an  
Ghúim 1926–66 mar aon le Staidéar ar an Tionchar a  
bhí ag Fórsaí Seachtracha Áirithe ar Obair an  
Chomhlachta Foilsitheoireachta le linn na Tréimhse sin**

Imleabhar a hAon de Dhá Imleabhar



**Teresa Cassin, B.A.**

Tráchtas Ph.D.

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Roinn na Nua-Ghaeilge

Mí na Samhna 2019

Ollamh na Nua-Ghaeilge: An tOll. Fionntán de Brún

Stiúrthóir: An Dr Tracey Ní Mhaonaigh

## Clár

<b>Focal buíochais.....</b>	<b>4</b>
<b>Achoimre.....</b>	<b>5</b>
<b>Réamhrá.....</b>	<b>7</b>
<b>Caibidil 1: Scéim aistriúcháin an Ghúim 1926–66: cúlra agus comhthéacs.....</b>	<b>17</b>
Stádas na Gaeilge sa tréimhse idir 1926 agus 1966.....	17
Bunú an Ghúim.....	20
An Gúm agus foilsiú leabhar.....	26
Meon cinsireachta na linne.....	29
Úsáid an chló Ghaelaigh sa státseirbhís.....	36
Stair aistriúcháin an Ghúim 1926–66.....	40
<b>Caibidil 2: Léargas ar an gcatalóg nua a cuireadh le chéile de chomhaid aistriúcháin an Ghúim 1926–66.....</b>	<b>53</b>
Léargas ar na ceannteidil i dtáblaí na catalóige.....	55
Na daoine a thug comhairle faoi oiriúnacht na leabhar bunaidh nó faoi fhiúntas na n-aistriúchán.....	77
Anailís ar na comhaid aistriúcháin.....	103
<b>Caibidil 3: ‘Tá rudaí níos measa ná é á chur i gcló againn’: An Gúm agus aistriúcháin fhochaighdeánacha.....</b>	<b>105</b>
‘Ag cuimhneamh damh...go bhfuil sé ina Ollamh re Gaedhilge i gceann de na Coláistí Oilíúna, agus fós ina Scrúduitheoir fé Roinn an Oideachais...molaim an lámhscríbhinn seo do chur chun an chló dóra go díreach mar tá sí’: <i>Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe</i>	

agus dúshlán stádas an aistritheora.....	107
‘Na theannta soin, dubhairt an Taoiseach timcheall trí seachtmhaine ó shoin, i láthair a lán fianaithe, gurbh é rud a thuig sé féin, go raibh tugtha i n’ordú go raghadh mo scríbhinn fé bhráid na poiblidheachta’: <i>Stair na Gréige</i> agus cur isteach de Valera.....	119
‘In view of the circumstances in which the work was undertaken (i.e. at the Minister’s suggestion) I think we must give the translator as full a trial as possible’: <i>Dathad a hAon</i> agus moladh an Aire Oideachais.....	132
Samplaí de na lochtanna a fuarthas ar <i>Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe</i> agus <i>Stair na Gréige</i> .....	141
<b>Caibidil 4: ‘Considerable changes would have to be made—and in many places’: An Gúm agus cúrsaí cinsireachta.....</b>	<b>154</b>
‘Tá píosaí anso is ansúd, agus caibeadal amháin ann, ná beifí buidheach don Roinn Oideachais dá sgaoilfí chun an phobail Ghaedhlaigh iad mar atáid.’: cúrsaí collaíochta in <i>Iascaire Inse Tuile</i> .....	156
‘I should not like to take the responsibility of approving the book. Indeed I cannot approve it—though I recognise that it is wonderfully fair for a Protestant writer.’: <i>Taoisigh Eorpa</i> agus dearcadh údar an tsaothair bhunaidh.....	162
Toradh na cinsireachta: na difríochtaí idir na saothair bhunaidh agus na haistriúcháin.....	172
<b>Caibidil 5: ‘a leithéid sin de chos ar bolg d’imirt ar dhuine den phobal Gaedhal’: tionchar éiginnteacht na rialacha maidir le foilsiú sa chló Gaelach agus sa chló Rómhánach ar obair an Ghúim.....</b>	<b>196</b>
‘Cad a dhéanfas sgríobhnóir idir an dá linn?’: <i>Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe</i> agus athrú rialtais.....	200
‘neart gan cheart’: <i>Maria Chapdelaine</i> agus díongbháilteacht Earnáin de Blaghd.....	202
‘go mbuanófaí sa mhargadh é’: meon Mhichíl Uí Shiochfhradha i leith luach an chló Ghaelaigh.....	206

<b>Conclúid.....</b>	<b>214</b>
<b>Leabharliosta.....</b>	<b>220</b>
Bailiúchán an Ghúim, Cartlann Náisiúnta na hÉireann.....	234
Ainm.ie.....	259

### **Aguisíní**

<b>Aguisín 1: Tábla A.....</b>	<b>266</b>
<b>Aguisín 2: Catalóg mhionsonraithe de chomhaid aistriúcháin an Ghúim 1926–66 (a bhfuil fáil uirthi in Imleabhar 2 den tráchtas)</b>	

## Focal buíochais

I dtús báire, tá buíochas ar leith ag dul do mo stiúrthóir, Tracey Ní Mhaonaigh, a bhí flaitiúil lena cuid ama agus a bhí spreagúil i gcónaí agus mé ag cur an tsaothair seo le chéile. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Nua-Ghaeilge in Ollscoil Mhá Nuad; An tOllamh Fionntán de Brún, An Dr Aisling Ní Dhonnchadha, An Dr Brian Ó Catháin, An Dr Eoghan Ó Raghallaigh agus An Dr Lára Ní Mhaoláin, go háirithe. Thug gach uile dhuine acu tacaíocht dom le linn dom a bheith i mbun an tráchtas. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le foireann Leabharlann Eoin Pól II agus le foireann Chartlann Náisiúnta na hÉireann, a bhí cairdiúil agus cabhrach i gcónaí.

Murach mo mhuintir agus Jack is cinnte nach mbeadh an pointe seo sroichte agam. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo bheirt deirfiúracha, Mary agus Malissa agus le mo bheirt deartháireacha, Jamie agus Pádraig, le mo sheanathair James agus le mo sheanuncail Thomas. Go raibh míle maith agat Jack as a bheith ann dom i gcónaí, agus táim an-bhuíoch díot as do chúnamh ar fad. Tíomnaím an tráchtas seo do mo thuismitheoirí, James agus Margo Cassin. Sibhse a spreag mé ón tús agus beidh mé faoi chomaoin agaibh go deo.

## Achoimre

Is é atá sa tráchtas seo catalóg inchuadaithe de na comhaid a bhaineann le haistriúcháin an Ghúim sa tréimhse idir 1926 agus 1966—comhaid atá ar coimeád i gCartlann Náisiúnta na hÉireann—mar aon le cuntas ar thionchar fórsaí seachtracha áirithe ar obair an chomhlachta foilsitheoireachta le linn an ama sin. Tá trácht, chomh maith, ar an gcaoi ar dhéileáil an Gúm leis na fórsaí úd, trácht a thugann léargas ar an tionchar a bhí acu ar oifigigh agus ar aistriitheoirí na heagraíochta, agus ar an gcaidreamh idir an dá dhream. Tá caibidil sa tráchtas ar ábhar na catalóige, agus tá fáil ar an gcatalóg féin in Imleabhar 2 den saothar. Is í seo an chéad chatalóg a bhfuil fáil inti ar mhíneolas i dtaobh na gcáipéisí atá sna comhaid agus i dtaobh na ndaoine a ndeachaigh an Gúm i gcomhairle leo agus saothair á roghnú agus á meas acu.

Tá míchlú ar scéim aistriúcháin an Ghúim le fada an lá. De réir an Ollaimh Nollaig Mac Congáil, rinne an comhlacht ‘tromaíocht ar na haistritheoirí’<sup>1</sup> agus ‘cha raibh rath ar bith uirthi mar scéim’.<sup>2</sup> Deir an tOllamh Alan Titley, áfach, gurb é ‘oighear an scéil é gur luachmhaire agus gur fíúntaí cuid de na haistriúcháin sin ná go leor den bhunsaothar a bhí á fhoilsiú ar chomhuain leo’,<sup>3</sup> agus léireofar sa saothar seo nárbh é an Gúm féin, ach na laincísí difriúla a bhí orthu, ba chúis leis an droch-cháil. Is iad na comhaid ina léirítear an chumhacht a bhí ag fórsaí seachtracha áirithe orthu croí an tsaothair seo. Déantar mionscrúdú ar chás sé aistriúcháin ar leith mar eiseamláirí ionadaíocha ar an gcumhacht sin.<sup>4</sup> I gcomhthéacs na dtéacsanna seo, tugtar cuntas ar an tionchar a bhí ag fórsaí seachtracha ar chinneadh an Ghúim glacadh le haistriúcháin fhochaighdeánacha, ar an tionchar a bhí ag meon cinsireachta na linne in Éirinn ar obair aistriúcháin an chomhlachta

---

<sup>1</sup> Nollaig Mac Congáil, *Seosamh Mac Grianna/Iolann Fionn* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1990), 40.

<sup>2</sup> *Ibid.*, *Rí-Éigeas na nGael* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1994), 160.

<sup>3</sup> Alan Titley, *An tÚrscéal Gaeilge* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1991), 46.

<sup>4</sup> Pléitear na téacsanna seo agus na fáthanna gur roghnaíodh iad i réamhrá an tráchtais.

agus ar an tionchar a bhí ag éiginnteacht na rialacha maidir le foilsiú sa chló Gaelach agus sa chló Rómhánach ar an obair chéanna. Tabharfaidh an scrúdú seo léargas, mar sin, ar roinnt de na deacrachtaí a bhí le sárú ag na haistritheoirí agus ag na hoifigigh agus aistriúcháin á gcur ar fáil acu do lucht léitheoireachta na Gaeilge.

## Réamhrá

### Modheolaíocht

Tá cartlann an Ghúim le fáil i gCartlann Náisiúnta na hÉireann ó bogadh í ó oifigí an chomhlachta foilsitheoireachta sa bhliain 1999. Nuair a dhéanadh an Gúm plé ar leabhar a fhoilsiú, choinnídís comhad comhfhreagrais i gcomhair an leabhair sin—cé go bhfuil roinnt de na comhaid ar iarraidh anois<sup>5</sup>—fiú murar foilsíodh ar deireadh é, chomh maith le comhaid ghinearálta ina bhfuil miontuairiscí, meastacháin agus cáipéisí riaracháin eile. Coinníodh níos mó ná comhad amháin i gcomhair roinnt de na leabhair a raibh cuid mhór cáipéisí ag baint leo.<sup>6</sup> Tá thart ar naoi gcéad comhad sa chartlann a bhaineann leis na haistriúcháin a phléigh an Gúm (Comhaid A), níos mó ná dhá mhíle comhad a bhaineann leis na saothair bhunaidh a phléigh siad (Comhaid N), agus seacht gcéad comhad ginearálta (Comhaid G). Pléifear, i gCaibidil 2 den tráchtas, an chatalóg a cuireadh le chéile de na sé chéad comhad a bhaineann le saothair a aistríodh sa tréimhse idir 1926 agus 1966, catalóg a bheidh an-úsáideach do scoláirí agus do thaighdeoirí Gaeilge a dteastaíonn uathu breathnú ar liosta cuimsitheach d’ábhar na gcomhad agus a gcuid taighde á dhéanamh acu.<sup>7</sup>

Agus an chatalóg á cur le chéile, ba léir go raibh cuid de scéal an Ghúim nár insíodh go fóill ná nár díriodh i gceart uirthi go fóill. Thar na blianta, tharraing

---

<sup>5</sup> Tá catalóg sa Chartlann Náisiúnta de na comhaid a choinnigh an Gúm, agus tá trácht ar chomhaid atá ar iarraidh inti. Tugtar léargas ar na difríochtaí idir an chatalóg seo agus an chatalóg nua a cuireadh le chéile mar chuid den taighde seo i gCaibidil 2.

<sup>6</sup> Tá ceithre chomhad ag baint leis an aistriúchán a rinneadh ar *A History of Greece to the Death of Alexander the Great*, cuir i gcás. John Bagnell Bury, *A History of Greece to the Death of Alexander the Great* (London: Macmillan & Co., 1900); *ibid.*, *Stair na Gréige*, aistr. An Monsignor Ró-Oirmhidhneach Pádraig de Brún, 3 iml. (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954).

<sup>7</sup> Tá mac léinn dochtúireachta in Ollscoil Mhá Nuad cheana féin ag baint úsáid as an gcatalóg. Tabhair faoi deara go bhfuil thart ar naoi gcéad comhad ar an iomlán sa chartlann a bhaineann leis na saothair a aistríodh, ach gur cuireadh catalóg le chéile de na comhaid a bhaineann leis an tréimhse idir 1926 agus 1966 amháin; 668 comhad. Tugtar léargas ar na fáthanna gur roghnaíodh an tréimhse taighde seo i gCaibidil 1. Tá níos mó ná dhá chéad comhad eile sa chartlann, mar sin, a bhaineann leis an tréimhse idir 1966 agus 1999 nuair a bogadh í.



mórscribhneoirí na Gaeilge míchlú ar an gcomhlacht; thug Máirtín Ó Cadhain ‘crann smála’ air, mar shampla, agus dúirt Seosamh Mac Grianna go raibh fuath aige air ‘agus choinnigh an fuath sin drithleog bheo i m’anam ar fad go dtáinig an fhaill’.<sup>8</sup> Ach níor thagair na scríbhneoirí céanna do na srianta difriúla a cuireadh ar oifigigh an Ghúim, don fhreagracht a leagadh orthu mar eagraíocht stáit, ná do na cinntí a brúdh orthu—de réir, go minic, mar a bhuaileadh an daol polaiteoirí agus údaráis. Bhaineadh an chumhacht díobh go minic agus ní raibh an milleán ar fad orthu, dá bharr. Bhí éifeacht shuntasach, mar sin, ag fórsaí seachtracha ar obair an Ghúim—fórsaí áirithe ina measc nach raibh aon neart ag an eagraíocht orthu.

Ba léir dom, mar shampla, gur ghlac an Gúm le haistriúcháin nach raibh siad sásta leo agus/nó le haistritheoirí a raibh siad in amhras fúthu toisc gur dúradh leo déanamh amhlaidh. Ba léir, chomh maith, go ndearna an eagraíocht cinsireacht ar théacsanna áirithe i bpróiseas an aistrithe,<sup>9</sup> agus go raibh tionchar ag meon cinsireachta na linne, á spreagadh cuid mhór ag an eaglais, ar a gcuid oibre. Anuas air sin, tá fianaise sna comhaid a léiríonn go raibh an-tionchar ag éiginnteacht na rialacha sna blianta luatha maidir le foilsíú sa chló Gaelach agus sa chló Rómhánach—éiginnteacht a bhí á spreagadh ag athruithe rialtais—ar chúrsaí, go mór mór ar an gcaidreamh idir aistritheoirí agus oifigigh sa chomhlacht foilsitheoireachta.

Is í an cheist atá á cur agus á freagairt sa tráchtas seo, mar sin, ná cén tslí a ndeachaigh fórsaí seachtracha áirithe i bhfeidhm ar obair aistriúcháin an Ghúim sa tréimhse idir 1926 agus 1966 agus cén tionchar a bhí ag na fórsaí seo ar cháil an Ghúim i measc an phobail, agus i measc aistritheoirí agus scríbhneoirí Gaeilge.

---

<sup>8</sup> Máirtín Ó Cadhain, *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1969), 28; Seosamh Mac Grianna, *Mo Bhealach Féin* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1940), 9.

<sup>9</sup> Rinne Máire Nic an Bhaird taighde dochtúireachta ar chomhaid a bhaineann le saothair bhunaidh áirithe a d’fhoilsigh an Gúm chun léiriú a thabhairt ar an gcinsireacht a cuireadh i bhfeidhm orthu. Máire Nic an Bhaird, “Cleachtadh na Cinsireachta, Próiseas na hEagarthóireachta agus Lucht Léitheoireachta na Gaeilge ó 1922 go 1972” (tráchtas PhD, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, 2012).

Níorbh fhéidir, agus breis agus sé chéad cás i gceist, scrúdú a dhéanamh ar scéal gach uile aistriúchán a phléigh an Gúm ó thosach go deireadh na tréimhse. Socraíodh, dá bharr, féachaint go grinn ar chás sé théacs—sé théacs a sheas amach mar chásanna suimiúla arbh fhiú taighde a dhéanamh orthu i bhfianaise an tionchair ar leith a bhí ag fórsaí seachtracha orthu—agus beartaíodh díriú ar na ceisteanna taighde seo a leanas:<sup>10</sup>

- (1) Cén tslí a ndeachaigh fórsaí seachtracha i bhfeidhm ar chinneadh an Ghúim glacadh le haistriúcháin fhochaighdeánacha?
- (2) Cén chaoi a ndeachaigh meon cinsireachta na linne in Éirinn i bhfeidhm ar obair aistriúcháin an Ghúim?
- (3) Cén dóigh a ndeachaigh éiginnteacht na rialacha maidir le foilsíú sa chló Gaelach agus sa chló Rómhánach i bhfeidhm ar an obair chéanna?

Toisc gur aistrigh an Gúm idir théacsleabhair agus ábhar ginearálta léitheoireachta sa tréimhse atá i gceist, socraíodh go ndéanfaí anailís sa tráchtas ar chomhaid a bhaineann leis an dá chineál leabhar. D'aistrigh an Gúm níos mó úrscéalta ná aon chineál saothar litríochta eile idir 1926 agus 1966, agus beartaíodh, dá bharr, agus ábhar ginearálta léitheoireachta á roghnú, go ndéanfaí anailís ar na comhaid a bhaineann leis na trí úrscéal seo a leanas: *Maria Chapdelaine*, *Iascaire Inse Tuile* agus *Dathad a hAon*. Ó thaobh na

---

<sup>10</sup> Roghnaíodh na ceisteanna taighde áirithe seo ar deireadh, ach rinneadh machnamh ar an tionchar a bhí ag na difríochtaí idir canúintí éagsúla na Gaeilge a phlé sa tráchtas chomh maith. Ba léir sna comhaid gur chruthaigh na difríochtaí seo deacrachtaí d'aistritheoirí agus d'oifigigh an Ghúim araon, mar shampla; dhiúltaigh an Connachtach Micheál Breathnach don aistriúchán a rinne an tAthair Tomás Ó Gallchobhair ar *A Catechism of Catholic Doctrine* toisc go raibh sé 'millteach Muimhneach', agus chuir Séamus Ó Grianna i leith an Ghúim gur chuir siad 'Dublin Irish and Munsterisms' isteach in ionad na leaganacha cainte a bhí aige féin in *Éire agus Éireannaigh i Muirthéacht na Fraince*. Tugadh faoi deara nach ndearnadh mionphlé ar na canúintí sna cáipéisí, áfach, agus gurbh fhearr taighde a dhéanamh sa saothar seo ar chomhaid a raibh eolas níos cuimsithí iontu. Chomh maith leis sin, chonacthas go raibh cosúlachtaí idir roinnt de na cásanna a roghnaíodh sa deireadh agus go gcuirfeadh sé leis na hargóintí atá á ndéanamh sa tráchtas dá bhféadfaí nasc idir na comhaid éagsúla a chruthú. Lasmuigh de seo, níor sheas aon fhórsa eile amach mar rud a chuir isteach ar ghnáthobair laethúil an Ghúim. *A Catechism of Catholic Doctrine* (Dublin: M.H. Gill & Son, 1951); Richard Hayes, *Éire agus Éireannaigh i Muirthéacht na Fraince*, aistr. Séamus Ó Grianna (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933); Micheál Breathnach chuig Seán Mac Lellan, 21 Eanáir 1953, A0628, Cartlann Náisiúnta na hÉireann (ar a dtugtar an Gúm ina dhiaidh seo); Seán Mac Lellan chuig Séamus Ó Grianna, 21 Nollaig 1932, A0162, An Gúm.

dtéacsleabhar de, beartaíodh staidéar a dhéanamh ar na trí leabhar staire seo a leanas: *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe, Taoisigh Eorpa, agus Stair na Gréige*.<sup>11</sup> Socraíodh díriú ar leabhair staire toisc gur fhoilsigh an Gúm aistriúcháin ar níos mó leabhair staire ná aon chineál téacsleabhar eile sa tréimhse seo.

I ndiaidh dom breathnú ar chomhaid bhunaidh na n-aistriúchán éagsúil a d'fhoilsigh an Gúm le linn na tréimhse, bhí mé sásta gurbh iad na sé théacs seo na cinn ab fhearr a léiríonn an tionchar a bhí ag fórsaí seachtracha ar shaothair aistriúcháin an Ghúim sna blianta 1926 go 1966. Is cásanna aonair ar leith iad na cásanna seo, ach bhain an córas céanna earcaíochta, eagarthóireachta agus foilsitheoireachta leo agus a bhain le cásanna eile agus mar sin tá siad ionadaíoch, dar liomsa, ar an modh oibre a bhí ag an nGúm maidir le cúrsaí aistriúcháin.

Is é an cur chuige a bhí agam ná na bunfhoinsí a léamh go mion, anailís a dhéanamh orthu, agus iad a mheas de réir thuiscintí na linne sin. Déanfar scrúdú sa tráchtas seo, dá bharr, ar an bhfianaise agus bainfear tátal aisti. Is sna comhaid a bhaineann le cás-staidéir an taighde seo a fheicimid an díospóireacht agus an plé a rinneadh ar aistriú na leabhar agus is iontu a fheicimid an tionchar a bhí ag fórsaí seachtracha ar obair aistriúcháin an Ghúim. Sa chás go ndeirtear i gcomhad áirithe go ndearnadh cinsireacht ar ghiotaí faoi leith sa bhunleabhar, nó nach raibh an Gúm sásta le giotaí faoi leith a foilsíodh san aistriúchán, rinneadh scrúdú ar na píosaí sin sa bhunleabhar, sa lámhscríbhinn (sa chás go bhfuil an lámhscríbhinn ar fáil) agus san aistriúchán a d'fhoilsigh an Gúm chun tuiscint a fháil ar an gconair a glacadh idir an t-aistriúchán a

---

<sup>11</sup> Louis Hémon, *Maria Chapdelaine*, aistr. Risteárd Ó Foghludha (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933); Pierre Loti, *Iascaire Inse Tuile*, aistr. Séamus Ó Grianna (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1952); Edmund Alan Downey, *Dathad a hAon*, aistr. Nioclás Tóibín (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1955); Nioclás A. Weber, *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe*, iml. 1, *Ó'n Tús do chum Éirghe Amach na bPratustún*, aistr. Pádhraic Ó Domhnalláin (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1932); E.M. Wilmot-Buxton, *Taoisigh Eorpa: Gearr-innsint ar Stair na hEorpa i gcómhair Scoláirí Meán-Scol*, aistr. Micheál Ó Siochfhradha (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933); Bury, *Stair na Gréige*.

bheith faighte ag an nGúm agus an leabhar deiridh a bheith i gcló.

Is é an córas tagartha a úsáidtear sa saothar seo ná *Chicago*. Cloíodh leis na treoirínte mar atá siad sonraithe in *A Manual for Writers of Research Papers, Theses, and Dissertations: Chicago Style for Students and Researchers* le Kate Turabian.<sup>12</sup> Roghnaíodh an córas seo toisc go gceadódh sé tagairt chuimsitheach a dhéanamh i bhfonótaí an téacs do cháipéisí an Ghúim atá mar chroílár an taighde seo. Tá litriú malartach i roinnt mhaith de na litreacha sna comhaid éagsúla, agus fágtar an litriú mar a bhí sé sna sleachta bunaidh agus tagairt á déanamh sa tráchtas dóibh.

### **An taighde atá déanta ar chomhaid an Ghúim go dtí seo**

De réir na léitheoireachta leithne atá déanta agam, ní dhearnadh mionphlé go dtí seo ar na ceisteanna taighde a ndírítear orthu sa tráchtas seo i gcomhthéacs scéal aistriúcháin an Ghúim sa tréimhse idir 1926 agus 1966. Bhain Gearóidín Uí Laighléis, Máire Nic an Bhaird, Róisín Adams, Ainéad Ní Mhuirthile, Tracey Ní Mhaonaigh agus Seán Breandán Ó hUallacháin úsáid as cáipéisí an Ghúim ina gcuid taighde dochtúireachta. Scríobh siad go léir faoi chomhaid ghinearálta an Ghúim (sé sin, Comhaid G) ina dtráchtais, agus a n-aird dírithe ar bhunfhoinní a bhaineann le téacsanna faoi leith. Rinne Gearóidín Uí Laighléis anailís ar chomhaid a bhaineann leis na haistriúcháin agus na saothair bhunaidh a scríobh Máirtín Ó Cadhain, Seosamh Mac Grianna agus Seán Tóibín chun léargas a thabhairt ar an gcaidreamh idir iad agus an comhlacht.<sup>13</sup> Dhírigh Máire Nic an Bhaird

---

<sup>12</sup> Kate Turabian, *A Manual for Writers of Research Papers, Theses, and Dissertations, Chicago Style for Students and Researchers*, eág. 8 (Chicago: University of Chicago Press, 2013).

<sup>13</sup> Cé nach ndearnadh mionphlé go dtí seo ar an gcinsireacht a rinne an Gúm mar eagraíocht ar na haistriúcháin, rinne Gearóidín Uí Laighléis plé ina tráchtas dochtúireachta ar an nós a bhí ag Seán Tóibín tagairtí do ghnéas a sheachaint agus téacsanna á n-aistriú aige, agus tá trí leathanach ag tús a tráchtais ina dtugann sí blaiseadh do chásanna eile a chonaic sí sa chartlann. Gearóidín Uí Laighléis, “An Gúm agus an tAistriúchán Liteartha 1926–1956: Staidéar ar Thriúr Scríbhneoirí Iomráiteacha” (tráchtas PhD, Ollscoil na Banríona, Béal Féirste, 2011), 78–80. D’fhoilsigh Uí Laighléis leabhar bunaithe ar ábhar a tráchtais sa bhliain 2017. Gearóidín Uí Laighléis, *Gallán an Ghúim* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2017).

ar cháipéisí a bhaineann le saothair bhunaidh áirithe a d’fhoilsigh an Gúm chun anailís a dhéanamh ar an gcinsireacht a cuireadh i bhfeidhm orthu, agus ba iad Dubhghlas de hÍde, Tomás Ó Criomhthain, Tomás Bairéad, Máirtín Ó Cadhain agus Leon Ó Broin na scríbhneoirí a bhí i gceist aici.<sup>14</sup> Rinne Róisín Adams taighde, ansin, ar chomhaid a bhaineann leis na leabhair a foilsíodh mar ábhar léitheoireachta don aos óg taobh amuigh den scoil, agus dhírigh Tracey Ní Mhaonaigh ar bhunfhoinní a bhaineann le mórshaothar foclóireachta Sheáin Óig Uí Chaomhánaigh.<sup>15</sup>

Níl tráchtas dochtúireachta Bhreandáin Uí Uallacháin, ná Ainéad Ní Mhuirthile ar fáil go poiblí ach phléigh siad a gcuid taighde liom. Mhínigh Ní Mhuirthile gur scríobh sí faoi cháipéisí a bhaineann leis na scríbhneoirí seo a leanas: Muiris Ó Súilleabháin, Seoirse Mac Tomáis, Máirtín Ó Cadhain agus Seosamh Mac Grianna. Dúirt Ó hUallacháin gur dhírigh sé ar chomhaid an Ghúim a bhaineann le thart ar chéad téacsleabhar ina thráchtas, na trí théacsleabhar a roghnaigh mé féin ina measc, ach mhínigh sé nach ndearna sé mionphlé orthu i gcomhthéacs na dtrí cheist taighde agam féin. Anuas ar na tráchtas dochtúireachta ina bpléitear cáipéisí an Ghúim, dhírigh Marie Darmody, ina tráchtas máistreachta, ar bhunfhoinní a bhaineann le haistriúcháin ar shaothair Fraincise a d’fhoilsigh an Gúm, ach níor phléigh sí an comhad a bhaineann le *Maria Chapdelaine* ach go hachomair.<sup>16</sup>

Anuas ar na tráchtas, tá roinnt leabhar agus alt le fáil ina ndéantar plé ar chomhfhreagras an Ghúim. Thug Tadhg Ó Dúshláine léargas ar an gcomhad a bhaineann leis an úrscéal *Fánaí* chun an chinsireacht a rinneadh air a fhiosrú, agus foilsíodh

---

<sup>14</sup> Nic an Bhaird, “Cleachtadh na Cinsireachta”.

<sup>15</sup> Róisín Adams, “Forbairt Litríocht Ghaeilge na nÓg” (tráchtas PhD, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, 2015); Tracey Ní Mhaonaigh, “Croidhe Cainte Chiarraige: Seán Óg Ó Caomhánaigh a thionsaigh” (tráchtas PhD, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, 2008).

<sup>16</sup> Ainéad Ní Mhuirthile, “An Gúm 1926–1946” (tráchtas PhD, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, 2005); Seán Breandán Ó hUallacháin, “Saothair Oideachais an Ghúim 1926–46” (tráchtas PhD, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, 2016); Marie Darmody, “Saothair Fraincise an Ghúim 1927–1939” (tráchtas MA, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, 2008).

athchóiriú a rinne sé ar an téacs, ansin, sa bhliain 1989.<sup>17</sup> Bhain Máirtín Mac Niocláis leas as na cáipéisí a bhain leis an scríbhneoir Seán Ó Ruadháin agus scéal a bheatha á scríobh aige.<sup>18</sup> Tá go leor alt ann, chomh maith, inar phléigh scoláirí comhfhreagras an Ghúim. Tá Gearóidín Uí Laighléis, cuir i gcás, tar éis neart a scríobh ar ábhar a tráchtais dochtúireachta;<sup>19</sup> scríobh Ainéad Ní Mhuirthile alt faoin bpolasaí a bhí ag an nGúm maidir le litriú na Gaeilge;<sup>20</sup> rinne Brian Ó Conchubhair anailís ar na comhaid a bhain le leabhair faoi leith a d’fhoilsigh an Gúm chun léargas a thabhairt ar chlúdaigh na leabhar sin agus na healaíontóirí a earcaíodh chun iad a dhearadh;<sup>21</sup> bhain Máirtín Coilféir úsáid as comhaid ghinearálta chun anailís a dhéanamh ar an scéim i bhfianaise cheist an Bhéarlachais agus cheist na gcanúintí;<sup>22</sup> agus rinne Dorothy Ní Uigín scagadh ar chomhaid ghinearálta an Ghúim chun plé a dhéanamh ar bhunú an chomhlachta agus a pholasaí maidir leis an gcló Gaelach agus an cló Rómhánach—gan díriú ar chás aon téacs ar leith.<sup>23</sup> Anuas air sin, mar thoradh ar an mborradh atá tagtha faoin taighde ar litríocht na n-óg le blianta anuas tá scata alt le fáil ina bpléitear na saothair litríochta a chuir an Gúm ar fáil don aos óg,<sup>24</sup> chomh maith leis an leabhar atá scríofa ag Órla Ní Chuilleanáin

---

<sup>17</sup> Tadhg Ó Dúshláine, “Scéal Úrscéil,” in *Léachtaí Cholm Cille* 19, eag. Pádraig Ó Fiannachta (Má Nuad: An Sagart, 1989), 93–128; Seán Óg Ó Caomhánaigh, *Fánaí: Athchóiriú* (Maigh Nuad: An Sagart, 1989).

<sup>18</sup> Máirtín Mac Niocláis, *Seán Ó Ruadháin: Saol agus Saothar* (Baile Átha Cliath: Clóchomhar, 1991).

<sup>19</sup> Gearóidín Uí Laighléis, “An Gúm: Scéal agus Scéalaíocht,” in *Aistí ag Iompar Scéil*, eag. Breandán Ó Conaire (Baile Átha Cliath: Clóchomhar Tta, 2002), 185–206; *ibid.*, “An Gúm: The Early Years,” in *Celtic Literatures in the Twentieth Century*, eag. Séamus Mac Mathúna agus Ailbhe Ó Corráin (Moscow: Languages of Slavonic Culture, 2007), 199–216; *ibid.*, “Seosamh Mac Grianna agus Allas an Aistriúcháin,” in *Éigse Loch Lao* 3, eag. Gearóid Ó Domagáin (Berlin: Curach Bhán, 2016), 103–37.

<sup>20</sup> Ainéad Ní Mhuirthile, “An Gúm agus Ceist an Litríche,” in *Séimhfhear Suairc: Aistí in Ómós don Ollamh Breandán Ó Conchúir*, eag. Seán Ó Coileáin, Liam P. Ó Murchú, agus Pádraigín Riggs (An Daingean: An Sagart, 2003), 280–95.

<sup>21</sup> Brian Ó Conchubhair, “An Gúm, The Free State and the Politics of the Irish Language,” in *Ireland, Design and Visual Culture: Negotiating Modernity 1922–1992*, eag. Linda King agus Elaine Sisson (Cork: Cork University Press, 2011), 93–113.

<sup>22</sup> Máirtín Coilféir, “Eitic na Fáilte san Aistriúchán agus an Gúm (1929–1939),” *Léann Teanga: An Reiviú* 3 (2015): 7–20.

<sup>23</sup> Dorothy Ní Uigín, “Conspóidí an Ghúim: Léargas óna Chartlann,” *Léann Teanga: An Reiviú* 2 (2014): 50–63. Cé gur cuntas é seo ar cheann de cheisteanna lárnacha an tráchtais seo; ceist an chló, tá sé sách gearr agus níl mionphlé déanta aici air.

<sup>24</sup> Ríona Nic Congáil, eag., *Codladh Céad Bliain: Cnuasach Aistí ar Litríocht na nÓg* (Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR, 2012); Caoimhe Nic Lochlainn agus Ríona Nic Congáil, eag., *Laethanta Gréine & Óicheanta Sí: Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg* (Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR, 2013);

ar an ábhar céanna.<sup>25</sup>

### **Leagan amach agus foinsí an tráchtais**

Sa chéad chaibidil den tráchtas, tugtar léargas ar chúla scéim aistriúcháin an Ghúim. Áitítear inti gur thréimhse ar leith ab ea an tréimhse idir 1926 agus 1966 maidir le stádas na Gaeilge, agus stádas na teanga taobh istigh den chóras oideachais go háirithe. Baintear úsáid as taighde na scoláirí John Coolahan, Adrian Kelly agus Máirtín Ó Murchú agus áit na Gaeilge sa chóras oideachais sa ré sin á meas, pléitear an comhthéacs inar bunaíodh an Gúm, mar a mhíníonn na scoláirí Gearóid Denvir agus Gearóidín Uí Laighléis é, agus cíortar modhanna oibre an chomhlachta mar a léirítear iad i gcomhfhreagras an Ghúim agus i ndírbeathaisnéis Leon Uí Bhroin, státseirbhíseach a d'oibrigh sa Ghúm ag tús a ré.

Tugtar cuntas, chomh maith, ar mheon chinsireachta na linne sin in Éirinn agus ar fud an domhain trí shúile na scoláirí Paul O'Higgins, Peter Martin agus Michael Adams, breathnaítear ar an Acht um Scrúdóireacht Fhoilseachán, 1929–1967, agus tugtar léargas ar aigne na tíre sa ré faoi mar a mhíníonn na staraithé Ronan Fanning agus Patricia Bourden é. Caitear solas ar roinnt de na scríbhneoirí a bhí i gcoinne na chinsireachta agus tráchtar ar na hailt atá le fáil in *The Bell*, iris ina gcáintí an chinsireacht go minic. Anuas air sin, léirítear an tábhacht a bhaineann le taighde Mháire Nic an Bhaird ar an gcinsireacht a rinneadh ar théacsanna bunaidh Gaeilge san fhichiú haois agus déantar tagairt don chinsireacht i bpróiseas an aistrithe a phléitear i gcoílár an tráchtais seo. Tugtar léargas ar an méid a dúirt Leon Ó Broin faoi chinsireacht an Ghúim ag tús a ré

---

Róisín Adams, Claire Marie Dunne, agus Caoimhe Nic Lochlainn, eag., *Thar an Tairseach: Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg* (Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR, 2014).

<sup>25</sup> Órla Ní Chuilleanáin, *Tiortha na hÓige: Litríocht na nÓg agus Ceisteanna an Aistriúcháin* (Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR, 2014).

agus ar thuairim an scoláire Michael Cronin ina leith i bpróiseas an aistrithe. Déantar scagadh, ansin, ar pholasaí an Ghúim i leith na cinsireachta mar a léirítear é i gcomhfhreagras na heagraíochta.

Ina dhiaidh sin pléitear an léargas a thugann an socheolaí Seán Ó Riain ar úsáid an chló Ghaelaigh sa státseirbhís ina leabhar *Pleanáil Teanga in Éirinn* agus déantar tagairt don tionchar a bhí ag polasaí an rialtais maidir le cúrsaí cló ar aistritheoirí an Ghúim i bhfianaise chomhfhreagras an chomhlachta. Cuirtear deireadh le Caibidil 1 le measúnú ar scéim aistriúcháin an Ghúim. Caitear solas, sa chuid dheireanach seo, ar na tuairimí a léiríodh ar an bhfáth go raibh ar an eagraíocht iarraidh ar dhaoine aistriúcháin a dhéanamh—tuairimí Airí Rialtais agus státseirbhíseach ina measc; tugtar léargas ar bhuanas agus laigí na scéime dar le scoláirí áirithe, Alan Titley, Breandán Delap, Gearóidín Uí Laighléis, Philip O’Leary, Nollaig Mac Congáil, Brian Ó Conchubhair, Michael Cronin, Antain Mac Lochlainn agus Cathal Ó Háinle ina measc; déantar iniúchadh ar na tuairimí a léirigh scríbhneoirí faoin nGúm i nuachtáin cosúil le *The United Irishman*, *An Phoblacht*, *Scéala Éireann*, *The Irish Independent* agus in irisí cosúil le *Feasta*, *An Timire* agus *Bonaventura*; agus tugtar spléachadh ar an méid a bhí le rá i ndírbeathaisnéisí na ndeartháireacha Séamus Ó Grianna agus Seosamh Mac Grianna ar a dtaithe siúd mar aistritheoirí sa Ghúm.

Mar a dúradh cheana, cuireadh catalóg le chéile, mar thúsphointe don taighde, de na comhaid i gCartlann Náisiúnta na hÉireann a bhaineann le haistriúcháin an Ghúim sa tréimhse idir 1926 agus 1966. Tá léargas ar an gcatalóg seo i gCaibidil 2 den tráchtas, agus is iad bunchomhaid an Ghúim, dá bharr, atá mar chroílár na caibidle seo. Thug neart daoine difriúla, le linn na tréimhse seo, comhairle maidir leis na haistriúcháin, agus tá liosta díobh, mar aon leis an gcúlra gairmiúil a bhí acu, agus teideal na gcomhad ina léirítear a gcuid tuairimí, ar fáil sa chaibidil chéanna. Anuas ar chomhaid an Ghúim,



baineadh an-leas as Ainm.ie chun eolas a bhailiú faoi chúlra gairmiúil na gcomhairleoirí seo.

Agus obair an Ghúim curtha ina comhthéacs stairiúil sa chéad dá chaibidil den tráchtas, tugtar aghaidh i gcaibidlí 3–5 ar bhuncheist an tráchtas a fhreagairt maidir leis an gcaoi a ndeachaigh fórsaí seachtracha áirithe i bhfeidhm ar obair aistriúcháin na heagraíochta sna blianta idir 1926 agus 1966. Déantar mionanailís sna caibidlí seo ar na comhaid a bhaineann leis na sé théacs a roghnaíodh mar shamplaí ionadaíocha ar shaothair a aistríodh le linn na tréimhse sin: *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe*, *Maria Chapdelaine*, *Taoisigh Eorpa*, *Stair na Gréige*, *Iascaire Inse Tuile* agus *Dathad a hAon*. I gcomhthéacs na dtéacsanna seo, déantar iniúchadh ar an tionchar a bhí ag fórsaí seachtracha ar chinneadh an Ghúim glacadh le haistriúcháin fhochaighdeánacha, ar an tionchar a bhí ag meon cinsireachta na linne in Éirinn ar obair aistriúcháin an eagrais agus ar an tionchar a bhí ag éiginnteacht na rialacha maidir le foilsiú sa chló Gaelach agus sa chló Rómhánach ar an obair chéanna.

## Caibidil 1

### Scéim aistriúcháin an Ghúim 1926–66: cúlra agus comhthéacs

#### Stádas na Gaeilge sa tréimhse idir 1926 agus 1966

Tréimhse ar leith ab ea an tréimhse idir 1926 agus 1966 maidir le stádas na Gaeilge, agus stádas na teanga taobh istigh den chóras oideachais go háirithe. Léirigh bunú an Ghúim sa bhliain 1926, a phléifear sa chéad chuid den chaibidil seo, a thábhachtaí is a bhí an Ghaeilge do rialtas an tSaorstáit, mar a deir Seosamh Ó Murchú, Eagarthóir Sinsearach reatha an Ghúim:

...ní mór a rá go raibh bunú an Ghúim ar cheann de na gníomhartha dóchais sin a bhí le háireamh i measc iarrachtaí an tsaorstáit an Ghaeilge a neartú agus rochtain uirthi a thabhairt ar ais do phobal na tíre. Murab ionann agus an lá inniu ní gníomh imeallach a bhí i gceist agus leathshúil ar bhrúgrúpa ach gníomh a bhí bunaithe ar pholasáí lárnach an rialtais i dtaobh na teanga...<sup>26</sup>

I measc iarrachtaí eile an tSaorstáit an Ghaeilge a neartú, tugadh áit lárnach di sa churaclam bunscoile agus cuireadh rialacha i bhfeidhm chun í a chur chun cinn mar mheán teagaisc. Dá mbeadh dóthain di ag an múinteoir, mhúinfí ranganna na naíonán tríthi agus mura mbeadh go leor aige/aici, bheadh air/uirthi an teanga a mhúineadh ar feadh uair an chloig gach lá agus í a úsáid chomh minic agus ab fhéidir i rith an lae. Faoin mbliain 1928, ní raibh ach 373 scoil as 5183 ina raibh an Béarla amháin mar mheán teagaisc i ranganna na naíonán.<sup>27</sup> Sna meánscoileanna, bhain an Rialtas úsáid as dreasachtaí chun an teanga a chur chun cinn. Cuireadh deontais bhreise ar fáil ó 1924 ar aghaidh do scoileanna ag brath ar an méid ábhar a múineadh trí mheán na Gaeilge iontu, ó 1926 ar aghaidh bhí scrúdú béil Gaeilge mar chuid den phróiseas clárúcháin do

---

<sup>26</sup> Seosamh Ó Murchú, “Idir Laethanta Gréine agus Na Mairbh a D’fhill: Súil Sceabhach ar an bhFoilsitheoireacht do Dhaoine Óga i mBlianta Tosaigh an Ghúim,” in *Codladh Céad Bliain: Cnuasach Aistí ar Litríocht na nÓg*, eag. Ríona Nic Congáil (Baile Áth Cliath: LeabhairCOMHAR, 2012), 23.

<sup>27</sup> Adrian Kelly, *Compulsory Irish: Language and Education in Ireland, 1870s–1970s* (Dublin: The Irish Academic Press, 2002), 42–44.

mhúinteoirí meánscoile, agus ó 1927 ar aghaidh b'ábhar éigeantach í i meánscoileanna aitheanta. Bhí dreasacht ann chomh maith chun daltaí ag an dara leibhéal a spreagadh chun an teanga a úsáid—dá bhfreagróidh dalta scrúdpháipéir Mheánteistiméireachta nó Ardteistiméireachta (seachas sa mhatamaitic agus san ealaín) as Gaeilge, gheobhadh an dalta deich faoin gcéad sa bhreis, agus dá bhfreagróidh sé/sí na scrúdpháipéir sa mhatamaitic as Gaeilge, gheobhadh sé/sí cúig faoin gcéad sa bhreis.<sup>28</sup> Léirigh na hathruithe seo a rinneadh ar na curaclaim bhunscoile agus mheánscoile go raibh an Rialtas dáiríre faoin iarracht a bhí á déanamh acu an teanga a athbheochan sa tír.

Faoi dheireadh na gcaogaidí, áfach, bhí nuachóiriú ar siúl in Éirinn agus bhí athbhreithniú á dhéanamh ar roinnt gnéithe de shaol na hÉireann dá bharr. Foilsíodh an Páipéar Bán ar Fhorleathnú Eacnamaíoch sa bhliain 1958, agus mar thoradh air sin d'athraigh meon phobal na hÉireann i dtaca le forbairt eacnamaíoch agus thionsclaíoch:

Educational change formed a part of significant changes of attitude which were occurring in Irish society generally. A notable landmark in this was the publication in 1958 of the government White Paper on Economic Expansion which led to the first economic programme and changed attitudes to economic and industrial development.<sup>29</sup>

Rinneadh forbairt ar earnáil tionsclaíochta na hÉireann agus láidríodh an caidreamh idir Éire agus tíortha eile. Dhírigh na heachtraí seo aird an Rialtais ar luach an oideachais, agus ar thábhacht an oideachais meánscoile go háirithe. Cuireadh tús leis an saoroideachas meánscoile sa bhliain 1967.<sup>30</sup>

---

<sup>28</sup> John Coolahan, *Irish Education: It's History and Structure* (Dublin: Institute of Public Administration, 1981), 76–77. Ní raibh aon mharc breise ar an ealaín a fhreagairt as Gaeilge ag an bpointe seo. Sa lá atá inniu ann, bronntar deich faoin gcéad sa bhreis ar chuid de chúrsa ealaíne na hArdteiste darb ainm 'Stair na hEalaíne agus Tuiscint don Ealaín' a fhreagairt as Gaeilge, ach níl aon mharc breise ar an gcuid eile den chúrsa. Dealraíonn sé, mar sin, nach raibh aon mharc breise ag dul ar an ealaín a fhreagairt as Gaeilge go dtí gur cuireadh an chuid seo ar an gcúrsa, toisc, is dócha, nach mbeadh mórán Gaeilge ag teastáil ó dhalta chun an chuid eile den chúrsa a chur i gcrích. Eoghan Mac Aogáin, David Millar, agus Thomas Kellaghan, "The Bonus for Irish in the Leaving Certificate Examination," *The Irish Journal of Education* 38 (Eanáir 2010): 28.

<sup>29</sup> Coolahan, *Irish Education: It's History and Structure*, 131.

<sup>30</sup> *Ibid.*, 131–34.

Dealraíonn sé nach bhfacthas an fiúntas céanna a bheith ag an nGaeilge san aois nua seo. Sna meánscoileanna, cuireadh an bhéim ar ábhair theicniúla a raibh baint níos mó acu leis an saol oibre, agus laghdaíodh ar thábhacht na Gaeilge mar ábhar dá bharr, faoi mar a mhaíonn an tOllamh Máirtín Ó Murchú:

...tháinig claochlú mór sna seascaidí ar ghnásanna sa dara leibhéal scolaíochta: méadaíodh go mór ar an tinreamh, ar líon na scoileanna, agus ar a gcineálacha. Lagaíodh ar an seanghnáthamh. Deineadh slad ar líon na meánscoileanna lán-Ghaeilge. Thairis sin, tháinig raon leathan d'ábhair theicniúla chun cinn, rud a chúngaigh ar na seanábhair liteartha, sa chláir ama agus i rogha na scoláirí.<sup>31</sup>

Tháinig meath ar stádas na teanga sna seascaidí, mar sin. Sa bhliain 1960, mar shampla, thug an Roinn Oideachais cead do mhúinteoirí bunscoile níos mó ama a chaitheamh ar mhúineadh na Gaeilge labhartha trí mheán an Bhéarla in ionad ranganna a mhúineadh trí Ghaeilge, agus mar thoradh air sin tháinig laghdú ollmhór ar líon na mbunscoileanna a raibh an Ghaeilge mar mheán teagaisc iontu.<sup>32</sup> An bhliain chéanna, dúnadh na coláistí ullmhúcháin—meánscoileanna lán-Ghaeilge do dhaltaí a bhí ag iarraidh a bheith ina mbunmhúinteoirí. Bhí na coláistí seo lonnaithe sa Gaeltacht, den chuid is mó; rud a thug buntáiste do dhaltaí ón nGaeltacht agus do gheilleagar na Gaeltachta araon, agus a leag béim ar thábhacht na teanga in oiliúint múinteoirí.<sup>33</sup> Ritheadh olltoghchán an bhliain dár gcionn agus mhaígh Fine Gael go raibh sé mar aidhm ag an bpáirtí deireadh a chur leis an nGaeilge mar ábhar éigeantach meánscoile dá dtoghfaí é.<sup>34</sup> Ba í seo an chéad uair a

---

<sup>31</sup> Máirtín Ó Murchú, *Cás na Gaeilge 1952–2002: Ag Dul ó Chion? An Aimsir Óg (Paimfléad 1)* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2002), 21.

<sup>32</sup> Kelly, *Compulsory Irish: Language and Education in Ireland*, 58. Míníonn an scríbhneoir Helen Ó Murchú na cúiseanna a bhí le cinneadh na Roinne Oideachais: ‘Reaction from teachers and segments of the public, together with a negative piece of research in 1967 eventually led to Irish being reduced to subject matter only in the majority of primary schools outside the Gaeltacht.’ Helen Ó Murchú, *The Irish Language in Education in the Republic of Ireland* (Leeuwarden: Mercator European Research Centre on Multilingualism and Language Learning, 2016), 12, faighte 31 Eanáir 2019, [https://www.mercatorresearch.eu/fileadmin/mercator/documents/regional\\_dossiers/irish\\_in\\_ireland\\_2nd.pdf](https://www.mercatorresearch.eu/fileadmin/mercator/documents/regional_dossiers/irish_in_ireland_2nd.pdf).

<sup>33</sup> Bhí na coláistí lonnaithe sna contaetha seo a leanas: Baile Átha Cliath, Ciarraí, Corcaigh, Gaillimh, Maigh Eo agus Dún na nGall. Kelly, *Compulsory Irish: Language and Education in Ireland*, 69–73.

<sup>34</sup> *Ibid.*, 58, 114. Arís eile sa bhliain 2011, mhaígh Enda Kenny, ceannaire Fhine Gael, go bhfaigheadh an páirtí réidh leis an nGaeilge mar ábhar éigeantach scoile dá dtoghfaí é. Lorna Siggins, “Different Fine Gael Views on Irish Exam,” *Irish Times*, 10 Feabhra 2011.

chaith baill de rialtas an tSaorstáit amhras ar luach na teanga. Cé gur éirigh le hathbheochan na Gaeilge daoine a aontú ó thaobh na náisiúntachta de ag tús an chéid, b'ábhar achrainn í faoin bpointe seo.<sup>35</sup> Mar sin is fiú féachaint ar na blianta idir 1926 agus 1966 mar aon tréimhse amháin i stair an Ghúim toisc gur ré ar leith í an tréimhse sin i stair na hÉireann ó thaobh stádas na Gaeilge de.

### Bunú an Ghúim

Faoi mar a mhaíonn Gearóid Denvir in *Aistí Phádraic Uí Chonaire*, bhí ganntanas leabhar Gaeilge ann nuair a bunaíodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893. Chuaigh an Conradh i ngleic leis an bhfadhb, agus d'fhoilsigh siad 172 leabhar litríochta agus teagaisc idir 1893 agus 1918.<sup>36</sup> Bhí cúrsaí maidir le litríocht agus foilsiú na Gaeilge ag dul in olcas, áfach, sna blianta a lean Éirí Amach 1916. Bhí roinnt de na húdair marbh nó i bpríosún nó gafa le cúrsaí polaitíochta agus na húdair a bhí ag scríobh, is ag scríobh do pháistí scoile a bhí siad go príomha.<sup>37</sup>

Tionóladh an chéad Dáil sa bhliain 1919, agus shocraigh rialtas Shinn Féin<sup>38</sup> ceangal a dhéanamh idir an Roinn Oideachais agus an Ghaeilge. Is é an argóint a rinneadh ná go mbeadh an tAire Oideachais in ann an áit cheart a thabhairt don teanga ar an gcuraclam. I bhfianaise an ghanntanais, d'aithin rialtas an tSaorstáit go raibh gá le scéim chun leabhair Ghaeilge a fhoilsiú,<sup>39</sup> agus cuireadh Coiste na Leabhar ar bun sa bhliain

---

<sup>35</sup> Kelly, *Compulsory Irish: Language and Education in Ireland*, 58, 141.

<sup>36</sup> Gearóid Denvir, eag., *Aistí Phádraic Uí Chonaire* (Gaillimh: Cló Chois Fharráige do Choiste Éigse Ros Muc, 1978), 255–58.

<sup>37</sup> Uí Laighléis, “An Gúm: Scéal agus Scéalaíocht,” 185.

<sup>38</sup> Ba é Éamon de Valera Príomh-Aire na Dála, agus seo a leanas na baill eile: Michael Collins, Arthur Griffith, Count Plunkett, Cathal Brugha, Constance Markievicz, Eoin Mac Néill, W.T. Cosgrave, Seán T. Ó Ceallaigh, Robert Barton, Seán Echingham, Laurence Ginnell agus Earnán de Blaghd. An tOireachtas, “Members of the First Dáil,” *Tithe an Oireachtais*, faighte 23 Aibreán 2019, <https://www.dail100.ie/en/people/>.

<sup>39</sup> Uí Laighléis, “An Gúm: Scéal agus Scéalaíocht,” 185.

1926 chun breathnú i ndiaidh na scéime sin. Bhí dhá chineál leabhar ag teastáil ón gCoiste; leabhair a bheadh oiriúnach mar théacsleabhair sna meánscoileanna agus leabhair a mbeadh tairbhe faoi leith iontu do dhaoine a bhí ag foghlaim na Gaeilge.<sup>40</sup>

Tháinig an Coiste le chéile den chéad uair ar an 7 Bealtaine 1926.<sup>41</sup> Tugadh cuireadh do scríbhneoirí Gaeilge agus do dhaoine a raibh suim acu i ndul chun cinn na teanga a bheith air. Seo a leanas na daoine a bhí ina mbaill de idir Bealtaine 1926 agus Iúil 1928: Dubhghlas de hÍde, Piaras Béaslaí, Tadhg Ó Donnchadha, Leon Ó Broin, Tomás Ó Máille, Micheál Breathnach, Énrí Ó Muirgheasa, Colm Ó Murchadha, Seoirse Mac Niocaill agus Proinnsias Ó Tighearnaigh. Bhí ar Choiste seo na Leabhar lámhscríbhinní a chuir scríbhneoirí isteach a mheas agus moladh a thabhairt don Roinn Oideachais ar chóir glacadh leo mar a bhí siad, glacadh leo ar an gcoinníoll go n-athrófaí iad, nó diúltú dóibh. Anuas air sin, dá dtiocfadh scríbhneoir chuig an gCoiste le plean chun leabhar a scríobh agus rún aige/aici go bhfoilseodh an Roinn é, bhí ar an gCoiste moladh a thabhairt dó/di leanúint ar aghaidh leis, gan leanúint ar aghaidh leis, nó athrú a dhéanamh ar an bplean.<sup>42</sup>

I mí na Nollag 1926, agus Coiste na Leabhar ag obair leis ar feadh sé mhí, nó mar sin, chuir Seosamh Ó Néill, Rúnaí na Roinne Oideachais, in iúl do Rúnaí na Roinne Airgeadais, John Houlihan, gur chóir don rialtas ábhar litríochta a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, seachas d'fhoghlaimoirí amháin, toisc go raibh pobal léitheoireachta na Gaeilge ag fás:

For the past quarter of a century the schools and colleges have turned out a steadily increasing number of people who can read Irish well. Since the establishment of Saorstát Éireann the output of Irish students has increased rapidly owing to the Gaelicisation of the educational system and the result is that there is now in existence a considerable and rapidly increasing reading public which would read

---

<sup>40</sup> Gnó an Choiste, 7 Bealtaine 1926, G039, An Gúm.

<sup>41</sup> Miontuairiscí an Chruinnithe, 7 Bealtaine 1926, G039, An Gúm.

<sup>42</sup> Gnó an Choiste, 7 Bealtaine 1926, G039, An Gúm.

popular literature in Irish if it were available, but which at present reads it in English. If these people could get popular matter to read in Irish the training in Irish that they have received during their educational career would be strengthened and made permanent by their daily reading afterwards. If through the lack of such reading matter in Irish they are forced to confine their reading to English, the anglicising tendency of everyday life will be strengthened by their reading and there will be a considerable danger that much of the work of Gaelicisation done in the schools will be fruitless.<sup>43</sup>

Bhraith Ó Néill, áfach, nach rachadh comhlachtaí príobháideacha foilsitheoireachta sa seans chun an t-ábhar litríochta Gaeilge seo a chur ar fáil ag an bpointe luath seo toisc nach mbeifí in ann a bheith cinnte go mbeadh margadh ann dó:

It may be argued that if a considerable reading public exists for Irish popular literature the latter will be supplied as a matter of business by the ordinary publishing firms. The difficulty is that in the transitional stage it is difficult for a publisher to gauge the demand for such a matter in Irish and there is little hope that a publisher will be found who will take the initiative and run the risk of supplying a doubtful market.

Under the circumstances it would seem to be necessary if much of the work done in the schools is not to be wasted that the Government should take the initiative in supplying popular literature in Irish to the reading public until such time as the ordinary commercial supply will make this un-necessary.<sup>44</sup>

Shíl Ó Néill go bhféadfadh scríbhneoirí na Gaeilge an t-ábhar litríochta seo a chur ar fáil, ach gur cheart, toisc práinn ag baint leis, aistriúcháin ar théacsanna a bhí ar fáil cheana féin a sholáthar: ‘A rapid output of such books in Irish, at first probably translations of existing books, followed no doubt by original work when a school of popular writers is encouraged in this direction, is...urgent’.<sup>45</sup> Dar leis gur chóir aistritheoirí a earcú chun leabhair taistil, beathaisnéisí agus leabhair eile a raibh éileamh orthu i dtíortha eile a aistriú:

Such literature would include popular fiction, books of travel, biographies and other books of a type that are in general demand in other countries. It would probably be supplied chiefly by translation from English and other modern languages and would therefore necessitate the employment of a staff of

---

<sup>43</sup> Seosamh Ó Néill chuig John Houlihan, 22 Nollaig 1926, G008, An Gúm.

<sup>44</sup> Ibid.

<sup>45</sup> Seosamh Ó Néill chuig John Houlihan, 1 Nollaig 1926, G008, An Gúm.

translators...<sup>46</sup>

Dá thoradh sin, bunaíodh an Coiste Foilseachán ar an 22 Meán Fómhair 1927 chun ábhar litríochta a chur ar fáil don phobal i gcoitinne.<sup>47</sup> Mórán mar an gcéanna le Coiste na Leabhar, cuireadh scríbhneoirí Gaeilge agus daoine a raibh spéis acu sa litríocht ar an gCoiste.<sup>48</sup> Seo a leanas na baill: Dubhghlas de hÍde, Tomás Ó Máille, Tadhg Ó Donnchadha, Seoirse Mac Niocaill, an tAthair Láimhbheartach Mac Cionnaith, Lúise Ghabhánach Ní Dhubhthaigh, Piaras Béaslaí, Gearóid Ó Lochlainn, an tAthair Pádraig de Brún, Colm Ó Murchadha, agus Risteárd Ó Foghludha.<sup>49</sup>

Ag an gcéad chruinniú, mhaígh Ó Néill gur cheart dóibh córas a chur i bhfeidhm faoina ndéanfaí aistriúcháin a sholáthar. D’eagraigh an Coiste comórtas, dá bharr, chun caighdeán na haistritheoireachta ag baill den phobal a mheas,<sup>50</sup> agus cuireadh fógra faoi i roinnt nuachtán (féach íomhá 1 mar shampla).<sup>51</sup> Dúradh ann go raibh scríbhneoirí á lorg ag an gCoiste Foilseachán chun leabhair a aistriú.<sup>52</sup> Bheadh sliocht as úrscéal le haistriú go Gaeilge sa chomórtas seo, agus d’earcófaí an buaiteoir chun leabhar iomlán a thiontú.<sup>53</sup> Chuir duine is caoga isteach ar an gcomórtas ina raibh sliocht as *Monarch, the Big Bear* le haistriú.<sup>54</sup> Aistríodh úrscéalta eile ón mBéarla agus ón bhFraincis, dráma de chuid

---

<sup>46</sup> Seosamh Ó Néill chuig John Houlihan, 22 Nollaig 1926, G008, An Gúm.

<sup>47</sup> Mhaígh Ó Néill ag an gcéad chruinniú den Choiste ar an 22 Meán Fómhair 1927 gurbh í an aidhm a bhí ag an gCoiste ná ábhar litríochta a chur ar fáil don phobal i gcoitinne. Miontuairiscí an Chruinnithe, 22 Meán Fómhair 1927, G068, An Gúm.

<sup>48</sup> Seosamh Ó Néill chuig John Houlihan, 22 Nollaig 1926, G008, An Gúm.

<sup>49</sup> G068, An Gúm.

<sup>50</sup> Miontuairiscí an Chruinnithe, 22 Meán Fómhair 1927, G068, An Gúm.

<sup>51</sup> Cuireadh an fógra sna nuachtáin seo a leanas: *Irish Independent*, *Irish Times*, *Cork Examiner*, *Irish Statesman*, *Leader*, *Irish School Weekly*, *Fáinne an Lae*, *An Stoc*, *Teacher’s Work*, *An tUltach*. G151, An Gúm.

<sup>52</sup> Cé gur chomórtas oscailte ab ea é seo do phobal na Gaeilge go ginearálta, míníonn Philip O’Leary gur glacadh leis go luath san fhichiú haois go ndéanfadh sé maitheas do scríbhneoirí na Gaeilge saothair ardlitríochta a aistriú. An méid seo a leanas ó Sheán Mac Giollarnáth, eagarthóir *An Claidheamh Soluis*, mar shampla: ‘Rachaidh an t-aistriú i dtairbhe do’n Ghaedhilg má déantar go maith é agus múinfidh an déantús iasachta ceárd an sgríbhneóra d’ughdaraibh na Gaedhilge.’ Philip O’Leary, *The Prose Literature of the Gaelic Revival 1881–1921 Ideology and Innovation* (Philadelphia: The Pennsylvania State University Press, 1994), 362–64; Seán Mac Giollarnáth, ‘Eagarfhocal,’ *An Claidheamh Soluis*, 12 Feabhra 1916.

<sup>53</sup> Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais chuig Messrs. Wilson, Hartnell & Co., 7 Feabhra 1928, G151, An Gúm.

<sup>54</sup> Rúnaí Choiste na Leabhar chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 10 Iúil 1928, G151, An Gúm; Ernest



Shakespeare agus leabhar staire ón mBéarla i gcomórtais eile a cuireadh ar bun sna blianta tosaigh sin.<sup>55</sup>

**PUBLIC NOTICES.**

**AN ROINN OIDEACHAIS.**

**Comórtas Do Sgríbhneoirí Gaedhilge**

**T**A an-Coisde Foillsúcháin ag lorg sgríbhneoirí chun leabhartha do thionntódh go Gaedhilge ó theangthaacha eile. Chítear don Choisde gur féidir daoine do bheith ann i gan íblos dóibh a bheadh i n-ionnóir an obair sin do dhéanamh, agus i gcaoi go bhfaighfidh gach uile dhuine eithne na féilne, fáthar 'ghá iarracht ar sgríbhneoirí simpla dá gcuid oibre do chur ar triall ortha. Is simpla atá ceaptha i gcóir an chomórtais seo ná aistriúcháin go Gaedhilge ar an gcéad chuibidil d'áirgeál áirithe a thóigh an Coisde choige.

An duine is fearr a dhéanfaidh an t-aistriúcháin san, toghfar é chun leabhair lomáin d'aistriú de réir na geolmheallacha agus rátaí náidh atá ceaduithe chuige. Gheobhfar ainm an áirgeál atá togltha i gcóir an chomórtais agus eolas lomáin i dtuairim na geolmheallacha agus na rátaí san ach sgríobhadh chun Rúnaidhe an Choisde 'ghá lorg.

Caithear na h-áirgeál do 'heallach an Rúnaidhe, an Coisde Foillsúcháin, Stáid Hionn a haon, Baile Átha Cliath, i gcaoi go bhfaighfidh sé iad roim an gcéad lá de Mhí na Bealtaine, 1928.  
4/S.3365 0080 W.H.Co.

Íomhá 1. Fógra a cuireadh in *The Cork Examiner* ar an 10 Feabhra 1928 faoin gcomórtas aistriúcháin.

Maidir le híocaíocht na scríbhneoirí, shocraíodh na Coistí an ráta de réir fheabhas na hoibre, ach go ginearálta thugtaí £1 (20/-) an míle focal,<sup>56</sup> nó idir 4/- agus 5/- an leathanach, do na húdair as leabhair bhunaidh a scríobh,<sup>57</sup> agus thugtaí idir 15/- agus 25/- an míle focal do na haistritheoirí.<sup>58</sup> Ní raibh mórán difríochta, mar sin, idir na rátaí a tugadh d'údair agus d'aistritheoirí, agus feicfear níos déanaí sa chaibidil seo gur chuir sé seo daoine ón scríbhneoireacht chruthaitheach—ceann de na lochtanna ba mhó a fuarthas

Thompson Seton, *Monarch, the Big Bear* (New York: Charles Scribner's Sons, 1904).

<sup>55</sup> Rúnáí Choiste na Leabhar chuig Rúnáí na Roinne Oideachais, 23 Nollaig 1929, G155, An Gúm; Rúnáí Choiste na Leabhar chuig Messrs. Wilson, Hartnell & Co., 23 Aibreán 1930, G147, An Gúm.

<sup>56</sup> Miontuairiscí an Chruinnithe, 9 Eanáir 1931, G065, An Gúm.

<sup>57</sup> Ibid., 17 Meán Fómhair 1926, G039, An Gúm; *ibid.*, 31 Eanáir 1929, G064, An Gúm; *ibid.*, 7 Márta 1929, G064, An Gúm; *ibid.*, 28 Meitheamh 1929, G064, An Gúm; *ibid.*, 4 Deireadh Fómhair 1929, G064, An Gúm; *ibid.*, 20 Nollaig 1929, G064, An Gúm.

<sup>58</sup> Miontuairiscí an Chruinnithe, 12 Eanáir 1927, G068, An Gúm; *ibid.*, 2 Feabhra 1928, G068, An Gúm; Seán Mac Lellan chuig Séamus Ó Grianna, 3 Bealtaine 1945, A0527, An Gúm.

ar an scéim. Níor mhéadaigh an Gúm na rátaí íocaíochta i gcomhair buncheapadóireachta go mór go dtí 1947, nuair a shocraigh siad go dtabharfaí £2 ar a laghad agus £3 ar a mhéad d'údair as leabhair ghnáthlitríochta a scríobh agus go n-iarrfaí ar an Aire Airgeadais ráta níos airde ná sin a thabhairt dá mbeadh feabhas faoi leith sa leabhar.<sup>59</sup>

Bhí cúigear ar Choiste na Leabhar agus ar an gCoiste Foilseachán araon: Béaslaí, de hÍde, Ó Donnchadha, Ó Máille agus Ó Murchadha. Cheapfaí go ndéanfadh sé ciall coiste amháin a dhéanamh de na coistí, mar sin, rud a rinneadh, agus dúirt Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, Proinsias Ó Dubhthaigh, go ndearnadh é ‘for simplification of the work in connection with Irish texts and to secure uniformity generally’.<sup>60</sup> Tugadh Coiste na Leabhar ar an gcoiste cónasctha seo agus bhí an chéad chruinniú acu ar an 28 Iúil 1928. Ainmníodh Seán Mac Giollarnáth, Domhnall Ó Corcora, Domhnall Mac Grianna, Pádraig Ó Siochfhradha agus an tAthair Micheál Ó Murchadha air anuas ar na baill eile.<sup>61</sup> Socraíodh gur cheart “An Gúm” a thabhairt ar ‘the entire works of the amalgamated Committee’, sé sin, an tionscnamh chun leabhair Ghaeilge a chur ar fáil.<sup>62</sup> Shíl Leon Ó Broin, a d’oibrigh sa Roinn Oideachais ag tús ré an Ghúim, gurbh é Micheál Breathnach, a bhí ina chigire sa Roinn, a luaigh an focal “Gúm” ar dtús: ‘In those early purist days a word like scéim for scheme was frowned upon, and it was Micheál Breathnach, I think, who gave us the alternative Gúm from his North Galway vocabulary’.<sup>63</sup> Cé gur tugadh “An Gúm” ar an scéim chun leabhair Ghaeilge a sholáthar san am sin, d’fhás an bhrí sin

---

<sup>59</sup> Rúnaí na Roinne Airgeadais chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 29 Nollaig 1947, G008, An Gúm.

<sup>60</sup> Proinsias Ó Dubhthaigh chuig Walter Doolin, 30 Márta 1928, G157, An Gúm.

<sup>61</sup> G039, An Gúm; G042, An Gúm; G064, An Gúm; G065, An Gúm; G066, An Gúm.

<sup>62</sup> Seán Mac Lellan chuig Proinsias Ó Dubhthaigh, 25 Meitheamh 1928, G005, An Gúm.

<sup>63</sup> Leon Ó Broin, *Just Like Yesterday* (Dublin: Gill & Macmillan, 1986), 67. Dúirt an foclóirí Tomás de Bhaldraithe chomh maith gur focal ‘atá fós le cloisteáil ag Gaeilgeoirí dúchais, i gContae na Gaillimhe’ é. Ní aontaíonn an scoláire Séamas de Barra le de Bhaldraithe faoi bhunús an fhocail (gurb ón mBéarla ‘game’, seanleagan agus leagan canúnach den fhocal ‘game’, a tháinig an focal gúm), déanann sé amach gur ‘litríú de réir fuaimne is ea *gúm(a)* ar *d’(a)udmuib* i.e. an réamhfhocail *de* ag gabháil leagan ársa de thabharthach iolra *aidemm/aidimm* na Sean-Ghaeilge’ a chiallaíonn ‘*instrument, implement, tool*’. Tomás de Bhaldraithe, “Brí agus Bunús an Fhocail *Gúm*,” *Éigse* 19, uimh. 1 (1982): 167–68; Séamas de Barra, “Nótaí ar an bhFocal *Gúm*,” *Éigse* 21, uimh. 99 (1986): 232–33.

thar na blianta agus sa lá atá inniu ann tugtar “An Gúm” ar an eagraíocht féin a chuireann na téacsanna ar fáil.

Nuair a cuireadh Coiste cónasctha na Leabhar le chéile beartaíodh go bpléifeadh fochoiste de leis na téacsleabhair as sin amach. Cuireadh Seoirse Mac Niocaill, An tAthair Láimhbheartach Mac Cionnaith, Lúise Ghabhánach Ní Dhubhthaigh, Tomás Ó Máille agus Micheál Breathnach ar an bhfochoiste seo agus tugadh ‘an FoChoiste um Leabhra Eolais’ air.<sup>64</sup> B’annamh a bhí na baill go léir i láthair ag cruinniú de Choiste na Leabhar,<sup>65</sup> agus shamhlófá gur cuireadh seo san áireamh nuair a socraíodh sa bhliain 1931 go nglacfaí le leabhar ar bith a mhol díreach beirt bhall, seachas an coiste iomlán.<sup>66</sup> D’iarradh an Gúm ar dhaoine aonair na leabhair litríochta a léamh ó 1933 ar aghaidh agus fuarthas réidh le Coiste na Leabhar.<sup>67</sup> Beartaíodh go dtabharfaí tús áite do théacsleabhair as sin amach agus mar sin go leanfadh an FoChoiste um Leabhra Eolais ar aghaidh (faoin ainm ‘An Coiste um Leabhra Eolais’).<sup>68</sup>

### **An Gúm agus foilsíú leabhar**

Is léir ó chomhfhreagras an Ghúim gurbh iad na bunchúraimí a bhí orthu ná: conradh a dhéanamh leis na scríbhneoirí, íocaíocht a shocrú dóibh, eagar a chur ar na leabhair, ealaíontóir a earcú dá mbeadh léaráidí ag teastáil, conradh a dhéanamh maidir le cearta

---

<sup>64</sup> G097, An Gúm.

<sup>65</sup> G059, An Gúm; G064, An Gúm; G065, An Gúm; G066, An Gúm. Tá comhad G051 sa Chartlann Náisiúnta lán le comhfhreagras ina mínítear cén fáth nach raibh baill ar leith i láthair, tá litreacha ann ó na baill seo a leanas: Dubhghlas de hÍde, Tomás Ó Máille, Micheál Breathnach, Énrí Ó Muirgheasa, Proinnsias Ó Tighearnaigh, an tAthair Láimhbheartach Mac Cionnaith, Lúise Ghabhánach Ní Dhubhthaigh, Gearóid Ó Lochlainn, an tAthair Micheál Ó Murchadha agus Risteárd Ó Foghludha. G051, An Gúm.

<sup>66</sup> Miontuairiscí an Chruinnithe, 9 Eanáir 1931, G065, An Gúm.

<sup>67</sup> Rúnaí an Aire Oideachais chuig Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge, 29 Lúnasa 1933, G049, An Gúm. Tá fáil ar liosta de na daoine a thug comhairle faoi oiriúnacht na leabhar bunaidh nó faoi fhiúntas na n-aistriúchán, an cúlra gairmiúil a bhí acu, agus teideal na gcomhad ina bhfuil a gcuid tuairimí léirithe i gCaibidil 2.

<sup>68</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 16 Márta 1933, G049, An Gúm.

foilsithe, dá mba ghá, agus teoracha a thabhairt faoi conas an leabhar a leagan amach nuair a bhí sé réidh le cur i gcló. Bíodh is go dtagraítear sa tráchtas seo don Ghúm mar fhoilsitheoirí, ní raibh siad freagrach as clóchuradóireacht, priontáil ná scaipeadh leabhar. Cuireadh na cúraimí úd ar eagraíochtaí eile, agus tabharfar léargas ar na heagraíochtaí sin sa chuid seo a leanas.

Chuir scéim an Ghúim buairt ar chomhlachtaí foilsitheoireachta in Éirinn. Bheadh sé chun aimhleas earnáil foilsitheoireachta na tíre dá dtiocfadh comhlacht a raibh maoiniú an rialtais aige chun cinn, dar leo. Bhí inní ar Alfred O’Rahilly, Cláráitheoir Ollscoil Chorcaí, a bhí ina cheannaire ar chomhlacht foilsitheoireachta na hOllscoile, nach mbeidís in ann dul in iomaíocht le leabhair an rialtais:

I am strongly of the opinion that the subsidy of Irish publications should take the form of a sum of money given to the author on publication. I think the Department should have nothing to do with the arranging for publication or with the fixing of the price. All these things should be left to be settled by ordinary business considerations.<sup>69</sup>

Scríobh W.G. Lyon, stiúrthóir Chomhlacht Oideachais na hÉireann, chuig an Aire Oideachais, John M. O’Sullivan sa bhliain 1926. Dá gcuirfeadh an rialtas tús le leabhair scoile a fhoilsiú, mhaígh sé nach mbeadh a chomhlacht in ann leanúint ar aghaidh le leabhair Ghaeilge a chur amach:

It is very easy for the hypocritical to say our books have not been perfect, but few books are perfect, and we have done our very best, with the material available, to supply suitable books as required. Under the circumstances, we think we deserve some consideration from your Department and we shall be glad to know if it is your intention to continue the publication of elementary books subsidized by the Government. If so, we are afraid we must retire from such an unequal contest.<sup>70</sup>

Dúradh le O’Rahilly go gcuirfeadh an Gúm na téacsanna in eagar agus go seolfaí iad

---

<sup>69</sup> Cláráitheoir Ollscoil Chorcaí chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 1 Deireadh Fómhair 1925, G008, An Gúm.

<sup>70</sup> Stiúrthóir Chomhlacht Oideachais na hÉireann chuig an Aire Oideachais, 14 Deireadh Fómhair 1926, G008, An Gúm.

chuig Oifig an tSoláthair—a bhí i gceannas ar gach rud a d’fhoilsigh an rialtas, achtanna, billí, tuarascálacha agus díospóireachtaí na Dála, mar shampla—agus go n-earcódh an Oifig an comhlacht foilsitheoireachta Éireannach ba shaoire chun na leabhair a chur i gcló:

Your conclusion that it is the intention of the Stationery Office to start as a firm for the publication of Irish text books in competition with other publishers is, I am glad to say, not correct... The functions of the Stationery Office will simply consist in the control of the expenditure of public money on the scheme, and in responsibility for its return to public funds. Incidentally, it will help the authors of subsidised works by securing economy of publication costs, as between the various publishing firms, by ensuring as wide a competition as possible from amongst them. In this as in other matters we have, of course, to do everything possible to secure the greatest economy compatible with efficiency.<sup>71</sup>

Cloíodh leis an bpróiseas seo i gcás cúig cinn de na sé leabhar atá i gceist sa tráchtas seo; cé go n-ainmnítear Oifig an tSoláthair, nó Oifig Díolta Foilseachán Rialtais (an áit ar díoladh gach rud a d’fhoilsigh an rialtas) mar fhoilsitheoirí ar na sé leabhar, tugtar ainm comhlachtaí neamhspleácha foilsitheoireachta, chomh maith, ar gach leabhar fisiciúil seachas *Iascaire Inse Tuile*.<sup>72</sup> Oifig an tSoláthair amháin atá ar an leabhar sin; bhí cead ag an Oifig leabhair mar seo a foilsíodh mar litríocht ghinearálta a fhoilsiú—sé sin; a chlóchur, a phriontáil agus a scaipeadh—ón mbliain 1930 ar aghaidh.<sup>73</sup> Ba é ceannasaí Oifig an tSoláthair, DJ Coveney, a d’iarr ar Rúnaí na Roinne Airgeadais, Walter Doolin, an cead seo a thabhairt don Oifig. Dúirt sé nár léirigh na comhlachtaí príobháideacha go gcuirfeadh sé isteach ar a gcuid oibre dá bhfoilseodh an Oifig saothair litríochta:

...on the subject of future publication of works of General Literature in Irish... At no time was the opposition of the School Publishers directed to this class of work,

---

<sup>71</sup> Seosamh Ó Néill chuig Alfred O’Rahilly, 12 Bealtaine 1926, G008, An Gúm. Sin mar a bhí an córas dar leis an Aire Airgeadais, Earnán de Blaghd (1923–32), chomh maith: ‘The author dealt with the Publication Section of the Department of Education, which dealt with the Stationery Office, a sub-department of the Department of Finance, which dealt with the Printers.’ Earnán de Blaghd, “Famine in Irish Books,” *Irish Independent*, 28 Nollaig 1936.

<sup>72</sup> Ainmnítear Brún agus Ó Nualláin mar fhoilsitheoirí ar *Stair na Gréige*, Muintir Chathail ar *Taoisigh Eorpa* agus *Maria Chapdelaine*, Clólan Phort an Iarla ar *Dathad a hAon*, agus Clódhanna Oideachais Caitilicigh ar *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe*.

<sup>73</sup> Walter Doolin chuig DJ Coveney, 15 Deireadh Fómhair 1930, G008, An Gúm.

and there does not appear to be any reason why in future they should not be published by the Stationery Office on behalf of the Department of Education.<sup>74</sup>

Mar sin, chuir Oifig an tSoláthair cuid de leabhair an Ghúim i gcló agus chuir comhlachtaí príobháideacha an chuid eile.

### **Meon cinsireachta na linne**

Faoi mar a léiríodh cheana, tréimhse chorrathach i stair na hÉireann a bhí ann nuair a chuaigh an Gúm i mbun oibre sa bhliain 1926. Bunaíodh an Saorstát ceithre bliana roimhe sin agus bhí cinntí fós á ndéanamh ag an Rialtas faoi fhorbairt an náisiúin óig agus áit na Gaeilge inti. Ar mhaithe leis an bhféiniúlacht a neartú rinne an Rialtas iarracht na difríochtaí idir an Saorstát agus an Ríocht Aontaithe a chur chun cinn. Bhí an Ghaeilge agus an creideamh Caitliceach i measc na ndifríochtaí ba mhó a rinne náisiún ar leith den Saorstát, dar leo, mar a mhaíonn an tOllamh Ronan Fanning: ‘The Irish language, like the Catholic religion, was a badge of identity which set apart what Ireland had been in the United Kingdom from what it should be after independence’.<sup>75</sup> Bhí an meon ag láidriú sa Rialtas go raibh an chinsireacht agus diúltú do luachanna neamh-Éireannacha ag teastáil chun an tír a neartú i dtreo poblachta.<sup>76</sup>

Ba thír Chaitliceach í Éire agus bhí an Stát ag iarraidh an íomhá seo a chur os comhair an phobail agus náisiúnachas na tíre a láidriú. Bhain an Rialtas úsáid as an gcinsireacht chun tuairimí nach raibh ag teacht leis an íomhá seo a chur faoi chois.<sup>77</sup> Is é seo a leanas an sainmhíniú a thugann an scoláire Peter Martin ar choincheap na cinsireachta: ‘Censorship is the process of restricting the public expression of ideas,

---

<sup>74</sup> DJ Coveney chuig Walter Doolin, 30 Meán Fómhair 1930, G008, An Gúm.

<sup>75</sup> Ronan Fanning, *Independent Ireland* (Dublin: Helicon Ltd, 1983), 81.

<sup>76</sup> Nic an Bhaird, “Cleachtadh na Cinsireachta” 39.

<sup>77</sup> *Ibid.*, 40.

opinions, conceptions and impulses which have or are believed to have the capacity to undermine the governing authority or the social or moral code which that authority considers itself bound to protect'.<sup>78</sup> Breathnófar sa tráchtas seo ar cheist seo na cinsireachta i gcomhthéacs na foilsitheoireachta agus aistriúcháin an Ghúim, go háirithe, agus pléifear an chinsireacht a rinne an comhlacht ar scata leabhar, an leabhar staire *Makers of Europe* ina measc. Ghlac an Gúm leis gur Phrotastúnach í údar an leabhair áirithe seo, agus léireofar anseo istigh gurbh iarracht í an chinsireacht a rinneadh ar an téacs seo chun pobal na Gaeilge a choinneáil ó na gnéithe ba láidre dá tuairim a léamh, agus chun an Rialtas a choinneáil ó na gnéithe ba láidre dá tuairim a fhoilsiú.

Cheap daoine áirithe go bhféadfaí úsáid a bhaint as próiseas an aistrithe chun cinsireacht a dhéanamh ar théacsanna, faoi mar a mhíníonn Michael Cronin: 'More conservative critics saw translation in Irish as a filter, a form of pre-emptive censorship, that would cleanse the Irish mind of foreign impurities'. Dar leis go raibh sé ar intinn ag an Rialtas an Ghaeilge a úsáid chun cultúr níos coimeádaí a chruthú in Éirinn, agus gur choimeád siad smacht dian, mar sin, ar ábhar na n-aistriúchán a foilsíodh: 'Policing translation was an element in a larger ideological project aimed at using Irish to create a more conservative national culture'.<sup>79</sup>

Ní in Éirinn amháin a bhí cinsireacht ar siúl an uair sin ach ar fud an domhain. Bhí ceann de na córais cinsireachta is déine ar domhan san Astráil, mar shampla; áit ar cuireadh cosc ar 5,000 leabhar idir 1929 agus 1936,<sup>80</sup> agus d'eagraigh Conradh na Náisiún comhdháil idirnáisiúnta sa Ghinéiv i mí Lúnasa na bliana 1923 ar cheist na cinsireachta: 'International Convention for the suppression of the circulation of, and traffic in, obscene

---

<sup>78</sup> Peter Martin, *Censorship in the Two Irelands, 1922–1939* (Dublin: Irish Academic Press, 2006), 1.

<sup>79</sup> Michael Cronin, *Translating Ireland* (Cork: Cork University Press, 1996), 159–60.

<sup>80</sup> Martin, *Censorship in the Two Irelands*, 99.

publications’ a tugadh air.<sup>81</sup>

Rinneadh cinsireacht ar leabhair éagsúla i dtíortha éagsúla. Cuireadh cosc ar *Alice’s Adventures in Wonderland* sa tSín in 1931, mar shampla, toisc go raibh na hainmhithe in ann labhairt sa scéal agus mheas an rialtas, dá bharr, go raibh an leabhar ag iarraidh an stádas céanna a thabhairt do dhaoine agus d’ainmhithe.<sup>82</sup> Roimhe sin, cuireadh cosc ar *Ulysses* agus ar *The Well of Loneliness* sa Bhreatain sna fichidí—ar *Ulysses* mar gheall ar gháirsiúlacht an leabhair,<sup>83</sup> agus ar *The Well of Loneliness* toisc go raibh leispiach mar phríomhcharachtar an scéil; agus sna Stáit Aontaithe, rinne an Society for the Suppression of Vice cás ar son cosc a chur ar an leabhar céanna i gcúirteanna Nua-Eabhrac ach níor éirigh leo. Ar an mbealach céanna, nuair a d’fhoilsigh Penguin Books an t-eagrán iomlán de *Lady Chatterly’s Lover* i Sasana sa bhliain 1960 cuireadh cás cúirte ar siúl mar gheall ar ghraostacht an téacs. D’éirigh le Penguin Books an cás a bhuachan, áfach, toisc gur léirigh siad go raibh luach liteartha ag baint leis an saothar.<sup>84</sup>

Chonacthas tionchar na deachtóireachta ar chúrsaí cinsireachta san Iodáil agus í faoi réim Benito Mussolini (1925–45), sa Spáinn faoi réim Francisco Franco (1939–75), agus sa Ghearmáin faoi réim Adolf Hitler (1933–45).<sup>85</sup> Thug an tAire Bolscaireachta sa Ghearmáin, Joseph Goebels, óráid i mBeirlín ar an 10 Bealtaine 1933 ina ndúirt sé gur shaothair ‘neamhGhearmánacha’ iad saothair a scríobh Giúdaigh, eachtrannaigh agus

---

<sup>81</sup> Michael Adams, *Censorship: the Irish Experience* (Dublin: Scepter Books, 1968), 23.

<sup>82</sup> Jo Elwyn Jones agus J. Francis Gladstone, *The Red King’s Dream or Lewis Carroll in Wonderland* (London: Jonathan Cape, 1995), 277. Foilsíodh *Alice’s Adventures in Wonderland* ar dtús sa Bhreatain in 1865. Lewis Carroll, *Alice’s Adventures in Wonderland* (London: Macmillan & Co., 1865).

<sup>83</sup> Martin, *Censorship in the Two Irelands*, 98; Radclyffe Hall, *The Well of Loneliness* (Paris: Covici Friede, 1928); James Joyce, *Ulysses* (Paris: Shakespeare & Co., 1922).

<sup>84</sup> “Lady Chatterly,” *Scéala Éireann*, 2 Samhain 1989. Ba san Iodáil, sa bhliain 1928, a foilsíodh *Lady Chatterly’s Lover* leis an Sasanach, D.H. Lawrence (1885–1930), ar dtús. D.H. Lawrence, *Lady Chatterly’s Lover* (Florence: Tipografia Giuntina, 1928); *ibid.*, *Lady Chatterly’s Lover* (London: Penguin, 1960).

<sup>85</sup> Jane Dunnnett, “Foreign Literature in Fascist Italy: Circulation and Censorship,” *Traduction, Terminologie, Rédaction* 15, uimh. 2 (Seimeastar 2 2002): 97–124; Raquel Merino agus Rosa Rabadán “Censored Translations in Franco’s Spain: The TRACE Project—Theatre and Fiction,” *Traduction, Terminologie, Rédaction* 15, uimh. 2 (Seimeastar 2 2002): 124–52; Kate Sturge, “Censorship of Translated Fiction in Nazi Germany,” *Traduction, Terminologie, Rédaction* 15, uimh. 2 (Seimeastar 2 2002): 153–70.



liobrálaigh. Dhóigh mic léinn Ollscoile a lean na Naitsithe leabhair ó na siopaí agus ó na leabharlanna i rith na hoíche.<sup>86</sup> Dódh 20,000 leabhar, saothair Ernest Hemingway, Albert Einstein agus Sigmund Freud ina measc.<sup>87</sup>

Bhí cinsireacht ar siúl mar chuid de phróiseas an aistrithe faoi na deachtóireachtaí chomh maith. In aistriúcháin Ghearmánacha, cuireadh drochíomhá in iúl de chultúr na dtíortha a bhí ag troid in aghaidh na Gearmáine; léiríodh, mar shampla, gur dhaoine ardnósacha mímhóralta iad muintir na Breataine san aistriúchán a rinneadh ar *Autobiography of a Cad* le A.G. MacDonell.<sup>88</sup> Baineadh carachtair Mheiriceánacha cosúil le Buffalo Bill amach as scéalta a aistríodh san Iodáil,<sup>89</sup> agus nuair a rinneadh aistriúchán Spáinnise ar *Across the River and into the Trees* le Ernest Hemingway, fágadh ‘Franco’ ar lár san aistriúchán ar ‘General Fat-Ass Franco’.<sup>90</sup> Ní chuirtear, ná níor cuireadh, an chinsireacht chéanna i bhfeidhm i ngach tír. Braitheann, agus bhraith, an polasaí cinsireachta ó thír go tír ar chultúr, ar mheon, ar religiún agus ar mhoráltacht na tíre sin.<sup>91</sup> Ó thaobh na hÉireann, sa tréimhse atá faoi chaibidil sa tráchtas seo, bhí an-tionchar ag an Eaglais ar mheon an phobail i leith na cinsireachta agus bhí formhór mhuintir na tíre i bhfách leis an gcinsireacht dá bharr:

The majority of people were in favour of some form of literary censorship. The cultural ethos of the 1920’s was one of exclusiveness. There were public demonstrations in favour of the introduction of a censorship board and trains

---

<sup>86</sup> Roger Manvell agus Heinrich Fraenkel, *Dr. Goebbels, His Life and Death* (New York: Simon and Schuster, 1960), 129.

<sup>87</sup> Cyprian Blamires agus Paul Jackson, ead., *World Fascism: A Historical Encyclopedia* (Oxford: ABC-CLIO, 2006), 99.

<sup>88</sup> Cuirtear drochíomhá de na Sasanaigh in iúl sa leagan bunaidh chomh maith, ach léiríonn an scoláire Kate Sturge go leagtar béim ar leith ar an Sasanachas mar chultúr suarach iasachta sa leagan Gearmáinise. Kate Sturge, “A Danger and a Veiled Attack. Translating into Nazi Germany,” in *The Practices of Literary Translation. Constraints and Creativity*, ead. Jean Boase-Beier agus Michael Holman (Manchester: St Jerome Publishing, 1999), 143; A.G. MacDonell, *Autobiography of a Cad* (London: Macmillan, 1938).

<sup>89</sup> Christopher Rundle, “The Censorship of Translation in Fascist Italy,” *The Translator: Studies in Intercultural Communication* 6, uimh. 1 (Aibreán 2000): 67–86, faighte 2 Meán Fómhair 2018, [https://www.researchgate.net/publication./271992773\\_The\\_Censorship\\_of\\_Translation\\_in\\_Fascist\\_Italy](https://www.researchgate.net/publication./271992773_The_Censorship_of_Translation_in_Fascist_Italy).

<sup>90</sup> Douglas LaPrade, *Hemingway and Franco* (València: Publicacions Universitat de València, 2007), 91; Ernest Hemingway, *Across the River and into the Trees* (New York: Charles Scribner’s Sons, 1950).

<sup>91</sup> Martin, *Censorship in the Two Irelands*, 99.

carrying foreign newspapers were stopped and their cargoes burned.<sup>92</sup>

Ní raibh gach duine in Éirinn ar son na cinsireachta, áfach, agus cháin scríbhneoirí, go háirithe, coimeádachas an Rialtais. Bhraith Máirtín Ó Cadhain, mar shampla, go raibh na saothair a d'fhoilsigh an Gúm níos tuire agus níos leanbaí ná na leabhair eile a bhí ar fáil de thoradh na cinsireachta déine a chuir siad i bhfeidhm orthu: 'two censorships operated, the ordinary state censorship and a special Gúm censorship which presumed that everything that was to be written in Irish was for children or nuns'.<sup>93</sup>

Dhéantaí gearán faoin gcinsireacht san iris *The Bell* go minic, leis; chuir an scríbhneoir, Monk Gibbon in iúl, mar shampla, go bhféadfaí argóint a chur chun tosaigh ar son na cinsireachta i gcás leabhar do dhaoine óga soineanta, ach gur chóir go mbeadh daoine fásta in ann rud ar bith a léamh gan dochar a dhéanamh dá gcuid bunphrionsabal moráltachta:

Literary censorship is a sore subject with writers in this country, and they are hardly to blame...the case for censorship is, broadly speaking, the case for youth. Every community protects its young...This is the possible case for censorship, the need for protecting adolescence against a warped mental bias. By thirty a man should be able to read most things without danger to his morals...<sup>94</sup>

Ar an mbealach céanna, léirigh scríbhneoir eile, Margaret Barrington, go bhféadfadh saothar a bheith oiriúnach do dhaoine fásta, ach toisc go mb'fhéidir nach n-oirfeadh sé do léitheoirí óga, go ndéanfaí cinsireacht air: 'must the adult mind be sacrificed to the requirements and limitations of youth?...And because the Censor may think that a book is bad for the under-twenties, must I, who am over forty, be denied the pleasure of reading it?'<sup>95</sup> Sin go díreach mar a tharla i gcás an téacs *Pêcheur d'Islande*, a phléifear níos déanaí

---

<sup>92</sup> Patricia Bourden, *The Emergence of Modern Ireland 1850–1966* (Dublin: Folens, 1986), 243.

<sup>93</sup> Máirtín Ó Cadhain, "Irish Prose in the Twentieth Century," in *Literature in Celtic Countries*, ead. Caerwyn Williams (Cardiff: University of Wales Press, 1971), 147.

<sup>94</sup> Monk Gibbon, "In Defence of Censorship," *The Bell* 9, uimh. 4 (Eanáir 1945): 313.

<sup>95</sup> Margaret Barrington, "Public Opinion—Censorship," *The Bell* 9, uimh. 6 (Márta 1945): 528.

sa tráchtas seo. Léirítear san fhianaise atá sa chomhad a bhaineann leis an aistriúchán a rinneadh air, go ndearna an Gúm cinsireacht air, in ainneoin go ndíreodh an téacs ar ‘léightheoirí agus m[i]c-léighinn na Gaedhilge i measc an ghnáth-phobail’,<sup>96</sup> agus ní ar dhaltaí scoile. Bhí meon na cinsireachta le brath go láidir in Éirinn sna fichidí agus mar thoradh air sin cuireadh An tAcht um Scrúdóireacht Fhoilseachán, 1929–1967 i bhfeidhm. Is é seo a leanas an cur síos a tugadh ar an acht i reachtanna poiblí an Oireachtais ar an 16 Iúil 1929:

Acht chun socrú do dhéanamh chun díol agus scaipe litríochta mí-fholáine do thoirmeasc agus, chuige sin, socrú do dhéanamh chun scrúdóireacht leabhar agus foillseachán tréimhsiúil do bhunú agus chun srian do chur le foillsiú tuairiscí ar shaghsanna áirithe imeachta breithiúntais agus chun crícheanna eile a bhaineas leis na nithe roimhraithe.<sup>97</sup>

Níor cuireadh aon leabhar Gaeilge in Tabhall na bhFoilsíúchán Coiscthe: Acht um Scrúdóireacht Fhoilseachán, 1929–1967,<sup>98</sup> ach léiríonn an taighde a rinne Máire Nic an Bhaird gur cuireadh féinchinsireacht i bhfeidhm ar théacsanna Gaeilge: ‘Bhí cinsireacht á cur ar leabhair Ghaeilge agus leabhair Bhéarla ach an difríocht a bhí eatarthu ná nár chinsireacht oifigiúil a bhí i gceist i gcás na Gaeilge. Thuig na heagarthóirí agus na scríbhneoirí araon, nach nglacfaí le tagairtí a raibh baint acu le cúrsaí collaíochta agus go gcuirfí cinsireacht orthu’.<sup>99</sup> Is é seo a leanas an sainmhíniú a thugann an scoláire, Paul O’Higgins ar an bhféinchinsireacht: ‘First of all, there is what may be called *autonomous* or *self-censorship*. This is used to describe the process whereby such factors as greed, fear, ambition, self-interest and other conscious or unconscious motives lead to an individual refraining from the expression of opinions or ideas; or lead him to express them

---

<sup>96</sup> Seán Mac Lellan chuig Rúnai Roinn Gnóthaí Eachtracha, 1 Nollaig 1944, A0527, An Gúm. Féach fonóta 766, áit a mínítear an fáth go bhféadfai a rá nach ionann ‘m[i]c-léighinn’ anseo agus ‘daltai scoile’.

<sup>97</sup> An tOireachtas, “Acht um Scrúdóireacht Fhoillseachán, 1929,” Achtanna an Oireachtais, faighte 1 Márta 2018, <http://www.acts.ie/ga.act.1929.0021.1.html>.

<sup>98</sup> Nic an Bhaird, “Cleachtadh na Cinsireachta” 42.

<sup>99</sup> Ibid., 27.

only in a distorted or even perverted way'.<sup>100</sup> Tharlódh, mar sin, go gcuirfeadh an t-údar nó an t-eagarthóir athruithe dá chuid féin i bhfeidhm agus go ndéanfaí cinsireacht ar an mbealach seo ar an téacs. I dtaca leis na téacsanna a luadh cheana féin sa chaibidil seo, mar atá, *Makers of Europe* agus *Pêcheur d'Islande*, feicfeadh go ndearna aistritheoir an chéad saothair féinchinsireacht,<sup>101</sup> ach nach ndearna an dara duine. Ba ag an bpointe eagarthóireachta a rinneadh an chinsireacht ar an téacs áirithe sin.<sup>102</sup>

Léirigh Leon Ó Broin go raibh ar an nGúm féinchinsireacht a dhéanamh ar na foilseacháin: 'We discovered early in the proceedings that An Gúm had to have a self-imposed censorship. After all, we were part of a government department subsidised from public funds, and our output was seeing the light of day through the Stationery Office. None of our troubles became public, however. Seán a' Chóta's *An Fánaí* was the first in which some changes had to be made to avoid criticism.'<sup>103</sup> Rinne an Gúm cinsireacht ar *Fánaí*, úrscéal a chruthaigh go leor conspóide, ag deireadh na bhfichidí.<sup>104</sup> Mhaígh an tAthair Micheál Ó Murchadha, a bhí ina Scrúdaitheoir Deoiseach d'Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath, nach raibh píosaí sa leabhar seo, a raibh baint acu le cúrsaí collaíochta, oiriúnach do dhaltaí meánscoile.<sup>105</sup> Míniú Niall Ó Brosnacháin, a rinne a thráchtas dochtúireachta ar Sheán Óg Ó Caomhánaigh, gur 'athghairmeadh a raibh de chóipeanna den leabhar fágtha gan díol sna siopaí. Baineadh na sleachta míchuí as *Fánaí* agus foilsíodh arís é sa bhliain 1928.' Foilsíodh athchóiriú a rinne an scoláire Tadhg Ó Dúshláine ar an úrscéal, ansin, sa bhliain 1989, agus na giotáí úd a baineadh den téacs

---

<sup>100</sup> Paul O'Higgins, *Censorship in Britain* (London: Nelson, 1972), 12.

<sup>101</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 22 Meitheamh 1931, A0053, An Gúm.

<sup>102</sup> Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 3 Lúnasa 1945, A0527, An Gúm.

<sup>103</sup> Ó Broin, *Just Like Yesterday*, 67–68. Deir Ó Broin gur aistríodh go dtí an Roinn Airgeadais é ag tús na bliana 1927.

<sup>104</sup> Seán Óg Ó Caomhánaigh, *Fánaí* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1927); Niall Ó Brosnacháin, *Éist leis an gCóta: Saothar Foclóireachta Sheáin a' Chóta á Mheá agus á Mheas* (Má Nuad: An Sagart, 2001), 38.

<sup>105</sup> Tuairisc Mhichíl Uí Mhurchadha, 17 Eanáir 1928, N0032, An Gúm.

bunaidh curtha ar ais aige.<sup>106</sup>

Tar éis na conspóide a bhain le *Fánaí*, mhothaigh an tOifigeach Foilseachán sa Ghúm, Seán Mac Lellan, gur cheart scrúdú ní ba ghéire a dhéanamh ar gach lámhscríbhinn sula gcuirfí go dtí na clódóirí í:

I consider it absolutely essential that, in future, before a MS is passed on to the printers a careful and detailed scrutiny of the text should be made... Otherwise, it is possible that objectionable words and phrases, representations or suggestions subversive of faith or morals, statements of political opinion too partisan in tone... may be allowed to slip through, as was the case with “Fánaí”.<sup>107</sup>

Nuair a ghlacfaí le lámhscríbhinn, dúirt Mac Lellan go dtabharfaí í don eagarthóir ‘who will (1) “censor” it where necessary, (2) see that grammar and idiom are correct’.<sup>108</sup> Mhínigh Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, Proinsias Ó Dubhthaigh, céard go díreach a bheadh i gceist leis an gcinsireacht seo—dar leis go mbeadh ar an eagarthóir an téacs a léamh agus a chinntiú go raibh sé ‘free from objectionable passages, words etc. moral or otherwise’.<sup>109</sup> Níorbh é cúram gramadaí an chéad chúram a bhí ar an eagarthóir, mar sin, ach cúram cinsireachta.

### Úsáid an chló Ghaelaigh sa státseirbhís

Bhí dhá chló in úsáid sa Ghaeilge nuair a bunaíodh an Saorstát, an cló Gaelach, cló a sholáthair an Bhanríon Eilís I i gcomhair fhoilsiú an Bhíobla sa séú haois déag agus a bhí bunaithe ar thraidisiún na lámhscríbhinní, agus an cló Rómhánach a bhí in úsáid i bhformhór na dteangacha san Eoraip.<sup>110</sup> Sa bhliain 1924 chinn rialtas Chumann na

---

<sup>106</sup> Ó Brosnacháin, *Éist leis an gCóta*, 38; Seán Óg Ó Caomhánaigh, *Fánaí* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1928); *ibid.*, *Fánaí: Athchóiriú*.

<sup>107</sup> Seán Mac Lellan chuig Seosamh Ó Néill, 20 Samhain 1928, G009, An Gúm.

<sup>108</sup> Seán Mac Lellan chuig Proinsias Ó Dubhthaigh, 14 Feabhra 1929, G009, An Gúm.

<sup>109</sup> Proinsias Ó Dubhthaigh chuig Seán Mac Lellan, 30 Samhain 1928, G009, An Gúm.

<sup>110</sup> Helena Ní Ghearáin, “An Caighdeán, an Caighdeánú agus Caighdeánú na Gaeilge,” in *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, ead. Tadhg Ó hÍfearnáin agus Máire Ní Neachtain (Baile Átha Cliath: Cois Life Tta, 2012), 205.

nGaedheal gurbh é an cló Rómhánach a d'úsáidfe feasta ar fud na státseirbhíse,<sup>111</sup> ach amháin i gcás páipéir scrúdaithe. Socraíodh go leanfaí d'úsáid an chló Ghaelaigh iontu siúd, fad a bheadh téacsleabhair á bhfoilsíú sa chló sin. Bheadh úsáid an chló seo ní ba chostasáí dá leanfaí dá húsáid toisc go mbeadh orthu líon na gclóscríobhán agus na ngléasanna cló sa státseirbhís a mhéadú go mór mar sa chló Rómhánach a bhí siadsan ar fad, nach mór.<sup>112</sup>

Ba ghearr gur léir nach gan stró a réiteofaí ceist an chló. Bhí an cló Gaelach in úsáid i dtromlach mór na scoileanna agus i bhformhór na leabhar Gaeilge agus bhí roinnt mhaith de na scríbhneoirí go láidir i gcoinne an chló Rómhánaigh.<sup>113</sup> Mar a dúradh cheana, ba é sprioc Choiste na Leabhar, a cuireadh ar bun sa bhliain 1926, leabhair a bheadh oiriúnach mar théacsleabhair sna meánscoileanna agus leabhair a mbeadh tairbhe faoi leith iontu do dhaoine a bhí ag foghlaim na Gaeilge a chur ar fáil.<sup>114</sup> Ar an 11 Aibreán 1927, chuir an Roinn Airgeadais in iúl go gceadófaí don Roinn Oideachais, go ceann dhá bhliain eile, aistriúcháin ar théacsleabhair mheánscoile a chur amach sa chló Gaelach. Ansin, ar an 10 Nollaig 1929, thug an Roinn Airgeadais le fios go gcuirfe gach aistriúchán a nglacfaí leis ón gcéad lá de mhí Eanáir 1930 amach sa chló Rómhánach.<sup>115</sup> Bhí tionchar nach beag ag an gcinneadh seo ar obair an Ghúim agus ar obair cuid de na haistritheoirí, Pádhraic Ó Domhnalláin, duine a phléifear sa tráchtas seo, ina measc. Cé go raibh cead ag an Roinn Oideachais an t-aistriúchán a rinne Ó Domhnalláin ar an téacsleabhar staire, *A General History of the Christian Era*, a fhoilsíú sa chló Gaelach nuair a iarradh air é a dhéanamh i mí na Samhna 1928, bhí athrú tagtha ar na rialacha faoin am a bhí an dara

---

<sup>111</sup> Bhí W.T. Cosgrave ina uachtarán ar an Ardchomhairle (19 Meán Fómhair 1923–23 Bealtaine 1927) agus seo a leanas na baill eile: Kevin O'Higgins, Earnán de Blaghd, Eoin Mac Néill, John M. O'Sullivan, Joseph McGrath, Patrick McGilligan, Risteárd Ó Maolchatha, Peter Hughes agus Desmond Fitzgerald. "Fourth Dáil," Department of the Taoiseach, faighte 3 Eanáir 2019, [https://www.taoiseach.gov.ie/eng/Historical\\_Information/History\\_of\\_Government/Fourth\\_D%C3%A1il.html](https://www.taoiseach.gov.ie/eng/Historical_Information/History_of_Government/Fourth_D%C3%A1il.html).

<sup>112</sup> Seán Ó Riain, *Pleanáil Teanga in Éirinn, 1919–1985* (Baile Átha Cliath: Carbad, 1994), 64, 162.

<sup>113</sup> *Ibid.*, 64.

<sup>114</sup> Gnó an Choiste, 7 Bealtaine 1926, G039, An Gúm.

<sup>115</sup> Seán Mac Lellan chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, 27 Aibreán 1932, G010, An Gúm.

himleabhar á aistriú aige.

Mar a luadh cheana, bhí sé mar aidhm ag an gCoiste Foilseachán, ó bunaíodh é i mí Mheán Fómhair 1927 go dtí gur scoireadh é i mí an Mheithimh 1928, ábhar litríochta a chur ar fáil don phobal i gcoitinne.<sup>116</sup> Shocraigh an tAire Airgeadais, Earnán de Blaghd, gur cheart aistriúcháin ar shaothair litríochta a choimisiúnaigh an Coiste seo a fhoilsiú sa chló Rómhánach, agus cuireadh é seo in iúl don Roinn Oideachais ar an 8 Deireadh Fómhair 1928.<sup>117</sup> Feicfear níos déanaí sa tráchtas seo go raibh Risteárd Ó Foghludha, aistritheoir agus eagarthóir, thíos leis an gcinneadh seo, agus aistriúchán déanta aige ar *Maria Chapdelaine* sular cuireadh in iúl don Roinn Oideachais nach mbeadh cead acu é a fhoilsiú sa chló Gaelach.

Sa bhliain 1931 d’ordaigh an tAire de Blaghd go mbeadh an cló Rómhánach ina chló oifigiúil ón gcéad bhliain eile amach agus go mbeadh foilseacháin Ghaeilge an rialtais sa chló sin, páipéir scrúdaithe san áireamh. D’eagraigh Conradh na Gaeilge comhdháil speisialta mar agóid in aghaidh an ordaithe ar an 28 Iúil 1931; seo a leanas tuairisc fúithi a foilsíodh in *The Irish Independent*, ina ndéantar tagairt do thuairim an aistritheora thuasluaite, Risteárd Ó Foghludha:

Strong opposition to the printing of Irish in Roman characters was voiced at a meeting summoned by the Coiste Gnotha of the Gaelic League in Dublin. A resolution was adopted that the English characters were a great obstacle to the learning of Irish, and condemning the attempt by the Ministers for Finance and Education to introduce these characters and get rid of the old ones.

They appealed to Gaelic Ireland, and especially to those connected with education, not to accept the foreign script, and not to buy books printed in that script, or allow children to read them.

Pádraig Ó Dálaigh,<sup>118</sup> moving the resolution, described as tyranny the action of those responsible for forcing the Roman characters on the people; while the seconder, Risteárd Ó Foghludha, said Irish money was being used against the

---

<sup>116</sup> Miontuairiscí an Chruinnithe, 22 Meán Fómhair 1927, G068, An Gúm.

<sup>117</sup> Seán Mac Lellan chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 24 Márta 1932, A0002, An Gúm.

<sup>118</sup> Scríbhneoir agus Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge ab ea é. Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, “Ó Dálaigh, Pádraig (1873–1932),” Ainm.ie, faighte 3 Iúil 2019, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=199>.

Gaels of Ireland for the purpose of forcing on them what they strongly objected to...<sup>119</sup>

Ach ní bheadh de Blaghd ina Aire rófhada ina dhiaidh sin. Toghadh Fianna Fáil sa bhliain 1932, agus ar an 29 Márta 1932 chinn an Ardchomhairle go gcealófaí feasta na rialacháin a chuir cosc le foilsíú sa chló Gaelach—go mbeadh rogha idir an dá chló ag Ranna Stáit agus gurb é Ceann na Roinne a dhéanfadh an rogha dá Roinn féin. Fáiltíodh go forleathan roimh shocrú seo an Rialtais deireadh a chur le héigeantas an chló Rómhánaigh.<sup>120</sup> Chuir Rúnaí na Roinne Airgeadais, Walter Doolin, in iúl do Rúnaí na Roinne Oideachais, Seosamh Ó Néill, go dtabharfaí rogha idir an dá chló d’aistritheoirí agus do scríbhneoirí an Ghúim.<sup>121</sup> Caithfidh gurbh ábhar faoisimh don Ghúm é nach mbeadh an cló ina chnámh spairne ag a n-aistritheoirí agus a scríbhneoirí a thuilleadh.

Níor réitigh an socrú seo fadhbanna uile an rialtais maidir le cúrsaí cló, áfach. Ar an 16 Bealtaine 1938, dúirt an tAire Airgeadais, Seán Mac an tSaoi, go raibh an iarracht athbheochana á cur siar ag an easpa aontachta idir ranna rialtais faoin gcló.<sup>122</sup> Dar leis go raibh an chuid is mó de na Ranna ag baint úsáid as an gcló Rómhánach, agus mhol sé don Rialtas, dá bharr, úsáid a bhaint as an gcló sin i ngach gnó oifigiúil lena n-áireofaí téacsleabhair scoile agus saothair litríochta ginearálta a d’fhoilsigh an Gúm. Roghnaigh an tAire Rannóg an Aistriúcháin i dTithe an Oireachtais (a bhí freagrach as reachtanna an Oireachtais a aistriú) agus an Gúm mar shamplaí de dhá dhream státseirbhíse a raibh clónna éagsúla in úsáid acu. Bhain Rannóg an Aistriúcháin úsáid as an gcló Rómhánach, agus bhain an Gúm úsáid as an gcló Gaelach. Dar leis gur chruthaigh an easpa

---

<sup>119</sup> “Question of Irish Types,” *Irish Independent*, 29 Iúil 1931.

<sup>120</sup> Ó Riain, *Pleanáil Teanga in Éirinn, 1919–1985*, 64–65. Bhí Éamon de Valera ina uachtarán ar an Ardchomhairle (9 Márta 1932–2 Eanáir 1933) agus seo a leanas na baill eile: Seán T. Ó Ceallaigh, Patrick J. Ruttledge, Seán Lemass, Seán Mac an tSaoi, James Ryan, Frank Aiken, Tomás Ó Deirg, James Geoghegan agus Joseph Connolly. “Seventh Dáil,” Department of the Taoiseach, faighte 3 Eanáir 2019, [https://www.taoiseach.gov.ie/eng/Historical\\_Information/History\\_of\\_Government/\\_Seventh\\_D%C3%A1il\\_9\\_March\\_1932\\_-\\_2\\_January\\_1933\\_.html](https://www.taoiseach.gov.ie/eng/Historical_Information/History_of_Government/_Seventh_D%C3%A1il_9_March_1932_-_2_January_1933_.html).

<sup>121</sup> Walter Doolin chuig Seosamh Ó Néill, 25 Aibreán 1932, G010, An Gúm.

<sup>122</sup> Ó Riain, *Pleanáil Teanga in Éirinn, 1919–1985*, 65.



leanúnachais deacrachtaí praiticiúla do státseirbhísigh nua ag tosú i Rannóg an Aistriúcháin, agus gan fáil acu ar théacsanna liteartha sa chló Rómhánach, agus nár nós é, i gcoitinne, a bhí le moladh:

The Irish literature available to them after their entry to the Service, published for the most part under Government auspices, adheres to the older traditions as regards type...This conflict of standards is obviously undesirable from the administrative and educational points of view and certain to impede the growth of enthusiasm and respect for the language.<sup>123</sup>

Bhí moladh seo an Aire Airgeadais, go mbainfí úsáid as an gcló Rómhánach, ar chlár an rialtais ag cruinnithe éagsúla le linn na bliana 1938 ach níor thángthas ar aon chinneadh ina thaobh. Ar an 30 Eanáir 1939, mhaígh an tAire Oideachais, Tomás Ó Deirg, nár mhaith leis iarracht a dhéanamh an cló Rómhánach a bhrú ar na scoileanna mar bhí formhór na múinteoirí go láidir ina aghaidh. Mar an gcéanna, chuir na hAirí Oideachais, Risteárd Ua Maolchatha agus Seán Ó Maoláin in iúl sa bhliain 1950 agus 1954 faoi seach go raibh siad den tuairim nach nglacfaid na múinteoirí leis an gcló Rómhánach. Níor socraíodh ceist an chló ar deireadh go dtí 1963, nuair a d'fhógair an Roinn Oideachais gur bheartaigh an tAire Oideachais, Pádraig Ó hIghile, go gcuirfí tús le húsáid a bhaint as an gcló Rómhánach i bpáipéir scrúdaithe, i leabhair léitheoireachta na Gaeilge agus i dtéacsanna próis eile de réir a chéile as sin amach. Dar leis an teangeolaí Seán Ó Riain, sheas an cló Gaelach don údaracht náisiúnta i súile an phobail a bhí ag tacú leis an gcló sin.<sup>124</sup>

### **Stair aistriúcháin an Ghúim 1926–66**

Sa chuid seo, pléifear scéim aistriúcháin an Ghúim sa tréimhse idir 1926 agus 1966, agus

---

<sup>123</sup> Ó Riain, *Pleanáil Teanga in Éirinn, 1919–1985*, 160.

<sup>124</sup> *Ibid.*, 65–67.

breathnófar ar na láidreachtaí agus na laigí a bhain léi.

In *Tuarasgabháil na Roinne Oideachais 1936–37* fógraíodh go raibh 383 leabhar foilsithe ag an nGúm go dtí sin don phobal i gcoitinne, agus gurbh aistriúcháin iad 227 díobh. Ní bhfuair an Gúm mórán ábhar bunaidh léitheoireachta, agus ba é sin an fáth go raibh orthu iarraidh ar dhaoine aistriúcháin a dhéanamh, faoi mar a dúirt Leon Ó Broin: ‘Little in the nature of original writing came in...and that fact compelled us to turn to translations on a large scale sooner than we might otherwise have done’.<sup>125</sup>

Chreid Earnán de Blaghd, a bhí ina Aire Airgeadais i dtúsbhlianta an Ghúim, nach raibh aon bhealach eile chun go leor ábhar léitheoireachta a sholáthar: ‘Ní fheicim aon tslí eile chun a ndóthain leabhar Gaedhilge do chur ar fáil ’sa Ghalltacht agus ’sa Ghaeltacht dos na daoine óga a bheadh ábalta ar iad do léigheamh ach amháin dul ar aghaidh leis an aistriúchán’.<sup>126</sup> Bhraith an tAire Oideachais, Tomás Ó Deirg, nach raibh an dara rogha acu ach an oiread: ‘Caidé an rogha atá againn seachas aistriúchán? An amhlaidh is ceart dúinn baint go mór ó uimhir na leabhar atá dá gcur amach againn anois, agus bheith ag brath ar an gcorr-leabhar fhóghanta i mbun-cheapadóireachta a gheibhimid anois agus arís chun nua-litridheacht na Gaedhilge a chur ar fagháil?’<sup>127</sup> Tá Alan Titley, scoláire agus scríbhneoir, ar aon tuairim le de Blaghd agus Ó Deirg: ‘Ceal soláthar ceart rialta de leabhair bhunaidh ó údair mhaithe níorbh fhéidir go mbeadh slí ar bith eile ann don mhórdhótháin riachtanach léitheoireachta sin a thabhairt amach’.<sup>128</sup> Is léir, mar sin, gur mheas an Gúm gur bhealach é an t-aistriúchán chun ábhar léitheoireachta a chur ar fáil go tapa, agus shíl roinnt scríbhneoirí gur bhealach é chun airgead a shaothrú go gasta

---

<sup>125</sup> Seosamh Ó Néill, *Tuarasgabháil na Roinne Oideachais 1936–37* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938), 124, faighte 1 Márta 2018, [https://www.education.ie/en/Publications/Statistics/stats\\_statistical\\_report\\_1936\\_1937.pdf](https://www.education.ie/en/Publications/Statistics/stats_statistical_report_1936_1937.pdf); Ó Broin, *Just Like Yesterday*, 67.

<sup>126</sup> Earnán de Blaghd, “Cad deir sgríbhneoirí na Gaedhilge?” *Irish Independent*, 28 Márta 1933. Bhí de Blaghd ina Aire Airgeadais ó mhí Mheán Fómhair 1923 go dtí mí an Mhárta 1932.

<sup>127</sup> Tomás Ó Deirg, “An Gúm agus Aire an Oideachais,” *An Tír*, Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 1933.

<sup>128</sup> Titley, *An tÚrscéal Gaeilge*, 45–46.

chomh maith, ag cur san áireamh, mar a deir Gearóidín Uí Laighléis, nárbh ‘é seo am Aos Dána nó deontais na Comhairle Ealaíne’.<sup>129</sup> D’admhaigh Séamus Ó Grianna, mar shampla, gur thosaigh sé féin ag aistriú toisc go raibh sé ar an ngannchuid:

I gceann na haimsire bhí an saol ag teannadh orm féin agus bhí mé ag smaoineamh nach raibh an dara suí sa bhuaile ann ach toiseacht a dh’aistriú...thosaigh mé a dh’aistriú. Ocras a chuir i gceann na hoibre sin mé. Bhí mé ar an tráigh fhoilimh san am. Murab é go raibh, ní aistreachainn aon líne amháin.<sup>130</sup>

Tar éis tamall gairid, áfach, thuig roinnt de na haistritheoirí, leithéidí Sheosaimh Mhic Grianna, deartháir Shéamuis, nárbh obair éasca é, agus bhraith seisean, leis, gur mhór an difear a bhí idir saothrú na litríochta mar a tuigeadh dó é agus ceird an aistriúcháin:

Dar liom féin, má bhí sé sásta airgead a thabhairt dom as obair a dhéanamh a bhí chomh furast le mo bhróga a cheangal, gur chuma cén t-ainm a bhí air agus gur chuma goidé an amaidí a bhí ag cur as dó...Ach ní raibh mé i bhfad ag obair don Gúm gur thuig mé nár chaitheamh aimsire ar bith é. Bhí mé ag obair le litríocht mar bheadh an té a bheadh ag cruinniú min shábha ag obair le hadhmad.<sup>131</sup>

Mhaígh an scríbhneoir Peadar O’Donnell, gur chuir rialtas Chumann na nGaedheal (1923–32), a raibh W.T. Cosgrave i gceannas air, bac ar údair scríobh go cruthaitheach trí airgead a thabhairt dóibh as aistriúcháin a sholáthar:

...unfortunately the dead middle-class mind is choking the new voices. This decadence is heavy on the Gaelic movement. It invades it with a diseased niceness and Gaelic writers are chained to a bureau of translations. The late administration, frightened of the new Gaelic writers, forced them to earn their living by translating popular fiction and choked the artists. No creative work has been done. Irish writers must break loose from these feed bags and give tongue.<sup>132</sup>

Ba í an scéim aistriúcháin ba chúis leis an meath a tháinig ar scríbhneoireacht bhunaidh na Gaeilge nuair a bhí Cumann na nGaedheal i gcumhacht, dar le Donn Piatt: ‘The language was once a revolutionary force...now the best way to sap a force is to create

---

<sup>129</sup> Uí Laighléis, “An Gúm: Scéal agus Scéalaíocht,” 202.

<sup>130</sup> Séamus Ó Grianna, *Saol Corrach* (Baile Átha Cliath agus Corcaigh: Cló Mercier, 1981), 235.

<sup>131</sup> Mac Grianna, *Mo Bhealach Féin*, 8.

<sup>132</sup> Peadar O’Donnell, “Irish Artists,” *An Phoblacht*, 25 Meitheamh 1932.

and subsidise an official travesty of it...that was the Cosgrave policy'.<sup>133</sup> De réir Sheosaimh Mhic Grianna, léirigh bunú scéim an aistriúcháin gur mheas an Gúm nach raibh scríbhneoirí cumasacha ar fáil agus go gcaithfeadh aon rud tairbheach teacht ó lasmuigh:

Tá an “Gúm” ag iarraidh litridheacht a thabhairt do na Gaedhil, fríd aistriughadh ó theangthacha eile. Seo na smuaintightheacha atá ar a chúl sin:

Ní'l litridheacht ar bith 'sa Ghaedhilg is fiú a léigheamh.

Ní'l sgríbhneoir ar bith Gaedhilge againn ar fiú sgríbhneoir a thabhairt air.

Taobh thall den fhairrge Gaedhealaigh atá gach rud a bhfuil tairbhe ar bith ann.

Is fusa léightheoirí a fhágail do dhroch-Ghaedhilg nó do Ghaedhilg mhaith.

Tá fiche fear nach dtig leis litridheacht a sgríobhadh a dtig leis aistriughadh a dhéanamh.<sup>134</sup>

Bhraith de Blaghd gurbh fhearr aistriúchán a dhéanamh ar leabhair cháiliúla ná bunleabhair ar chaighdeán íseal a chur ar fáil: ‘is dóigh liom-sa gur fearr go mór aistriú maith ar leabhar clúmhail do chur amach ná drabhaoil nua-cheapaithe do chaitheamh chun na ndaoine’.<sup>135</sup> Bhí roinnt de na saothair a d’aistrigh aistritheoirí an Ghúim níos fearr ná go leor de na bunsaothair a bhí á bhfoilsíú ag an am sin, mar a mhíníonn Titley:

...is é oighear an scéil é gur luachmaire agus gur fiúntaí cuid de na haistriúcháin sin ná go leor den bhunsaothar a bhí á fhoilsíú ar chomhuain leo...Is maise ar scríbhneoireacht na Gaeilge é go bhfuil Alexandre Dumas, Ivan Turgenev agus George Elliot le fáil ar a fud, gan ábhar níos éadroime nó níos coitianta a bhac in aon chor. Caighdeán ard teanga, friotail agus íogaireachta tá le fáil sa chuid is mó ar fad díobh seo...<sup>136</sup>

Ba mhinic a cháintí caighdeán na leabhar a roghnaigh an Gúm, áfach. Dúirt an scríbhneoir Roibeárd Ó Faracháin<sup>137</sup> gur aistrigh na haistritheoirí ‘a flood of inferior, ephemeral

<sup>133</sup> Donn S. Piatt, “A Cosgrave Relic: How the “Gúm” is Run,” *An Phoblacht*, 9 Iúil 1932.

<sup>134</sup> Seosamh Mac Grianna, “An Renaissance i n-Éirinn,” *Scéala Éireann*, 13 Samhain 1931.

<sup>135</sup> Earnán de Blaghd, “An Ridireacht Nuadh/Deacracht na hOibre,” *An Claidheamh Soluis*, 24 Márta 1917.

<sup>136</sup> Titley, *An tÚrscéal Gaeilge*, 46.

<sup>137</sup> Scríbhneoir, aistritheoir agus file ab ea é Ó Faracháin. Seo roinnt foilseachán dá chuid: Roibeárd Ó Faracháin, *Fíon gan Mhoirt: Cnuasach Geárrscéalta* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938); *ibid.*, *Thronging Feet* (New York: Sheed & Ward, 1936); *ibid.*, *Rime, Gentlemen, Please* (London: Sheed &

fiction which would not be read by any cultured reader',<sup>138</sup> agus b'annamh i bhfocail Bhreandáin Delap, scríbhneoir eile, a bhí na leabhair Bhéarla a d'aistrigh an Gúm ar ardchaighdeán litríochta: 'Leabhair ab ea iad den mhórchuid nach raibh tóir orthu ina dteanga bhunaidh, gan trácht ar an Ghaeilge'.<sup>139</sup> Tá an ceart ag Delap ó thaobh ardlitríochta de, go pointe áirithe, dar le Gearóidín Uí Laighléis, ach san am céanna aistríodh go Gaeilge saothair de chuid Dickens, Chekhov, William Carleton, Maupassant, Joseph Conrad agus Shakespeare. Anuas air sin aistríodh údair Éireannacha a raibh éileamh mór ar a saothair sa tír seo, leithéidí Canon Sheehan, Charles Kickham, agus Donn Byrne.<sup>140</sup>

Bhí buanna ag baint leis an scéim ó thaobh stór focal de, agus tháinig forbairt ar smaointeoireacht agus ar fhriotal na Gaeilge mar gheall ar na haistriúcháin, de réir Antain Mhic Lochlainn:

Tá an chuma air go bhfuil an chreidiúint atá tuillte acu ag dul do na haistritheoirí faoi dheireadh. Diaidh ar ndiaidh, tá lucht critice ag teacht ar an tuiscint nach cur amú ama a bhí i scéim aistriúcháin an Ghúim...ach iarracht uailmhianach a chuir tuathánaigh Ivan Turgenev ag caint i nglan-Ghaeilge Thír Chonaill, a rinne Gaeltacht den tsean-Ghréig agus den Róimh agus a d'fhairsingigh smaointeoireacht agus friotal na Gaeilge ar bhealach nach ndearna ach dornán beag dár 'scríbhneoirí bunaidh' le linn na tréimhse céanna.<sup>141</sup>

Léirigh aistriúcháin an Ghúim 'that there were no limits to the flexibility of the language' faoi mar a dúirt Leon Ó Broin.<sup>142</sup> Sa bhliain 1957, chosain Tarlach Ó Raifeartaigh, Rúnaí na Roinne Oideachais, líon na n-aistriúchán a rinne an Gúm ag tús a ré. Rinne sé tagairt don méid a bhí le rá ag Micheál Breathnach, an Rúnaí a bhí i gceannas breis agus deich

---

Ward, 1945); Dermot Barry, *Tomás Ó Créagáin*, aistr. Roibeárd Ó Faracháin (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954); Francis Mac Manus, *Tóirtheach Luimnighe: Dráma Staireamhail i dTri Radharcanna*, aistr. Roibeárd Ó Faracháin (Baile Átha Cliath: Brún & Ó Nualláin, 1935).

<sup>138</sup> Roibeárd Ó Faracháin, "Regarding An Gúm," *Bonaventura* (Samhradh 1937): 176.

<sup>139</sup> Breandán Delap, *Úrscéalta Stairiúla na Gaeilge* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1993), 54.

<sup>140</sup> Uí Laighléis, "An Gúm: Scéal agus Scéalaíocht," 196.

<sup>141</sup> Antain Mac Lochlainn, Réamhrá, *Focail le Gaois: Seoda Gaoise na nÚdar Mór* (Baile Átha Cliath: Cois Life Teo, 2002).

<sup>142</sup> Leon Ó Broin, "Contemporary Gaelic Literature and Some of its Paradoxes," *Capuchin Annual* (1935): 143.

mbliana roimhe sin. Thug Breathnach le fios an uair sin go raibh gá le haistriúcháin chun an teanga a athbheochan:

The Irish language had been allowed to grow rusty through not being applied to modern ways of thinking and modern modes of expression and it was hoped by having a good deal of translations that the language would be exercised, so to speak, and brought to bear on subjects that, on account of the way it had been obscured, it had not dealt with previously...the language has been set to work on subjects it had not been working on before and in that way its application has been considerably widened.<sup>143</sup>

I mí Feabhra 1930, dúirt Domhnall Mac Grianna, eagarthóir de chuid an Ghúim, go raibh sé ag súil go mbeadh saothair na heagraíochta ina stórchiste Gaeilge agus ina sciath chosanta in éadan mheath na teanga:

These books if carefully edited will form a strong bulwark against the decay of Irish and be a treasure-house in which will be stored for new generations of speakers and writers, all that is available of Irish current in this critical period in the history of the language. Consequently time and money spent upon ensuring that nothing but what has been critically examined and carefully revised will find its way into print are time and money well-spent.<sup>144</sup>

Go deimhin, maíonn Máire Nic Mhaoláin, scoláire a d'oibrigh ar fhoireann foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill, gurbh fhoinsí luachmhara iad na haistriúcháin dóibh nuair a bhí an foclóir á chur le chéile acu sna seachtóidí. Ba é ba chuspóir do shaothar Uí Dhónaill an chuid ba choitianta den stór focal Nua-Ghaeilge a thabhairt le chéile agus a mhíniú i mBéarla. Míníonn Nic Mhaoláin go raibh na haistriúcháin ina gcuidiú mór acu toisc go raibh focail iontu a bhain le hábhar nár mhinic i gceist sa ghnáthchomhrá:

Ní féidir gan tagairt go speisialta do thábhacht na n-aistriúchán sa ghnó ar fad. Sea, na seanaistriúcháin sin de chuid an Ghúim a mbítí anuas orthu chomh minic sin, mar cé bith locht a bhí ar scéim na n-aistriúchán féin is léir gur chuir an obair aistriúcháin scríbhneoirí maithe go bun a n-acmhainne agus iad ag plé le hábhar ab annamh i gceist sa ghnáthchomhrá, ach a raibh an Ghaeilge lán-inniúil ar é a

---

<sup>143</sup> Coiste um Chuntais Phoiblí, *Tuarascáil ón gCoiste um Chuntais Phoiblí, Cuntais Leithreasa, 1955–1956* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1958), 62–65, 121, faighte 1 Márta 2018, <http://opac.oireachtas.ie/AWData/Library3/Library2/DL010176.pdf>.

<sup>144</sup> Domhnall Mac Grianna chuig Seosamh Ó Néill, 17 Feabhra 1930, G009, An Gúm.

phlé ina dhiaidh sin.<sup>145</sup>

Léiríodh sna haistriúcháin go bhféadfaí an Ghaeilge a úsáid i seánraí nua, dar le Michael Cronin: ‘Through translation the language demonstrated its ability to handle very different genres, in particular genres where contemporary works were scarce or non-existent’.<sup>146</sup> Rinne an Gúm iarracht aistriúcháin ar réimse leathan seánraí a chur ar fáil in ionad a bheith ag fanacht go dtiocfadh saothair ardlitríochta chun cinn, mar a mhíníonn Alan Titley:

Fara a bheith ag brath air go dtiocfadh litríocht ardchaighdeáin chun tosaigh deineadh gach dícheall ar leabhair a fhoilsiú a d’fhreastalódh ar gach aicme den phobal léitheoireachta. Is é sin an fáth go bhfaighimid úrscéalta láidre fiúntachta ar nós *Toil Dé* (1934) Éamonn Mhic Ghiolla Iasachta sínte suas ar aon seilf le hábhar eachtraíochta mar a fhaighimid in *Onncail Seárlaí* (1930) Sheáin Uí Chiarghusa nó le scéal bleachtairachta Chiaráin Uí Nualláin *Oidhche i nGleann na nGealt* (1939).<sup>147</sup>

D’fhéadfaí an réimse leathan seánraí seo a áireamh ar bhuanna na scéime, dar le Cronin:

The very eclecticism of the scheme was arguably one of its strengths. Stories for children, detective novels, tales of adventure, literary fiction (both in the form of short stories and the novel) and philosophical and theological works were among the different kinds of writing that were published in translation under the auspices of the scheme. The generic possibilities of writing in Irish were made obvious.<sup>148</sup>

Maíonn Gearóidín Uí Laighléis, áfach, go léiríonn an rogha leathan léitheoireachta a chuir an Gúm ar fáil gur pholasaí scaoilte go maith a bhí acu maidir leis na leabhair a bhí á gcur i gcló acu.<sup>149</sup> Dhírigh Tarlach Ó Raithbheartaigh ar easpa treorach an eagrais sa bhliain 1929: ‘Is cuma leó, acht neart leabhraí, sgéaltaí, agus dá réir sin a aistriú go Gaedhilg’.<sup>150</sup>

Ba mhínic a cháintí an Gúm, leis, toisc go ndearna a gcuid aistritheoirí i bhfad

---

<sup>145</sup> Máire Nic Mhaoláin, “Seal ag Foclóireacht,” *Feasta* 64, uimh. 11 (Samhain 2011): 19–20.

<sup>146</sup> Cronin, *Translating Ireland*, 159.

<sup>147</sup> Titley, *An tÚrscéal Gaeilge*, 45.

<sup>148</sup> Cronin, *Translating Ireland*, 159.

<sup>149</sup> Uí Laighléis, “An Gúm: Scéal agus Scéalaíocht,” 196.

<sup>150</sup> Tarlach Ó Raithbheartaigh, “Cuspóir do Choiste na Leabhar,” *An tUltach* 6, uimh. 6 (Nollaig 1929): 6.

níos mó aistriúchán ón mBéarla ná ó theanga ar bith eile.<sup>151</sup> Bhí 214 aistriúchán foilsithe ag an nGúm faoi thús na bliana 1937, agus b'aistriúcháin ón mBéarla iad 170 díobh sin. Chuir líon na n-aistriúchán ón mBéarla a bhí á dhéanamh ag an nGúm olc ar Roibeárd Ó Faracháin, mar shampla: ‘what reasons could justify a scheme by which four times as many books are translated from English as from all other foreign languages together?’<sup>152</sup>

Ar an mbealach céanna, bhraith an scríbhneoir Liam Ó Rinn gur chóir níos mó téacsanna nach raibh ar fáil sa Bhéarla a thiontú: ‘Déanfa sé maitheas dúinn féin agus don Ghaedhilg aithne do chur ar mhuintir na hEorpa, ar a nós, ar a meon, ar a gcroí is a n-anam tríd an aistriúchán. Tá a lán litríochta ar fuaid na hEorpa nár haistríodh go Béarla riamh agus an méid di atá le fáil sa teangain sin b’fhearr é theacht chughainn trí n-ár dteangain féin agus ár ndath dúthchais féin air’.<sup>153</sup> Sa bheathaisnéis a scríobh Ó Rinn ar an aistritheoir Stiofán Mac Enna, dúirt sé gur mhaith le Mac Enna go n-aistreadh scríbhneoirí ‘ó theangain ar bith ach an Béarla nuair a bheadh fonn orthu fíor-litríocht a chur i nGaeilge’.<sup>154</sup>

‘British imperialist trash’ a thug Donn Piatt ar na haistriúcháin a rinne an Gúm ón mBéarla,<sup>155</sup> agus mhaígh sé go raibh nasc róláidir á choinneáil acu le cultúr Shasana trí na haistriúcháin seo a dhéanamh: ‘As long as we depend on English editions of anything—which France does not, Spain does not, Catalonia does not, Germany of course does not, we are still in the bog, still an intellectual province of England’.<sup>156</sup> Bhí criticeoir anaithnid sa *Cork Weekly Examiner* a d’aontaigh go raibh an iomarca saothar á n-aistriú ón mBéarla: ‘Is fíor go bhfuil beart mór leabhar aistrighthe ón mBéarla anois le tréimhse

---

<sup>151</sup> Philip O’Leary, *Gaelic Prose in the Irish Free State, 1922–1939* (University Park: Pennsylvania State University Press, 2004), 387–88.

<sup>152</sup> Ó Faracháin, “Regarding An Gúm,” 176.

<sup>153</sup> Liam Ó Rinn, “Saothrú na Gaedhilge,” *United Irishman*, 22 Iúil 1933.

<sup>154</sup> *Ibid.*, *Mo Chara Stiofán* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1939), 125.

<sup>155</sup> Piatt, “A Cosgrave Relic: How the “Gúm” is Run.”

<sup>156</sup> *Ibid.*, “What the Gúm Ought to Be,” *An Phoblacht*, 30 Iúil 1932.



fada, i dtreo go ndéarfadh duine go bhfuilimid múchta ag an Sasanachas'.<sup>157</sup>

Is léir ó na comhaid a bhaineann le haistriúcháin an Ghúim nach raibh go leor aistritheoirí Gaeilge a raibh teanga eile acu seachas an Béarla, áfach, agus gurbh é sin an fáth nár fhoilsigh siad níos mó aistriúchán ó theangacha eile. Sa chomhad a bhaineann leis an aistriúchán *Croidhe na Cruinne*, mar shampla, tá fáil ar alt ina ndearna tuairisceoir nuachtáin gearán sa bhliain 1938 gur cheart níos mó buntéacsanna ó theangacha eile seachas an Béarla a aistriú,<sup>158</sup> ach scríobh Domhnall Mac Grianna, a bhí ina eagarthóir sa Ghúm ag an am, in aice leis an tuairisc nuachtáin: 'Cá bhfuil na h-aistritheoirí?'

Maidir le teangacha eile, bhí aistriúchán Francise is fiche foilsithe ag an nGúm faoi thús na bliana 1937. Cé gur aistríodh níos mó téacsanna ón bhFrancis ná teanga ar bith eile ón Mór-Roinn,<sup>159</sup> bhí deacrachtaí acu aistritheoirí maithe Francise a fháil. Feicfead sa tráchtas seo gur chuir an Gúm Risteárd Ó Foghludha faoi bhrú oibre agus aistriúchán á dhéanamh aige ar *Maria Chapdelaine* sa bhliain 1928, toisc nach raibh mórán daoine cosúil leisean ar fáil acu a bhí líofa sa Ghaeilge agus sa Fhraincis araon.<sup>160</sup> Faoin mbliain 1948, ní raibh mórán níos mó aistritheoirí Francise ar fáil don Ghúm ná mar a bhí fiche bliain roimhe sin, agus dúirt Seán Mac Lellan gurbh é Aodh Ó Duibheannaigh an t-aon aistritheoir fíorchumasach a tháinig chucu go dtí sin, seachas Séamus Ó Grianna: 'We have been trying for a long time to get a satisfactory translator from French, and with the exception of "Máire", this is the first really promising one who has turned up'.<sup>161</sup>

---

<sup>157</sup> "Books Column," *Cork Weekly Examiner*, 7 Eanáir 1939.

<sup>158</sup> C. Mac E., *Irish Independent*, Márta 1938, A0202, An Gúm; H.R. Haggard, *Heart of the World* (London: Longman's Green, 1895); *Croidhe na Cruinne*, aistr. Niall Ó Dónaill (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1937).

<sup>159</sup> Ó Faracháin, "Regarding An Gúm," 176.

<sup>160</sup> Seán Mac Lellan chuig Risteárd Ó Foghludha, 21 Meitheamh 1928, A0002, An Gúm.

<sup>161</sup> Seán Mac Lellan chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, 5 Bealtaine 1948, A0595, An Gúm. D'aistrigh Aodh Ó Duibheannaigh scéalta Francise le P.A. Chatrain, Alphonse Daudet agus Émile Ereckmann don Ghúm. Aodh Ó Duibheannaigh, aistr., *Scéalta ón bhFrancis* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1955).

Ní mheallfadh aistriúcháin ar leabhair Bhéarla daoine chun leabhair Ghaeilge a léamh, a dúirt an scríbhneoir Seán Ó Catháin: ‘Is minic a mholas ar na leathanaigh seo go bhféachfadh Coiste na Leabhar le haistriúcháin ó theangachaibh eile seachas an Béarla a chur ar fagháil. Más é cuspóir a chuir An Coiste rómpa leabhair a sholáthar a tharraiceochaidh an pobal le Gaedhilge a léigheamh, is beag tairbhe leabhair Bhéarla d’aistriú’.<sup>162</sup> D’fhéach an scríbhneoir Séamus O’Neill ar a mhinice is a baineadh roinnt de na haistriúcháin ar bhunleabhair Bhéarla amach as leabharlann phoiblí éigin i gContae Átha Cliath, agus foilsíodh a chuid torthaí san iris *The Bell* sa bhliain 1946. Mhaígh sé nár tógadh roinnt de na haistriúcháin as an leabharlann sin ach go fíorannamh; níor tógadh *An Chéad-Chuairt ar an nGealaigh* amach ach cúig huaire idir mí Dheireadh Fómhair 1938 agus mí an Mhárta 1946, mar shampla. I dtréimhse deich mbliana, thóg cúigear léitheoirí *An Finn Dia* agus *Feardorcha Truailldhe* amach, agus thóg aon léitheoir déag *Dr. Jekyll agus Mr. Hyde* amach. Níor tógadh *Log an Chiúinis* amach ach faoi dhó idir Márta 1939 agus Márta 1946. Ar an lámh eile, dar leis gur tógadh saothair bhunaidh Ghaeilge áirithe amach ar bhonn rialta. Tógadh *An Béal Bocht* amach, mar shampla, ceithre huaire is fiche idir Iúil 1942 agus Márta 1946, agus tógadh *Indé agus Indiu* amach ocht n-uaire is fiche thar thréimhse sé bliana. Bhraith O’Neill gur chur amú ama agus airgid iad na haistriúcháin toisc nach raibh siad á léamh ag an bpobal: ‘Every public library now has a number of shelves heavy with books in Irish, but if the true result is to be seen in the use the public makes of the published works, time and money have been largely wasted’.<sup>163</sup>

Beartaíodh sa bhliain 1933 nach ndéanfaí aistriúchán a choimisiúnú as sin amach mura mbeadh gá leis, agus mura mbeadh aistritheoir sármhaith ag obair air, agus go

<sup>162</sup> Seán Ó Catháin, “Im’ Leabharlainn Dom,” *Timthire Chroidhe Naomhtha Íosa* 4, uimh. 4 (Aibreán 1935): 91.

<sup>163</sup> Ní thugtar ainm na leabharlainne san alt, ní luaitear ach gur leabharlann phoiblí í i gContae Átha Cliath. Séamus O’Neill, “The Gúm,” *The Bell* 12, uimh. 2 (Bealtaine 1946): 136–38.

dtabharfaí tús áite in obair an Ghúim do théacsleabhair scoile (saothair bhunaidh agus aistriúcháin araon):

School text-books whether original or translations must be given complete priority...No further translations to be commissioned except where we are satisfied (1) that the book is one which it is necessary to translate and (2) that the translator is one who will do it in first-class style.<sup>164</sup>

Iarradh ar Oifig an tSoláthair an praghas a bhí ar roinnt de na haistriúcháin a ísliú in 1937 nuair a chonacthas nach raibh éileamh orthu.<sup>165</sup> Ina theannta sin, sa bhliain 1955, dhíol an Gúm mar dhramhpháipéar 96,350 cóip de 68 leabhar dá gcuid nár díoladh, agus nár measadh go mbeadh aon tóir orthu sa todhchaí. Coimeádadh 15,800 cóip ar fhaitíos go mbeadh ráchairt éigin orthu fós. B'aistriúcháin agus leabhair bhunaidh araon iad na saothair seo, a foilsíodh sna tríochaidí agus sna daichidí. Agus é ag labhairt ag cruinniú de chuid an Choiste um Chuntais Phoiblí ar an 24 Deireadh Fómhair 1957 faoi chás na leabhar seo, dúirt Tarlach Ó Raifeartaigh, Rúnaí na Roinne Oideachais, go ndearnadh iarracht na leabhair a dhíol le scoileanna agus leabharlanna Gaeltachta (cé nár tairgeadh do chinn taobh amuigh den Ghaeltacht iad) ar phraghas íseal, ach nár ceannaíodh a bhformhór.<sup>166</sup>

Ar an taobh eile den scéal, mhaígh an tAire Oideachais, Seán Ó Loingsigh gur díoladh os cionn milliún foilseachán de chuid an Ghúim sa bhliain 1958:

...fhoilsíodh ós cionn míle leabhar ar fad, ag áireamh 577 de bhun-leabhair agus 433 d'aistriúcháin. Ina dteanta san, foilsíodh 168 de phíosaí ceoil. Chomh maith leo sin, d'fhoilsigh an Roinn...123 de théacs-leabhair Mheánscoile, idir bhun-saothair agus aistriúcháin. De na foilseacháin seo go léir, clóbhuaileadh timpeall 2,100,000 cóip agus tá ós cionn 1,250,000 de na cóipeanna sin díolta.<sup>167</sup>

---

<sup>164</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 16 Márta 1933, G049, An Gúm.

<sup>165</sup> Seán Mac Lellan chuig DJ Coveney, 15 Eanáir 1938, A0126, An Gúm; *ibid.*, A0067, An Gúm; *ibid.*, A0130, An Gúm; *ibid.*, A0142, An Gúm.

<sup>166</sup> Coiste um Chuntais Phoiblí, *Tuarascáil ón gCoiste um Chuntais Phoiblí*, 62–65, 121.

<sup>167</sup> An tOireachtas, “Dáil Éireann Debate Vol. 168 No. 5,” *Tithe an Oireachtais*, rinneadh athruithe air ar an 22 Aibreán 2015, faighte 1 Márta 2018, <http://oireachtasdebates.oireachtas.ie/debates%20authoring/debateswebpack.nsf/takes/dail1958052200020>.

Tagraíonn Gearóidín Uí Laighléis do dhíolacháin an Ghúim sa tréimhse seo agus fiúntas na hoibre a rinne siad á léiriú aici: ‘dob fhéidir a rá nach teip a bhí in aon pholasáí ná in aon scéim ar éirigh leis breis agus milliún leabhar ar fad arna gcur le chéile a dhíol faoin bhliain 1957’.<sup>168</sup>

D’athraigh an Gúm cúrsaí foilsitheoireachta na Gaeilge, mar a mhaígh Leon Ó Broin sa bhliain 1935: ‘It must be remembered that more Irish books were published in the last eight years than probably in the whole of the preceding three centuries’.<sup>169</sup> Chreid sé go mbeadh litríocht na Gaeilge i mbaol a báis murach an Gúm: ‘in the absence of the support, directional and financial, which the Government, through the Gúm, have been able to extend to it, Gaelic literature would be an extremely delicate plant today. If we look first at the most obvious result of the Gúm’s activities we can see that it has certainly fulfilled its function as a machine for turning out books’.<sup>170</sup> Ní bheadh mórán ábhar léitheoireachta Gaeilge ar fáil idir na tríochaidí agus na seascaidí murach na haistriúcháin, dar leis an Ollamh Nollaig Mac Congáil:

Cén lón léitheoireachta a bhí daite do léitheoirí na Gaeilge i dtríochaidí, i ndaichidí, i gcaogaidí srl. na haoise seo caite dá mbeifí ag brath go hiomlán ar bhunleabhair Ghaeilge a bhí i gcónaí gann go maith agus nach raibh thar mholadh beirte go minic i dtéarmaí liteartha? Ní féidir léitheoirí a fhágáil ar an chaolchuid agus caithfear an aiste a athrú go minic.<sup>171</sup>

Spreag foilseacháin an Ghúim a tháinig amach bliain i ndiaidh bliana sna tríochaidí na scríbhneoirí a chuaigh i mbun pinn sna daichidí, de réir Cronin:

...the considerable output of the An Gúm translations dramatically changed the publishing scene in Irish. Prior to Independence, the number of printed books available in Irish was quite limited, a fact that is often overlooked in retrospective judgements of An Gúm’s activities. The annual appearance of new translated titles

---

<sup>168</sup> Uí Laighléis, “An Gúm: Scéal agus Scéalaíocht,” 204.

<sup>169</sup> Ó Broin, “Contemporary Gaelic Literature and Some of its Paradoxes,” 122.

<sup>170</sup> *Ibid.*, 142.

<sup>171</sup> Nollaig Mac Congáil, “Scríbhneoirí Gaeilge Dhún na nGall agus Scéim Aistriúcháin an Ghúim,” *Feasta* 55, uimh. 5 (Bealtaine 2002), faighte 4 Márta 2018, <http://www.feasta.ie/2002/bealtaine/alt5.html>.

in Irish in the 1930s arguably created a critical mass of printed literature which would be indispensable for the post-1945 renaissance in writing in Irish.<sup>172</sup>

Sa bhliain 1945, bhunaigh Seán Ó hÉigearthaigh Sáirséal agus Dill, comhlacht a bhí i gcoinne na cinsireachta, agus a d'fhoilsigh sárshaothair le scríbhneoirí cosúil le Máirtín Ó Cadhain agus Liam Ó Flaithearta, agus filí cosúil le Máire Mhac an tSaoi agus Seán Ó Ríordáin.<sup>173</sup> Ba é an Gúm, áfach, a líon an bhearna idir sruth foilsitheoireachta thús na hathbheochana agus teacht na bhfoilsitheoirí nua neamhspleácha seo ar an bhfód.<sup>174</sup> Bhí de thoradh ar obair an Ghúim gur tháinig méadú as cuimse ar líon na n-úrscéalta nua-Ghaeilge a bhí á bhfoilsiú sna tríochaidí agus sna daichidí, dar le Titley: 'B'fhíor a rá nach raibh ach dornán fíorbheag d'úrscéalta Gaeilge ann nár fhoilsigh an Stát idir 1927 agus 1950'.<sup>175</sup> Bhain an Gúm a chuspóir amach, mar sin, maidir leis an mbeagán ábhar léitheoireachta a bhí ar fáil a mhéadú agus réitigh siad an bealach d'fhoilsitheoirí eile.

---

<sup>172</sup> Cronin, *Translating Ireland*, 159.

<sup>173</sup> Cé go raibh muintir Sháirséal agus Dill i gcoinne na cinsireachta, ghéill siad don Chlub Leabhar nuair a chuir siad brú orthu píosáí den leabhar *Maraíodh Seán Sabhat Aréir* a bhaint amach. Sa deireadh d'fhoilsigh an comhlacht leagan iomlán den leabhar le díol sna siopaí, agus leagan eile den saothar don Chlub Leabhar, ina raibh spás bán in áit na ngiotaí a gearradh amach. Cathal Ó Háinle, "Pádraig Ó Snodaigh agus Coiscéim: An Comhthéacs," *Feasta* 58, uimh. 3 (Márta 2005): 13.

<sup>174</sup> Uí Laighléis, "An Gúm: Scéal agus Scéalaíocht," 204–6.

<sup>175</sup> Titley, *An tÚrscéal Gaeilge*, 45.

## Caibidil 2

### Léargas ar an gcatalóg nua a cuireadh le chéile de chomhaid

#### aistriúcháin an Ghúim 1926–66

Faoi mar a dúradh sa Réamhrá, tá cartlann an Ghúim ar coimeád i gCartlann Náisiúnta na hÉireann ó bogadh ansin é sa bhliain 1999. Is cartlann sách mór í agus thart ar naoi gcéad comhad inti a bhaineann leis na haistriúcháin a raibh baint acu leo (Comhaid A), níos mó ná dhá mhíle comhad a bhaineann leis na saothair bhunaidh a raibh baint acu leo (Comhaid N), agus seacht gcéad comhad ginearálta (Comhaid G).

Agus an chartlann á bogadh, cuireadh catalóg ar fáil a chuideodh le húsáideoirí an bhailiúcháin comhaid a aithint agus a úsáid. Ach is catalóg an-teoranta í, agus níl a lán mioneolais inti i dtaobh na gcáipéisí atá sna comhaid. Faightear an t-eolas seo a leanas inti: cód an chomhaid,<sup>176</sup> teideal an chomhaid, teideal an aistriúcháin, údar an leabhair, ainm an aistritheora, na blianta ina ndearnadh plé ar an aistriúchán agus toradh an phlé, sé sin, ar foilsíodh é nó ar diúltaíodh é. Tá an t-eolas seo tábhachtach, gan amhras, ach, faoi mar a dúradh cheana, ní thugann sé aon leid i dtaobh ábhar na gcomhad féin. Beartaíodh, dá bharr, gur cheart catalóg a chur ar fáil ina dtabharfaí mionsonraí na gcomhad aistriúcháin ar fad a bhaineann le tréimhse an tráchtais seo, sé sin 1926 go 1966. Gheobhaidh léitheoirí na cartlainne tuiscint chruinn láithreach sa chatalóg nua seo ar a bhfuil sna comhaid éagsúla, tuigfidh siad cad iad na cáipéisí nach bhfuil iontu agus cinnteofar nach gcuirfidh siad a gcuid ama amú ag cuardach agus ag síorchuardach i mboscaí agus i bhfillteáin ag súil leis go dtiocfaidh siad ar ní éigin atá uathu—más ann don ní sin, nó murab ann dó, gheobhaidh siad an t-eolas sin ach an chatalóg seo a cheadú.

---

<sup>176</sup> Litreacha agus uimhreacha atá i gceist leis na cóid seo, is é A0001 cód an chéad chomhaid sa chartlann, cuir i gcás.

Ar an ábhar sin, mar chéad chéim an tráchtais seo, breathnaíodh ar na comhaid ar fad atá i measc na gcomhad aistriúcháin (Comhad A0001–A0666 sa Chartlann) a bhaineann leis na blianta ó 1926 go 1966, coinníodh taifead dá bhfuil iontu agus cuireadh catalóg nua le chéile. Déantar plé ar ábhar ginearálta léitheoireachta in thart ar chúig chéad de na comhaid seo, agus ar théacsleabhair sa chuid eile. Tá úrscéalta, drámaí, beathaisnéisí, gearrscéalta agus dánta i measc an ábhair ghinearálta léitheoireachta sin, agus baineann na téacsleabhair le réimse leathan ábhar: stair, tíos, tíreolaíocht, eacnamaíocht, oideachas, reiligiún agus eolaíocht, mar aon le gramadach na Gaeilge, na Fraincise, na Spáinnise, na Gearmáinise, na Laidine agus na Gréigise. Tugtar léargas ar an gcatalóg nua sa chéad chuid den chaibidil seo, agus tá fáil ar an gcatalóg féin in Aguisín 2 in Imleabhar 2 den tráchtas.

Thug neart daoine difriúla, le linn na tréimhse thuasluaite, comhairle don Ghúm maidir leis na haistriúcháin, ach níor cuireadh riamh liosta cuimsitheach díobh le chéile.<sup>177</sup> Socraíodh, dá bharr, taifead a dhéanamh sa chatalóg, bunaithe ar an bhfianaise sna bunfhoinsí, de na daoine seo a thug tuairim faoi leabhair bhunaidh nó faoi na haistriúcháin a rinneadh orthu. Tá liosta díobh, mar aon leis an gcúlra gairmiúil a bhí acu, agus teideal na gcomhad ina léirítear a gcuid tuairimí, ar fáil sa dara cuid den chaibidil seo. Tá níos mó ná seachtó ainm ar an liosta, agus tharla, go mion minic, gur diúltaíodh nó gur glacadh le saothar de thoradh thuairimí na ndaoine seo—rud a léiríonn an tionchar mór a bhí acu ar obair aistriúcháin an Ghúim sa tréimhse sin.<sup>178</sup>

Aimsíodh, agus an obair seo á déanamh, dhá chomhad—*Bashan and I* agus

---

<sup>177</sup> Tá taighde ar siúl faoi láthair ag an scoláire Máirtín Coilféir ar na léitheoirí seachtracha a bhíodh ag an nGúm.

<sup>178</sup> Mar a léireofar i gCaibidil 3, tharla uaireanta nár glacadh le moladh eagarthóra nó comhairleora, áfach, agus an cinneadh á dhéanamh glacadh nó gan glacadh le saothar de thoradh brú seachtrach. Feicfear, mar shampla, gur mhol Risteárd Ó Foghludha gan leanúint ar aghaidh leis an aistriúchán a rinne Nioclás Tóibín ar *Forty-one*, ach glacadh leis toisc gur bh é an tAire Oideachais Tomás Ó Deirg a mhol go ndéanfadh an Tóibíneach aistriúchán maith ar an leabhar.

*Fánaí*—nach raibh trácht in aon chor orthu sa chatalóg atá sa Chartlann faoi láthair,<sup>179</sup> ach tá cuntas ar na cáipéisí atá ar fáil iontu sa chatalóg nua. In Aguisín 1, tá liosta de na comhaid go léir atá i measc na gcomhad aistriúcháin A0001–A0666, agus de na comhaid ar cheart dóibh a bheith ina measc, ach atá ar iarraidh, nó atá ar fáil i measc Chomhaid G, nó i measc Chomhaid N. Tá comhaid áirithe ar iarraidh, ach ní deirtear seo sa chatalóg bhunaidh—tá an comhad a bhaineann le *Dracula* ar iarraidh, mar shampla, ach ní thugtar le fios inti nach ann dó.<sup>180</sup> Faightear nóta sa liosta in Aguisín 1 i dtaca le comhaid den chineál seo. Chomh maith leis sin, bhí go leor botún litrithe sa chatalóg atá sa Chartlann agus ceartaíodh iad sa leagan nua.

### **Léargas ar na ceanteidil i dtáblaí na catalóige nua**

Maidir le struchtúr na catalóige nua, is i bhfoirm táblaí a leagadh amach í. Freagraíonn gach tábla do chomhad aonair aistriúcháin agus tá dhá cholún iontu. Sa cholún ar chlé faightear ceanteidil agus ar dheis, ansin, an t-eolas a fhreagraíonn dóibh. Is é cuspóir na coda seo den tráchtas ná solas a chaitheamh ar an eolas agus ar na cineálacha cáipéisí atá ar fáil sna comhaid, agus ar an taifead a rinneadh orthu sa chatalóg. Tugtar samplaí anseo thíos, dá bharr, faoi na ceanteidil éagsúla, de cháipéisí atá sna comhaid dhifriúla. Baineann na samplaí le réimse leathan téacsanna, rud a chabhraíonn leis an léitheoir léargas níos leithne a fháil ar chartlann seo an Ghúim agus ar an obair a rinne an comhlacht foilsitheoireachta i ngort na haistritheoireachta sna blianta atá faoi chaibidil.

Sula mbreathnóimid go mion ar na ceanteidil, b'fhiú breathnú go sciobtha ar

---

<sup>179</sup> Is léir ón gcomhad nár foilsíodh riamh an t-aistriúchán ar *Bashan and I*, ach mar a pléadh i gCaibidil 1, foilsíodh *Fánaí* sa bhliain 1928. Dómhnull Ó Corcoráin chuig Seán Mac Lellan, 11 Feabhra 1929, An Gúm; Thomas Mann, *Bashan and I*, aistr. Herman Scheffauer (London: W. Collins Sons & Co. Ltd, 1923).

<sup>180</sup> A0012, An Gúm; Bram Stoker, *Dracula*, aistr. Seán Ó Cuirrín (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933).



shampla de leathanach as an gcatalóg chun an struchtúr agus an leagan amach a thuiscint níos fearr. Ag breathnú ar an iontráil sa chatalóg a bhaineann leis an gcéad chomhad ar fad, Heart of Unaga (féach tábla 1 thíos), feicimid go bhfuil fáil sa chomhad seo ar thuairimí Choilm Uí Mhurchadha agus Thaidhg Uí Dhonnchadha faoi oiriúnacht an leabhair, agus ar thuairim Phádraig Uí Shiochfhradha faoin aistriúchán. Tá ‘X’ nó ‘✓’ sna cealla ar fad sa dara colún lasmuigh de na chéad chúig cinn, ciallaíonn ‘✓’ go bhfuil an rud féin, nó eolas faoin rud ar fáil sa chomhad, agus ciallaíonn ‘X’ nach bhfuil an rud féin nó eolas faoin rud ann. Tuigimid mar sin, go bhfuil fáil sa chomhad áirithe seo ar chomhfhreagras ón aistritheoir, ar dhearadh do chlúdach an leabhair, ar ghearrthóga nuachtáin, ar chuntas ar líon na bhfocal, ar shocruithe leis an ealaíontóir, ar shocruithe leis na clódóirí agus ar shocruithe leis an gclóscríobhaí, mar aon le heolas faoi chearta foilsithe, íocaíocht an aistritheora, íocaíocht an chlóscríobhaí agus roghnú an chló.

Dá dteastódh ó scoláire breathnú, mar sin, ar eolas a bhaineann le cearta foilsithe an tsaothair seo, thuigfeadh sé, ach breathnú ar an taifead seo, gurbh fhiú dó an comhad a cheadú. Ar an mbealach céanna, dá dteastódh uaidh breathnú ar an gconradh a rinneadh le haistritheoir an tsaothair, thuigfeadh sé láithreach nach ann dó i measc na gcáipéisí. Ar an mbealach sin éascaítear anseo obair an té ar mhaith leis breathnú ar shaothar amháin nó ar scata saothar tríd an sclábhaíocht a bhaineann le haimsiú na mbuncháipéisí a dhéanamh dó.

<b>Cód an chomhaid</b>	A0001
<b>Teideal an chomhaid</b>	Heart of Unaga
<b>Sonraí an aistriúcháin</b>	<i>Ceart-Lár Únaga</i> /Eoghan Ó Neachtain
<b>Sonraí an bhuntéacs</b>	<i>The Heart of Unaga</i> /Ridgwell Cullum
<b>Na blianta ina ndearnadh plé ar an aistriúchán</b>	1927–37
<b>Daoine a thug tuairim faoi oiriúnacht an leabhair bhunaidh</b>	Colm Ó Murchadha, Tadhg Ó Donnchadha.
<b>Daoine a thug tuairim faoin aistriúchán</b>	Pádraig Ó Siochfhradha
<b>Airgead tugtha ar ais ag an aistritheoir</b>	X

<b>Conradh a rinneadh leis an aistritheoir</b>	X
<b>Conradh a rinneadh maidir le cearta foilsithe</b>	X
<b>Athfhoilsiú an aistriúcháin</b>	X
<b>Bileoga fógraíochta</b>	X
<b>Caighdeánú na Gaeilge</b>	X
<b>Cead chun dráma a léiriú</b>	X
<b>Ceartha foilsithe</b>	✓
<b>Coinníollacha a bhain le próiseas an aistrithe</b>	X
<b>Comórtais aistriúcháin</b>	X
<b>Craoladh an aistriúcháin ar an raidió</b>	X
<b>Comhfhreagras ón aistritheoir</b>	✓
<b>Cúrsa meánscoile Thuaisceart Éireann</b>	X
<b>Dearadh do chlúdach an leabhair</b>	✓
<b>Fiosrúcháin scolártha</b>	X
<b>Gearrthóga nuachtáin</b>	✓
<b>Grianghraif</b>	X
<b>Íocaíocht an aistritheora</b>	✓
<b>Íocaíocht an chlósscríobhaí</b>	✓
<b>Íocaíocht an ealaíontóra</b>	X
<b>Íocaíochtaí eile</b>	X
<b>Íocaíocht sa bhreis a thabhairt do státseirbhíseach atá ar tuarastal</b>	X
<b>Íslíú phraghas an aistriúcháin</b>	X
<b>Leathanaigh shamplacha den fhoilseachán</b>	X
<b>Comhaireamh focal</b>	✓
<b>Liosta de nuachtáin/irisí</b>	X
<b>Léiriú dráma</b>	X
<b>Plé ar stór focal</b>	X
<b>Roghnú an chló</b>	✓
<b>Sampla den aistriúchán</b>	X
<b>Sliocht ón mbunleabhar</b>	X
<b>Socrúithe leis an ealaíontóir</b>	✓
<b>Socrúithe leis na clódóirí</b>	✓
<b>Socrúithe leis an gclósscríobhaí</b>	✓
<b>Sliocht as aistriúchán a fhoilsiú in iris</b>	X

Tábla 1. An iontráil sa chatalóg a bhaineann leis an gcéad chomhad ar fad.

Caithfear súil anois ar na ceanteidil éagsúla atá in úsáid sa chatalóg nua chun a chinntiú go dtuigfear a bhfuil i gceist leo, chun spléachadh a thabhairt ar an saibhreas atá sna comhaid trí shamplaí a roghnú astu faoi na teidil dhifriúla, agus chun léargas a thabhairt ar an obair mhór a bhain leis na tionscnaimh seo.

## **Cód an chomhaid**

Is ionann na cóid atá sa chatalóg nua agus na cinn atá sa chatalóg bhunaidh sa Chartlann Náisiúnta.

## **Teideal an chomhaid**

Baineadh úsáid as na teidil atá sa chatalóg bhunaidh sa Chartlann Náisiúnta, ach ceartaíodh aon bhotúin litrithe a bhí iontu. Is iomaí uair nach socraítí teideal na n-aistriúcháin go dtí go raibh cuid mhaith den aistriúchán déanta, agus mar sin tá teideal na gcomhad sa teanga bhunaidh an chuid is mó den am. Bhaintí úsáid, go minic, as leagan simplithe nó leagan giorraithe de theideal an leabhair; níor bacadh leis an alt, mar shampla, i dteideal an chéad chomhaid sa chatalóg ‘Heart of Unaga’, comhad a bhaineann leis an aistriúchán a rinneadh ar *The Heart of Unaga*.<sup>181</sup> Scríobhadh an chéad litir sa chomhad seo i mí na Samhna 1927,<sup>182</sup> ach níor baineadh úsáid as teideal an aistriúcháin—*Ceart-Lár Únaga*—i gcomhfhreagras ar bith go dtí mí Aibreáin 1929.<sup>183</sup>

## **Sonraí an aistriúcháin**

Sonraítear teideal an aistriúcháin ar dtús anseo, má foilsíodh é. Murar foilsíodh é, tugtar le fios nár glacadh leis an aistriúchán, nár glacadh leis an moladh chun an t-aistriúchán a dhéanamh, go ndearna an Gúm machnamh ar an aistriúchán a dhéanamh ach nár tosaíodh é, go ndearna an eagraíocht machnamh ar an aistriúchán a fhoilsiú ach nár chríochnaigh an t-aistritheoir é, nó go ndearnadh an t-aistriúchán ach nár foilsíodh é. Má luadh duine faoi leith chun an t-aistriúchán a dhéanamh, tugtar ainm an duine sin taobh leis an eolas

---

<sup>181</sup> Ridgwell Cullum, *The Heart of Unaga* (New York: A.L. Burt, 1920).

<sup>182</sup> Colm Ó Murchadha chuig Seán Mac Lellan, 3 Samhain 1927, A0001, An Gúm.

<sup>183</sup> Pádraig Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 29 Aibreán 1929, A0001, An Gúm; Ridgwell Cullum, *Ceart-Lár Únaga*, aistr. Eoghan Ó Neachtain (Baile Átha Cliath: Oifig Diolta Foillseacháin Rialtais, 1930).

seo. Ag breathnú ar an iontráil thuas a bhaineann le *Heart of Unaga*, feicimid gurb é *Ceart-Lár Únága* teideal an aistriúcháin agus gur aistrigh Eoghan Ó Neachtain é.

### **Sonraí an bhuntéacs**

Tugtar teideal an bhuntéacs agus ainm an údair anseo. I gcás an chéad chomhaid, is é *The Heart of Unaga* teideal an bhuntéacs, agus is é Ridgwell Cullum ainm an údair.

### **Na blianta ina ndearnadh plé ar an aistriúchán**

Mhair an plé ar *The Heart of Unaga* ó 1927 go 1937.

### **Daoine a thug tuairim faoi oiriúnacht an leabhair bhunaidh**

Mar a míníodh i gCaibidil 1, bhí ar bhaill den Choiste Foilseachán agus de Choiste na Leabhar comhairle a thabhairt faoi oiriúnacht na leabhar le haistriú, go dtí go ndearnadh coiste amháin díobh in 1928, agus tugadh Coiste na Leabhar ar an gcoiste cónasctha. Cuireadh deireadh le Coiste seo na Leabhar, ansin, sa bhliain 1933 agus fostaíodh daoine aonair leis na leabhair a léamh. An t-aistritheoir féin a mhol an leabhar i roinnt cásanna; thugadh na heagarthóirí agus oifigigh eile sa Roinn Oideachais (an tOifigeach Foilseachán agus Rúnaithe na Roinne ina measc) a dtuairim faoin leabhar go minic, leis, agus uaireanta d'iarrtaí ar chigirí sa Roinn Oideachais, scoláirí, ionadaithe eaglaise nó scríbhneoirí tuairisc a thabhairt ar leabhar. Mhol airí stáit leabhar i gcás nó dhó, fiú. I gcás an téacs thuasluaite, *The Heart of Unaga*, ba é Colm Ó Murchadha agus Tadhg Ó Donnchadha, baill den Choiste Foilseachán, a thug comhairle faoina oiriúnacht.<sup>184</sup>

---

<sup>184</sup> Colm Ó Murchadha chuig Seán Mac Lellan, 3 Samhain 1927, A0001, An Gúm. Faoi mar a dúradh cheana, tá liosta de na daoine a thug tuairim faoi na leabhair nó faoi na haistriúcháin, an cúlra gairmiúil a bhí acu, agus teideal na gcomhad ina bhfuil a geuid tuairimí léirithe sa chéad chuid eile den chaibidil seo.

## Daoine a thug tuairim faoin aistriúchán

Bhí ar eagarthóir de chuid an Ghúim comhairle a thabhairt faoin aistriúchán féin, ansin.<sup>185</sup>

Ar aon dul le hoiriúnacht an leabhair, tharla i roinnt cásanna gur thug oifigigh eile sa Roinn Oideachais a dtuairim faoi fhiúntas aistriúcháin, agus uaireanta, d'iarradh an Gúm ar chigirí sa Roinn Oideachais, ar scoláirí nó ar scríbhneoirí comhairle a thabhairt. Ba é an t-eagarthóir Pádraig Ó Siochfhradha, mar shampla, a roghnaíodh le tuairim a léiriú faoin aistriúchán a rinneadh ar *The Heart of Unaga*.<sup>186</sup>

## Airgead tugtha ar ais ag an aistritheoir

Tharla amanna go raibh ar an aistritheoir airgead a thabhairt ar ais don Ghúm toisc gur thug siad airgead sa bhreis dó/di nó nár éirigh leis an aistritheoir an obair a chur i gcrích. B'éigean do Mháire Nic Aodháin, mar shampla, an íocaíocht (£44, £1 in aghaidh gach míle focal) a fuair sí as aistriúchán a dhéanamh ar *La Douce France*<sup>187</sup> a thabhairt ar ais toisc nár éirigh léi an t-aistriúchán a cheartú agus a ullmhú don chló.<sup>188</sup> Thug Domhnall Ó Mathghamhna £11 ar ais, chomh maith, toisc gur thug an Gúm an iomarca dó as aistriúchán a dhéanamh ar *Stories from the Latin Poets*.<sup>189</sup> I bhfianaise na gcomhad, ní rud é seo a tharla chomh minic sin, áfach.

---

<sup>185</sup> Seán Mac Lellan chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, 14 Feabhra 1929, G009, An Gúm.

<sup>186</sup> Pádraig Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 21 Iúil 1928, A0001, An Gúm.

<sup>187</sup> René Bazin, *La Douce France* (Paris: J. de Gigord, 1911).

<sup>188</sup> Seán Mac Lellan chuig Máire Nic Aodháin, 15 Deireadh Fómhair 1935, A0068, An Gúm; Máire Nic Aodháin chuig Seán Mac Lellan, 22 Deireadh Fómhair 1935, A0068, An Gúm.

<sup>189</sup> Thug an Gúm íocaíocht dó as gach scéal sa chnuasach a aistriú, ach toisc nár aistrigh sé iad go léir bhí air airgead a thabhairt ar ais. Mheas an Gúm go mbeadh 23,000 focal ar fad aige, ach ní raibh aige ar deireadh ach 12,000. Seán Mac Lellan chuig Domhnall Ó Mathghamhna, 18 Samhain 1931, A0146, An Gúm. Foilsíodh na scéalta a scríobh Margaret R. Pease in iris darbh ainm *The Romance Readers*, a d'eagraigh C.L. Thompson. Seán Mac Lellan chuig Messrs. Horace Marshall & Son, 19 Samhain 1931, A0146, An Gúm; Margaret R. Pease, *Sgéalta a Filí na Rómha*, aistr. Domhnall Ó Mathghamhna (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933).

## Conradh a rinneadh leis an aistritheoir

Tá fáil ar an gconradh a síníodh leis an aistritheoir i gcuid mhór de na comhaid. Is beag athrú a rinneadh ar leagan amach na cáipéise seo sa tréimhse idir 1926 agus 1966.<sup>190</sup> Tá cóip den chonradh a rinneadh idir an t-aistritheoir Conchubhar Ó Muimhneacháin agus an tAire Oideachais Tomás Ó Deirg in 1934, mar shampla, sa chomhad a bhaineann le *Sealgairí Sagart*, agus bhí an leagan amach céanna fós in úsáid breis is tríocha bliain ina dhiaidh sin agus conradh á dhéanamh le Mícheál Mac Gearbhuigh a d'aistrigh *Naomh Proinsias agus an Mac Tíre* in 1966.<sup>191</sup> Sonraíodh sna conarthaí seo go ndéanadh an t-aistritheoir athrú nó ceartúchán ar bith ar an aistriúchán a mheasfadh an tAire a bheith riachtanach agus go dtabharfadh an t-aistritheoir suas gach ceart san aistriúchán tar éis dó an íocaíocht iomlán a fháil. Anuas air sin, dá n-éireodh ceist ar bith i dtaobh léiriú nó brí nó feidhmiú aon fhoráil d'fhorálacha an chonartha, dhéanadh an tAire breith ar an gceist agus ní cheadófaí achomharc in aghaidh na breithe sin.<sup>192</sup>

## Conradh a rinneadh maidir le cearta foilsithe

Tá cóip den chonradh a rinneadh maidir le cearta foilsithe ar fáil i roinnt mhaith de na comhaid. Níor coinníodh é sa chomhad a bhain leis an aistriúchán i gcónaí—níl fáil ar cheann sna comhaid a bhaineann le *Stair na Gréige*, cuir i gcás, cé gur léir ón

---

<sup>190</sup> Tá eolas breise sa chonradh a bhaineann le *Hugh Roach the Ribbonman* (dar dáta 1 Bealtaine 1929); áfach, ceann de na conarthaí is luaithe atá ar fáil; deirtear ann go bhféadfadh an t-aistritheoir liosta de na téarmaí nach raibh siad cinnte fúthu a chur faoi bhráid an Aire, agus go dtabharfaí comhairle dó/di ina dtaobh. Conradh, 1 Bealtaine 1929, A0045, An Gúm.

<sup>191</sup> Conradh, 16 Lúnasa 1934, A0100, An Gúm; *ibid.*, 1 Meán Fómhair 1966, A0657, An Gúm; James Murphy, *The Priest Hunters* (Dublin: Talbot, 1924); *ibid.*, *Sealgairí Sagart*, aistr. Conchubhar Ó Muimhneacháin (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1952); Paul Vincent Carroll, *St Francis and the Wolf* (London: French Ltd, 1947); *ibid.*, *Naomh Proinsias agus an Mac Tíre*, aistr. Mícheál Mac Gearbhuigh (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1968).

<sup>192</sup> Chuir an pointe áirithe seo uafás ar an scríbhneoir Roibeárd Ó Faracháin; ‘Article (*d*) is an outrage, and violates the very nature of a contract. What is the advantage of framing articles of agreement if one of the parties may explain them at his own sweet will? I need hardly say that the normal way of resolving differences is by arbitration in which both parties are equally represented’. Ó Faracháin, “Regarding An Gúm,” 173.

gcomhfhreagras eile iontu go ndearnadh conradh—agus, ar ndóigh, níor ghá ceann a dhéanamh nuair nach raibh an saothar bunaidh faoi chóipcheart. Ní raibh *Wuthering Heights* faoi chóipcheart, mar shampla, nuair a foilsíodh an t-aistriúchán.<sup>193</sup> Sa chonradh a bhaineann le *Makers of Europe*,<sup>194</sup> socraíodh go dtabharfadh úinéirí na gceart foilsithe, Methuen & Co. Ltd, cead don Aire Oideachais, John M. O’Sullivan, trí mhíle cóip den aistriúchán ar *Makers of Europe* a fhoilsiú. Dá mbeadh fonn ar an Aire eagrán eile den aistriúchán a fhoilsiú, bheadh air cead a fháil ó na húinéirí arís. Mura bhfoilseofaí an t-aistriúchán laistigh de dhá mhí dhéag tar éis don rialtas agus do na húinéirí an conradh a shíniú, nó dá ligfí dó dul as cló, bheadh ar an Aire cead a fháil ó na húinéirí an t-aistriúchán a fhoilsiú arís. Sonraíodh, chomh maith, go mbeadh ar an Aire dhá chóip shamplacha den aistriúchán a thabhairt do na húinéirí. Shínigh stiúrthóir Methuen & Co. Ltd agus Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, Proinnsias Ó Dubhthaigh (thar ceann an Aire) an conradh.

### **Athfhoilsiú an Aistriúcháin**

Uaireanta, dá mbeadh díolachán seasta ag aistriúchán, d’fhoilseofaí arís é. Sin mar a bhí i gcás an aistriúcháin a rinneadh ar *Makers of Europe*.<sup>195</sup> Foilsíodh 750 cóip an chéad uair i mí Mheán Fómhair na bliana 1933,<sup>196</sup> ordaíodh d’Oifig an tSoláthair 1000 cóip eile a fhoilsiú an mhí chéanna,<sup>197</sup> agus foilsíodh 6000 cóip den leabhar ar an iomlán. I bhfianaise na gcomhad, níor athfhoilsíodh mórán de na haistriúcháin.

---

<sup>193</sup> A0403, An Gúm; A0070, An Gúm; Bury, *Stair na Gréige*; Emily Brontë, *Wuthering Heights* (London: Thomas Cautley Newby, 1847); *ibid.*, *Árda Wuthering*, aistr. Seán Ó Ciosáin (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933).

<sup>194</sup> Conradh, 13 Eanáir 1931, A0053, An Gúm; E.M. Wilmot-Buxton, *Makers of Europe: Outlines of European History for the Middle Forms of Schools*, eagr. 20 (London: Methuen & Co. Ltd, 1926).


<sup>195</sup> Seán Mac Lellan chuig DJ Coveney, 18 Meán Fómhair 1933, A0053, An Gúm.

<sup>196</sup> Ceannasaí Oifig an tSoláthair chuig Seán Mac Lellan, 14 Meán Fómhair 1933, A0053, An Gúm.

<sup>197</sup> Seán Mac Lellan chuig DJ Coveney, 18 Meán Fómhair 1933, A0053, An Gúm. Féach Caibidil 4 sa tráchtas, áit a ndírítear ar fhoilsiú agus ar dhíol an tsaothair seo.

## Bileoga fógraíochta

Sheol comhlachtaí foilsitheoireachta nó údair bileoga fógraíochta, sé sin, bileoga a chuir siad le chéile ar son margáíocht leabhar, chuig an nGúm. Tá bileoga fógraíochta i gcomhair eagráin de *Anne of Green Gables*<sup>198</sup> sa chomhad a bhaineann le *Kindred of the Wild*, mar shampla,<sup>199</sup> a chuir an comhlacht foilsitheoireachta, L.C. Page & Company, chuig an nGúm. I gcás *Gipsy Meralini in Redgate*, an t-údar David T. Dwane a chuir bileoga fógraíochta faoin saothar chucu.<sup>200</sup> Níl bileoga den chineál seo ar fáil ach i líon beag comhad.



Íomhá 2. Bileog fógraíochta i gcomhair *Anne of Green Gables*.


---

<sup>198</sup> L.M. Montgomery, *Anne of Green Gables* (Boston: L.C. Page & Company, 1908).

<sup>199</sup> A0097, An Gúm; Charles G.D. Roberts, *Kindred of the Wild* (Boston: L.C. Page & Company, 1902).

<sup>200</sup> Dhiúltaigh an Gúm aistriúchán a dhéanamh ar an téacs seo toisc, faoi mar a dúradh i gCaibidil 1, go raibh sé beartaithe acu ón mbliain 1933 amach gan aistriúchán a choimisiúnú mura mbeadh cúis mhaith leo. Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 16 Márta 1933, G049, An Gúm; Seán Mac Lellan chuig Proinsias Ó Dubhthaigh, 27 Aibreán 1950, A0620, An Gúm; David T. Dwane, *Gipsy Meralini in Redgate* (Limerick: Shannon Publishers, 1940).





Íomhá 3. Bileog fógraíochta i gcomhair *Gipsy Meralini in Redgate*.

### Caighdeánú na Gaeilge

Tá eolas i gcomhaid áirithe faoi aistriúcháin a chur amach i litriú caighdeánaithe. Tháinig an chéad treoir oifigiúil maidir leis an litriú amach i bhfoirm leabhráin, *Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil*, sa bhliain 1945 agus lean leagan méadaithe é sa bhliain 1947; *Litriú na Gaeilge: Lámhleabhar an Chaighdeáin Oifigiúil*.<sup>201</sup> I bhfianaise na gcomhad, ba é *Mac Rí na hÉireann* an chéad aistriúchán a chuir an Gúm amach leis an litriú nua seo. Foilsíodh é den chéad uair sa bhliain 1935 agus athfhoilsíodh é sa litriú nua sa bhliain 1951.<sup>202</sup>

<sup>201</sup> Ní Ghearáin, “An Caighdeán, an Caighdeánú agus Caighdeánú na Gaeilge,” 210.

<sup>202</sup> Pádraic Colum, *The King of Ireland's Son* (New York: Holt, 1916); *ibid.*, *Mac Rí na hÉireann*, aistr. Niall Ó Domhnaill (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1951).

## Cead dráma a léiriú

In amanna, iarradh ar an nGúm cead a thabhairt chun aistriúchán a rinneadh ar dhráma a léiriú. Mar shampla, thug an tOifigeach Foilseachán, Seán Mac Lellan cead do Stáis Ní Chnáimhín, a d'oibrigh le Cumann Drámuidheachta Luimnighe, an dráma *An Udhacht* a léiriú,<sup>203</sup> ach dúirt sé léi go raibh cearta léirithe dráma eile, *Oidhreacht*,<sup>204</sup> i seilbh George Allen & Unwin, Ltd, agus go mbeadh uirthi cead léirithe a fháil uathu siúd. Dúradh le Cáit Bhreathnach i gClochar na Trócaire, Baile Átha Fhirdhia, Contae Lú, go mbeadh uirthi cead a fháil ón dream céanna chun an dráma *An tEarrach* a léiriú.<sup>205</sup>

## Ceartha foilsithe

Comhfhreagras ar an ábhar atá i gceist anseo, seachas an Conradh a rinneadh ina thaobh. Dá mbeadh an saothar bunaidh faoi chóipcheart, bheadh ar an nGúm dul i dteagmháil le húinéir(i) na gceart foilsithe. Bhí cearta foilsithe *Makers of Europe* ag Methuen & Co. Ltd, faoi mar a luadh thuas, agus fuair an Gúm cead uathu an t-aistriúchán a fhoilsiú.<sup>206</sup> I gcásanna áirithe bhí na cearta foilsithe níos costasaí ná mar a bhí an Gúm ag súil leis. Deich faoin gcéad de na dleachta agus 1,500 franc a bhí ó na húinéirí i gcás *Around the World in 80 Days*, mar shampla, íocaíocht a shíl an Gúm a bhí sách ard, ach thug siad dóibh é ar an ábhar go raibh cáil ar údar an bhunsaothair, go mbeadh an saothar oiriúnach do dhaoine óga agus nach raibh mórán aistriúchán ón bhFraincis foilsithe acu.<sup>207</sup>

---

<sup>203</sup> Giacomo Puccini, *Gianna Schicchi* (New York: G. Ricordi, 1918); *ibid.*, *An Udhacht*, aistr. Máiréad Ní Ghráda (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 1935).

<sup>204</sup> Thomas Cornelius Murray, *Birthright* (Dublin: Maunsel, 1912); *ibid.*, *Oidhreacht*, aistr. Máire Ní Shíothcháin (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 1931).

<sup>205</sup> Thomas Cornelius Murray, *Spring* (Dublin: Talbot Press, 1917); *ibid.*, *An tEarrach*, aistr. Séamus Mac Cormaic (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 1932). Seán Mac Lellan chuig Stáis Ní Chnáimhín, 2 Nollaig 1935, A0191, An Gúm; Seán Mac Lellan chuig Cáit Bhreathnach, 27 Márta 1947, A0114, An Gúm.

<sup>206</sup> Methuen & Co. Ltd chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 15 Eanáir 1931, A0053, An Gúm.

<sup>207</sup> Bhí an cóipcheart ag Librairie Hachette, foilsitheoirí Francacha lonnaithe i bPáras. Mhínigh an tOifigeach Foilseachán, Seán Mac Lellan, dóibh nach raibh siad ag súil go ndíolfaí na cóipeanna ar fad go

## Coinníollacha a bhain le próiseas an aistrithe

Tá fáil ar na coinníollacha a bhain leis an aistriú i roinnt de na comhaid.<sup>208</sup> Ar aon dul leis an gconradh, sonraíodh sna coinníollacha go ndéanfadh an t-aistritheoir athrú nó ceartúchán ar bith ar an aistriúchán a mheasfadh an Coiste Foilseachán, agus Coiste cónasctha na Leabhar ina dhiaidh sin, a bheith riachtanach agus go dtabharfadh an t-aistritheoir suas gach ceart san aistriúchán tar éis dó íocaíocht a fháil as. Dúradh iontu go seolfaí codanna den aistriúchán isteach ó am go ham ar iarratas an Choiste. Dá mbeadh an t-aistritheoir ag obair go rómhall gan cúis réasúnach acu, bheadh cead ag an gCoiste an conradh a rinneadh leis an aistritheoir a chur ar neamhní agus gan dul ar aghaidh leis an aistriúchán, nó duine eile a earcú chun an t-aistriúchán a dhéanamh.<sup>209</sup> Cuireadh in iúl iontu, chomh maith, go ndéanfadh an t-aistritheoir meastachán ar an am a ghlacadh sé air/uirthi an obair a chríochnú, agus go gcuirfeadh sé/sí an meastachán faoi bhráid an Choiste sula gcuirfí tús leis an aistriúchán.

## Comórtais aistriúcháin

Tá eolas faoi chomórtais aistriúcháin i gcomhaid faoi leith. Iarradh ar Aindrias Ó

---

ceann blianta agus d'iarr sé orthu £10 a ghlacadh ina áit. Ina ainneoin sin ar fad, áfach, dhiúltaigh na foilsitheoirí Francacha don tairiscint sin agus dúirt siad gur 1,500 franc (tuairim is £18) a bhí uathu. D'iarr Mac Lellan ar an Roinn Airgeadais cead a thabhairt dóibh an t-airgead sin a íoc, cead a tugadh. Librairie Hachette chuig Seán Mac Lellan, 18 Méan Fómhair 1933, A0025, An Gúm; Seán Mac Lellan chuig Librairie Hachette 21 Meán Fómhair 1933, A0025, An Gúm; Librairie Hachette chuig Seán Mac Lellan, 2 Deireadh Fómhair 1933, A0025, An Gúm; Walter Doolin chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, 18 Deireadh Fómhair 1933, A0025, An Gúm; Jules Verne, *Le Tour du Monde en Quatre-Vingts Jours* (Paris: Pierre-Jules Hetzel); *ibid.*, *Around the World in 80 Days*, aistr. George Makepeace Towle (London: Sampson Low, 1873); *ibid.*, *Cuaird an Domhain i gCeithre Fichid Lá*, aistr. Tadhg Ó Donnchadha (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938).

<sup>208</sup> Mar shampla, tá cóip de na coinníollacha a bhain leis an aistriú ar *Plutarch's Lives* i gcomhad A0005. Níor éirigh leis an aistritheoir Feardorcha Ó Conaill aistriúchán a dhéanamh ar an téacs. Seán Mac Lellan chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, 21 Lúnasa 1928, A0005, An Gúm.

<sup>209</sup> D'iarr an Gúm ar Mhaighréad Nic Mhaicín, cuir i gcás, aistriúchán a dhéanamh ar *La Douce France* nuair nár éirigh le Máire Nic Aodháin a haistriúchán a cheartú agus a ullmhú don chló. Seán Mac Lellan chuig Máire Nic Aodháin, 15 Deireadh Fómhair 1935, A0068, An Gúm; Máire Nic Aodháin chuig Seán Mac Lellan, 22 Deireadh Fómhair 1935, A0068, An Gúm; Bazin, *La Douce France*; *ibid.*, *An Chaoin-Fhrainc*, aistr. Maighréad Nic Mhaicín (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956).

Baoighill, mar shampla, aistriúchán a dhéanamh ar *Lorna Doone* tar éis dó sliocht as an úrscéal *Monarch, the Big Bear* a aistriú i gcomórtas i mí Feabhra 1928. Dúradh leis go bhfuair a aistriúchán ardmholadh ón gCoiste Foillseachán.<sup>210</sup>

## Craoladh

Uaireanta iarradh cead ar an nGúm an t-aistriúchán a chraoladh ar an raidió; chraol Raidió Teilifís Éireann an t-aistriúchán a rinneadh ar *The Demi-gods* in 1994, cuir i gcás.<sup>211</sup>

## Comhfhreagras ón aistritheoir

Tá fáil ar chomhfhreagras ón aistritheoir i mbeagnach gach comhad agus is foinse an-luachmhar é a ligeann dúinn dhá thaobh an scéil a mheas. Tá go leor tagairtí i gcorp an tráchtais don chomhfhreagras idir na haistritheoirí agus an Gúm maidir leis na sé shaothar a ndearnadh staidéar ar leith orthu.

## Cúrsa meánscoile Thuaisceart Éireann

I samhradh na bliana 1963, rinne Oifig na Scrúduithe i dTuaisceart Éireann plé i dtaca le dhá aistriúchán a d'fhoilsigh an Gúm a chur ar an gcúrsa meánscoile sa Thuaisceart; *Muiris Ó hAirt* agus *An Páistín Fionn*. Bhí 280 iarrthóir scrúdaithe, áfach, agus ní raibh ach 100

---


<sup>210</sup> Seán Mac Lellan chuig Aindrias Ó Baoighill, 17 Iúil 1928, A0007, An Gúm; R.D. Blackmore, *Lorna Doone* (London: Sampson Low, Son, & Marston, 1869); *ibid.*, *Lorna Doone*, aistr. Aindrias Ó Baoighill (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1934). Níl mórán eolais eile faoin gcomórtas sa chomhad seo, ach is léir ó dháta na litreach thuasluaite gurbh é seo an chéad chomórtas aistriúcháin a chuir an Coiste Foillseachán ar bun i mí Feabhra 1928—déantar tagairt don chomórtas seo i gCaibidil 1. Chuir duine is caoga isteach air. Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais chuig Messrs. Wilson, Hartnell & Co., 7 Feabhra 1928, G151, An Gúm; Seán Mac Lellan chuig Nioclás Tóibín, 25 Iúil 1928, G151, An Gúm; Seton, *Monarch, the Big Bear*; *ibid.*, *Tailc Tréanmhór an Rí-Bhéar*, aistr. Micheál Ó Siochfhradha (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1931).

<sup>211</sup> Lorgaíodh an cead seo in 1994 agus cuireadh an t-iarratas sa chomhad bunaidh. Mary Curry, Ceannasaí ar Dhrámaíocht Raidió, chuig Caoimhín Ó Marcaigh, 14 Samhain 1994, A0161, An Gúm; James Stephens, *The Demi-Gods* (London: The Macmillan Company, 1914); *ibid.*, *Seachrán na nAingéal*, aistr. Niall Ó Dónaill (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1946).

cóip de *Muiris Ó hAirt* fágtha, agus bhí *An Páistín Fionn* as cló. Chuir siad ceist ar an nGúm faoi *Diarmuid agus Gráinne*, dráma a scríobh Micheál Mac Liammóir, leis, ach bhí sé as cló chomh maith.<sup>212</sup> Dúirt Seán Mac Lellan nach n-éireadh leis an nGúm na cóipeanna a bhí ag teastáil a chur ar fáil roimh thús na bliana scoile.<sup>213</sup>

### Dearadh do chlúdach an leabhair

Tá dearadh do chlúdaigh na leabhar i roinnt mhaith de na comhaid; an ceann a bhaineann le *Lorna Doone* ina measc. Tugadh £3/3/- don ealaíontóir M.A. Keane as.<sup>214</sup>



Íomhá 4. Dearadh a rinne M.A. Keane do chlúdach *Lorna Doone*.

<sup>212</sup> Bainisteoir Oifig Foilseachán an Rialtais chuig Seán Mac Lellan, 4 Bealtaine 1963, A0128, An Gúm; Thomas Cornelius Murray, *Maurice Harte* (Dublin: Maunsel & Co. Ltd, 1912); *ibid.*, *Muiris Ó hAirt*, aistr. An tAthair Tomás Ó Gallchobhair (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 1936); Lennox Robinson, *The Whiteheaded Boy* (New York: G.P. Putnam's Sons, 1921); *ibid.*, *An Páistín Fionn*, aistr. Seosamh Mac Grianna (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 1934); Micheál Mac Liammóir, *Diarmuid agus Gráinne* (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 1935).

<sup>213</sup> Seán Mac Lellan chuig Bainisteoir Oifig Foilseachán an Rialtais, 25 Meitheamh 1963, A0128, An Gúm.

<sup>214</sup> Foirm Íocaíochta, 5 Feabhra 1932, A0007, An Gúm; Blackmore, *Lorna Doone*.

## Fiosrúcháin scolártha

Uaireanta iarradh ar an nGúm eolas a thabhairt do scoláire a bhí i mbun taighde. D'iarr an scoláire Tadhg Ó Dúshláine ar an nGúm, mar shampla, cead a thabhairt dó féachaint ar an gcomhad a bhaineann leis an saothar *Fánaí* agus taighde á dhéanamh aige air. Mar a pléadh i gCaibidil 1, rinne an Gúm cinsireacht ar an téacs seo ag deireadh na bhfichidí. Rinne Ó Dúshláine athchóiriú air, agus foilsíodh a leagan siúd sa bhliain 1989.<sup>215</sup>

## Gearrthóga nuachtáin

Bhailigh an Gúm gearrthóga nuachtáin a bhain lena gcuid foilseachán; tá ceann ó *The Standard*,<sup>216</sup> cuir i gcás, sa chomhad a bhaineann le *At the Villa Rose*.<sup>217</sup> Deir an léirmheastóir Aodh de Blácam san alt gur scríobh an t-údar A.E.W. Mason úrscéalta maithe éadroma ach nach raibh sé éasca iad a léamh faoi dhó toisc nach raibh mórán doimhneachta iontu. Dar leis go dtaitneodh an t-aistriúchán le duine a raibh suim acu i bhficsean bleachtaireachta, ach gur bhraith sé féin gur scéal gáifeach é.

## Grianghraif

Tá grianghraif ó nuachtáin agus ó leabhair i gcuid de na comhaid, údair agus aistritheoirí is mó atá iontu; sa cheann a bhaineann le *Rambles in Éirinn*, tá grianghraf den údar, William Bulfin.<sup>218</sup>

---

<sup>215</sup> Tadhg Ó Dúshláine chuig S. Ó hUallacháin, 13 Nollaig 1982, N0032, An Gúm; Ó Caomhánaigh, *Fánaí*; ibid., *Fánaí: Athchóiriú*.

<sup>216</sup> Aodh de Blácam, *Standard*, 17 Bealtaine 1930, A0003, An Gúm.

<sup>217</sup> A.E.W. Mason, *At the Villa Rose* (London: Hodder & Stoughton, 1910); ibid., *Sa Villa Rose*, aistr. Micheál Ó Gríobhtha (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 1929).

<sup>218</sup> A0052, An Gúm; William Bulfin, *Rambles in Éirinn* (Dublin: M.H. Gill & Son, 1907); ibid., *Cam-Chuarta i n-Éirinn*, aistr. Eoghan Ó Neachtain (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1936).

### **Íocaíocht leis an aistritheoir**

Faightear eolas faoin íocaíocht a tugadh don aistritheoir i roinnt mhaith de na comhaid; tugadh £48 (£1 in aghaidh gach míle focal), mar shampla, do Risteárd Ó Foghludha as aistriúchán a dhéanamh ar *Maria Chapdelaine*. Breathnaítear ar chás *Maria Chapdelaine* níos déanaí sa tráchtas, agus feictear gur íocadh an t-airgead seo leis ceithre bliana tar éis dó an t-aistriúchán a dhéanamh, toisc nach raibh an Roinn Airgeadais sásta foilsíú an aistriúcháin sa chló Gaelach a cheadú go dtí an pointe sin.<sup>219</sup>

### **Íocaíocht leis an gclóscríobhaí**

Tá fáil ar shonraí maidir leis an íocaíocht a tugadh don chlóscríobhaí i roinnt comhad; feictear gur tugadh £8.15.6 (1/6 in aghaidh gach míle focal) do Teresa Carr as an aistriúchán a rinne Tomás Ó Gallchobhair ar *A Welsh Singer, Amhránaidhe Breathnach*, a chlóscríobh. Ní raibh cead ag an nGúm aistriúcháin a fhoilsíú sa chló Gaelach ag an bpointe seo agus d'earcaigh an Gúm an clóscríobhaí chun an lámhscríbhinn a thraslitriú go dtí an cló Rómhánach.<sup>220</sup>

### **Íocaíocht leis an ealaíontóir**

Tá trácht ar an íocaíocht a tugadh d'ealaíontóir i gcomhaid áirithe; tugadh £3/3/- don ealaíontóir Olive Cunningham as dearadh a dhéanamh do chlúdach *Scéalta don Aos Óg* (féach íomhá 5 sa chaibidil seo) agus do M.A. Keane a dhear *Lorna Doone*, faoi mar a luaitear faoi 'Dearadh do chlúdach an leabhair' thuas.<sup>221</sup>

---

<sup>219</sup> Foirm Íocaíochta an Aistritheora, 14 Aibreán 1932, A0002, An Gúm; Hémon, *Maria Chapdelaine*.

<sup>220</sup> Féach Caibidil 1 den tráchtas, áit a ndírítear ar úsáid an chló Ghaelaigh sa státseirbhís. Teresa Carr chuig Seán Mac Lellan, 4 Samhain 1929, A0020, An Gúm; Allen Raine, *A Welsh Singer* (London: Hutchinson & Co., 1896); *ibid.*, *Amhránaidhe Breathnach*, aistr. Tomás Ó Gallchobhair (Baile Átha Cliath: Oifig Diolta Foillseacháin Rialtais, 1932).

<sup>221</sup> Foirm Íocaíochta, 5 Feabhra 1932, A0007, An Gúm; Hans Christian Andersen, *Stories for the Young* (London: Ward Lock Bowden, 1894); *ibid.*, *Scéalta don Aos Óg*, aistr. Proinsias Ó Brógáin (Baile Átha

## Íocaíochtaí eile

Íocaíocht leis an léitheoir:

Tá eolas faoin íocaíocht a tugadh do léitheoir(i) as aistriúchán a léamh i gcuid de na comhaid; tugadh £2 don Moinsíneoir Pádraig de Brún as an aistriúchán ar *Coriolanus* a léamh agus tuairisc a scríobh air sa bhliain 1938.<sup>222</sup>

Íocaíocht leis na clódóirí:

Faightear sonraí maidir leis an íocaíocht a tugadh do na clódóirí i gcomhaid faoi leith; tugadh £1420.84 do Colour Books Ltd in 1997 as 500 cóip d'eagrán nua de *Eadar Muir is Tír* a fhoilsiú.<sup>223</sup> Foilsíodh an t-aistriúchán seo a rinne Niall Ó Dónaill sna tríochaidí ar dtús agus réitigh Micheál Grae an leagan nua i litriú an lae inniu.

Íocaíocht leis an údar:

In amanna d'earcófaí scríbhneoir dá mbeadh píosa breise ag teastáil san aistriúchán; tugadh £10 (£2 in aghaidh gach míle focal) don Ollamh Seán Busted, a d'oibrigh sa Roinn Eacnamaíochta i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, as caibidil bhreise a scríobh le cur leis an aistriúchán a rinne Tomás Page ar *The Meaning of Money*.<sup>224</sup> Thug úinéir na gceart foilsithe, John Murray, cead don Ghúm í a chur leis an aistriúchán. Bhain an leabhar bunaidh le córas eacnamaíochta na Breataine, ach mínítear sa chaibidil bhreise seo córas

---

Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1935); Blackmore, *Lorna Doone*.

<sup>222</sup> Foirm Íocaíochta an Léitheora, 31 Nollaig 1938, A0425, An Gúm; William Shakespeare, *Coriolanus*, aistr. Liam Ó Briain (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1938).

<sup>223</sup> Foirm Íocaíochta, 22 Aibreán 1997, A0134, An Gúm; Standish O'Grady, *Lost on Du-Corrig* (Dublin: Talbot Press, 1894); *ibid.*, *Eadar Muir is Tír*, aistr. Niall Ó Domhnaill (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1935); *ibid.*, *Eadar Muir is Tír*, aistr. Niall Ó Domhnaill (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1997).

<sup>224</sup> Foirm Íocaíochta an Údair, 13 Eanáir 1939, A0284, An Gúm; Hartley Withers, *The Meaning of Money* (London: John Murray, 1909). Shocraigh an Gúm gan an t-aistriúchán a fhoilsiú i rith Aimsir na hÉigeandála, agus is léir ón gcomhad nár fhoilsigh siad é ar chor ar bith. Proinnsias Ó Dubhthaigh chuig Rúnaí na Roinne Airgeadais, 12 Nollaig 1941, A0284, An Gúm.



baincéireachta agus airgeadra an tSaorstáit.<sup>225</sup> Níl mórán samplaí den chineál seo inar earcaigh an Gúm scríbhneoir ar leith chun píosa breise a scríobh le cur le haistriúchán, ach d'fhéadfaí a shamhlú gur chuir aistritheoirí giotaí isteach agus téacs á thiontú acu ar mhaithe le rud a mhíniú nó, go fiú, ar mhaithe le dearcadh áirithe a léiriú—feicfear sampla den chineál seo níos déanaí sa tráchtas nuair a thaispeánfar gur chuir an t-aistritheoir giotaí breise in *Taoisigh Eorpa* chun an Eaglais Chaitliceach a chosaint.

### **Íocaíocht sa bhreis a thabhairt do státseirbhíseach atá ar tuarastal**

D'earcódh an Gúm státseirbhíseach mar aistritheoir scaití, agus ar an ábhar sin b'íocaíocht bhreise dóibh an íocaíocht a d'fhaighidís as an aistriúchán a dhéanamh. Chuirfeadh an Roinn Oideachais na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoin íocaíocht bhreise seo toisc nach raibh cead ag ranna stáit íocaíocht sa bhreis a thabhairt do státseirbhíseach a bhí ar tuarastal gan seo a dhéanamh.<sup>226</sup> Bhí Micheál Ó Gríobhtha ar tuarastal mar eagarthóir sa Ghúm, cuir i gcás, agus aistriúchán á dhéanamh aige ar *The Fair God*.<sup>227</sup>

### **Íslíú phraghas an aistriúcháin**

Iarradh ar Oifig an tSoláthair an praghas a bhí ar roinnt de na haistriúcháin a íslíú in 1937 nuair a chonacthas nach raibh éileamh orthu.<sup>228</sup> Bhí *Caitriona* i measc na n-aistriúchán seo; íslíodh é ó 2/- go 1/-.<sup>229</sup>

---

<sup>225</sup> John Murray chuig Seán Mac Lellan, 10 Iúil 1936, A0284, An Gúm.

<sup>226</sup> Rúnaí na Roinne Oideachais chuig Rúnaí na gCoimisinéirí Ioncaim, 27 Iúil 1931, A0092, An Gúm.

<sup>227</sup> Lew Wallace, *The Fair God* (Boston: James R. Osgood, 1873); *ibid.*, *An Finn Dia*, aistr. Micheál Ó Gríobhtha (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1935).

<sup>228</sup> Seán Mac Lellan chuig DJ Coveney, 15 Eanáir 1938, A0126, An Gúm; *ibid.*, A0067, An Gúm; *ibid.*, A0130, An Gúm.

<sup>229</sup> Seán Mac Lellan chuig DJ Coveney, A0142, An Gúm; Robert Louis Stevenson, *Catriona* (London: Cassell & Company, 1904); *ibid.*, *Catriona*, aistr. Seán Mac Maoláin (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933).

## Leathanaigh shamplacha den fhoilseachán

Tá fáil ar leathanaigh shamplacha den fhoilseachán Gaeilge i gcomhaid áirithe; an comhad a bhaineann le *Monarch, the Big Bear*, a raibh baint aige leis an gcomórtas a reáchtáladh in 1928, san áireamh.<sup>230</sup>

## Comhaireamh focal

Faightear, i gcuid mhaith de na comhaid, comhaireamh ar na focail atá sa leabhar bunaidh; sonraítear, mar shampla, go bhfuil 132,000 focal in *The Heart of Unaga* i gcomhad A0001.<sup>231</sup> Ba de réir líon na bhfocal sa bhunsaothar a íocadh na haistritheoirí agus bhí sé tábhachtach, dá bharr, go mbeadh an taifead seo ann.<sup>232</sup>

## Liosta de nuachtáin/d'irisí

Liosta d'ainmneacha na nuachtán agus na n-irisí ar seoladh cóipeanna den aistriúchán chucu le go mbeidís in ann léirmheas a scríobh air atá i gceist anseo; tá liosta mar seo sa chomhad a bhaineann le *History of Ireland*, cuir i gcás.<sup>233</sup>

## Léiriú dráma

I gcuid de na comhaid a bhaineann le drámaí, tá sonraí faoi na léirithe a rinneadh orthu. Sa chomhad a bhaineann leis an aistriúchán a rinneadh ar an dráma *Maurice Harte*, mar

---

<sup>230</sup> A0008, An Gúm; Seton, *Monarch, the Big Bear*.

<sup>231</sup> Comhaireamh Focal, 7 Nollaig 1928, A0001, An Gúm; Cullum, *The Heart of Unaga*.

<sup>232</sup> Thugtaí idir 15/- agus 25/- an míle focal do na haistritheoirí. Seán Mac Lellan chuig Séamus Ó Grianna, 3 Bealtaine 1945, A0527, An Gúm; Miontuairiscí an Chruinnithe, 12 Eanáir 1927, G068, An Gúm; *ibid.*, 2 Feabhra 1928, G068, An Gúm.

<sup>233</sup> Seo a leanas na nuachtáin agus na hirisí ar an liosta: *Irish Independent, Irish Times, Irish News, Cork Examiner, Derry Journal, Waterford News, Anglo Celt, Standard, Irish Ecclesiastical Record, Catholic Times, Irish Catholic, Drogheda Independent, Westmeath Independent, Irish Rosary, Munster News, Fáinne an Lae, Ar Aghaidh, An tUltach, An Stoc, Irish School Weekly*. A0101, An Gúm; John Ryan, *Ireland from the Earliest Times to A.D. 800* (Dublin: Browne & Nolan, 1928); *ibid.*, *Stair na hÉireann ó Thosach Anuas go dtí 800 A.D.*, aistr. Micheál Breathnach (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1934).

shampla, tá eolas faoin léiriú a rinne Conradh na Gaeilge in Central Club Theatre, Londain ar an 5 Aibreán 1934, ag 8.15 i.n.. Ba é seo an chéad uair a léiríodh an leagan Gaeilge.<sup>234</sup>

### **Plé ar stór focal**

Tharla, i gcásanna áirithe, gur chuir na haistritheoirí in iúl don Ghúm nach raibh siad cinnte faoi fhocail áirithe agus rinneadh plé sa chomhfhreagras, dá bharr, ar an stór focal a bhí ag teastáil. Mar shampla, sa leabhar *White Fang*, bhí ainmneacha ainmhithe éagsúla le haistriú, ina measc: ‘moose’, ‘she-wolf’, ‘mosquito’, ‘shark’, ‘porcupine’, ‘lynx’; agus thug an t-aistritheoir, an tAthair Tadhg Ó Curnáin, le fios do Sheán Mac Lellan nach raibh sé cinnte fúthu. Roghnaigh Coiste na Leabhar na téarmaí deiridh; ‘mús’, ‘sraith machtíre’, ‘cormhíol’, ‘searc’, ‘ollghráinneóg’ agus ‘lugh’ faoi seach.<sup>235</sup>

### **Roghnú an chló**

Déantar plé ar roghnú an chló i gcuid mhór de na comhaid, ceist a phléitear go mion i gCaibidil 5 den saothar seo. Feictear sa chaibidil sin, gur mhaígh Pádhraic Ó Domhnalláin go ndéanfadh sé aistriúchán ar *A General History of the Christian Era* ar an gcoinníoll go gclóbhuailfí é sa chló Gaelach.<sup>236</sup> Bhí cead ag an Roinn Oideachais an t-aistriúchán a fhoilsiú sa chló Gaelach nuair a iarradh ar Ó Domhnalláin é a dhéanamh i mí na Samhna 1928, ach bhí athrú tagtha ar na rialacha faoin am a bhí an dara himleabhar á aistriú aige.

---

<sup>234</sup> Tomás Ó Gallchobhair chuig Seán Mac Lellan, 28 Iúil 1934, A0128, An Gúm; Murray, *Maurice Harte*.

<sup>235</sup> Seán Mac Lellan chuig Tadhg Ó Curnáin, 8 Bealtaine 1929, A0017, An Gúm; Jack London, *White Fang* (London: Macmillan, 1906); *ibid.*, *Mac an Mhachtíre* (Baile Átha Cliath: Oifig Diolta Foillseacháin Rialtais, 1936).

<sup>236</sup> Pádhraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 2 Nollaig 1928, A0117, An Gúm; Nicholas A. Weber, *A General History of the Christian Era: A Textbook for High Schools and Colleges*, vol. 1, *From the Beginning to the So-called Reformation (1–1517)* (Washington, D.C.: The Catholic Education Press, 1919); *ibid.*, vol. 2, *Modern Times Since 1517* (Washington, D.C.: The Catholic Education Press, 1922).

## Sampla den aistriúchán

Tá fáil ar shampla den aistriúchán, sula ndearnadh eagarthóireacht air, i roinnt comhad—giota réamhchló den aistriúchán atá i gceist anseo, seachas leathanaigh shamplacha den fhoilseachán. Tá sampla den aistriúchán a rinneadh ar *The Woman in White* le Wilkie Collins i gcomhad A0010, mar shampla. Chuir Tadhg Ó Séaghdha an chuid seo den téacs isteach, ach dúirt sé go raibh sé deacair na habairtí ann a aistriú agus níor éirigh leis an saothar a chríochnú. Toisc go raibh sé ródhoiligh dó, mhol an Gúm dó *The Wild Rose of Lough Gill* a aistriú ina áit agus foilsíodh an t-aistriúchán sa bhliain 1936.<sup>237</sup>

## Sliocht ón mbunleabhar

Faightear sliocht ón mbunleabhar sna comhaid in amanna; tá sliocht ón úrscéal *Fortune's Fool* le Rafael Sabatini, cuir i gcás, sa chomhad sin.<sup>238</sup>

## Socruithe leis an ealaíontóir


Tá eolas faoin ealaíontóir a d'earcaigh an Gúm i roinnt comhad, ní a luadh cheana i gcás cheist na n-íocaíochtaí. Tugtar léargas, i gcomhad *Scéalta don Aos Óg*, ar na socruithe a rinneadh le Olive Cunningham, mar shampla, agus clúdach an tsaothair sin á dheardh aici. D'iarr an Gúm uirthi an dearadh a dhéanamh ar an 27 Márta 1934. Bhí an téacs le cur amach sa chló Rómhánach, agus dúirt siad léi úsáid a bhaint as an gcló úd i dteideal an aistriúcháin agus in ainm an údair ar an gclúdach. Thug siad cóip den leagan Béarla le

---

<sup>237</sup> Tadhg Ó Séaghdha chuig Seán Mac Lellan, 29 Márta 1929, A0010, An Gúm; Wilkie Collins, *The Woman in White* (New York: Harper & Brothers, 1860); Patrick Grehan Smith, *The Wild Rose of Lough Gill* (Dublin: M.H. Gill, 1883); *ibid.*, *Rós Fiadhain Loch Gile*, aistr. Tadhg Ó Séaghdha (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1936).

<sup>238</sup> Níor éirigh leis an aistritheoir Peadar Ó Máille an t-aistriúchán seo a dhéanamh sa deireadh. Seán Mac Lellan chuig Peadar Ó Máille, 13 Márta 1935, A0151, An Gúm; Rafael Sabatini, *Fortune's Fool* (Boston: Houghton Mifflin Co., 1923).

léamh di chun go roghnódh sí ábhar pictiúir a bhain leis na scéalta ann.<sup>239</sup> Chruthaigh Cunningham íomhá de charachtar sa leabhar, an Bhanríon Sneachta (féach íomhá 5), agus ghlac an Gúm leis.<sup>240</sup>



Íomhá 5. Dearadh a rinne Olive Cunningham do chlúdach *Scéalta don Aos Óg*.

### Socruithe leis na clódóirí

Maidir le clóbhualadh na leabhar faightear comhfhreagras ina thaobh i scata de na comhaid, na treoracha a tugadh do na clódóirí maidir le *Eachtraí Gael* i gcomhad A0413 ina measc; sa chás áirithe seo, tugadh ordú d'Oifig an tSoláthair míle cóip a fhoilsiú.<sup>241</sup> Theastaigh ón nGúm go mbeadh gach leathanach clóbhuailte trí horlaí go leith ar leithead agus cúig horlaí go leith ar a fhad agus go dtosódh gach scéal sa leabhar le ceannlitir ornáideach. D'iarr siad orthu úsáid a bhaint as clómhéid dhá phointe dhéag sa chló Rómhánach, agus cló Iodálach a úsáid i gcomhair aon fhocal Béarla sa téacs.

<sup>239</sup> Seán Mac Lellan chuig Olive Cunningham, 27 Márta 1934, A0035, An Gúm.

<sup>240</sup> Seán Mac Lellan chuig Proinsias Ó Dubhthaigh, 16 Aibreán 1934, A0035, An Gúm.

<sup>241</sup> Treoracha, 24 Samhain 1954, A0413, An Gúm; P.J. Dillon, *Eachtraí Gael*, aistr. Muiris Ó Catháin (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1957).

## **Socruithe leis an gclóscríobhaí**

D'earcódh an Gúm clóscríobhaí chun lámhscríbhinn a thraslitriú nó leagan ní ba shoiléire a chruthú dá mbeadh lámhscríbhinn deacair le léamh. Bhain an t-aistritheoir Séamus Mac Cormaic úsáid as an gcló Gaelach chun *An tEarrach* a scríobh,<sup>242</sup> mar shampla, agus ansin rinne Martha Byrne é a thraslitriú sa chló Rómhánach,<sup>243</sup> agus, ar an ábhar go raibh lámhscríbhinn *Pól Twynning* doléite, cuireadh de chúram ar Eibhlín Ní Fhlannagáin é a chlóscríobh.<sup>244</sup>

## **Sliocht as aistriúchán a fhoilsiú in iris**

D'iarr irisí cead ar an nGúm sliocht as aistriúchán a fhoilsiú in iris i roinnt cásanna. Tugadh cead do The Waterford News, Ltd, mar shampla, an chéad chaibidil den aistriúchán *Dathad a hAon*, saothar a bheidh faoi chaibidil níos déanaí sa tráchtas, a fhoilsiú in eagrán na Nollag dá gcuidse.<sup>245</sup>

## **Na daoine a thug comhairle faoi oiriúnacht na leabhar bunaidh nó faoi fhiúntas na n-aistriúchán**

Liosta atá anseo, in ord aibítire, de na daoine, 75 ar fad, a thug comhairle faoi leabhar bunaidh nó faoi aistriúchán, mar aon leis an gcúlra gairmiúil a bhí acu, agus teideal na

---

<sup>242</sup> Thomas Cornelius Murray, *An tEarrach*; *ibid.*, *Spring*.

<sup>243</sup> Martha Byrne chuig Seán Mac Lellan, 6 Eanáir 1930, A0114, An Gúm. Ní raibh cead ag an nGúm aistriúcháin a fhoilsiú sa chló Gaelach ag an bpointe seo agus sin an fáth go raibh traslitriú ag teastáil. Féach Caibidil 1 den tráchtas, áit a ndírítear ar úsáid an chló Ghaelaigh sa státseirbhís.

<sup>244</sup> Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 29 Nollaig 1941, A0454, An Gúm; George Shiels, *Paul Twynning* (London: Macmillan & Co., 1922); *ibid.*, *Pól Twynning*, aistr. Pádraig Ó hAirt (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1945).

<sup>245</sup> Seán Mac Lellan chuig Bainisteoir The Waterford News, Ltd, 4 Nollaig 1954, A0434, An Gúm; Downey, *Dathad a hAon*.

gcomhad ina bhfuil fáil ar a gcuid tuairimí.<sup>246</sup> Mura ndeirtear a mhalairt, fuarthas an t-eolas beathaisnéise ar an suíomh gréasáin Ainm.ie.<sup>247</sup>

**Béaslaí, Piaras.** (Scríbhneoir agus polaiteoir)

- Plutarch's Lives, Fánaí, Spreading the News, De Senectute, Cúrsaí Cleamhnais, The Last of the Mohicans.<sup>248</sup>

**Beveridge, K.E.** (Cigire le Tíos i mBrainse an Ghairmoideachais sa Roinn Oideachais)<sup>249</sup>

- Young Housewife's Cookery Book (Comhad II).

**Bonfil, M.** (Cigire sinsearach le Tíos i mBrainse an Ghairmoideachais sa Roinn Oideachais)<sup>250</sup>

- Standard Processes in Dress Making.

**Breathnach, Micheál.** (Rúnaí na Roinne Oideachais 1944–53, agus cigire scoile)

- The Path to Rome, The Story of Ireland (Comhad I), The Christian Era I, Stories from the Latin Poets, Anna Nugent, Housecraft: Principles and Practice, Scaramouche, Midwinter, The Kang-Ha Vase, MacMillan's General and Regional Geography of Ireland (Comhad I), The Island of Terror, Autobiography of a Super-Tramp, The Christian Era II, Latin Prose Composition, Limen: A First Latin Book, Apartments, The Travelling Man, Ros Comáin, Think Well On't, A Class-Book of

---

<sup>246</sup> Teideal na gcomhad faoi mar a fhaightear sa chatalóg in Aguisín 2 iad.

<sup>247</sup> Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, Ainm.ie, faighte 3 Iúil 2018, <https://www.ainm.ie>. Tá liosta iomlán de na leathanaigh de chuid Ainm.ie ar baineadh úsáid astu i leabharliosta an tráchtais.

<sup>248</sup> Níl cló iodálach in úsáid anseo toisc nach iad teidil na leabhar ach teidil na gcomhad.

<sup>249</sup> K.E. Beveridge chuig an nGúm, 18 Eanáir 1937, A0440, An Gúm.

<sup>250</sup> Seán Mac Lellan chuig M. Bonfil, 7 Meán Fómhair 1954, A0636, An Gúm.

Irish History I, Summer's Day, The Deserted Village, The Shadow of the Inn, Prelude to Massacre, Cá bhfuil an Ghlóir?, Coriolanus, The Grandmother Clock, Marcaigh an tSléibhe, Smaointe Uaisle ón Iascacht, The History of the Great Irish Famine, Tiarnaí Deireanacha Urmhún, Bambi, Hamlet, Iascaire Inse Tuile, The Golden Apple, Foras Feasa ar Stair na Róimhe, Twelfth Night (Comhad II), A History of Europe: 911-1198, Leabhar na hUrnaí Coitinne, Bambi's Kinder, In God's Wonderland, Words of Encouragement, Hamlet, The Age of Reform: 1815-1870, Cornelius Rabbit of Tang, The King of Spain's Daughter, Via Dolorosa I: Boek Zonder Titel, Uilliam Ropaire, Le Silence de la Mer, The Practice of Instruction, Education: It's Data and First Principles, Preparation for Teaching, Talks to Teachers on Psychology, Saint Joan, The Lost Pibroch, Scéalta ón bhFrancis, Scéalta ón Rúisis, Aireagal Theach na mBocht, The Battle of Ross, All My Days for God, An Píobaire Stiallach, A Digest of Ancient History, A Story for Boys, Triail na mBanóglach, La Sacré Coeur et le Sacerdoce, Four Years of Irish History, The Last Invasion of Ireland, A Catechism of Catholic Doctrine, Seanchas na hÓige.

**Close, L.J.** (Príomhchigire meánscoile)<sup>251</sup>

- 800 Mathematical Gems.

**D'Andún, Micheál.** (Scríbhneoir)

- Cupboard Love.

**De Blácam, Aodh.** (Scríbhneoir)

- Huckleberry Finn, The White Bolle-Trie.

---

<sup>251</sup> Seán Mac Lellan chuig Tarlach Ó Raifeartaigh, 25 Bealtaine 1951, A0622, An Gúm.



**De Blaghd, Earnán.** (Aire Airgeadais 1923–32 agus scríbhneoir)

- An Enemy of the People.

**De Brún, Pádraig.** (Sagart, scoláire clasaiceach, Ollamh le Matamaitic i gColáiste Phádraig, Má Nuad agus Uachtarán ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ina dhiaidh sin)

- Plutarch’s Lives, Coriolanus.

**De hÍde, Dubhghlas/‘An Craoibhín Aoibhinn’.** (Uachtarán na hÉireann, bailitheoir béaloidis agus scríbhneoir)

- Das Wirsthaus im Spessart, The Drone.

**De Róiste, Louis/Lughaidh.** (Léachtóir le Francis sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)<sup>252</sup>

- Lettres de Mon Moulin, Heath’s New Practical French Grammar.

**De Siúnta, Earnán.** (Innealtóir agus aistritheoir)

- Leabhar na hUrnaí Coitinne.

**Ghabhánach Ní Dhubhthaigh, Lúise.** (Múinteoir i Scoil Bhríde, ar Fhaiche Stiabhna, Baile Átha Cliath)

- Trent’s Last Case, An Péarla Dubh, Cnósach Gearr-Scéal, La Tulipe Noire, The Traveller in the Fur Cloak, Scaramouche, Black Beauty, The Dog Crusoe, She Stoops to Conquer, The Cherry Bough, The Marvellous History of St. Bernard, La Nouvelle Croisade des Enfants, Clisiam Charman, The Last Independent

---

<sup>252</sup> Domhnall Mac Grianna chuig Seán Mac Lellan, 18 Nollaig 1939, A0444, An Gúm.

Parliament of Ireland, Hansel and Gretel, Le Petit Poucet, Ridirí Beaga na hOíche, Le Depit Amoureux, Jill's Magic Island, Idir Croí is Anam, Saint Bernadette of Lourdes, King of the Tinkers, An Circín Dubh, Little Women, Nóinín agus Séamus, Rí na gCat, Young Ireland, Lá Deiridh an Téarma, Back to the College.

**Langton, Mícheál/An tAthair Benedict.** (Sagart agus aistritheoir)

- Words of Encouragement.

**Léamachar, Gustabh.** (Íosánach agus scoláire Gaeilge)<sup>253</sup>

- Das Tal von Lausa und Duron.

**Mac an Bháird, Éamonn C.** (Sagart agus múinteoir i gColáiste Mhic Cairthinn, Muineachán)<sup>254</sup>

- The Cherry Bough, Eachtraí Gael.

**Mac Cionnaith, Láimhbheartach.** (Sagart, scríbhneoir, múinteoir agus foclóirí)

- Stories from the Latin Poets, The Innocence of Father Brown, Castle Conquer, The Hound of the Baskervilles, Christ is All, Makers of Europe, Iascaire Inse Tuile.

**Mac Giolla Cheara, Pádraig.** (Sagart agus scríbhneoir)

- Christ is All, Treasure of the Mountain, Ireland's Loyalty to the Mass, The Children's Book, Prelude to Massacre.

---

<sup>253</sup> Seán Mac Lellan chuig Gustabh Léamachar, 10 Aibreán 1945, A0550, An Gúm.

<sup>254</sup> Seán Mac Lellan chuig Éamonn C. Mac an Bháird, 26 Eanáir 1934, A0273, An Gúm.

**Mac Giollarnáth, Seán.** (Scríbhneoir agus Breitheamh Dúiche)

- Robert Emmet, The Path to Rome, The Merchant of Killoogue, Birdland, The Last of the Mohicans, Ceathrar Comrádaí, Treasure of the Mountain, Eachtraí Gael, Prelude to Massacre, Cá bhfuil an Ghlóir?, Báthadh an Ghrosvenor, Professor Tim, Hamlet, Uilliam Ropaire, The Last Invasion of Ireland.

**Mac Grianna, Domhnall.** (Eagarthóir sa Ghúm)

- Néal Dearg, Children of the New Forest, The Green Cockade, Travels with a Donkey in the Cevennes, A Boy in Éirinn, History of Ireland I (Comhad I), Tristan et Iseult (dráma), Almayer's Folly, An tEarrach, The Drone, The Christian Era I, The Coming of Cuchulainn, The Talisman, Trent's Last Case, Ivanhoe, Her Irish Heritage, The Master of Ballantrae, With the Army of O'Neill, La Terre qui Meurt, Catriona, The House of the Arrow, La Tulipe Noire, Stories from the Latin Poets, Flóisíní Shain Próinsias, Lisheen, Fortune's Fool, Birdland, Le Briseur de Fers, Captain Blood, The Traveller in the Fur Cloak, The Seven Sleepers, Silas Marner, The Demi-Gods, Ireland and Irishmen in the French Revolution, Deirdre of the Sorrows, Castle Conquer, Under the Red Robe, True Man and Traitor, Robbery Under Arms, The Kang-Ha Vase, Juggernaut, Hangman's House, Dreams by a French Fireside, The Vats of Tyre, Cara an Phobail, Les Fourberies de Scapin, The Heart of the World, King Solomon's Mines, The Flaming Wheel, MacMillan's General and Regional Geography of Ireland (Comhad I), Macmillan's General and Regional Geography of Ireland (Comhad II), Gilian the Dreamer, Messer Marco Polo, Black Soil, Cicero: The Second Phlippic, The Right of Way, The Power of the Dog, The Whiteheaded Boy, The Wild North Land, Mac Rí na hÉireann I, II, III, Commando, The Last of the Mohicans, The Queen's Fillet, In

the Land of the Lion, Scouts of the Prairie, The Memoirs of Sherlock Holmes, Parson Kelly, The Cherry Bough, The Cherry Orchard, Robert Emmet, The Black Prophet, Longman's Latin Course, A Sportman's Sketches, Le Juif Polonais, The Last Independent Parliament of Ireland, A Latin Grammar: Part I, The Return of the Hero, An Sár-Ghadaidhe, Little Red Riding Hood, County Histories: Monaghan, Ridirí Beaga na hOíche, Graiméar Gréigise II, The Famous Jimmy, The Turf-Cutter's Donkey, Mo Chuidse Príosún, The Children's Book, Nonni agus Manni (Comhad I), King of the Tinkers.

**Mac Guaire, Seaghan.** (Sagart Slánaitheorach, Congregatio Sanctissimi Redemptoris, Arda San Alfonsas, Luimneach)<sup>255</sup>

- Think Well On't.

**Mac Lellan, Seán.** (Rúnaí Choiste na Leabhar agus Oifigeach Foilseachán sa Ghúm)

- The Fair God, Treve, Micheál, Summer's Day, Treasure of the Mountain, Féin-Scribhinn Mhinistéara, Peter the Pied Piper, Idir Croí is Anam, Aislingí Cois Tine, The Romance of Exploration, Stand and Give Challenge, Rogha na Muimhneach, The Famous Jimmy, Cladach na Fairrge, Mo Chuidse Príosún, Eachtraí Gael, Saint Bernadette of Lourdes, Ireland's Loyalty to the Mass, Prelude to Massacre, By the Barrow River, The Citizen's Manual, The Grandmother Clock, Dathad a hAon (Comhad I), The Brass Door-Knob, Boxing for Beginners, County Histories: Cork, An Circín Dubh, Lettres de Mon Moulin, The Lights of Leaca Bán, Peter, Drámaí Beaga don Aos Óg, Cupboard Love, Nóinín agus Séamus, Dhá Ríoghacht, The Greatest of All, Cúrsa Simplidhe sa Chreideamh, Nuala, Saint

---

<sup>255</sup> Tomás Ó Deirg chuig Seaghan Mac Guaire, 15 Eanáir 1937, A0345, An Gúm.

John Bosco, Pope Pius XII, Short Stories by Modern German Authors, Heiliger Abend, Bäuerliche Anabasis, The Black Stranger, Das Tal von Lausa und Duron, When They Were Children, And no Quarter, A History of Europe: 911–1198, A History of Europe: 1375–1494, Bambi's Kinder, Words of Encouragement, Hamlet, Cornelius Rabbit of Tang, The King of Spain's Daughter, Via Dolorosa I: Boek Zonder Titel, In the Time of the Tans, Suantraí Clochair, The Practice of Instruction, Education: It's Data and First Principles, Preparation for Teaching, Modern Developments in Educational Practice, Divini Illius Magistri, Talks to Teachers on Psychology, The Testament, Saint Joan, The Lost Pibroch, Scéalta ón Rúisis, Aireagal Theach na mBocht, The Trifler, The Battle of Ross, Oidhche Fhéile Mháirtín, The Renegade, Seáinín agus an Giosadán Pónaire, Behind Locked Doors, Papal Letter of Pius X, Sean-Fhocla, Tógaint agus Feistiú Stáitse, A Digest of Ancient History, A Glimpse of Moy Mell and Other Plays, A Hero of the Phalanx, The Universe and Dr Einstein, A Story for Boys, The Kon-Tiki Expedition, Gipsy Meralini in Redgate, Triail na mBanóglach, Maritana, La Sacré Coeur et le Sacerdoce, Four Years of Irish History, The Last Invasion of Ireland, Aoi na bPáistí, Seanchas na hÓige, Exploration Fawcett, Revised Irish Grammar, Standard Processes in Dress Making, Read me or Rue it.

**Mac Maoláin, Seán.** (Leaseagarthóir sa Ghúm, scríbhneoir agus aistritheoir)

- Huckleberry Finn, Loch Garman, The Adventures of Tom Sawyer, The Lights of Leaca Bán, Riders to the Sea, Dún na nGall, A Minute's Wait, Professor Tim, Drama at Inish, The Passing Day, The Rugged Path, Lord Edward, An Scáth agus an Amhmhaoin, What Katy Did, Drámaí Beaga don Aos Óg, Cupboard Love, What Katy Did Next, Little Women, Tales from Shakespeare, Child Life in Other

Lands, The Glorious Uncertainty, Goose Chase, The White Bolle-Trie, Leanbh mo Chroí, Na Cnuic i gCéin, Four Little Mischiefs, The Wild Birds of Killeevy, The Money Doesn't Matter, Look at the Heffernans, Mairéad Gillan, Nóinín agus Séamus, Dhá Ríoghacht, The Greatest of All, Rí na gCat, Ar an mBóthar Mór, Cúrsa Simplidhe sa Chreideamh, Na Camánaithe Óga, Nuala, Abraham Lincoln, Mrs. Adis, Saint John Bosco, The Frozen Pirate, Tanglewood Tales, Riail Ár Naomh-Athar Beiniadhact, Lá Deiridh an Téarma, An tOthar, Bambi, Hurrish, Gearrsgéalta ón mBreathnais, Fortunatus and Cassandra, Fíon Franncach, Foras Feasa ar Stair na Róimhe, Twelfth Night (Comhad I), Hamlet, The Age of Reform: 1815–1870, Uilliam Ropaire, Scéalta ón bhFraincis, Scéalta ón Rúisis, A Story for Boys, He went with Vasco da Gama, The Red Book of the Persecuted Church, Naomh Proinsias agus an Mac Tíre. Verstehen und Sprechen.

**Mac Niocaill, Seoirse.** (Cigire scoile agus scríbhneoir)

- Fánaí, The Story of Ireland (Comhad I), History of Ireland I (Comhad II), Stories from the Latin Poets, Housecraft: Principles and Practice, Sir John Magill's Last Journey, Juggernaut, The First Men in the Moon, Madame Thérèse, In the Land of the Lion, Scouts of the Prairie, She Stoops to Conquer, The Meaning of Money, The Christian Era II, Latin Prose Composition, Limen: A First Latin Book, Ros Comáin, Wind from the North, Virgil: Aeneid I, Saint Bernadette of Lourdes, Báthadh an Ghrosvenor, Lettres de Mon Moulin.

**Mulcahy, C.** (Sagart agus reachtaire ar Choláiste Choill Chluana Gabhann, Cill Dara)<sup>256</sup>

- La Nouvelle Croisade des Enfants.

---

<sup>256</sup> Seán Mac Lellan chuig Tomás Ó Deirg, 9 Iúil 1932, A0279, An Gúm.

**Ní Chinnéide, Máire.** (Drámadóir)

- Le Depit Amoureux.

**Ní Dhabhoireann, Máire.** (Eagarthóir cúnta sa Ghúm agus múinteoir)

- The First Men in the Moon, Die Journalisten, The Marvellous History of St. Bernard, Herr und Hund, Everyman, Christ is All, A Class-Book of Irish History II, Aus dem Leben eines Unglücklichen Mannes, Sean-Eoin, Taibhreamh Beirte, Treasa Bheag, Saint John Bosco.

**Ní Dhonnabháin, C.** (Cigire le Tíos sa Roinn Oideachais)<sup>257</sup>

- Young Housewife's Cookery Book (Comhad II).

**Ní Éimhthigh, Maighréad.** (Léachtóir le Clasaicigh in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)

- Clarendon Latin Course: Part I, Virgil: Aeneid I, An Cúrsa Clarendonach Laidne.

**Ní Mhurchú, Ursula.** (Príomh-Oifigeach an Ghúim)<sup>258</sup>

- Die Höhlen der großen Jäger, Waterloo, Literary Lapses, The Last Move, The Red Book of the Persecuted Church, Joan the Maid; Why the Chimes Rang; The Discovery, L'Annonce faite à Marie, Ag Tnú le Baintrí Uí Mhaoileoin, Dlí Uí Loinnsigh, Naomh Proinsias agus an Mac Tíre, Background of a Hero, Verstehen und Sprechen, Ultime lettere di Jacopo Ortis.

**Nolan, David.** (Léachtóir le hIodáilis sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)<sup>259</sup>

- Ultime lettere di Jacopo Ortis.

---

<sup>257</sup> C. Ní Dhonnabháin chuig an nGúm, 18 Eanáir 1937, A0440, An Gúm.

<sup>258</sup> Seán Mac Maoláin chuig Ursula Ní Mhurchú, 13 Iúil 1969, A0509, An Gúm.

<sup>259</sup> Éamonn Ó hÓgáin chuig David Nolan, 8 Deireadh Fómhair 1968, A0666, An Gúm.

**Ó Beirn, Liam.** (Sagart agus scríbhneoir)

- Ceathrar Comrádaí.

**Ó Briain, Liam.** (Ollamh le teangacha rómánsacha in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)

- Grádh na hÓige, Heath's New Practical French Grammar.

**Ó Cadhla, Seán.** (Múinteoir i gColáiste Moibhí i nGlas Naoidhean, Baile Átha Cliath)<sup>260</sup>

- Longman's Latin Course, A Practical Introduction to Latin Prose Composition.

**Ó Cadhlaigh, Cormac.** (Ollamh le Gaeilge sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)

- Colomba.

**Ó Céileachair, Aindrias.** (Sagart agus teagascóir Gaeilge in Ollscoil Illinois agus in Ollscoil Learpholl)

- Quo Vadis.

**Ó Conaire, Pádraic Óg.** (Scríbhneoir)

- La Terre Qui Meurt.

**Ó Corcora, Domhnall.** (Múinteoir agus scríbhneoir)

- The Children of Odin.

**Ó Cuill, Seán.** (Profléitheoir sa Ghúm agus bailitheoir béaloidis)

- Eoinín Bocht, County Histories: Cork, An Circín Dubh, Marcaigh an tSléibhe, Little Women, Tales from Shakespeare, Child Life in Other Lands, Leanbh mo

---

<sup>260</sup> Seán Mac Lellan chuig Seán Ó Cadhla, 23 Feabhra 1934, A0297, An Gúm.



Chroí, The Wild Birds of Killeevy, Sovereign Love.

**Ó Cuirrín, Seán.** (Scribhneoir, aistritheoir agus múinteoir)

- The Cherry Bough, Peter the Pied Piper, Stand and Give Challenge, Mo Chuidse Príosún, Candle for the Proud, Leabhar na nLongantas, The Turf Cutter's Donkey Goes Visiting, By the Barrow River, Marcaigh an tSléibhe, Uilliam Ropaire.

**Ó Deirg, Tomás.** (Aire Oideachais 1932–39, 1940–48)

- Dathad a hAon (Comhad I), The Greatest of All.

**Ó Dochartaigh, Séamus.** (Rúnaí Oinigh ar Choiste Iubhaile An Athar Mac Eoin i nGleann Beithe, Ciarraí)<sup>261</sup>

- La Jeune Sibérienne: La Lépreux de la Cité d'Aoste.

**Ó Dónaill, Niall.** (Eagarthóir sa Ghúm, scríbhneoir agus aistritheoir)

- Ag Troid ar son na Saoirse, Naomh Proinsias agus an Mac Tíre, Faoistíní Auguistín, Latin for Today III, Foclóir Eolaíochta.

**Ó Donnchadha, Tadhg/'Torna'.** (Ollamh le Gaeilge i gColáiste Ollscoile Chorcaí agus i gColáiste Phádraig, Droim Conrach)

- Heart of Unaga, Maria Chapdelaine, At the Villa Rose, Monarch, the Big Bear, Round the World in Eighty Days, Comin' Thro' the Rye, Píobaire Sídh Ghleann Mhaoiliúra (Comhad I), Das Wirsthaus im Spessart, Maid of Orleans, Sealgairí Sagart, Oidhreacht, Trent's Last Case, Stories from the Latin Poets, Fortune's Fool, Captain Blood, The Demi-Gods, The Hound of the Baskervilles, The Pipe

---

<sup>261</sup> Seán Mac Lellan chuig Séamus Ó Dochartaigh, 18 Nollaig 1946, A0390, An Gúm.

in the Fields, Spreading the News, Traveller's Joy, The Stolen Bacillus, The Island of Terror, The Whiteheaded Boy, Rope, Looking Backward, Tom Creagan, The Memoirs of Sherlock Holmes, Owd Bob, Herr und Hund, Liudaidhe Óg na Leargadh Móire, Gearrscéalta Tchekhov Cuid a hAon, Apartments, Scol-Chúrsa i Sláinteachas, Arís, Le Juif Polonais, The Farmer's Wife, Do Theacht na Normánach, An Dá Theaghlach, Aus dem Leben eines Unglücklichen Mannes, Ireland First, Le Depit Amoureux, Gwen Tomos, Wind from the North, Lona, Tales of the Wind King, Féin-Scríbhinn Mhinistéara, Peter the Pied Piper, Aislingí Cois Tine, Y Llaw Gudd, Taibhreamh Beirte, The Turf-Cutter's Donkey, The Turf-Cutter's Donkey Goes Visiting, The Children's Book, Nonni agus Manni (Comhad I), By the Barrow River, King of the Tinkers, Telynegion Maes a Mor, Smaointe Uaisle ón Iasacht, Bambi.

**Ó Dubháin, Conchubhar.** (Príomhchigire meánscoile)<sup>262</sup>

- Himmelsvolk, Mario und die Tiere, Perri.

**Ó Dubhthaigh, Proinnsias.** (Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais)<sup>263</sup>

- The Rise of the Irish Volunteers, Think Well On't, Féin-Scríbhinn Mhinistéara, Stair na Rómha, The Lights of Leaca Bán, Mairéad Gillan, Nóinín agus Séamus, Rí na gCat, An tOthar, Gearrscéalta ón mBreathnais, Short Stories by Modern German Authors, The Golden Apple, Words of Encouragement, Hamlet, The Age of Reform: 1815–1870, Via Dolorosa I: Boek Zonder Titel, The Battle of Ross, All My Days for God.

---

<sup>262</sup> Seán Mac Lellan chuig Conchubhar Ó Dubháin, 3 Márta 1954, G097, An Gúm.

<sup>263</sup> Seán Mac Lellan chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, 27 Eanáir 1936, A0345, An Gúm.

**Ó Flaitile, Micheál Sabas.** (Bráthair Críostaí agus múinteoir i gColáiste Chaoimhín)

- Think Well On't.

**Ó Flathartaigh, Máirtín.** (Rúnaí Cúnta na Roinne Oideachais)

- Waterloo, Literary Lapses, The Last Move, Joan the Maid; Why the Chimes Rang; The Discovery, The Red Book of the Persecuted Church, L'Annonce faite à Marie, The Aeneid by Virgil: I.

**Ó Floinn, Donnchadh.** (Sagart agus Ollamh le Gaeilge i gColáiste Phádraig, Má Nuad)

- Leabhar na Salm.

**Ó Floinn, Tomás.** (Rúnaí Cúnta na Roinne Oideachais, agus cigire meánscoile)

- Latin for Today, Foclóir Eolaíochta.

**Ó Foghludha, Risteárd/'Fiachra Éilgeach'.** (Eagarthóir sa Ghúm agus iriseoir)

- Maria Chapdelaine, Tristan et Iseult, Flóisíní Shain Próinsias, An tOileán Corghruanach, Cúrsaí Cleamhnais, Jail Journal, She Stoops to Conquer, An Enemy of the People, The Black Prophet, Apartments, Scol-Chúrsa i Sláinteachas, A Sportsman's Sketches, Arís, L'Avare, Silly Symphony, Think Well On't, When Wexford Rose, Do Theacht na Normánach, A Class-Book of Irish History III, A Class-Book of Irish History IV, An Dá Theaghlach, Aus dem Leben eines Unglücklichen Mannes, Ireland First, Le Depit Amoureux, O'Donovan Rossa's Prison Life, Sinéad agus Sgéalta Eile, A Smaller History of Rome (Comhad II), Gwen Tomos, Peter Pan, Wind from the North, The Californian Gold Discovery, The Merv Oasis, Desecration, County Histories: Carlow, Summer's Day, Virgil:

Aeneid I, Treasure of the Mountain, Féin-Scríbhinn Mhinistéara, The Abbey of Holycross, Sean-Eoin, Peter the Pied Piper, La Jeune Sibérienne: La Lépreux de la Cité d’Aoste, An Muir-thuras a Dhein ‘Réalt na Maidine’, Idir Croí is Anam, A History of the Roman Republic, The Romance of Exploration, Y Llaw Gudd, County Histories: Kerry, Taibhreamh Beirte, The Deserted Village, Stand and Give Challenge, Stair na Gréige (Comhad II), Rogha na Muimhneach, The Turf-Cutter’s Donkey, Candle for the Proud, The Shadow of the Inn, Saint Bernadette of Lourdes, Sgéalta, Ireland’s Loyalty to the Mass, Prelude to Massacre, Cá bhfuil an Ghlóir?, By the Barrow River, The Grandmother Clock, Ás na Mulait; Fiannaidhe na gCeann ó Bhocrára, Dathad a hAon (Comhad I), Breacóg, Moonshine, Young Housewife’s Cookery Book (Comhad I), County Histories: Cork, An Circín Dubh, Gearr-scéalta aistrihte ón tSualannais, Lettres de Mon Moulin, Marcaigh an tSléibhe, Huckleberry Finn, An Leabhar Aifrin (Comhad I), Heath’s New Practical French Grammar, Mrs. Adis, Iascaire Inse Tuile.

**Ó Gallchobhair, Pádraig.** (Cigire Scoile)

- An Muir-thuras a Dhein ‘Réalt na Maidine’, The Shadow of the Inn.

**Ó Griobhtha, Micheál.** (Eagarthóir sa Ghúm, scríbhneoir agus aistriitheoir)

- Irish Nationality, Plutarch’s Lives: Demosthenes and Cicero, Round the World in Eighty Days, Gaelic Pioneers of Christianity, Les Oberlé, The Story of Ireland (Comhad I), The Fair God, Sealgairí Sagart, Fairy Legends and Traditions of the South of Ireland, Four in Hand, An Péarla Dubh, Maurice Harte, An tIonradh, Sparán an Luchorpáin, Andy Takes an Outing, Anna Nugent, Life of Matt Talbot, Apollo’s Understudy; Retribution, Róis Dhearga; Buadhann Críost, The Young St.

Patrick, The Manger, The Innocence of Father Brown, Scaramouche, Traveller's Joy, Black Oliver, Black Beauty, The Stolen Bacillus, De Senectute, Grey Hills for Dreams, Rope, Lives of the Gracchi, Long Lance, Madame Thérèse, The Boys of Ben Eadar, Miriam Lucas, Tom Creagan, Micheál, Plutarch's Lives, She Stoops to Conquer, Owd Bob, La Nouvelle Croisade des Enfants, The Rise of the Irish Volunteers, Liudaidhe Óg na Leargadh Móire, The Meaning of Money, Scéalta ó Thiobraid Árann, Clisiam Charman, A Voyage to Lilliput, Fairy Tales: Little Stories for Children, The Village Detective, Latin Prose Composition, Limen: A First Latin Book, The Triumph of Cuculain, Apartments, Scol-Chúrsa i Sláinteachas, Drámaí, Everyman, Euripedes: Iodhbhairt Ifigéine, L'Avare, M'uncail agus an Sagart Paróiste, Modern French Poetry, Ciceronis Orationes in Catilinam, Le Juif Polonais, Christ is All, Silly Symphony, The Divine Comedy, Hansel and Gretel, Jack and the Beanstalk, A Class-Book of Irish History I, A Class-Book of Irish History II, An Dá Theaghlach, Dualgas Pheadair Bhig, Peter Pan, The Romance of Exploration, Stair na Gréige (Comhad II), Saint Bernadette of Lourdes, County Histories: Cork, An Circín Dubh, Marcaigh an tSléibhe, Telynegion Maes a Mor.

**Ó hÉighneacháin, Tomás.** (Eagarthóir sa Ghúm agus aistritheoir)

- Robert Emmet, David Copperfield, Sealgairí Sagart, History of Ireland II (Comhad II), Fairy Legends and Traditions of the South of Ireland, La Maison, An Péarla Dubh, The Seven Sleepers, Wonder Tales of Great Explorers, La Farce des Bossus, In Emmet's Days, Journey's End, Cara an Phobail, Remi agus a Chairde, El Centenario, The Dog Crusoe, An tOileán Corghruanach, Autobiography of a Super-Tramp, The Shuiler's Child, Rory Wins; The Rising of

the Moon, Spanish Gold, Geamaireacht Dhroichid an Diabhail, Tom Creagan, Jail Journal, Good Night Mr. O'Donnell, Travels with a Donkey, The Marvellous History of St. Bernard, Herr und Hund, An Enemy of the People, The Rise of the Irish Volunteers, The Meaning of Money, The Christian Era II, Le Professeur, Kinder und Hausmarchen, Kinder und Hausmarchen: eagarthóireacht agus promhthaí, The Triumph of Cuculain, Scol-Chúrsa i Sláinteachas, A Bit of Land, The Bet, Murder Will Out, A Short Suit, The Country of the Blind, The Sisters, The Waxwork, Rogha na gConnachtach, Aesop, Träumereien an Französischen Kaminen, Arís, L'Avare, M'uncaíl agus an Sagart Paróiste, Le Chat Botte, Ceathrar Comrádaí, The Travelling Man, A Local History of Dun Laoghaire District, Ros Comáin, Clarendon Latin Course: Part I, Silly Symphony, The Farmer's Wife, Prenez Garde à la Peinture, Think Well On't, Hansel and Gretel, Le Petit Poucet, Do Theacht na Normánach, Greek Prose Composition, An Dá Theaghlach, Aus dem Leben eines Unglücklichen Mannes, Le Depot Amoureux, Dualgas Pheadair Bhig, A Practical Introduction to Latin Prose Composition, Arnold's Latin Prose (Comhad I), Arnold's Latin Prose (Comhad II), A Smaller History of Rome (Comhad I), The Singer, Gwen Tomos, Peter Pan, Lona, Desecration, Summer's Day, Tales of the Wind King, Treasure of the Mountain, Féin-Scríbhinn Mhinistéara, Graiméar Gréigise II, Jill's Magic Island, An Chaoin-Fhrainc, Peter the Pied Piper, La Jeune Sibérienne: La Lépreux de la Cité d'Aoste, An Muir-thuras a Dhein 'Réalt na Maidine', Idir Croí is Anam, Aislingí Cois Tine, An Cúrsa Clarendonach Laidne II, A History of the Roman Republic, Stair na Rómha, The Romance of Exploration, Y Llaw Gudd, The Deserted Village, Stair na Gréige (Comhad II), Stair na Gréige (Comhad III: Printing and Proofing), Stair na Gréige (Comhad IV), The Famous Jimmy, The Turf-Cutter's Donkey, Éachta

agus Eachtraí, Cladach na Fairrge, Mo Chuidse Príosún, The Shadow of the Inn, A First Electrical Book for Boys, Eachtraí Gael, Leabhar na nFongantas, Ireland's Loyalty to the Mass, Sligeach, The Children's Book, Nonni agus Manni (Comhad I), Cá bhfuil an Ghlóir?, Báthadh an Ghrosvenor, Coriolanus, Grádh na hÓige, The Grandmother Clock, Dathad a hAon (Comhad II), Breacóg, Moonshine, The Bishop's Candlesticks, The Brass Door-Knob, Boxing for Beginners, Young Housewife's Cookery Book (Comhad I), County Histories: Cork, An Circín Dubh. Lettres de Mon Moulin, Marcaigh an tSléibhe, Huckleberry Finn, Loch Garman, The Lights of Leaca Bán, Riders to the Sea, Dún na nGall, A Minute's Wait, Paul Twynings, Professor Tim, Grogan and the Ferret, The Passing Day, The Jailbird, The Rugged Path, Lord Edward, Peter, Judge Lynch, Treasa Bheag, An Scáth agus an Amhmaoin, Drámaí Beaga don Aos Óg, Little Women, Tales from Shakespeare, Child Life in Other Lands, Goose Chase, The White Bolle-Trie, Heath's New Practical French Grammar, Leanbh mo Chroí, Na Cnuic i gCéin, Púca Bán Chorcaighe, An Choróin v. An Ceallach, Mairéad Gillan, Nóinín agus Séamus, The Greatest of All, Santa Claus, I presume?, Rí na gCat, Ar an mBóthar Mór, Cúrsa Simplidhe sa Chreideamh, Na Camánaithe Óga, Nuala, Abraham Lincoln, Mrs. Adis, Das Bild Christi nach der Schrift, Saint John Bosco, The Frozen Pirate, Legio Mariae, The Midnight Angelus, Sgéalta le August Stringberg, Minna Von Barnhelm, Riail Ár Naomh-Athar Beiniadhact, Young Ireland, Tiarnaí Deireanacha Urmhún, Lá Deiridh an Téarma, Back to the College, An tOthar, Bambi, Hurrish, Hamlet, Gearrsgéalta ón mBreathnais, Iascaire Inse Tuile, Tadhg an Dá Thaobh, Audrey, Fortunatus and Cassandra, La Joie Fait Peur, Short Stories by Modern German Authors, Fíon Franncach, Bäuerliche Anabasis, The Golden Apple, Foras Feasa ar Stair na Róimhe, Twelfth Night (Comhad I), Twelfth Night

(Comhad II), The Black Stranger, Hamlet, Kathleen Ní Houlihan, Himmelsvolk, Mario und die Tiere, Die Familie Pfäffling, Aus dem Leben eines Taugenichts, Sé Gearrscéalta Gearmáinise, When They Were Children, Anatole est un Pur, And no Quarter, A History of Europe: 911–1198, A History of Europe: 1375–1494, Leabhar na hUrnaí Coitinne, The Ascendancy of France: 1598–1715, Bambi's Kinder, Box and Cox, In God's Wonderland, Words of Encouragement, Hamlet, The Age of Reform: 1815–1870, Cornelius Rabbit of Tang, The Fox and the Grapes, The King of Spain's Daughter, Via Dolorosa I: Boek Zonder Titel, The Little Brown Princess and Other Old Irish Fairy Tales, In the Time of the Tans, Perri, Uilliam Ropaire, Ancient Greek Literature, Suantraí Clochair, Fledged and Flown, The Coiner, Le Silence de la Mer, The Practice of Instruction, Education: It's Data and First Principles, Preparation for Teaching, Modern Developments in Educational Practice, The Formation of Character, Divini Illius Magistri, Talks to Teachers on Psychology, The Old Bucket, The New Testament, Saint Joan, A Key to Intermediate Certificate European History Questions, The Lost Pibroch, Scéalta ón bhFraincis, Scéalta ón Rúisis, Aireagal Theach na mBocht, The Trifler, Julius Caesar, Oidhche Fhéile Mháirtín, All My Days for God, Seáinín agus an Giosadán Pónaire, Troighthíní an Bhan-Diúic Anna, Behind Locked Doors, Papal Letter of Pius X, An Píobaire Stiallach, Tógaint agus Feistiú Stáitse, A Digest of Ancient History, A Glimpse of Moy Mell and Other Plays, A Hero of the Phalanx, The Universe and Dr Einstein, A Story for Boys, The Kon-Tiki Expedition, Gipsy Meralini in Redgate, Leabhar na Salm, Triail na mBanóglach, Maritana, La Sacré Coeur et le Sacerdoce, Four Years of Irish History, The Last Invasion of Ireland, A Catechism of Catholic Doctrine, Aoi na bPáistí, Seanchas na hÓige, Gearrscéalta, Julius Caesar, Exploration Fawcett, Revised Irish Grammar, The



Principles of Laundry Practice, Standard Processes in Dress Making, Caesar: An Cogadh sa Ghaille, Aonach an Mhéathrais, He went with Vasco da Gama, Die Höhlen der großen Jäger, Read me or Rue it, The Criminal Law of Ireland, De Valera and the March of a Nation, Waterloo, Literary Lapses, The Last Move, The Red Book of the Persecuted Church, Joan the Maid; Why the Chimes Rang; The Discovery, L'Annonce faite à Marie, The Aeneid by Virgil: I, Ag Tnú le Baintrí Uí Mhaoileoin, Dlí Uí Loinnsigh, Ag Troid ar son na Saoirse.

**Ó hÓgáin, Éamonn.** (Eagarthóir sa Ghúm)<sup>264</sup>

- Legio Mariae, Latin for Today III, Ultime lettere di Jacopo Ortis.

**Ó Laoi, Tomás.** (Roinnchigire sa Roinn Oideachais)<sup>265</sup>

- Background of a Hero.

**Ó Lochlainn, Gearóid.** (Cigire drámaíochta sa Roinn Oideachais agus scríbhneoir)

- Le Bourgeois Gentilhomme, Breacóg, The Bishop's Candlesticks, Cupboard Love, Goose Chase, Laochra Gaedheal, Dhá Ríoghacht, Angels Unawares, Ar an mBóthar Mór, Minna Von Barnhelm, Lá Deiridh an Téarma, Back to the College, An tOthar, La Joie Fait Peur, The Golden Apple, The Black Stranger, In the Time of the Tans, Suantraí Clochair, The Coiner, Oidhche Fhéile Mháirtín, Na Bróga Draoidheachta, A Glimpse of Moy Mell and Other Plays, Aoi na bPáistí, Joan the Maid; Why the Chimes Rang; The Discovery, Ag Tnú le Baintrí Uí Mhaoileoin, Dlí Uí Loinnsigh, Naomh Proinsias agus an Mac Tíre.

---

<sup>264</sup> Comhar, "Éamonn Ó hÓgáin," *Portráidí*, faighte 3 Iúil 2018, <https://portraidí.ie/en/eamonn-o-hogain/>.

<sup>265</sup> Seán Mac Maoláin chuig Tomás Ó Laoi, 8 Aibreán 1964, A0658, An Gúm.

**Ó Máille, Tomás.** (Ollamh le Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)

- At the Villa Rose, Resurrection; Yellow Bittern, Seeteufel, Die Karawane, Stories from the Latin Poets, Madame Thérèse, Laelius de Amicitia, The History of the Great Irish Famine.

**Ó Marcaigh, Caoimhín.** (Eagarthóir sa Ghúm)

- Nonni agus Manni (Comhad II).

**Ó Moghráin, Pádraic.** (Bailitheoir béaloidis agus aistritheoir)

- Minna Von Barnhelm, Das Tal von Lausa und Duron, Sé Gearrscéalta Gearmáinise, Bambi's Kinder, Die Höhlen der großen Jäger.

**Ó Muirgheasa, Énrí.** (Cigire Scoile)

- Gaelic Pioneers of Christianity, The Story of Ireland (Comhad I), An tEarrach, The Drone, The Black Prophet, Ros Comáin.

**Ó Murchadha, Colm.** (Eagarthóir, aistritheoir agus státseirbhíseach)

- Heart of Unaga, Fánaí, Trent's Last Case, Commando, Madame Thérèse, The Boys of Ben Eadar, She Stoops to Conquer, Iascaire Inse Tuile.

**Ó Murchadha, Micheál.** (Sagart, scrúdaitheoir Deoiseach d'Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath agus urlabhraí Ardeaspag Bhaile Átha Cliath)<sup>266</sup>

- Irish Fairy Tales, With the Army of O'Neill, Stories from the Latin Poets, Grey Hills for Dreams, Gearrscéalta Tchekhov Cuid a hAon, Christ is All, Think Well

---

<sup>266</sup> Tuairisc Mhichíl Uí Mhurchadha, 17 Eanáir 1928, N0032, An Gúm.

On't, Saint Bernadette of Lourdes, Ireland's Loyalty to the Mass, Words of Encouragement.

**Ó Néill, Seosamh.** (Rúnaí na Roinne Oideachais 1923–44)

- Scéalta ó Thiobraid Árann, Ros Comáin, Stair na Rómha.

**Ó Raifeartaigh/Ó Raibheartaigh, Tarlach/Toirdhealbhadh.** (Príomhchigire sa Roinn Oideachais agus Rúnaí na Roinne Oideachais ó 1956 ar aghaidh)

- A Local History of Dun Laoghaire District, Stair na Rómha, A History of Europe: 911–1198, The Ascendancy of France: 1598–1715, Hamlet, The Age of Reform: 1815–1870, Uilliam Ropaire, Modern Developments in Educational Practice, A Key to Intermediate Certificate European History Questions, Papal Letter of Pius X, An Píobaire Stiallach, Tógaint agus Feistiú Stáitse, A Digest of Ancient History, A Glimpse of Moy Mell and Other Plays, A Hero of the Phalanx, The Universe and Dr Einstein, A Story for Boys, The Economic History of Early Ireland, Gipsy Meralini in Redgate, 800 Mathematical Gems, Triail na mBanóglach, Maritana, La Sacré Coeur et le Sacerdoce, Four Years of Irish History, A Catechism of Catholic Doctrine, Seanchas na hÓige, Julius Caesar, Exploration Fawcett, Revised Irish Grammar, Standard Processes in Dress Making, Aonach an Mhéathrais, He went with Vasco da Gama, Die Höhlen der großen Jäger, Read me or Rue it, De Valera and the March of a Nation, Naomh Proinsias agus an Mac Tíre.

**Ó Roideáin/Reddin/Sarr, Cionnaith/Kenneth.** (Scribhneoir Béarla agus Breitheamh

Dúiche)<sup>267</sup>

- Maria Chapdelaine, The Path to Rome, Silas Marner, Wonder Tales of Great Explorers, Herr und Hund, Do Theacht na Normánach, The Frozen Pirate, Iascaire Inse Tuile.

**Ó Scotlaoich, Seán.** (Rúnaí Oinigh ar Choiste Iubhaile An Athar Mac Eoin i nGleann Beithe, Ciarraí)<sup>268</sup>

- La Jeune Sibérienne: La Lépreux de la Cité d’Aoste.

**Ó Searcaigh, Séamus.** (Léachtóir le Gaeilge sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)

- Ridirí Beaga na hOíche.

**Ó Siochfhradha, Micheál.** (Cigire Scoile agus scríbhneoir)

- Makers of Europe, The Ascendancy of France: 1598–1715.

**Ó Siochfhradha, Pádraig/‘An Seabhac’.** (Eagarthóir sa Ghúm, múinteoir agus scríbhneoir)

- Heart of Unaga, At the Villa Rose, Dr. Jekyll and Mr. Hyde, The Woman in White, Treasure Island, Wild Sports of the West, Colomba, Kidnapped, Two Years Before the Mast, A Welsh Singer, Robert Emmet, Bashan and I, Le Roi des Montagnes, Sally Cavanagh, Quo Vadis, My New Curate, Children of Tempest (Comhad I), The Wild Rose of Lough Gill, The Forge of Clohogue, She, Moondyne, Glenanaar, For the Old Land, Tristan et Iseult, Silas Marner, Rambles in Éirinn,

---

<sup>267</sup> “Kenneth Reddin,” Ricorso, faighte 3 Iúil 2018, [http://www.ricorso.net/rx/az-data/authors/r/Reddin\\_K/life.htm](http://www.ricorso.net/rx/az-data/authors/r/Reddin_K/life.htm).

<sup>268</sup> Seán Mac Lellan chuig Seán Ó Scotlaoich, 18 Nollaig 1946, A0390, An Gúm.

Makers of Europe, Uaigheanna Chill Mhóirne, The Northern Iron, Threshold of Quiet, Wuthering Heights, La Robe de Laine, The Merchant of Killoge, Taoiseach Deireannach na nGaedheal, A Lad of the O'Friels, The Autobiography of Benjamin Franklin, Das Wirsthaus im Spessart, Willy Reilly and his Colleen Bawn, The True Annals of Fairyland, Resurrection; Yellow Bittern, Le Bourgeois Gentilhomme, Autumn Fire; Aftermath, Die Karawane, La Maison, The Cask, La Belle Nivernaise, A Swordsman of the Brigade, The Collegians, Cnósach Gearr-Scéal, Flóisíní Shain Próinsias, Life of Matt Talbot, Apollo's Understudy; Retribution, Díthreabhach an Tobair; San Tomás Acuin, The Breaking Day, The Young St. Patrick, Scaramouche, Prose Poems, An Udhacht, The Hound of the Baskervilles, II Burbero Benefico, Les Fourberies de Scapin, The Heart of the World, Remi agus a Chairde, Castle Rackrent, Traveller's Joy, Black Beauty, The School for Scandal, Treve, Die Journalisten, The Stars in their Courses, Rope, Lives of the Gracchi, Dead Man's Rock, Looking Backward, Madame Thérèse, Lord Edward Fitzgerald, The Boys of Ben Eadar, Spanish Gold, Cúrsaí Cleamhnais, Tom Creagan, Micheál, Owd Bob, The Cherry Orchard, An Enemy of the People, The Rise of the Irish Volunteers, Liuidaidhe Óg na Leargadh Móire, Scéalta ó Thiobraid Árann, M'uncail agus an Sagart Paróiste.

**Ó Súilleabháin, P.E.** (Príomh-chigire i mBrainse an Ghairmoideachais sa Roinn Oideachais)<sup>269</sup>

- Wir Fordern Reims zur Übergabe auf, Heiliger Abend, Standard Processes in Dress Making.

---

<sup>269</sup> P.E. Ó Súilleabháin chuig Seán Mac Lellan, 10 Nollaig 1954, A0636, An Gúm.

**Ó Tighearnaigh, Proinnsias.** (Leas-phríomhchigire sa Roinn Oideachais)<sup>270</sup>

- Maid of Orleans, An tEarrach, Stories from the Latin Poets, Madame Thérèse, Tales of the Wind King, Idir Croí is Anam, The Deserted Village, The Fox and the Grapes, A Story for Boys, Seanchas na hÓige.

**Ó Tuama, Tadhg.** (Leas-phríomhchigire meánscoile)<sup>271</sup>

- The Age of Reform: 1815–1870.

**O’Doherty, J.F.** (Sagart agus Ollamh le Stair Eaglasta i gColáiste Phádraig, Má Nuad)<sup>272</sup>

- County Histories: Carlow, County Histories: Kerry, Sligeach, County Histories: Cork, Loch Garman.

**Ryan/Ó Riain, John/Eoin.** (Íosánach agus scoláire)

- Dún na nGall, A History of Europe: 911–1198, A History of Europe: 1375–1494.

Is léir ón liosta gur ghrúpa an-oilte iad na daoine a thug comhairle don Ghúm maidir leis na haistriúcháin sa tréimhse idir 1926 agus 1966. Ba mhinic a d’iarraidís ar fhear nó ar bhean léinn comhairle a thabhairt dóibh; cuir i gcás an léachtóir le clasaicigh, Maighréad Ní Éimhthigh; an léachtóir le hIodáilis, David Nolan; an léachtóir le Fraincis, Louis de Róiste; agus an tOllamh le teangacha rómánsacha, Liam Ó Briain. Ba chumasach an dream iad na cigirí agus na hoifigigh sa Roinn Oideachais—dream a raibh an-tuiscint acu ar chúrsaí oideachais—chun comhairle a thabhairt i dtaobh leabhair scoile.

---

<sup>270</sup> Sarah-Anne Buckley, *The Cruelty Man: Child Welfare, the NSPCC and the State in Ireland, 1889–1956* (Manchester: Manchester University Press, 2013), 123; Commission on Itinerancy, *Report of the Commission on Itinerancy* (Dublin: The Stationery Office, 1963), 12, faighte 1 Iúil 2018, <http://lenus.ie/hse/bitstream/10147/324231/1/ReportoftheCommissiononItinerancyAugust1963.pdf>.

<sup>271</sup> Seán Mac Lellan chuig Tadhg Ó Tuama, 24 Eanáir 1950, G097, An Gúm.

<sup>272</sup> J.F. O’Doherty chuig Seán Mac Lellan, 9 Aibreán 1937, A0376, An Gúm.

Maidir le heagarthóirí an Ghúim, orthu siúd a thit ualach na hoibre seo, agus thit sé níos troime ar dhaoine áirithe ná mar a thit ar dhaoine eile. Tá sé soiléir ón liosta go raibh ionchur a dhá oiread níos mó ag Tomás Ó hÉighneacháin sna haistriúcháin a foilsíodh ná mar a bhí ag Domhnall Mac Grianna, mar shampla, agus go raibh ionchur a dhá oiread níos mó ag Mac Grianna sa tréimhse ná mar a bhí ag Pádraig Ó Siochfhradha, Risteárd Ó Foghludha agus Micheál Ó Gríobhtha. É sin ráite, d'oibrigh Ó hÉighneacháin sa Ghúm ar feadh 30 bliain—tréimhse i bhfad níos faide ná na heagarthóirí eile; bhí sé fós ag obair ann sna seascaidí—agus ní haon ionadh, dá bharr, go luaitear an oiread sin téacsanna leis.<sup>273</sup> Thosaigh Ó Siochfhradha, Ó Gríobhtha agus Mac Grianna ann sna fichidí. Ba é Ó Siochfhradha an chéad eagarthóir a d'fhág sa bhliain 1932,<sup>274</sup> ansin aistriodh Micheál Ó Gríobhtha ón Roinn Oideachais chun go rachadh sé i mbun aistriú an Bhunreachta ar an 11 Samhain 1936; agus ceapadh Domhnall Mac Grianna ina Chláraitheoir ag Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath ar an 15 Deireadh Fómhair 1940.<sup>275</sup> Níor thosaigh Risteárd Ó Foghludha mar eagarthóir go dtí 1936, nuair a bhí 227 aistriúchán foilsithe ag an nGúm cheana féin;<sup>276</sup> agus dealraíonn sé gur fhág sé go luath sna daichidí nuair a ghlac sé le post mar eagarthóir sa chomhlacht foilsitheoireachta Brún agus Ó Nualláin. Ceapadh é ar fhoireann Choimisiún na Logainmneacha in 1946.<sup>277</sup>

---

<sup>273</sup> Is léir ón gcomhad a bhaineann le *The Criminal Law of Ireland* go raibh sé fós ag obair mar eagarthóir i mí na Samhna 1962, agus léiríonn an comhfhreagras a bhaineann le *David Copperfield* go raibh sé ina eagarthóir chomh luath le mí Feabhra 1932. Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Maoláin, 23 Samhain 1962, A0643, An Gúm; Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 10 Feabhra 1932, A0099, An Gúm.

<sup>274</sup> As sin amach bhí sé ina eagarthóir, agus níos deireanaí ina stiúrthóir sna comhlachtaí foilsitheoireachta Comhlucht an Oideachais agus Clólucht an Talbóidigh. Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, “Ó Siochfhradha, Pádraig (1883–1964),” *Ainm.ie*, faighte 3 Iúil 2018, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=783>.

<sup>275</sup> *Ibid.*, “Ó Gríobhtha, Micheál (1869–1946),” *Ainm.ie*, faighte 3 Iúil 2018, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=77>; *ibid.*, “Mac Grianna, Domhnall (c.1894–1972),” *Ainm.ie*, faighte 3 Iúil 2018, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=2145>.

<sup>276</sup> Ó Néill, *Tuarasgabháil na Roinne Oideachais 1936–37*, 124.

<sup>277</sup> Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, “Ó Foghludha, Risteard (1871–1957),” *Ainm.ie*, faighte 3 Aibreán 2019, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=75>. Is léir ón gcomhad a bhaineann le *Dathad a hAon* go raibh sé fós ag obair mar eagarthóir sa Ghúm i mí Feabhra 1940. Risteárd Ó Foghludha chuig Seán Mac Lellan, 21 Feabhra 1940, A0434, An Gúm.

## Anailís ar na comhaid aistriúcháin

Agus an chatalóg á cur le chéile, ba léir go raibh cuid de scéal an Ghúim nár pléadh go mion go dtí seo. Tagraíodh cheana sa tráchtas do na tuairimí a léirigh scríbhneoirí áirithe i leith scéim an aistriúcháin agus milleán dhrochstaid na scríbhneoireachta bunaidh á chur acu ar an scéim seo. Ach níor thagair na scríbhneoirí céanna do na ceangail éagsúla a cuireadh ar oifigigh an chomhlachta foilsitheoireachta, don chúram a leagadh orthu mar eagraíocht stáit, ná do na cinntí a tugadh orthu a dhéanamh—de réir, go minic, mar a bhuaíl an spadhar rialtas, Airí agus údaráis. Bhí tionchar ollmhór, mar sin, ag fórsaí seachtracha ar obair an Ghúim—fórsaí áirithe ina measc nach raibh cumhacht ag an gcomhlacht orthu.

I ndiaidh an chatalóg a leagan amach, tugadh faoi mhionscagadh a dhéanamh ar chomhaid sé théacs a sheas amach mar chásanna suimiúla arbh fhiú taighde ceart a dhéanamh orthu i bhfianaise an tionchair a bhí ag na fórsaí seachtracha thuasluaite orthu. I gcaibidlí 3–5 den tráchtas seo, mar sin, déanfar anailís ar na comhaid a bhaineann leis na saothair seo a roghnaíodh mar shamplaí ionadaíocha: *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe*, *Maria Chapdelaine*, *Taoisigh Eorpa*, *Stair na Gréige*, *Iascaire Inse Tuile* agus *Dathad a hAon*. I gcomhthéacs na dtéacsanna seo, déanfar mionanailís ar an tionchar a bhí ag fórsaí seachtracha ar chinneadh an Ghúim glacadh le haistriúcháin fhochaigheánacha, ar an tionchar a bhí ag meon cinsireachta na linne in Éirinn ar an obair aistriúcháin a rinne siad, agus ar an tionchar a bhí ag éiginnteacht na rialacha maidir le foilsiú sa chló Gaelach agus sa chló Rómhánach ar an obair chéanna.

Sa chás go ndeirtear i gcomhad faoi leith go ndearnadh cinsireacht ar phíosaí faoi leith sa bhunleabhar, nó nach raibh an Gúm sásta le píosaí faoi leith a foilsíodh san aistriúchán, déantar scrúdú ar na gíotaí sin sa bhunleabhar, sa lámhscríbhinn (sa chás go



bhfuil an lámhscríbhinn ar fáil) agus san aistriúchán a d'fhoilsigh an Gúm chun an pictiúr iomlán a léiriú.

Déanfar mionphlé ar dtús ar an gcumhacht a bhí ag fórsaí seachtracha ar chinneadh an Ghúim glacadh le cuid de na haistriúcháin. I gcás *Stair na Gréige*<sup>278</sup> agus *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe* araon,<sup>279</sup> feicfead go raibh faitíos ar an nGúm go gceapfaí go mbeadh ardscoláirí á gceistiú acu dá gcuirfidís ina gcoinne,<sup>280</sup> agus léireofar gur bhraith siad go raibh iachall orthu glacadh le *Dathad a hAon* ansin,<sup>281</sup> toisc gurbh é an tAire Oideachais, Tomás Ó Deirg, a mhol go ndéanfadh Nioclás Tóibín aistriúchán maith ar an leabhar.<sup>282</sup>

Ina dhiaidh sin, déanfar anailís ar an éifeacht a bhí ag meon cinsireachta na linne ar na téacsanna agus léireofar go ndearnadh cinsireacht ar *Iascaire Inse Tuile*<sup>283</sup> agus *Taoisigh Eorpa*<sup>284</sup> toisc cineál an ábhair iontu. Breathnófar, ar deireadh, ar an tionchar a bhí ag éiginnteacht na rialacha maidir le foilsiú sa chló Gaelach agus sa chló Rómhánach ar chás na sé aistriúcháin. Feicfead gur chruthaigh an éiginnteacht deacrachtaí d'aistritheoirí agus d'oifigigh an Ghúim i gcás *Maria Chapdelaine*,<sup>285</sup> *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe*,<sup>286</sup> agus *Taoisigh Eorpa*<sup>287</sup> go háirithe.

---

<sup>278</sup> Bury, *Stair na Gréige*.

<sup>279</sup> Weber, *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe*, iml. 1.

<sup>280</sup> Tuairisc Dhomhnaill Mhic Grianna, 23 Eanáir 1930, A0117, An Gúm; Micheál Ó Griobhtha chuig Seán Mac Lellan, 11 Feabhra 1943, A0403, An Gúm; *ibid.*, 26 Meitheamh 1943, A0403, An Gúm.

<sup>281</sup> Downey, *Dathad a hAon*.

<sup>282</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 8 Bealtaine 1939, A0434, An Gúm.

<sup>283</sup> Loti, *Iascaire Inse Tuile*.

<sup>284</sup> Wilmot-Buxton, *Taoisigh Eorpa*.

<sup>285</sup> Hémon, *Maria Chapdelaine*.

<sup>286</sup> Pádraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 30 Nollaig 1931, A0285, An Gúm.

<sup>287</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 13 Márta 1934, A0053, An Gúm.

### Caibidil 3

#### ‘Tá rudaí níos measa ná é á chur i gcló againn’: An Gúm agus

#### aistriúcháin fhochaighdeánacha

Chonacthas i gCaibidil 1 nár éirigh le haistriúcháin an Ghúim pobal uile na Gaeilge a shásamh, agus is léir ó na comhaid nach raibh siad féin sásta le roinnt de na saothair ar ghlac siad leo, ach gur bhraith siad faoi bhrú leanúint ar aghaidh leo. Rinne na hoifigigh tagairt sna bunfhoinní do ‘the poor Irish often published by the Gúm’<sup>288</sup> agus dúirt an t-Iar-Aire Airgeadais, Earnán de Blaghd, i lár na dtríochaidí, go raibh am á chur amú ag an eagraíocht ag cur eagar ar théacsanna nach raibh ar ardchaighdeán: ‘inferior work should simply be rejected instead of being labouriously doctored in the Gúm office heretofore’.<sup>289</sup> Thuig siad féin, mar sin, go raibh aistriúcháin fhochaighdeánacha á bhfoilsíú in amanna acu, ach bhraith siad faoi bhrú glacadh le saothair áirithe agus blianta a chaitheamh, ansin, ag iarraidh téacsanna nach raibh siad sásta leo a chur in eagar agus a réiteach don chló.

É sin ar fad ráite, is léir ó na bunfhoinní go raibh an Gúm sásta le formhór na n-aistriúcháin a d’fhoilsigh siad, *Maria Chapdelaine*, *Taoisigh Eorpa* agus *Iascaire Inse Tuile* ina measc. Maidir le *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe*, *Stair na Gréige* agus *Dathad a hAon*, áfach, is léir gur mhothaigh an Gúm go raibh iachall orthu glacadh leis na haistriúcháin seo. I gcás *Dathad a hAon*, feicfeadh gur chaith oifigigh an Ghúim tamall fada ag athrú na rudaí nach raibh siad sásta leo, ach nár athraigh siad iad i gcás *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe* ná *Stair na Gréige*. I ndiaidh breathnú ar cheist chaighdeán na saothar seo, tabharfar aghaidh ar an gcaoi ar fágadh na lochtanna sna

---

<sup>288</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 8 Bealtaine 1939, A0434, An Gúm.

<sup>289</sup> de Blaghd, “Famine in Irish Books.” Mar a dúradh cheana, bhí de Blaghd ina Aire Airgeadais ó mhí Mheán Fómhair 1923 go dtí mí an Mhárta 1932.

leaganacha clóite den dá théacs dheireanacha, sula ndéanfar scagadh ar shamplaí de na lochtanna sin a fuarthas orthu.

Faoi mar a dúradh thuas, níl aon fhianaise sa chomhad a bhaineann le *Maria Chapdelaine* a léiríonn nach raibh an Gúm sásta le caighdeán an aistriúcháin seo a rinne Risteárd Ó Foghludha.<sup>290</sup> Thosaigh Ó Foghludha ag obair sa Ghúm mar eagarthóir sa bhliain 1936,<sup>291</sup> tar éis fhoilsiú *Maria Chapdelaine*,<sup>292</sup> rud a thugann le fios go raibh an Gúm sásta leis na haistriúcháin a bhí déanta aige go dtí sin dóibh.<sup>293</sup> Chomh maith leis sin, íocadh an ráta ab airde a bhí ar fáil ag an am sin leis; £1 (20/-) an míle focal.<sup>294</sup>

Fearacht *Maria Chapdelaine*, níl aon rud sa chomhad a bhaineann le *Taoisigh Eorpa* a thugann le fios nach raibh an Gúm sásta le caighdeán an aistriúcháin seo a rinne Micheál Ó Siochfhradha, agus d'íoc an Gúm an ráta ab airde leis siúd chomh maith.<sup>295</sup> Feicfead sa chaibidil seo nár bhain Pádhraic Ó Domhnalláin úsáid as an *Foclóir Staire is Tír-Eóluíochta* maidir le téarmaí faoi leith i *Stair Choitcheann an Ré Críostaidhe* agus nár bhain an Moinsíneoir Pádraig de Brún úsáid as agus é ag gabháil do *Stair na Gréige* ach an oiread, ach nuair a tugadh ordú d'Ó Siochfhradha úsáid a bhaint as an téarmaíocht san fhoclóir céanna agus é ag gabháil do *Taoisigh Eorpa* i mí na Nollag 1929, níor chuir sé ina choinne.<sup>296</sup>

Bhí an-mhuinín ag Séamus Ó Grianna féin as *Iascaire Inse Tuile*; an t-aistriúchán a rinne sé ar *Pêcheur d'Islande*. Bhraith sé gur aistrigh sé é 'go h-iongantach maith', nach ndearna sé aon aistriúchán riamh a bhí 'leath chomh maith leis', agus nach raibh duine ar bith sa tír a bheadh in ann aistriúchán ní b'fherr a dhéanamh ar an leabhar: 'Níl duine ar

---

<sup>290</sup> A0002, An Gúm; Hémon, *Maria Chapdelaine*.

<sup>291</sup> Breathnach agus Ní Mhurchú, "Ó Foghludha, Risteard (1871–1957)."

<sup>292</sup> Foirm Foilseacháin, 3 Iúil 1934, A0002, An Gúm.

<sup>293</sup> Tá liosta de na haistriúcháin de chuid Uí Fhoghludha a d'fhoilsigh an Gúm ag deireadh an tráchtais.

<sup>294</sup> Foirm Íocaíochta an Aistritheora, 14 Aibreán 1932, A0002, An Gúm.

<sup>295</sup> *Ibid.*, 25 Lúnasa 1931, A0053, An Gúm; Wilmot-Buxton, *Taoisigh Eorpa*.

<sup>296</sup> Seán Mac Lellan chuig Micheál Ó Siochfhradha, 6 Nollaig 1929, A0053, An Gúm.

bith i n-Éirinn a dtiocfadh leis Gaedhilg a chur ar an scéal seo níos fearr nó atá curtha agam-sa air'.<sup>297</sup> Dúradh le hÓ Grianna sular thosaigh sé an t-aistriúchán go n-íocfaí idir 20/- agus 25/- an míle focal sa bhunleabhar leis as an aistriúchán a dhéanamh, agus go socrófaí an ráta de réir fheabhas na hoibre.<sup>298</sup> D'íoc an Gúm an ráta ab airde leis, 25/- an míle focal,<sup>299</sup> rud a léiríonn go raibh siad sásta le caighdeán a chuid oibre.

**‘Ag cuimhneamh damh...go bhfuil sé ina Ollamh re Gaedhilge i gceann de na Coláistí Oiliúna, agus fós ina Scrúduitheoir fé Roinn an Oideachais...molaim an láimhscríbhinn seo do chur chun an chlódóra go díreach mar tá sí’: *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe agus dúshlán stádas an aistritheora***

Iarradh ar Phádhraic Ó Domhnalláin aistriúchán a dhéanamh ar an leabhar staire *A General History of the Christian Era*, saothar ina bhfuil dhá imleabhar,<sup>300</sup> ar an 27 Samhain 1928. Dúradh leis gur moladh é chun aistriúchán a dhéanamh ar an téacs seo, a d’úsáidfí i meánscoileanna na tíre,<sup>301</sup> ag an gcruinniú deireanach den FhoChoiste um Leabhra Eolais.<sup>302</sup> Beagnach bliain ina dhiaidh sin, iarradh ar Mhicheál Breathnach,<sup>303</sup> a bhí ina bhall den FhoChoiste, an t-aistriúchán a rinne Ó Domhnalláin ar an gcéad

---

<sup>297</sup> Séamus Ó Grianna chuig Seán Mac Lellan, 3 Meán Fómhair 1945, A0527, An Gúm; Pierre Loti, *Pêcheur d’Islande* (Paris: Calmann Lévy, 1886); *ibid.*, *Iascaire Inse Tuile*.

<sup>298</sup> Seán Mac Lellan chuig Séamus Ó Grianna, 3 Bealtaine 1945, A0527, An Gúm. Mhéadaigh an Gúm na rátaí íocaíochta i gcomhair aistriúchán ón bhFraincis sa bhliain 1935, nuair a shocraigh siad go dtabharfaí suas go 25/- as leabhar ó bheotheangacha na Mór-Roinne a aistriú. Seán Mac Lellan chuig Proinsias Ó Dubhthaigh, 11 Bealtaine 1947, G008, An Gúm.

<sup>299</sup> Seán Mac Lellan chuig Proinsias Ó Dubhthaigh, 12 Meán Fómhair 1945, A0527, An Gúm.

<sup>300</sup> Weber, *A General History of the Christian Era*, vol. 1; *ibid.*, vol. 2. Níor luaigh an Gúm go sonrach an raibh an chéad imleabhar amháin, nó an saothar ina iomláine (an dá imleabhar) i gceist acu nuair a rinne siad teagmháil leis ina thaobh.

<sup>301</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádhraic Ó Domhnalláin, 8 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

<sup>302</sup> *Ibid.*, 27 Samhain 1928, A0117, An Gúm. Faoi mar a dúradh sa chéad chaibidil, cuireadh an FoChoiste seo de chuid Choiste na Leabhar ar bun sa bhliain 1928, agus seo a leanas na daoine a bhí ina mbaill de: Seoirse Mac Niocaill, An tAthair Láimhbheartach Mac Cionnaith, Lúise Ghabhánach Ní Dhubhthaigh, Tomás Ó Máille agus Micheál Breathnach. G097, An Gúm.

<sup>303</sup> D’oibrigh Micheál Breathnach mar chigire, mar mheánchigire, mar chigire ar an nGaeilge agus mar chigire ar an teagasc trí Ghaeilge sa tréimhse idir 1923 agus 1934. Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, “Breathnach, Micheál (1886–1987),” *Ainm.ie*, faighte 20 Eanáir 2017, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1515>.

imleabhar a léamh agus a thuairim a chur in iúl do na baill eile ag an gcéad chruinniú eile, a bheadh ar siúl i mí na Nollag 1929.<sup>304</sup> Ba léir do Bhreathnach go raibh Gaeilge mhaith ag an aistritheoir, ach fós, bhí amhras air i dtaca le nithe áirithe san aistriúchán: ‘An t-é d’aistrigh é is soiléir go bhfuil togha agus rogha na Gaedhilge aige, agus is beag má tá locht ar bith le fagháil leis an aistriúchán ón taobh sin de. Fuair mise lochta leis ó chúpla taobh eile ach b’fhéidir nach bhfuil ann agam ach nach mar a chéile a bhreathnuigheas aon bheirt ar rud’.<sup>305</sup>

Dar le Breathnach, bhí an t-aistritheoir róthógtha le ‘leagan gearr a chur ar an mBéarla, leagan a bhéadh chomh gearr leis an leagan Béarla féin’, agus ‘tháinig dhá locht de sin’. Ba é an chéad locht ná gur chloígh sé go ródhlúth leis an mbuntéacs go minic agus ba é an dara locht ná go ndearna sé ‘dánaidheacht agus sórt strampadh ar an nGaedhilge’ in áiteanna. Níor thaitin stíl an aistriúcháin a rinne Ó Domhnalláin leis ach an oiread—an chaoi ar bhris an t-aistritheoir abairtí gan gá agus ar fhág sé abairtí eile gan briseadh nuair ba cheart iad a bhriseadh, agus bhraith sé go bhféadfaí ciall an bhuntéacs a thabhairt sa Ghaeilge ar chaoi ní ba shoiléire dá gcuirfí isteach focail bheaga nó dá n-athrófaí ord na bhfocal. In ainneoin na lochtanna sin, bhraith sé gur aistriúchán maith é ar leabhar a bhí deacair le haistriú, agus gur chóir don FhoChoiste glacadh leis.<sup>306</sup> Chuir an Gúm in iúl d’Ó Domhnalláin ar an 8 Eanáir 1930 go raibh siad chun a aistriúchán a fhoilsiú. Maidir leis an bhfoilseachán, thug an Gúm dhá rogha dó:

- (a) An leabhar d’fhoilsiú díreach fé mar a fhoillsighthear leabhar fé’n scéim atá leagaithe amach sa scríbhinn seo istigh (darb teideal “Coingheallacha ar a dtugtar cabhair le foilsiú leabhar i nGaedhilg”) ar choingheall na beadh ag dul duit mar deóntas (feach alt a 5) ach suim airgid ná raghadh i méid thar 10/- per gach míle focail dá bhfuil ins an leabhar bunaidh: nó
- (b) Suim airgid do réir £1 per gach míle focail dá bhfuil ins an leabhar bunaidh do dhíol leat as ucht an aistriúcháin ar fad, agus gan aon cheart de bheith agat

<sup>304</sup> Seán Mac Lellan chuig Micheál Breathnach, 13 Samhain 1929, A0117, An Gúm.

<sup>305</sup> Tuairisc Mhichíl Bhreathnaigh, g.d., A0117, An Gúm.

<sup>306</sup> Ibid.

sa leabhar as seo amach, ach é do bheith leis an Roinn Oideachais.<sup>307</sup>

Dá nglacadh an t-aistritheoir le rogha (a), tugadh le fios dó, chomh maith, go mbeadh air féin cead a fháil ó úinéir na gceart foilsithe chun an t-aistriúchán a fhoilsiú agus dá mbeadh táille le híoc astu go mbeadh air féin í a íoc.<sup>308</sup> Ghlac Ó Domhnalláin le rogha (a), agus rinne sé teagmháil le húdar an bhunleabhair, a thug cead dó an téacs Béarla a aistriú go Gaeilge gan aon táille a íoc: ‘I gladly authorise you to translate into Gaelic my *General History of the Christian Era* without financial obligation of any kind to the author or publisher of the original work’.<sup>309</sup>

Anuas ar na coinníollacha thuas, cuireadh an méid seo a leanas in iúl d’Ó Domhnalláin: ‘Aonne ’nar mian leis leabhar Gaedhilge d’fhoillsiú, ní mór dó láimhsgríbhinn an leabhair do chur fá bhrághaid na Roinne, agus caithfidh an t-úghdar toiliú le ceartú nó athrú ar bith a dhéanamh a mheasann comhairleoirí na Roinne a bheith riachtanach’.<sup>310</sup> Ní raibh Ó Domhnalláin chun géilleadh go hiomlán don Ghúm ar an gcoinníoll seo, áfach, agus dúirt sé go nglacadh sé le comhairle chun feabhas a chur ar an aistriúchán dá mbeadh sé ag teastáil, fad is nach mbainfeadh sé ó leanúnachas na hinsinte: ‘Glacad le comhairliú fá fheabhas, má’s gábhadh é, ar leagnacha, acht nach mbainfid ó mo dhul-sa ná ó chruinneas abairt bhíos ag brath ar a chéile i gcaibidilibh’.<sup>311</sup> Bheadh an coinníoll áirithe seo ina chnámh spairne idir Ó Domhnalláin agus an Gúm agus chuirfeadh sé ar an eagraíocht géilleadh, i gcás an chéad imleabhair ach go háirithe, don aistritheoir.

Chuir Domhnall Mac Grianna, ball eile den FhoChoiste um Leabhra Eolais, agus

---

<sup>307</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádraic Ó Domhnalláin, 8 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

<sup>308</sup> Ibid.

<sup>309</sup> Pádraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 19 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

<sup>310</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádraic Ó Domhnalláin, 8 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

<sup>311</sup> Pádraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 19 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

eagarthóir sa Ghúm, tuairisc ar an aistriúchán ar fáil ar an 23 Eanáir 1930, cúpla seachtain i ndiaidh don Ghúm a chur in iúl don aistritheoir go bhfoilseofaí é. Ní raibh seisean sásta leis an leagan Gaeilge agus mhothaigh sé gur chóir don aistritheoir féachaint siar go cúramach ar a chuid oibre. Dar leis nach raibh sé déanta go cúramach cruinn, nach raibh an Ghaeilge soiléir nó soléite, nach raibh gach rud a bhí sa bhunleabhar aistrithe go hiomlán ná go cruinn agus gur léir go raibh deifir ar an aistritheoir in áiteanna. Chreid sé gurbh éigean d'Ó Domhnalláin a bheith níos cruinne agus níos cúramaí san aistriúchán seo toisc nárbh úrscéal é, ach leabhar staire. Toisc nach raibh sé sásta leis an aistriúchán a bhí déanta ag Ó Domhnalláin ar théarmaí áirithe, ar ainmneacha daoine agus áiteanna iasachta, mhaígh sé gur cheart don aistritheoir glacadh le comhairle oifigigh an Ghúim ina dtaobh, ar son leanúnachas téarmaíochta.<sup>312</sup>

Faoi mar a bhí déanta ag Micheál Breathnach, rinne Mac Grianna tagairt do na lochtanna is mó a thug sé faoi deara san aistriúchán. Dhírigh sé go speisialta ar chaibidil a haon, agus mhaígh sé go dtógfadh sé tamall fada na lochtanna ar fad sa leabhar a lua. Bhraith sé go raibh áiteanna san aistriúchán ina raibh sé soiléir nach ndearna Ó Domhnalláin iarracht eolas a aimsiú i leabhair ina mbeadh téarmaíocht oiriúnach ar fáil, mar shampla an *Foclóir Staire is Tír-Eóluíochta*.<sup>313</sup> Ina theannta sin, dar leis go raibh an t-aistriúchán bunoscionn le ciall an Bhéarla bhunaidh in áiteanna. Ní raibh brí na Gaeilge soiléir dó i gcónaí, ach oiread, agus ba ar éigean a thuig sé céard a bhí ar siúl in áiteanna gan féachaint ar an mBéarla freisin.<sup>314</sup>

Seoladh an lámhscríbhinn agus liosta samplaí ón gcéad chaibidil de na rudaí nach raibh sé sásta leo go dtí Ó Domhnalláin agus iarradh ar an aistritheoir dul tríd an

---

<sup>312</sup> Tuairisc Dhomhnaill Mhic Grianna, 23 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

<sup>313</sup> Roinn Oideachais Shaorstát na hÉireann, *Foclóir Staire is Tír-Eóluíochta* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1928).

<sup>314</sup> Tuairisc Dhomhnaill Mhic Grianna, 23 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

lámhscríbhinn agus ceartúcháin a dhéanamh.<sup>315</sup> Bhí an lámhscríbhinn ar ais i seilbh na Roinne faoi mhí Mheán Fómhair 1930, ach de réir Mhic Grianna, bhí an chuma ar an lámhscríbhinn nach ndearna an t-aistritheoir ach fíorbheagán de na ceartúcháin. Thuig Ó Domhnalláin, agus an liosta samplaí faighte aige, cérbh iad na rudaí nár thaitin leis an nGúm, ach shocraigh sé fós gan athruithe áirithe a dhéanamh.<sup>316</sup>

Ina ainneoin sin, mhol Mac Grianna an lámhscríbhinn a chur chuig na clódóirí go díreach mar a bhí sí. Seo mar a mhínigh sé a chinneadh:

Ag cuimhneamh damh—

- (1) go bhfuil a lán leabharthaí i gcló cheana ag an aistritheoir seo;<sup>317</sup>
- (2) go bhfuil sé ina Ollamh re Gaedhilge i gceann de na Coláistí Oiliúna, agus fós ina Scrúduitheoir fé Roinn an Oideachais;<sup>318</sup>
- (3) go gcaithfear féachaint ar an lámhscríbhinn seo mar obair bhunaidh (original work) comh fada agus théigheann cúrsaí eagarthóireachta, mar gurb é an t-aistritheoir féin a rinne gach socrú leis an ughdar agus a fuair lán-ughdaras leis an leabhar d'aistriú ar a dhóigh féin;
- (4) go raibh caoi ag an aistritheoir, ath-bhreithniú do dhéanamh ar a chuid oibre tríd síos, agus fós cabhair agus comhairle d'fhagháil uainn, ach gur bh'fheárr leis, fiú amháin nuair a cuireadh na poinntí fá n-a bhrághaid, leanstan dá nós féin;

ag cuimhneamh damh ar na neithe sin go léir, molaim an lámhscríbhinn seo do chur chun an chlódóra go díreach mar tá sí.<sup>319</sup>

Feictear, ón liosta seo, go raibh Mac Grianna ag cuimhneamh ar cháil agus ar stádas an aistritheora, i measc rudaí eile, agus an cás seo á mheá aige, agus gur theastaigh uaidh teacht ar réiteach a ligfeadh don Ghúm an saothar a chur amach, in ainneoin na lochtanna a fuarthas air. Chreid sé gur cheart an fhreagracht maidir le cruinneas an aistriúcháin agus le téarmaí san aistriúchán a chur ar an aistritheoir agus an lámhscríbhinn a chur chuig na

---

<sup>315</sup> Domhnall Mac Grianna chuig Seán Mac Lellan, 16 Meán Fómhair 1930, A0117, An Gúm.

<sup>316</sup> Ibid.

<sup>317</sup> Mar shampla: Pádhraic Ó Domhnalláin, *Ar Lorg an Ríogh agus Sgéalta Eile* (Baile Átha Cliath: Mac Guill agus a Mhac Teo., 1925); *ibid.*, *Tacar Amhrán* (Baile Átha Cliath: Mac Guill agus a Mhac Teo., 1925); *ibid.*, *Sgéalta Eorpacha is Eile* (Baile Átha Cliath: Mac Guill agus a Mhac Teo., 1927).

<sup>318</sup> Bhí sé ina Ollamh le Gaeilge agus Stair i gColáiste Oiliúna Dhún Chéirí i mBaile Átha Cliath, coláiste a dúnadh sa bhliain 1986.

<sup>319</sup> Domhnall Mac Grianna chuig Seán Mac Lellan, 16 Meán Fómhair 1930, A0117, An Gúm.



clódoirí go díreach mar a bhí sí. Seoladh ordú cló chuig Oifig an tSoláthair ar an 27 Meán Fómhair 1930,<sup>320</sup> dá bharr, foilsíodh míle cóip den aistriúchán i mí Eanáir 1932, agus bhí na cóipeanna seo nach mór díolta faoi Mheán Fómhair na bliana sin.<sup>321</sup> Bhí éileamh ar an aistriúchán toisc gur braitheadh go raibh sé seo ar cheann de na chéad saothair staire in Éirinn ina léireofaí stair an domhain ‘i slighe oirfeadh do Caitlicigh’<sup>322</sup> agus toisc nach raibh an bunleabhar ar fáil ach i Meiriceá amháin.<sup>323</sup> Ag éirí as an leagan Gaeilge a bheith ar fáil, fuair an Gúm litreacha inar cuireadh ceist orthu conas teacht ar an leagan Béarla.<sup>324</sup> Cháintí an Gúm go minic toisc gur fhoilsigh siad an-chuid aistriúchán ar shaothair Bhéarla a bhí ar fáil go héasca in Éirinn, agus mar sin, b’aistriúchán eisceachtúil é seo dóibh.<sup>325</sup> Chuir Ó Domhnalláin in iúl don Ghúm i mí Feabhra 1934 nach raibh daoine in ann cóip den aistriúchán a fháil agus go ndúirt siopadóir amháin leis go mbeadh míle cóip díolta aige dá mbeadh sé ar fáil.<sup>326</sup> Seoladh ordú cló chuig Oifig an tSoláthair chun míle cóip eile a fhoilsiú an mhí dár gcionn, agus foilsíodh iad an bhliain ina dhiaidh sin.<sup>327</sup>

I mí na Bealtaine 1929, d’fhiafraigh Seán Mac Lellan, a bhí ina Oifigeach Foilseachán sa Ghúm, d’Ó Domhnalláin an raibh sé ar intinn aige an dá imleabhar de *The Christian Era*<sup>328</sup> a aistriú,<sup>329</sup> agus dhearbhaigh sé go raibh.<sup>330</sup> I bhfianaise dhrochléirmheas Mhic Grianna i mí Eanáir 1930, shamhlófá go mbeadh oifigigh an Ghúim buartha faoi chaighdeán an dara himleabhar.<sup>331</sup> Bhí an t-aistritheoir i dteagmháil

<sup>320</sup> Proinsias Ó Dubhthaigh chuig Rialtóir Oifig an tSoláthair, 27 Meán Fómhair 1930, A0117, An Gúm.

<sup>321</sup> Ceannasaí Oifig an tSoláthair chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 19 Meán Fómhair 1932, A0117, An Gúm; Weber, *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe*, iml. 1.

<sup>322</sup> *Standard*, 18 Meitheamh 1932, A0117, An Gúm.

<sup>323</sup> Seán Mac Lellan chuig an tSiúr M. Teresa Joseph McNamara, 11 Eanáir 1938, A0117, An Gúm.

<sup>324</sup> Seán Mac Lellan chuig Messrs. Browne & Nolan, Ltd, 28 Deireadh Fómhair 1936, A0117, An Gúm; Seán Mac Lellan chuig an tSiúr M. Teresa Joseph McNamara, 11 Eanáir 1938, A0117, An Gúm.

<sup>325</sup> Ó Faracháin, “Regarding An Gúm,” 176.

<sup>326</sup> Pádraic Ó Domhnalláin chuig an nGúm, 14 Feabhra 1934, A0117, An Gúm.

<sup>327</sup> Seán Mac Lellan chuig DJ Coveney, 6 Márta 1934, A0117, An Gúm.

<sup>328</sup> Weber, *A General History of the Christian Era*, vol. 1; *ibid.*, vol. 2.

<sup>329</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádraic Ó Domhnalláin, 8 Bealtaine 1929, A0285, An Gúm.

<sup>330</sup> Pádraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 12 Bealtaine 1929, A0285, An Gúm.

<sup>331</sup> Tuairisc Dhomhnaill Mhic Grianna, 23 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

leis an nGúm go rialta idir 1930 agus 1932, agus chuir sé in iúl don Ghúm trí huair eile sa tréimhse sin go raibh aistriúchán ar an dara himleabhar á dhéanamh aige.<sup>332</sup> Cé go raibh a fhios ag Mac Grianna nach raibh sé sásta le caighdeán na Gaeilge sa chéad imleabhar chomh luath le mí Eanáir 1930, níor dhírigh sé aird ar a mhíshástacht go dtí mí Dheireadh Fómhair 1932 nuair a d'fhiafraigh sé den FhoChoiste um Leabhra Eolais: 'An bhfuil an módh aistriúcháin atá ag Pádhraic fóirstineach do théx-leabhra mar seo?'. Dar leis gur cheist í seo do na cígirí a bhí 'i bhfighil cúrsaí staire sna meán-scoltacha'.<sup>333</sup> Bhí cruinniú ag an bhFoChoiste ar an 14 Deireadh Fómhair 1932, agus cuireadh in iúl d'Ó Domhnalláin i mí na Samhna 1932 nach raibh an Roinn róshásta leis an aistriúchán a rinne sé ar chuid a haon den téacs agus gur chóir dó cúpla caibidil den dara cuid a chur isteach a luaithe agus ab fhéidir leis. Dúradh leis nach raibh an chéad chuid den téacs a d'aistrigh sé sothuigte go leor, agus nár mhór don aistriúchán a bheith cruinn agus slachtmhar toisc go mbeadh sé in úsáid ag lucht meánscoile:

Maidir le "The Christian Era", tuigfidh tú nach mór an taistriú ar an leabhar san bheith go cruinn slachtmhar ar fad óir is chun aos óg na Meán-Scol é. Ní ró-mhaith a thaithnigh an taistriú ar an chéad chuid den leabhar leis an Roinn mar théacs-leabhar; ní dóigh leo go raibh sé sothuigte a dhóthain do mhic léighinn ar bheagán Gaedhilge. Ar an abhar san, badh mhaith leo go mbeadh an chuid eile déanta go maith ón taobh seo den cheist.<sup>334</sup>

Caithfidh gur shíl Ó Domhnalláin nach raibh sna samplaí a seoladh chuige ón gcéad imleabhar ach moltaí agus gurbh é sin an fáth nár chuir sé mórán díobh i bhfeidhm, mar dealraíonn sé gur tháinig an drochléirmheas seo aniar aduaidh air. Mhothaigh sé go raibh rudaí sa litir nár mhór dó 'grinneadh do chur ionnta'. Ba dheacair dó a chreidiúint nár thaitin an t-aistriúchán ar an gcéad chuid den téacs leis an Roinn, mar 'chuir cuid d'árdfheadhmannaigh na Roinne sgéala molta' chuige faoi. Mhaígh sé gur chuir an Roinn

---

<sup>332</sup> Pádhraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 30 Nollaig 1931, A0285, An Gúm; *ibid.*, 7 Feabhra 1932, A0285, An Gúm; *ibid.*, 28 Meán Fómhair 1932, A0285, An Gúm.

<sup>333</sup> Domhnall Mac Grianna chuig Seán Mac Lellan, 5 Deireadh Fómhair 1932, A0285, An Gúm.

<sup>334</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádhraic Ó Domhnalláin, 11 Samhain 1932, A0285, An Gúm.

in iúl dó nuair a thosaigh sé an t-aistriúchán nár mhór dó ‘claoidheadh go dlúth leis an mbunádhbhar’.<sup>335</sup> Bhí an Roinn buartha nach raibh an chéad chuid ‘so thuigte do dhóthain do mhic léighinn ar bheagán Gaedhilge’,<sup>336</sup> ach dúirt Ó Domhnalláin nár mhór cuimhneamh nár ‘do mhic léighinn ar beagán Béarla do sgríobhadh an leabhar bunaidh’.<sup>337</sup> Mhínigh Mac Lellan níos déanaí, ‘gurab é a bhí in aigne’ an Ghúim nuair a luadh mic léinn ar bheagán Gaeilge ‘ná go mbeadh na mic léighinn a bhainfidís úsáid as an leabhar, go mbeidís ar bheagán Gaedhilge i gcomparáid leis an mBéarla a bheadh ag na mic léighinn gur ceapadh an leagan bunaidh dóibh’.<sup>338</sup> Bhraith Ó Domhnalláin nach raibh ‘duine ar an Roinn do shanntóchadh an leagan do bheith chomh gaechealach diuideach is do b’fhéidir dhó bheith’ ná eisean féin. D’iarr sé ar an nGúm aistriúcháin shamplacha den Ghaeilge ‘chruinn, slachtmhar, sho-thuigse le haghaidh mac léighinn ar ‘bheagán Gaedhilge’ a chur ar fáil dó, agus mhol sé sleachta faoi leith as an leagan Béarla a d’fhéadfaidís a aistriú, fiú.<sup>339</sup> Ach níor aistríodh dó iad.<sup>340</sup>

Chuaigh an tAire Oideachais, Tomás Ó Deirg, i dteagmháil leis an nGúm faoin aistriúchán i mí na Samhna 1932 agus cuireadh in iúl d’Ó Domhnalláin gur chreid an tAire go bhféadfadh sé ‘feabhas agus slacht mór’ a chur ar a chuid leabhar i gcoitinne agus a stíl a dhéanamh níos simplí. Moladh dó úsáid a bhaint as a Ghaeilge nádúrtha féin agus gan bacaint le Gaeilge sheanaimseartha:

...d’iarr an tAire Oideachais féin orm a rádh leat gur dóigh leis go bhféadfá feabhas agus slacht mór a chur ar do chuid leabhra (idir aistriúcháin agus bunleabhra) ach iarracht a dhéanamh leis an stíl a dhéanamh níos eadtruime simplí agus níos mó den Ghaedhilg ghlain nádúrtha atá agat féin a scríobhadh i náit cuid den Ghaeilge sin a bhfuil cuid mhaith den tseandacht a bhaint léi. Baineann an comhairle seo go mór mór leis an leabhar staire atá idir lamhaibh agat.<sup>341</sup>

---

<sup>335</sup> Pádhraic Ó Domhnalláin chuig an nGúm, 13 Samhain 1932, A0285, An Gum.

<sup>336</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádhraic Ó Domhnalláin, 11 Samhain 1932, A0285, An Gúm.

<sup>337</sup> Pádhraic Ó Domhnalláin chuig an nGúm, 13 Samhain 1932, A0285, An Gúm.

<sup>338</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádhraic Ó Domhnalláin, 13 Nollaig 1932, A0285, An Gúm.

<sup>339</sup> Pádhraic Ó Domhnalláin chuig an nGúm, 13 Samhain 1932, A0285, An Gúm.

<sup>340</sup> Micheál Breathnach chuig Seán Mac Lellan, 30 Deireadh Fómhair 1934, A0285, An Gúm.

<sup>341</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádhraic Ó Domhnalláin, 24 Samhain 1932, A0285, An Gúm.

Chuir Ó Domhnalláin 10 gcaibidil den dara himleabhar chucu i mí Aibreáin 1933,<sup>342</sup> agus bhí 22 caibidil aistrithe aige faoi mhí Feabhra 1934.<sup>343</sup> I mí Dheireadh Fómhair 1934, mhaígh Tomás Ó hÉighneacháin, eagarthóir sa Ghúm, nár chuir an t-aistritheoir an chomhairle a tugadh dó i bhfeidhm ar an aistriúchán. Bhraith sé nach ndearna an t-aistritheoir aon iarracht mhaith fós chun an stíl a dhéanamh níos éadroime, simplí ná an stíl a bhí sa chéad imleabhar. Mhóthaigh sé go raibh na lochtanna céanna le feiceáil sa dara cuid is a bhí sa chéad chuid maidir le téarmaí, ainmneacha áite, ainmneacha daoine agus crandacht na Gaeilge. Ní raibh sé cinnte cá bhfuair an t-aistritheoir na téarmaí, ach thug sé le fios go raibh téarmaí in *Foclóir Staire is Tír-Eóluíochta* nár bhain sé úsáid astu, nó nuair a bhain sé úsáid astu, gur litrigh sé iad ar bhealach difriúil: ‘Níl a fhios agam ce’n t-údar atá ag P. Ó D. leis na téarmaí nach bhfuil sa bhFoclóir Staire agus Tír-Eoluíochta ach tá cinn sa bhfoclóir agus ní úsáideann sé iad nó, má úsáideann, cuireann sé malraid litrighthe ortha’.<sup>344</sup>

Rinne Ó hÉighneacháin trácht ar an-chuid de na lochtanna céanna a fuair Mac Grianna ar an gcéad imleabhar maidir le téarmaí, agus thug sé le tuiscint gur mhinic a chuaigh an t-aistritheoir ag lorg abairt nó téarma léannta nuair a dhéanfadh abairt ghearr shimplí cúis. Chreid Ó hÉighneacháin gur chur amú ama é an lámhscríbhinn a léamh mar bhí nós ag Ó Domhnalláin gan éisteacht le comhairle an Ghúim:

Chuir mé eagar ar dhá leabhar le Padraig Ó Domhnalláin anuraidh agus ’spáin mé somplaí de na lochtaí sin go léir dhó ach ní dhearna sé ach ‘stet! stet!! stet!!!’ a chuir ar imeall na láimhscríbhne. Má’s mar sin a dhéanfas sé le moltaí an Choiste an iarraidh seo, freisin ní bheinn-se ach ag cur mo chuid ama amugha ag léigheadh na láimhscríbhne seo.<sup>345</sup>

---

<sup>342</sup> Pádraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 5 Aibreán 1933, A0285, An Gúm.

<sup>343</sup> Ibid., 14 Feabhra 1934, A0285, An Gúm.

<sup>344</sup> Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 19 Deireadh Fómhair 1934, A0285, An Gúm.

<sup>345</sup> Ibid. Chuir Ó hÉighneacháin eagar ar *Dréachta* agus *Oidhre an Léighinn*, agus cé go ndúirt sé go raibh Ó Domhnalláin ceannána sna cásanna sin, níl aon fhianaise sna comhaid a bhaineann leo go raibh Ó hÉighneacháin míshásta leo ar deireadh; i gcás *Oidhre an Léighinn* dúirt sé go ndearna Ó Domhnalláin mar a iarradh air: ‘Thárla an leabhar seo bheith léigthe agam agus na ceartuighthe agus na hatharuighthe a mhol mé don ughdar bheith curtha isteach aige silim gur féidir é scaoileadh go dtí an clódóir’. Is díol suime é go

Shocraigh an Coiste um Leabhra Eolais go n-iarrfaí ar an aistritheoir bualadh le Micheál Breathnach chun a mhodh aistriúcháin a phlé.<sup>346</sup> Mar a luadh cheana, ba bhall den Choiste é Breathnach, ach tharlódh gur moladh go mbuailfeadh Breathnach leis sa chás seo toisc gur fhoilsigh an Gúm aistriúcháin a rinne sé féin ar dhá leabhar staire sna tríochaidí luatha, *Stair na hÉireann ó Thosach Anuas go dtí 800 A.D.*, agus *Stair na hÉireann ó 800 A.D. go dtí 1600*, agus toisc go raibh sé ina chigire scoile ag an bpointe seo sa bhliain 1934. Bhuail an bheirt acu le chéile ar an 29 Deireadh Fómhair 1934, agus tugadh tuairisc faoin gcruinniú don Ghúm an lá arna mhárach. Phléigh Breathnach na pointí a luaigh Ó hÉighneacháin leis an aistritheoir agus d'éirigh leo teacht ar shocrú faoi chuid acu. Maidir le téarmaí, ainmneacha áite agus ainmneacha daoine, léirigh Ó Domhnalláin go mbeadh sé toilteanach dul i gcomhairle le daoine 'creideamhnacha' ón Roinn. Chreid Breathnach nach mbeadh stró ar bith ar an nGúm an chuid sin den scéal a shocrú. Mhottaigh sé, áfach, nach raibh sa mhéid sin ach deacracht bheag i gcomórtas leis an bhfadhb is mó a bheadh acu leis an leabhar; is é sin, an stíl.<sup>347</sup> Mar a luadh cheana, mhaígh an tAire nár cheart glacadh leis an aistriúchán mura mbeadh sé níos simplí ná an chéad imleabhar, agus ní raibh, dar le hÓ hÉighneacháin.

Bhraith Ó Domhnalláin go ndearna sé a dhícheall chun an stíl a shimpliú agus go raibh an dara cuid i bhfad níos simplí ná an chéad chuid, chomh simplí agus ab fhéidir leis a dhéanamh gan ciall an bhunleabhair a lot. Níor thuig sé cén simpliú ab fhéidir a dhéanamh thairis an méid a bhí déanta aige cheana féin. Mhínigh sé do Bhreathnach gur

---

bhfuair Tadhg Ó Donnchadha na lochtanna céanna ar Ghaeilge Uí Dhomhnalláin in *Oidhre an Léighinn* is a fuair na léitheoirí sa chás seo nuair a iarradh air é a léamh: 'Tá Pádraic rócheanamhail ar aidiachtaibh cruaidhe, ar fhoclaibh móra, agus ar théarmaí seannda... Bíonn sé ag iarraidh uaisleachta agus maordhachta. Ní bhfaghann sé acht mí-nádúrthacht agus cranndacht. Gheibhmíd an iomad de Phádraic na leabhar agus na gcruadhfhocal i n-ionad an Phádraic nádúrtha dheaghchroidhigh is aithnid dúinn.' Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 3 Aibreán 1933, N0399, An Gúm; Tuairisc Thaidhg Uí Dhonnchadha, 14 Samhain 1932, N0399, An Gúm.

<sup>346</sup> Mar a dúradh cheana, b'fhochoiste de chuid Choiste na Leabhar é an FoChoiste um Leabhra Eolais, agus nuair a cuireadh deireadh le Coiste na Leabhar sa bhliain 1933, lean an Coiste um Leabhra Eolais ar aghaidh.

<sup>347</sup> Tuairisc Mhichíl Bhreathnaigh, g.d., A0117, An Gúm.

iarr sé ar an Roinn sleachta a aistriú dó mar shampla den chineál aistriúcháin a bhí ag teastáil, ach nár tugadh aon aird ar an iarratas sin, agus d'iarr sé air a rá go mbeadh sé buíoch den Roinn as an aistriúchán samplach a d'iarr sé i dtús ama a sholáthar dó, fiú ag an bpointe déanach sin.<sup>348</sup>

Mhóthaigh Breathnach nár dhéileáil an Gúm leis an gcás seo go héifeachtach. Bhí díomá air nár aistríodh píosaí samplacha d'Ó Domhnalláin nuair a d'iarr sé orthu é sin a dhéanamh agus nach ndearnadh mionanailís ar an gcéad imleabhar ionas go bhfeicfeadh an t-aistritheoir go soiléir cá raibh an 'chranndacht' aige agus an easpa simplíochta. Is spéisiúil an ní é go mbaineann Breathnach úsáid as an bhfocal 'caismirt' sa phíosa seo a leanas agus é ag tagairt don chás seo:

Mo thaobhsa den sgéal, ó tharla gur tarraingeadh isteach san gcaismirt mé, is dócha nach dtógfar orm a rádh gurb é mo thuairim nár láimhsigheadh an cheist sa cheart ó thosach. Nuair d'iarr P. Ó D. sampla den tsimplidheacht a bhí ag teastáil is mór an truagh nár tugadh dó é. Ach nuair nár tugadh is mór an truagh nach ndéarnadh grinn-mheas ar an gcéad chuid den stuif a chuir sé isteach sa tslighe go bhfeicfeadh sé go soiléir cá raibh an chranndacht aige agus an teasbaidh simplidheachta. Sa deireadh nuair do sgríobhadh cunntas ar an aistriúchán ba chunntas ginearálta é nach raibh mórán eolais ann do dhuine ar bith.<sup>349</sup>

Bhí an chuid is mó den aistriúchán déanta ag Ó Domhnalláin faoin bpointe seo, ach níorbh fhéidir leis an nGúm glacadh leis an saothar mar a bhí sé. Mhol Breathnach caibidil nó cuid de chaibidil a aistriú agus a thabhairt don aistritheoir mar shampla de dhea-aistriúchán, nó scrúdú a dhéanamh ar chúig chaibidil nó mar sin de na caibidlí a bhí aistrithe aige. Mhaígh sé gur chóir nóta a chur faoi gach focal, abairt agus leagan nach raibh an Gúm sásta leo, agus ansin na nótaí sin a thaispeáint don aistritheoir agus na botúin a mhíniú dó. Chreid sé go mbeadh 'an rud ar fad ina stad' agus nach mbeadh dul chun cinn ar bith sa scéal mura ndéanfaidís é sin.<sup>350</sup>

---

<sup>348</sup> Tuairisc Mhichíl Bhreathnaigh, g.d., A0117, An Gúm.

<sup>349</sup> Ibid.

<sup>350</sup> Ibid.

Iarradh ar Ó hÉighneacháin scrúdú a dhéanamh ar chaibidil amháin den aistriúchán,<sup>351</sup> agus thug sé le tuiscint i mí na Nollag 1934 nár mhór an chaibidil ‘go léir a ath-scríobhadh leis na ceartuighthe go léir a dhéanamh’.<sup>352</sup> Socraíodh an lámhscríbhinn a sheoladh ar ais chuig an aistritheoir agus a rá leis nach raibh an Coiste sásta gur chuir sé an chomhairle a tugadh dó i bhfeidhm. Ba é Rúnaí an Choiste, Tomás Ó Máille, a scríobh an litir. Mheas an Coiste nach raibh aistriúchán maith déanta aige, nár thug sé ciall an Bhéarla leis agus gurbh é a bhí déanta aige ná Gaeilge a chur ar na focail a bhí sa Bhéarla gan brí na cainte a thabhairt leis. Ba ar éigean a bhí oiread is abairt amháin san aistriúchán a d’fhéadfaí a fhágáil gan athrú a dhéanamh uirthi, dar leo:

Ní thig leis an gCoiste—agus an crot is fearr do chur ar an sgéal—a rádh gur aistriúchán maith é an t-aistriúchán atá déanta agat. Chítear dóibh gurb é atá déanta agat ná Gaedhilg do chur ar na focail atá sa Bhéarla gan brígh na cainte do thabhairt leat san aistriúchán, a fhágann gur beag abairt san aistriúchán san a fhéadfaí a chlóbhualadh sa riocht i bhfuil sí.<sup>353</sup>

Cuireadh clabhsúr le scéal an aistriúcháin seo nuair a thug Rúnaí an Aire Oideachais, Pádraig Ó Cochláin, le tuiscint d’Ó Domhnalláin i mí Feabhra 1935 gur mheas an tAire Ó Deirg nach raibh an t-aistriúchán oiriúnach agus mar sin nach bhféadfaí glacadh leis.<sup>354</sup> Is trua nár sheas Mac Grianna in éadan Uí Dhomhnalláin i mí Mheán Fómhair 1930 nuair a léiríodh dó nach raibh Gaeilge shoiléir san aistriúchán<sup>355</sup> in ionad é a fhágáil go dtí go raibh an chéad imleabhar foilsithe<sup>356</sup> agus cuid den aistriúchán ar an dara himleabhar déanta aige.<sup>357</sup> Faraor, bhraith Mac Grianna faoi bhrú an chéad imleabhar a fhoilsiú ar fhaitíos go gceapfaí go mbeadh ardscoláire á cheistiú acu dá gcuirfidís ina choinne.<sup>358</sup>

---

<sup>351</sup> Seán Mac Lellan chuig Tomás Ó hÉighneacháin, 30 Samhain 1934, A0285, An Gúm.

<sup>352</sup> Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 7 Nollaig 1934, A0285, An Gúm.

<sup>353</sup> Tomás Ó Máille chuig Pádraic Ó Domhnalláin, 19 Nollaig 1934, A0285, An Gúm.

<sup>354</sup> Pádraig Ó Cochláin chuig Pádraic Ó Domhnalláin, 6 Feabhra 1935, A0285, An Gúm.

<sup>355</sup> Domhnall Mac Grianna chuig Seán Mac Lellan, 16 Meán Fómhair 1930, A0117, An Gúm.

<sup>356</sup> Ibid., 5 Deireadh Fómhair 1932, A0285, An Gúm.

<sup>357</sup> Pádraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 7 Feabhra 1932, A0285, An Gúm; Domhnall Mac Grianna chuig Seán Mac Lellan, 5 Deireadh Fómhair 1932, A0285, An Gúm.

<sup>358</sup> Domhnall Mac Grianna chuig Seán Mac Lellan, 16 Meán Fómhair 1930, A0117, An Gúm.

**‘Na theannta soin, dubhairt an Taoiseach timcheall trí seachtmhaine ó shoin, i láthair a lán fianaithe, gurbh é rud a thuig sé féin, go raibh tugtha i n’ordú go raghadh mo scríbhinn fé bhráid na poiblidheachta’: *Stair na Gréige* agus cur isteach de Valera**

Tosaíonn scéal an téacsleabhair *Stair na Gréige*, i mí Eanáir 1937, nuair a bhí dhá aistriúchán leis an Moinsíneoir Pádraig de Brún foilsithe ag an nGúm; *Íodhbairt Ifigéine*,<sup>359</sup> agus *Beathaí Phlútairc*,<sup>360</sup> agus iarradh air níos mó oibre a dhéanamh dóibh.<sup>361</sup> Ba scoláire matamaitice é de Brún, a rinne staidéar ar na clasaicí chomh maith.<sup>362</sup> Fiafraíodh de cén obair ba mhaith leis a dhéanamh, agus moladh dó stair na Gréige a scríobh as Gaeilge, nó aistriúchán a dhéanamh ar shaothar Gréigise, téacs a scríobh Xenophon nó Euripides mar shampla.<sup>363</sup> Theastaigh ó de Brún féin leabhar staire, *A History of Greece to the Death of Alexander the Great* a aistriú,<sup>364</sup> agus dúradh leis go bpléifeadh an Coiste um Leabhra Eolais an cheist seo ag an gcéad chruinniú eile.<sup>365</sup> Fiafraíodh den Phríomhchigire sa Roinn Oideachais, Seoirse Mac Niocaill, an mbeadh an leabhar oiriúnach mar théacsleabhar do mhic léinn mheánscoile,<sup>366</sup> agus d’fhreagair sé go mbeadh, ‘gan amhras’.<sup>367</sup> Bhí cruinniú ag an gCoiste i mí an Mhárta,<sup>368</sup> agus socraíodh iarraidh ar de Brún an leabhar a aistriú agus cuid de a sheoladh isteach mar shampla dá chuid oibre. Sheol sé a aistriúchán ar an gcéad chaibidil isteach i mí Lúnasa 1937.<sup>369</sup>

---

<sup>359</sup> Euripides, *Íodhbairt Ifigéine*, aistr. Pádraig de Brún (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1935).

<sup>360</sup> Plutarch, *Beathaí Phlútairc*, aistr. Pádraig de Brún (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1936).

<sup>361</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádraig de Brún, 21 Eanáir 1937, A0403, An Gúm.

<sup>362</sup> Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, “De Brún, Pádraig (1889–1960),” Ainm.ie, faighte 24 Deireadh Fómhair 2017, <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=0420>.

<sup>363</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádraig de Brún, 21 Eanáir 1937, A0403, An Gúm.

<sup>364</sup> Pádraig de Brún chuig an nGúm, 23 Eanáir 1937, A0403, An Gúm; Bury, *A History of Greece*.

<sup>365</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádraig de Brún, 26 Eanáir 1937, A0403, An Gúm.

<sup>366</sup> Seán Mac Lellan chuig Seoirse Mac Niocaill, 25 Márta 1939, A0403, An Gúm.

<sup>367</sup> Seoirse Mac Niocaill chuig Seán Mac Lellan, 3 Aibreán 1939, A0403, An Gúm.

<sup>368</sup> Miontuairiseí an Chruinnithe, 19 Márta 1937, A0403, An Gúm.

<sup>369</sup> Pádraig de Brún chuig Seán Mac Lellan, 22 Lúnasa 1937, A0403, An Gúm.



Cuireadh de chúram ar an eagarthóir Risteárd Ó Foghludha léirmheas a scríobh ar an aistriúchán, léirmheas a chuir sé ar fáil i mí Mheán Fómhair 1937. Bhí Ó Foghludha ag súil le ‘foirbhteacht insan iarracht so’, agus cheap sé go raibh an obair déanta go rímhaith, tríd is tríd. Mhaígh sé gur cheart don Bhrúnach úsáid a bhaint as an litriú i bhfoclóir Uí Dhuinnín, áfach, rud nach raibh déanta aige i gcás focail áirithe. Canúint Chorca Dhuibhne a bhí ag de Brún, agus cheap Ó Foghludha go gcuirfeadh tréithe canúna faoi leith a bhí san aistriúchán daoine amú: ‘Dom thuairim-se, do b’fhearr an Duibhneachas san dfhágaint sa bhaile .i. do in ionad de, mar do chuirfeadh sé daoine amugha’.<sup>370</sup> Léadh tuairisc Uí Fhoghludha ag cruinniú de chuid an Choiste i mí Dheireadh Fómhair 1937, agus moladh ligean don Bhrúnach dul ar aghaidh leis an obair.<sup>371</sup> Seoladh comhairle Uí Fhoghludha chuige ar an 9 Deireadh Fómhair 1937 agus dúradh leis gur cheart dó úsáid a bhaint as litriú Uí Dhuinnín.<sup>372</sup> Fillfear ar a mheon i leith mholtaí Uí Fhoghludha ar ball.

Cuireadh stad iomlán le dul chun cinn an aistriúcháin i mí na Samhna na bliana sin, áfach, nuair a chuir foilsitheoirí an bhunleabhair in iúl don Ghúm nach raibh fonn ar ionadaithe an údair go ndéanfaí aistriúchán Gaeilge ar *A History of Greece to the Death of Alexander the Great*, meon a chuir iontas ar na foilsitheoirí: ‘We should like in the first place to assure you that we should not ourselves have raised any obstacle in the way of this translation. We have no idea of the reason the Executors may have for their refusal, and we were in fact surprised that they made any objection to the proposal’.<sup>373</sup>

Ba í baintreach an údair a bhí i gcoinne an aistriúcháin, dar le Rúnaí na Roinne Airgeadais, Walter Doolin. Bhí údar an bhunleabhair, J.B. Bury, ina léachtóir ag Doolin

---

<sup>370</sup> Tuairisc Risteárd Uí Fhoghludha, 10 Meán Fómhair 1937, A0403, An Gúm.

<sup>371</sup> Miontuairiscí an Chruinnithe, 4 Deireadh Fómhair 1937, A0403, An Gúm.

<sup>372</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádraig de Brún, 9 Deireadh Fómhair 1937, A0403, An Gúm.

<sup>373</sup> Macmillan & Co. Ltd chuig Seán Mac Lellan, 15 Samhain 1937, A0403, An Gúm; *ibid.*, 31 Nollaig 1937, A0403, An Gúm.

nuair a bhí sé san Ollscoil. Mhaígh sé go gcaithfeadh go raibh an bhaintreach ina seanbhean faoin tráth sin, agus go n-aistreadh úinéireacht na gceart foilsithe tar éis bhás an úinéara, sé sin, bás na baintrí. Tharlódh nach gcuirfeadh an t-úinéir nua chomh láidir céanna i gcoinne an aistriúcháin. Chreid Doolin go raibh baint idir Protastúnachas an údair agus drochmheon na baintrí i leith an aistriúcháin Ghaeilge: ‘The lady must be getting on in years. To the best of my recollection the Professor was in his heyday when I was an undergraduate. If my memory serves me right, there was more than a drop of the Black North running in his veins, and I suppose that goes some length to explain the widow’s unexpected attitude!’.<sup>374</sup>

Go deimhin, d’aistrigh úinéireacht na gceart foilsithe,<sup>375</sup> agus chuir foilsitheoirí an bhunleabhair in iúl don Ghúm go raibh na cearta ina seilbh acu i mí an Mhárta 1939.<sup>376</sup> Agus an scéal seo faighte acu, iarradh ar de Brún leanúint ar aghaidh leis an aistriúchán.<sup>377</sup> Bhí sé fós sásta an téacs a aistriú, ach ní raibh an lámhscríbhinn ceartaithe aige mar a mhol Ó Foghludha dó a dhéanamh: ‘Níl sí ceartuithe agam, mar dá ngéillfinn san uile phointe don mheastóir úd, b’ionann é is a admháil ná fuilim ábalta an Ghaedhilg a scríobhadh i n-aon chor, rud is dóigh leis gan amhras’. Ghlac de Brún masla leis na ceartúcháin agus bhraith sé gur mheas Ó Foghludha nár scríbhneoir cumasach Gaeilge é ar chor ar bith.<sup>378</sup>

Níor scríobhadh tuairisc eile ar an aistriúchán go dtí beagnach trí bliana ina dhiaidh sin, i mí Dheireadh Fómhair 1942, nuair a bhí an lámhscríbhinn ina hiomláine i seilbh na Roinne Oideachais, agus cuireadh de chúram ar Thomás Ó hÉighneacháin léirmheas a scríobh air. Léirigh seisean go raibh an dara cuid ‘ar aon chaighdeán’ leis an

---

<sup>374</sup> Walter Doolin chuig Seosamh Ó Néill, 25 Bealtaine 1938, A0403, An Gúm.

<sup>375</sup> Ní léir arbh é bás na baintrí, nó cúinse éigin eile, ba chúis leis seo.

<sup>376</sup> Macmillan & Co. Ltd chuig Seán Mac Lellan, 23 Márta 1939, A0403, An Gúm.

<sup>377</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádraig de Brún, 19 Bealtaine 1939, A0403, An Gúm.

<sup>378</sup> Pádraig de Brún chuig an nGúm, 18 Deireadh Fómhair 1939, A0403, An Gúm.

sampla ar thug Ó Foghludha breith air.<sup>379</sup> Ba as Contae Mhaigh Eo é Ó hÉighneacháin, agus chuir an abairt seo a leanas a bhí sa litir a scríobh de Brún i mí Dheireadh Fómhair 1939 olc air: ‘Táim toilteanach le *de* a scríobhadh i n-ionad *do* nuair atá gádh leis, cé nár chuala riamh i gcaint na Gaedhealtachta é’.<sup>380</sup> Ba léir d’Ó hÉighneacháin, mar sin, nár cheap de Brún ‘gur aon chuid den Ghaedhealtacht Connachta’. Shíl sé go mb’fhearr go mbeadh Duibhneachas ag eagarthóir an tsaothair seo chun go dtuigfidís é i gceart agus go mbeadh lán na lámh ag an eagarthóir sin téarmaí na Roinne a chur isteach in ionad téarmaí de Brún: ‘beidh obair le déanamh ag pé ughdar le “Duibhneachas” a bheas ag cur eagar ar an saothar seo má bhíonn air téarmaí na Roinne chur isteach i n-ionad téarmaí an Bhrúnaigh’.<sup>381</sup>

Ag cruinniú de chuid an Choiste an mhí sin, rinneadh comparáid idir codanna den lámhscríbhinn agus codanna den bhuntéacs. Bhí sé soiléir go mbeadh cuid mhaith ceartúchán le déanamh ar an lámhscríbhinn sula bhféadfaí é a sheoladh ar aghaidh chuig na clódóirí, agus go raibh níos mó i gceist ná ceartú na dtéarmaí: ‘It was clear to the Coiste that, apart from the need for revision of the geographical and historical terms, the translation would need correction. The Coiste came to the conclusion that the MS would require a good deal of correction before it could be sent to the printer’.<sup>382</sup>

Socraíodh fiafraí den Bhrúnach an mbeadh sé sásta ligean d’oifigigh na Roinne na ceartúcháin sin a dhéanamh.<sup>383</sup> Bhraith Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, Proinnsias Ó Dubhthaigh, go mbeadh an socrú seo (ar ar thug sé thíos ‘the proposal at A’) achrannach i bhfianaise an drochmheoin a léirigh de Brún maidir le comhairle Uí Fhoghludha, ach nach raibh an dara rogha acu ach leanúint ar aghaidh leis. Dúirt sé go bhféadfaí samplaí

---

<sup>379</sup> Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 13 Deireadh Fómhair 1942, A0403, An Gúm.

<sup>380</sup> Pádraig de Brún chuig an nGúm, 18 Deireadh Fómhair 1939, A0403, An Gúm.

<sup>381</sup> Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 13 Deireadh Fómhair 1942, A0403, An Gúm.

<sup>382</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 27 Deireadh Fómhair 1942, A0403, An Gúm.

<sup>383</sup> Ibid.

de na hathruithe a bhí ag teastáil a sheoladh chuig de Brún, agus mhol sé go dtabharfaí ‘leasuithe’ orthu agus ní ‘ceartúcháin’:

The proposal at A above is likely to give rise to trouble (in view of the terms of Dr. Brown’s letter of 18/10/39), but I see no practical alternative. I would suggest that if we write in the terms proposed our letter might be accompanied by some specimens of alterations which it is proposed to make (It would be better if they were described as “alterations” rather than “corrections”).<sup>384</sup>

Is léir go ndearna Ó Dubhthaigh iarracht áirithe, mar sin, gan olc a chur ar de Brún agus go raibh sé an-chúramach faoi na rudaí a déarfaí leis. Iarradh ar Ó hÉighneacháin na ‘specimens of alterations’ a luaigh Ó Dubhthaigh a chur le chéile,<sup>385</sup> ach ní raibh seisean toilteanach é sin a dhéanamh. Bhraith sé nár mhór don Choiste freagracht a ghlacadh as samplaí a chur ar fáil:

As regards supplying “specimens of the alterations” I remember that the committee discussed a number of such instances (e.g. mionú = minute detail) of which no doubt the secretary has made a note. Should the supply of noted specimens be inadequate I can only suggest that the question be deferred back to the committee where the recommendation originated.<sup>386</sup>

Faoi mar a tagraíodh dó cheana, ghlac sé masla leis an neamhaird a rinne de Brún de Ghaeilge Chonnacht ina chomhfhreagras,<sup>387</sup> agus mar sin, bhí drogall ar Ó hÉighneacháin a bheith ag obair leis, agus chuir sé in iúl nach mbeadh sé sásta eagarthóireacht a dhéanamh ar an aistriúchán: ‘I made it quite clear at the meeting that I would not undertake responsibility for the editing of this translation’. Léirigh sé go ndearna sé féin trácht ar cheartúcháin a bhain le téarmaíocht amháin, agus gurbh é Ó Foghludha a shíl go raibh ceartúcháin eile ag teastáil ar dtús. Shíl sé nach bhféadfadh sé an lámhscríbhinn a mheas maidir le caighdeán an aistriúcháin toisc nach raibh sé eolach ar fhochanúint de

---

<sup>384</sup> Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 29 Deireadh Fómhair 1942, A0403, an Gúm.

<sup>385</sup> Seán Mac Lellan chuig Tomás Ó hÉighneacháin, 30 Deireadh Fómhair 1942, A0403, An Gúm.

<sup>386</sup> Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 30 Deireadh Fómhair 1942, A0403, An Gúm.

<sup>387</sup> Ibid., 13 Deireadh Fómhair 1942, A0403, An Gúm.

Brún:

The recommendation of the Text-book Ctte that ‘the translation would need correction’ had its origin not in my report—which dealt only with the changes in Terminology—but in Fiachra Éilgeach’s report on the use of “Duibhneachas”. I made no such reference in my report, as I did not & do not hold myself out as an expert in that particular sub-dialect or even to be fairly conversant with it. To test the accuracy of a translation one requires a sound knowledge of local usage where a sub-dialect is employed in the translation.<sup>388</sup>

Bhí Ó hÉighneacháin i gcoinne úsáid leaganacha canúnacha i dtéacsleabhair na Roinne:

‘I have always held & still hold that no merely local idiom or word where it can be replaced by a generally accepted idiom or word should be allowed in the Dept’s textbooks but apparently the Dept do not accept that view’.<sup>389</sup>

Dá bharr sin, mhol Seán Mac Lellan go gceapfaí Micheál Ó Gríobhtha as Contae an Chláir mar eagarthóir ar an aistriúchán.<sup>390</sup> Thuig Mac Lellan go raibh níos mó ná athruithe a bhain le téarmaíocht agus Duibhneachas ag teastáil; dar leis gur bhraith an Choiste go gcaithfí ord na bhfocal a athrú in áiteanna, nach raibh brí na Gaeilge soiléir i gcónaí, agus go raibh an t-aistriúchán bunoscionn le ciall an Bhéarla bhunaidh in áiteanna:

As far as I can gather from the discussion at the meeting of the Advisory Committee, the alterations which are thought necessary will comprise more than (1) Terminology and (2) Duibhneachas. The need for changing the order of the words in places was mentioned, while reference was also made to sentences where the meaning was not quite clear in the Irish version or whose meaning did not seem to be the same as that of the original English.<sup>391</sup>

Cuireadh in iúl don Bhrúnach ar an 4 Samhain 1942 gurbh é tuairim an Choiste nár mhór roinnt athruithe a dhéanamh ar an leagan Gaeilge agus go seolfaí samplaí de na hathruithe chuige go luath.<sup>392</sup> Rinne Príomhchigire na Roinne Oideachais, Seoirse Mac Niocaill, agus Micheál Breathnach, a bhí ina Leas-Phríomhchigire ag an am sin, athsmaoineamh

---

<sup>388</sup> Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 30 Deireadh Fómhair 1942, A0403, An Gúm.

<sup>389</sup> Ibid.

<sup>390</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 7 Nollaig 1942, A0403, An Gúm.

<sup>391</sup> Ibid., 2 Samhain 1942, A0403, An Gúm.

<sup>392</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádraig de Brún, 4 Samhain 1942, A0403, An Gúm.

ar an socrú seo ag pointe níos déanaí, áfach, agus bheartaigh siad gan samplaí a sheoladh chuig de Brún agus mhol siad go bhfágfaí na hathruithe go dtí go raibh eagarthóireacht á déanamh ag Ó Gríobhtha. Seo mar a scríobh Mac Lellan i dtaobh an chinnidh seo:

The suggestion that the Chief Inspector and the Deputy Chief Inspector should select a number of examples from this translation, for transmission to Dr. Browne so as to show him the type of alterations which will be necessary, has fallen through. After further consideration, Mr. Nicholls and Mr. Walsh feel that it would be better not to send Dr. Browne such a list, but to leave the carrying out of the necessary alterations to be done in the course of the usual routine editing.<sup>393</sup>

Tugadh le tuiscint don Bhrúnach nach raibh sé ar intinn ag an nGúm na hathruithe a bheadh le déanamh ar an aistriúchán a sheoladh chuige: ‘Iarrtar orm leis, a rádh leat gur cinneadh, tar éis a thuille machtnaimh, nár riachtanach é chur de thrioblóid ort na hathruithe a bheidh le déanamh thall is abhfus tríd an saothar do chur fé do bhrághaid’.<sup>394</sup>

Ghoill an socrú seo go mór ar de Brún. Mhóthaigh sé gur mhasla é a shaothar a fhoilsiú gan é a chur ar an eolas faoi na hathruithe a dhéanfaí air. Léirigh sé gur chaith sé ceithre bliana d’obair chrua ar an aistriúchán, go ndearna sé machnamh domhain ar conas brí an Bhéarla a aistriú agus go ndeachaigh sé i dtuilleamaí leabhair na n-údar Gréagach a lean Bury: ‘Ní mór dom a admháil gur chuir do leitir árd-iongantas orm. Tá le cheithre bliana ag gabháil d’obair Bury ar Stair na Gréige. Saghas scribhneoireachta b’eadh é nár mhór dom a lán de a chogaint agus d’athchogaint sar ar fhéadas an bhrígh a thabhairt liom i nGaedhilg, agus gur minic a b’éigean dom cuardach i leabhartha na n-ughdar Gréagach a leanann Bury’.<sup>395</sup>

Mhóthaigh sé nach raibh cumhacht ar bith aige anois, agus go raibh an Gúm ag caitheamh leis amhail leanbh scoile: ‘Agus iarrtar anois orm ligint do cheartuightheoirí m’aistriúchán d’athrú ar a dtoil féin agus an t-iomlán d’fhoillsiú fé m’ainm-se agus gan a

---

<sup>393</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 7 Nollaig 1942, A0403, An Gúm.

<sup>394</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádraig de Brún, 10 Nollaig 1942, A0403, An Gúm.

<sup>395</sup> Pádraig de Brún chuig Seán Mac Lellan, 13 Nollaig 1942, A0403, An Gúm.

fhios agam conus a bheadh se athruighthe aca. D’fhágfadh an prinseabal soin an scríbhneoir ’na leanbh scoile agus gan a fhios aige cé hiad na máighistrí atá os a chionn. Is ar éigean is gádh dhom a rádh ná glacaim leis’.<sup>396</sup>

Rinne an Gúm athbhreithniú ar an scéal arís tar éis an litir seo a fháil. Socraíodh go gcuirfí an lámhscríbhinn chuig de Brún i gcodanna de réir mar a bheadh an t-aistriúchán á ullmhú don chló agus go mbeadh sé in ann í a bhreithniú.<sup>397</sup> Mar sin, chuir Ó Gríobhtha cúig cinn de leabhráin na lámhscríbhinne isteach ar an 11 Feabhra agus eagarthóireacht déanta aige orthu le cur faoi bhráid an aistritheora. Mhol sé gur cheart don Bhrúnach “stet” a chur in aice le gach rud nach raibh sé sásta a athrú.<sup>398</sup> D’athraigh Ó Gríobhtha roinnt ainmneacha pearsanta, ainmneacha áite agus téarmaí a bhí i bhfoclóir Uí Dhuinnín,<sup>399</sup> agus in *Foclóir Staire is Tír-Eóluíochta*.<sup>400</sup> Dar leis go raibh baol ann nach raibh cóip den dara foclóir seo, ar ar thug sé ‘na téarmaí oifigeamhla’, ag de Brún ar chor ar bith.

Ar an 14 Aibreán, sheol Ó Gríobhtha athruithe áirithe, ar dhiúltaigh an t-aistritheoir dóibh, chuig an nGúm. Léirigh sé gur fhág sé roinnt mhaith de na samplaí ar lár, mar thógfadh sé rófhada iad go léir a chur isteach. Dúirt sé gur leor an méid a chuir sé faoi iamh, áfach, chun a léiriú don Choiste nach raibh an t-aistritheoir sásta glacadh le haon athrú: ‘is dóigh liom gur leor a bhfuil breactha agam chun a chur i n-iúil don Choiste ná fuil fonn ar an aistrightheoir gabháil le hathrú ar bith dá mhéid an riachtanas atá leis’.<sup>401</sup> Bhraith Mac Lellan go bhféadfaí cead a thabhairt don aistritheoir a chinntí féin a dhéanamh maidir le litriú ainmfhocail dhílse agus litriú focail faoi leith, ach go mbeadh

---

<sup>396</sup> Pádraig de Brún chuig Seán Mac Lellan, 13 Nollaig 1942, A0403, An Gúm.

<sup>397</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 16 Nollaig 1942, A0403, An Gúm.

<sup>398</sup> Micheál Ó Gríobhtha chuig Seán Mac Lellan, 11 Feabhra 1943, A0403, An Gúm.

<sup>399</sup> Patrick S. Dineen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (London: Nutt, 1904), faighte 4 Márta 2018, <https://celt.ucc.ie//Dinneen1.pdf>.

<sup>400</sup> Roinn Oideachais Shaorstát na hÉireann, *Foclóir Staire is Tír-Eóluíochta*.

<sup>401</sup> Micheál Ó Gríobhtha chuig Seán Mac Lellan, 14 Aibreán 1943, A0403, An Gúm.

sé fíorthábhachtach na ceartúcháin a bhain leis an ngramadach agus leis an gcomhréir a chur i bhfeidhm:

The arrangement by which the Editor's pencilled alterations are submitted to the translator is not working out satisfactorily, as it is clear that the translator is not disposed to accept the majority of the Editor's amendments. In the case of some of these, e.g., spelling of words such as déidheannaigh, bliadhain, duthchas, and even in the case of proper names such as Muir Aegéach we could perhaps let the translator have his own way, but the corrections of points of grammar and syntax seem to raise issues of fundamental importance.<sup>402</sup>

Bhí cruinniú ag an gCoiste ar an 30 Aibreán. Bhí cuid mhaith den lámhscríbhinn léite ag baill an Choiste ag an bpointe seo, agus í curtha i gcomparáid leis an mbuntéacs. Bhí an Coiste ar aon fhocal nár chóir cló a chur ar an leagan Gaeilge sa riocht ina raibh sé toisc go raibh an t-aistriúchán míchruinn in áiteanna agus go raibh drochghramadach in áiteanna, leis. Ba é tuairim an Choiste nár cheart an t-aistriúchán a fhoilsiú mura raibh an t-aistritheoir sásta na botúin a cheartú é féin nó ligean don Roinn na ceartúcháin a dhéanamh:

Tá an Coiste ar aon fhocal nár cheart cló do chur ar an aistriúchán so sa riocht a bhfuil sé óir sé a dtuairim go bhfuil ana-chuid botún ann idir Gaedhilg nach bhfuil ceart agus aistriú nach bhfuil cruinn. Mara bhfuil an t-aistritheoir sásta na botúin sin a cheartú é féin nó leigint do'n Roinn an ceartúchán a dhéanamh sé tuairim an Choiste gur fearr gan an t-aistriúchán do chur i gcló.<sup>403</sup>

Bhraith Mac Lellan gur chóir don aistritheoir leasuithe an eagarthóra a chur i bhfeidhm:

'I think we should make an effort to see that the Editor is given a reasonably free hand to carry out his work'.<sup>404</sup> Mheas Ó Dubhthaigh go raibh iachall ar de Brún athrú nó ceartúchán ar bith a cheap an tAire a bhí riachtanach a dhéanamh a chur i bhfeidhm mar gheall ar an gcomhaontú a shínigh sé. Shíl sé gur cheart don Bhrúnach rud éigin a rá in éadan na n-athruithe sular shínigh sé é agus ní ag an bpointe sin nuair a bhí an t-airgead

---

<sup>402</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 15 Aibreán 1943, A0403, An Gúm.

<sup>403</sup> Míontuairiseí an Chruinnithe, 30 Aibreán 1943, A0403, An Gúm.

<sup>404</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 4 Bealtaine 1943, A0403, An Gúm.



tugtha dó as an aistriúchán a dhéanamh. Chreid Ó Dubhthaigh gur chóir scríobh chuige agus ábhar an chomhaontaithe sin a chur i gcuimhne dó:

Clause (2) of the Agreement signed by Dr. Browne in May 1938 contains an undertaking by him to make any changes or corrections the Minister considers necessary: his objection to changes being made by our Editor should have been raised then, and not now when he has been paid for the work and we must proceed with its publication. I suggest that he be written to directing his attention to Clause (2) of the Agreement and informing him that it is proposed to make the changes in the translation which have been already submitted to him.<sup>405</sup>

Shocraigh an tAire Oideachais, Tomás Ó Deirg, litir phearsanta a sheoladh chuig de Brún.<sup>406</sup> Sa litir, mhínigh sé gur thuig sé go raibh malairt tuairime maidir le leaganacha áirithe Gaeilge idir de Brún agus eagarthóir an aistriúcháin. Léirigh sé nach raibh duine ar bith sa Roinn, áfach, a bhí chomh hoilte ar an nGaeilge go bhféadfaí tuairimí an eagarthóra nó tuairimí an Choiste a chur i leataobh. Mhaígh sé gur orthusan a bhí an cúram go léir a bhain le ceart na Gaeilge i bhfoilseacháin na Roinne agus nárbh fhéidir leo an cúram sin a sheachaint agus nárbh fhéidir leis féin, sa chaoi chéanna, é a bhaint díobh. Bhí iachall ar an Roinn, mar sin, glacadh leis na hathruithe a mheas siadsan a bheith riachtanach.<sup>407</sup>

Chuir an litir seo olc ar de Brún, mhaígh sé go raibh sé tar éis blianta fada a chaitheamh ag scríobh agus gur thug an litir breith oifigiúil dó ar a chuid scríbhneoireachta agus nár rómhaith an bhreith í, de réir na gceartúchán a chonaic sé. Dúirt sé go raibh an-chuid ceartúchán sa lámhscríbhinn a fuair sé ar ais agus gur thuig sé uathu nach raibh sé oiriúnach ar chor ar bith don chineál sin oibre:

Admhuighim go mbraithim teipthe go maith ar do leitir d'fhagháil, mar tugann sí dom breith oifigeamhail ar mo scríneoireacht tar éis mo bhlianta fada, agus do réir a bhfuil feicthe agam den cheartú, ní ró-mhaith an bhreith í. Mar fuaras thar n-ais

---

<sup>405</sup> Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 6 Bealtaine 1943, A0403, An Gúm.

<sup>406</sup> Proinnsias Ó Dubhthaigh chuig Seán Mac Lellan, 19 Bealtaine 1943, A0403, An Gúm.

<sup>407</sup> Tomás Ó Deirg chuig Pádraig de Brún, 26 Bealtaine 1943, A0403, An Gúm.

mo leabhartha leath-lan de bhreacadh, agus ní fhéadfainn aon dáth a bhaint as na marcanna ach é seo, ná rabhas oireamhnach i n-aon chor chun a leithéid sin d’obair.<sup>408</sup>

Thuig de Brún gur leis an Roinn an t-aistriúchán, go ndéanfaí na ceartúcháin, agus go ndéanfaí neamhaird dá thuairim: ‘Do réir mar chím an scéal anois, tá sé ar shimplidheacht na cruinne. Is libhse mo scríbhinn; déanfaidh ’úr gceartuitheoir a chuid ceartuithe, agus cuirfear i gcló é i dteannta a mbeidh fágtha dem bréithre-se. Is leis an Attic, is liomsa an Dóric, agus píosfar pósfar iad le chéile’. Chuir de Brún in iúl go nglacfadh sé leis an socrú seo, ach rinne sé bagairt an scéal a fhógairt don phobal: ‘Tá go breágh. Ach ní dóigh liom go bhfuil aon nídh a choisceas ormsa a rádh leis an saoghal, nuair a foillseofar an leabhar, gurb amhlaidh atá’.<sup>409</sup>

De réir de Brún, dúirt dlúthchara leis,<sup>410</sup> an Taoiseach Éamon de Valera, thart ar thrí seachtaine roimhe sin go gcuirfí a aistriúchán i gcló gan athrú ar bith agus go mbeadh de Brún féin freagrach as na botúin a bhí ann. Bhí daoine eile i láthair, dar leis an mBrúnach, agus mar sin, bhí finnétithe aige:

’Na theannta soin, dubhairt an Taoiseach timcheall trí seachtmhaine ó shoin, i láthair a lán fianaithe, gurbh é rud a thuig sé féin, go raibh tugtha i n’ordú go raghadh mo scríbhinn fé bhráid na poiblidheachta agus gurbh ar mo dhrom féin a thuitfeadh aon mhí-mheastóireacht a déanfaí uirthi, mar go raibh mo dhrom-sa ábalta ar an méid sin d’iomchar. Do réir deallraimh, níor claoidheadh leis an mbreith sin; ach tá na fianaithe agam.<sup>411</sup>

Chuir an bhaint seo a mhaígh de Brún a bhí ag an Taoiseach leis an scéal brú ar an nGúm athmhachnamh a dhéanamh ar an aistriúchán a fhoilsiú gan athrú. Bhraith an tAire go raibh iachall air dul i dteagmháil leis an Taoiseach, agus d’iarr sé ar Ó Gríobhtha samplaí

---

<sup>408</sup> Pádraig de Brún chuig Tomás Ó Deirg, 31 Bealtaine 1943, A0403, An Gúm.

<sup>409</sup> Ibid.

<sup>410</sup> Bhí de Valera mar mhúinteoir matamaitice aige agus é sa mheánscoil i gColáiste Charn an Tobair. Ansin chuaigh de Brún go Coláiste na Croise Naofa, Cluain Life, mar ábhar sagairt. Bhí sé i mbun staidéir ansiúd freisin dá chéim ollscoile ón Ollscoil Ríoga agus arís bhí de Valera ar dhuine dá mhúinteoirí. D’fhás dlúthchairdeas eatarthu. Breathnach agus Ní Mhurchú, “De Brún, Pádraig (1889–1960).”

<sup>411</sup> Pádraig de Brún chuig Tomás Ó Deirg, 31 Bealtaine 1943, A0403, An Gúm.

de na botúin ba choitianta san aistriúchán a chur i litir chuige. Botúin in aghaidh chomhréir na Gaeilge ab ea iad sin dar le hÓ Gríobhtha, ach mhaígh sé go raibh na céadta earráid sa lámhscríbhinn seachas earráidí den chineál sin amháin.<sup>412</sup>

Sheol an tAire na samplaí de na botúin chuig an Taoiseach agus mhínigh sé gur labhair sé le hÓ Gríobhtha agus gur tharla earráidí a bhain le comhréir na teanga go minic san aistriúchán. Dar leis gur chóir na hearráidí a cheartú sula gcuirfí an saothar i gcló ach nár mhaith leis dul ar aghaidh leis ar eagla gur mhian leis an Taoiseach comhairle eile a fháil. Dúirt an tAire gur cheap an Gúm go gcaithfí na hathruithe riachtanacha a dhéanamh maidir le cruinneas gramadaí agus comhréir na Gaeilge, ach nach raibh sé ar intinn acu na mionathruithe a moladh ar dtús a chur i bhfeidhm. Ní raibh rún acu na hathruithe a moladh maidir leis na leaganacha Gaeilge ar ainmneacha dílse, mar shampla, a dhéanamh. Scríobh an tAire an litir ar an 10 Iúil 1943<sup>413</sup> agus mhaígh Ó Dubhthaigh ar an 4 Deireadh Fómhair nár thug an Taoiseach freagra ar bith air. De réir Uí Dhubhthaigh, ba iad an dá rogha a bhí ag an nGúm ná an t-aistriúchán a chur i gcló mar a chuir de Brún isteach é nó na ceartúcháin a chur i bhfeidhm ar an aistriúchán mar a mhínigh an tAire ina litir chuig an Taoiseach.<sup>414</sup>

Socraíodh ar deireadh, an t-aistriúchán a fhoilsiú sa ‘chruth ina bhfuarthas’ ó de Brún é.<sup>415</sup> Mhóthaigh Seosamh Ó Néill, Rúnaí na Roinne Oideachais, gur cheart é seo a dhéanamh toisc go raibh ardstádas i léann na Gaeilge ag de Brún, ach go gcaithfí a chur in iúl go soiléir san fhoilseachán gurbh é féin a bhí freagrach as an eagarthóireacht: ‘in the case of authors or translators whose standing in Irish is so high as that of Dr. Browne... I feel that the most practical way of handling their work would be to make them

---

<sup>412</sup> Mícheál Ó Gríobhtha chuig Seán Mac Lellan, 26 Meitheamh 1943, A0403, An Gúm.

<sup>413</sup> Tomás Ó Deirg chuig Éamon de Valera, 10 Iúil 1943, A0403, An Gúm.

<sup>414</sup> Proinsias Ó Dubhthaigh chuig Seosamh Ó Néill, 4 Deireadh Fómhair 1943, A0403, An Gúm.

<sup>415</sup> S.D. Ó Baoighill chuig Pádraig de Brún, 9 Deireadh Fómhair 1943, A0403, An Gúm.

responsible for all the editing i.e. that of the Irish as well as of the subject matter and make this clear in the publication'.<sup>416</sup>

D'aontaigh an tAire leis seo,<sup>417</sup> agus mar seo a leanas a scríobh S.D. O' Baoighill, Rúnaí an Aire Oideachais, chuig de Brún ar an 9 Deireadh Fómhair:

...i dtaobh aistriúcháin an History of Greece, iarrann an tAire Oideachais orm a chur i bhfios duit go bhfuil sé tar éis a thuilleadh machtnaimh do dhéanamh ar an scéal agus gur chinn sé, dá bhárr san, gan na h-athruighthe do bhí molta ag eagarthóirí na Roinne do chur i bhfeidhm acht an t-aistriúchán d'fhoillsiú san chruth ina bhfuarthas uait féin é.<sup>418</sup>

Míníodh don Bhrúnach go gcuirfí in iúl go soiléir ag tús an fhoilseacháin gurbh é féin a rinne agus a chuir eagar ar an aistriúchán, mar sin, agus nach mbeadh na heagarthóirí freagrach as an saothar: 'Do réir an tsocruighthe sin, ní bheidh na h-Eagarthóirí freagarthach san tsaothar, agus táthar ar aigne a rádh, i mbrollach an leabhair, gur tú féin do dhein an t-aistriúchán agus do chuir i n-eagar é'.<sup>419</sup> D'ainneoin sin ar fad, ní deirtear ag tús an aistriúcháin gurbh é de Brún a chuir in eagar é. Ní mhaítear ach gurbh é de Brún 'do chuir Gaeilge ar' an mbunleabhar. Níl aon difríocht shuntasach idir brollach an aistriúcháin seo agus brollach *Taoisigh Eorpa*, nó *Maria Chapdelaine*, mar shampla, a thabharfadh le tuiscint gurbh é de Brún féin a bhí ina eagarthóir ar an téacs.<sup>420</sup>

Faoi dheireadh thiar thall, d'éirigh leis an nGúm an t-aistritheoir a shásamh leis an socrú seo, agus seo an freagra a thug de Brún ar Rúnaí an Aire Oideachais ar an 13 Deireadh Fómhair 1943: 'Táim buidheach den leitir a tháinig chugham indé uait, agus táim sásta leis an dtairiscint agus geobhad go fonnmhar le ceartú na mbileóg do réir mar thiocfaid chugham ó'n gclódóir'.<sup>421</sup> Is saothar ollmhór é an bunleabhar agus níos mó ná

---

<sup>416</sup> Seosamh Ó Néill chuig Tomás Ó Deirg, g.d., A0403, An Gúm.

<sup>417</sup> Tomás Ó Deirg chuig Proinsias Ó Dubhthaigh, 9 Deireadh Fómhair 1943, A0403, An Gúm.

<sup>418</sup> S.D. Ó Baoighill chuig Pádraig de Brún, 9 Deireadh Fómhair 1943, A0403, An Gúm.

<sup>419</sup> Ibid.

<sup>420</sup> Deirtear ag tús *Taoisigh Eorpa* gur aistrigh Micheál Ó Siochfhradha an téacs, agus ag tús *Maria Chapdelaine* gur thiontaigh Risteárd Ó Foghludha é.

<sup>421</sup> Pádraig de Brún chuig Rúnaí an Aire Oideachais, 13 Deireadh Fómhair 1943, A0403, An Gúm.

naoi gcéad leathanach ann, agus mar sin, socraíodh an t-aistriúchán a chur amach i dtrí chuid. Moladh d'Oifig an tSoláthair míle cóip de chuid a haon den leagan Gaeilge a fhoilsiú i mí Mheán Fómhair 1955, agus míle cóip de chuid a dó agus a trí a fhoilsiú, ansin, i mí na Samhna na bliana céanna.<sup>422</sup>

**‘In view of the circumstances in which the work was undertaken (i.e. at the Minister’s suggestion) I think we must give the translator as full a trial as possible’: *Dathad a hAon* agus moladh an Aire Oideachais**

Scríobh Edmund Alan Downey, údar *Forty-one*,<sup>423</sup> litir chuig an Aire Oideachais, Tomás Ó Deirg ar an 20 Aibreán 1939. Rinne sé tagairt do chomhrá a bhí ag an mbeirt acu, sé sin, Downey agus Ó Deirg, an lá roimhe sin faoi aistriúchán a dhéanamh ar an úrscéal. Mhol an tAire Nioclás Tóibín chun é a aistriú, agus d’aontaigh Downey leis: ‘I agree with you that Nioclas Toibin would fill the bill to perfection’.<sup>424</sup> I ndiaidh dó tacaíocht Uí Dheirg a fháil, chuaigh sé i dteagmháil leis an Tóibíneach féin: ‘Speaking to Mr. Derrig yesterday, I received from him the assurance that if you—he selected you out of all Ireland—translate my novel, “Forty-One”, for An Gúm, it will be published. Will you do this?’<sup>425</sup> Chuir an Tóibíneach scéala chuig Seán Mac Lellan faoi mholadh an Aire, agus an údair, laistigh de chúpla lá, agus dúirt sé go mbeadh sé sásta é a dhéanamh.<sup>426</sup>

Bhí amhras ar Mhac Lellan, áfach, de bharr taithí aige a bheith ag plé leis an Tóibíneach, agus mhothaigh sé go mbeadh ar na heagarthóirí obair fhadálach a dhéanamh ar an aistriúchán chun é a ullmhú don chló mura mbeadh sé i bhfad níos fearr ná

---

<sup>422</sup> Foirm Foilseacháin, 10 Meán Fómhair 1955, A0403, An Gúm; *ibid.*, 28 Samhain 1955, A0403, An Gúm.

<sup>423</sup> Edmund Alan Downey, *Forty-one* (Dublin: J. Duffy & Co. Ltd, 1928).

<sup>424</sup> Edmund Alan Downey chuig Tomás Ó Deirg, 20 Aibreán 1939, A0434, An Gúm.

<sup>425</sup> Edmund Alan Downey chuig Nioclás Tóibín, 20 Aibreán 1939, A0434, An Gúm.

<sup>426</sup> Nioclás Tóibín chuig Seán Mac Lellan, 26 Aibreán 1939, A0434, An Gúm.

aistriúcháin eile a rinne sé.<sup>427</sup> I nóta a chuir sé chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, rinne Mac Lellan tagairt do mheamram, inar luadh an Tóibíneach, a scríobh Seoirse Mac Niocaill, a bhí ina Phríomhchigire sa Roinn Oideachais. Chuir sé in iúl gur bhraith Mac Niocaill gur fhoilsigh an Gúm téacsanna go minic a raibh droch-chaighdeán Gaeilge iontu, agus go raibh eagarthóirí an Ghúim faoi bhrú oibre:

We decided a little over a year ago (please see A in file attached) not to offer Nioclás Tóibín further translation work. This decision was arrived at having regard to the low standard of work which we have been getting from Nioclás for a number of years past.

In a recent memorandum Seoirse Mac Niocaill refers to the poor Irish often published by the Gúm & suggests that the editors may be overworked. Unless Nioclás shows a great improvement the acceptance of his translation of this book will throw a great deal of tedious work on the Editor.<sup>428</sup>

Mar a léirítear sa sliocht seo, socraíodh, níos mó ná bliain roimhe sin, nach dtabharfadh an Gúm níos mó téacsanna don Tóibíneach le haistriú toisc nach raibh siad sásta lena chuid oibre. Ag an tráth sin, bhí Gaeilge á cur aige ar ghearrscéalta a foilsíodh sa chnuasach *Taibhreamh Beirte agus Gearrscéalta Eile*.<sup>429</sup> Dúirt Mac Lellan gur thuig sé, tar éis dó labhairt leis an eagarthóir Risteárd Ó Foghludha, go raibh an leagan Gaeilge ‘lán de thuaiplisí gramadaighe’ agus de ‘mhíchruinneasaí litriúcháin’. Mhol sé glacadh leis, ach gan iarraidh air aistriúchán eile a dhéanamh: ‘Is dócha go bhfuil sé chomh maith againn glacadh leo, an bun-ráta d’íoc leis; agus gan a thuille adhbhair thabhairt do i

---

<sup>427</sup> Dúirt an t-eagarthóir, Pádraig Ó Siochfhradha faoin aistriúchán a rinne an Tóibíneach ar *La Belle Nivernaise*: ‘Tá an Ghaedhilg go maith aige ach ní ró mhaith a chuireann sé i bhfeidhm í—tré neamhchúram is dóigh liom’. Shocraigh sé glacadh leis toisc go raibh rudaí níos measa ná é á chur amach ag an nGúm: ‘Tá rudaí níos measa ná é á chur i gcló againn, ámh, agus níor mhiste glacadh leis seo b’fhéidir’. Pádraig Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 21 Márta 1931, A0133, An Gúm; Alphonse Daudet, *La Belle Nivernaise*, aistr. Nioclás Tóibín (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1932). Nuair a léigh Ó Siochfhradha an t-aistriúchán a rinne sé ar *The Hound of the Baskervilles*, dúirt sé nárbh é ‘feabhas an aistriúcháin’ ach ‘deireadh an leabhair’ a bhí mar chuspa ag an Tóibíneach ina chuid oibre, agus nach bhfaca sé ‘aon fheabhas ag dul air ach an deithneas agus an neamhchúram céadna ag baint leis a bhí ó thúis’. Pádraig Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 9 Samhain 1931, A0193, An Gúm; Arthur Conan Doyle, *Cú na mBaskerville*, aistr. Nioclás Tóibín (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1934). D’fhoilsigh an Gúm aistriúchán is fiche leis an Tóibíneach, agus tá liosta de na haistriúcháin sin ag deireadh an tsaothair seo.

<sup>428</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 8 Bealtaine 1939, A0434, An Gúm.

<sup>429</sup> Nioclás Tóibín, *Taibhreamh Beirte agus Gearrscéalta Eile* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1955).

gcomhair aistriúcháin'.<sup>430</sup> D'aontaigh Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, Proinnsias Ó Dubhthaigh, agus Rúnaí na Roinne Oideachais, Seosamh Ó Néill leis an socrú seo ag an am.<sup>431</sup>

Toisc gurbh é an tAire a mhol go mbeadh sé ar chumas an Tóibínigh *Forty-one* a aistriú, áfach, bhraith Ó Dubhthaigh go mbeadh iachall ar an nGúm glacadh le haistriúchán samplach, ar a laghad, uaidh: 'I think we must proceed with it, even tho' it's performance may give trouble'.<sup>432</sup> Iarradh ar an Tóibíneach aistriúchán ar an gcéad chaibidil den leabhar a chur isteach agus cuireadh ina luí air nach ndéanfaí conradh leis i dtaobh an aistriúcháin mura mbeadh sé sásta glacadh leis na teoracha agus na ceartúcháin a mhol eagarthóirí na Roinne.<sup>433</sup> Sheol sé a aistriúchán ar an gcéad chaibidil chucu laistigh de choicís.<sup>434</sup>

Iarradh ar Risteárd Ó Foghludha a bheith ina léitheoir, agus scríobh sé tuairisc ar an gcéad chaibidil. Bhraith sé go raibh an t-aistritheoir ní ba chúramaí ná mar ba ghnách leis i dtaobh an aistriúcháin, ach go raibh a lán rudaí ann, ag an am céanna, nár mhór a cheartú. Bhí na céadta botún ann, dar leis. Léirigh sé go raibh 27 caibidil ar fad sa bhunleabhar, agus dá mbeadh an t-aistriúchán ar fad ar an gcaighdeán céanna is a bhí an chéad chaibidil, go dtógfadh sé tamall chun eagar a chur air, tuairim a bhí ag teacht le hamhras Mhic Lellan: 'Níl insan scríbhinn acht aon chaibideal amháin, acht tá 27 caibidil ar fad insan leabhar. Dá mbeadh cothrom an méid chéadna dearmad is caminnsint ina chuid eile do bhainfeadh sé breis is dathad lá (40) d'eagarthóir chun an t-iomlán d'ullamhughadh don chló'.<sup>435</sup>

---

<sup>430</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 1 Márta 1938, A0399, An Gúm.

<sup>431</sup> Proinnsias Ó Dubhthaigh chuig Seosamh Ó Néill, 2 Márta 1938, A0399, An Gúm; Seosamh Ó Néill chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, 2 Márta 1938, A0399, An Gúm.

<sup>432</sup> Proinnsias Ó Dubhthaigh chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 9 Bealtaine 1939, A0434, An Gúm.

<sup>433</sup> Seán Mac Lellan chuig Nioclás Tóibín, 15 Bealtaine 1939, A0434, An Gúm.

<sup>434</sup> Nioclás Tóibín chuig Seán Mac Lellan, 24 Bealtaine 1939, A0434, An Gúm.

<sup>435</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig Seán Mac Lellan, 2 Meitheamh 1939, A0434, An Gúm.

Mhol sé gan glacadh leis mura gcuirfeadh an Tóibíneach ‘feabhas fada leathan géar ar a chuid oibre’. Mhóthaigh sé go mbeadh trioblóid ag an nGúm leis an aistriitheoir mura gcuirfí ‘ceangal dian’ air, agus mura gcuirfí in iúl dó nárbh fhéidir leis an nGúm glacadh leis an saothar ach ar an gcoinníoll go mbeadh gach aon chaibidil eile ‘níos saoire ó locht ná an chéad cheann’. Mhol sé a rá leis gach caibidil a sheoladh chuig an nGúm chomh luath agus a bheadh sé críochnaithe aige.

Mhaígh Ó Foghludha gur thóg sé ceithre lá air an tuairisc seo a scríobh, gur scríobh sé ceithre nó cúig thuairisc mar seo faoi obair an Tóibínigh cheana féin, agus go raibh na botúin chéanna fós á ndéanamh aige. Bhraith sé nár chóir ‘a thuilleadh detailed reports ar a chuid oibre’ a scríobh.<sup>436</sup> Dúirt Mac Lellan gur léir, ó thuairisc Uí Foghludha ‘nár dhein an taistritheoir an obair seo do réir mar badh cheart í dhéanamh nó chun go mbeadh iontaoibh’ acu ‘as a chruinneas nó a chúramachas’. Bhraith sé nach ndéanfadh sé aistriúchán maith ar an leabhar agus nár cheart cead a thabhairt dó an leabhar a aistriú.<sup>437</sup>

Ba léir d’Ó Foghludha agus do Mhac Lellan, mar sin, nár chóir don Tóibíneach an t-aistriúchán seo a dhéanamh, ach bhí Ó Dubhthaigh fós buartha faoi thuairim an Aire, agus bhraith sé gur cheart seans eile a thabhairt dó: ‘In view of the circumstances in which the work was undertaken (i.e. at the Minister’s suggestion) I think we must give the translator as full a trial as possible’. Mhol sé a chur in iúl dó—mar a mhol Ó Foghludha—nárbh fhéidir leis an nGúm glacadh leis an saothar ach ar an gcoinníoll go mbeadh gach aon chaibidil eile níos saoire ó locht ná an chéad cheann, agus nárbh fholáir dó gach caibidil a sheoladh chuig an nGúm chomh luath agus a bheadh sé críochnaithe aige.<sup>438</sup> D’aontaigh Rúnaí na Roinne Oideachais, Séamus Ó Néill leis.<sup>439</sup> Seoladh sliocht as

---

<sup>436</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig Seán Mac Lellan, 2 Meitheamh 1939, A0434, An Gúm.

<sup>437</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 3 Meitheamh 1939, A0434, An Gúm.

<sup>438</sup> Proinnsias Ó Dubhthaigh chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 6 Meitheamh 1939, A0434, An Gúm.

<sup>439</sup> Séamus Ó Néill chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, 7 Meitheamh 1939, A0434, An Gúm.



tuarascáil an léitheora chuige agus cuireadh in iúl dó nach raibh an Gúm ‘sásta i n-ao’ chor leis an iarracht’.<sup>440</sup>

Chuir moltaí an léitheora corraí ar an Tóibíneach. Dúirt sé go raibh ‘nimh sa gceartú’ agus nach raibh sé ‘chun glacadh le haon tarhuisne’. Mhol sé a rá leis an Aire nach mbíodh ‘aon bhiadh ceart á chaitheamh’ aige, agus ‘go mb’fhéidir go mb’fhearr an leabhar a thabhairt le haistriú do dhuine éigin’ a raibh ‘tuarastal mór cheana féin aige nó peinsiún mór ag dul do’.<sup>441</sup> Bhraith Ó Foghludha nach raibh sé ródhian air sa tuairisc ar chor ar bith:

Do bhíos-sa sásta im aigne-féin, ceana, agus táim deimhnitheach de indiu, ná dearna éagcóir ar bith ar an ughdar (bíodh go n-abrann sé “chím go bhfuil an nimh sa gceartú”—rud ná fuil), agus, chun déanta na fírinne, d’fhágas a lán lán locht gan áireamh, mar do shíleas gur leor a raibh díobh luaidhte im thuairisc, agus níor mhéinn liom é bhascadh ar fad...<sup>442</sup>

D’imigh cúpla seachtain thart agus ní dheachaigh an Gúm i dteagmháil leis an Tóibíneach mar gheall ar *Forty-one*. Tar éis a thuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an gcás, d’athraigh an Tóibíneach a intinn agus shocraigh sé gur theastaigh uaidh leanúint ar aghaidh leis an aistriúchán, toisc go n-oirfeadh ‘an t-airgead go mór’ dó.<sup>443</sup>

Is léir, i ndiaidh don aistritheoir tuairisc Uí Fhoghludha a fháil, gur thaispeáin sé

---

<sup>440</sup> Seán Mac Lellan chuig Nioclás Tóibín, 15 Meitheamh 1939, A0434, An Gúm.

<sup>441</sup> Nioclás Tóibín chuig Seán Mac Lellan, 19 Meitheamh 1939, A0434, An Gúm. Is léir go ndeachaigh an caidreamh idir Nioclás Tóibín agus an Gúm in olcas le linn na dtríochaidí agus go raibh an lasair sa bharrach faoin bpointe seo in 1939. Sa bhliain 1931, níor ghoill an cáineadh chomh mór sin ar an Tóibíneach i gcás *The Hound of the Baskervilles* agus *La Belle Nivernaise* (féach fonóta 427). D’admhaigh sé go ndearna sé an t-aistriúchán ar *The Hound of the Baskervilles* faoi dheifir ‘Tá fios agam go scríbhim an-mhear... chomh mear sin go mbíonn leisce orm cromadh ag léigheamh a mbíonn scríobhtha agam, acht ní h-ionann sin agus a rádh go mbíonn an neamh-chruinneas ar fad sa scéal’, agus dúirt sé go raibh fuadar faoi agus aistriúchán á dhéanamh aige ar *La Belle Nivernaise*, chomh maith: ‘cé go bhfuil fhios agam gur dheineas cuibheasach mear é, dheineas mo dhícheall air.’ Nioclás Tóibín chuig Seán Mac Lellan, 15 Samhain 1931, A0193, An Gúm; *ibid.*, 6 Aibreán 1931, A0133, An Gúm. Lean an t-aighneas idir é agus an Gúm ar aghaidh sna daichidí, nuair a chuir sé i leith an Ghúim go raibh olc ag beirt eagarthóirí, Risteárd Ó Foghludha agus Tomás Ó hÉighneacháin, dó agus gurbh é sin an fáth nach raibh siad ag glacadh lena chuid aistriúchán, ach léirigh an Gúm go bhfuair an Leaseagarthóir, Seán Mac Maoláin, locht ar chuid de na haistriúcháin chomh maith. Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 11 Feabhra 1934, G222, An Gúm.

<sup>442</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig Seán Mac Lellan, 20 Meitheamh 1939, A0434, An Gúm.

<sup>443</sup> Nioclás Tóibín chuig Seán Mac Lellan, 14 Iúil 1939, A0434, An Gúm.

don údar, Edmund Alan Downey é. Mheas Downey go raibh an t-aistriúchán déanta go maith aige, agus go raibh moltaí an léitheora ‘a little too conscientious’. Mhol sé go dtabharfaí ‘a free hand’ don Tóibíneach san aistriúchán.<sup>444</sup> Mhaígh sé go raibh an t-aistritheoir sásta moltaí an léitheora a chur i bhfeidhm, ach go gcuirfeadh cáineadh neamhbháúil lagmhisneach air. Léirigh sé nach raibh post buan ag an Tóibíneach agus d’iarr sé ar an nGúm, mar sin, Conradh a dhéanamh leis chun an t-aistriúchán a dhéanamh gan mhoill:

He is quite satisfied to comply with the Readers’ suggestions, & welcomes co-operation in his translation work; but when the criticism becomes rigid & unsympathetic you can understand the effect is depressing. As for the signing of the contract, I would ask that this should be done with as little delay as possible, as Mr. Tobin has no permanent position (in spite of his ability) and a definite “order” (so to speak) is what brings broth to the pot.<sup>445</sup>

Léirigh Ó Foghludha nach raibh sé fíor go raibh sé ‘too conscientious’ ina thuairisc, mar níor luaigh sé gach botún a rinne an Tóibíneach, fiú. Bhraith sé go mbeadh an t-aistriúchán ina phraiseach dá dtabharfaí ‘a free hand’ dó:

Tá breith agaibh uaimse cheana i dtaobh an scéil seo, agus in ionad mé bheith “too conscientious” is baoghlach gur ró-bhog a bhíos.

Is deacair a chreideamhaint go bhfuil atharrach intinne ar an ughdar so, agus go bhfuil sé umhal anois “to comply with the Readers’ suggestions, and welcomes co-operation.” Is follus nach mar a chéile an scéal san agus “free hand” a thabhairt do, fé mar atá iarrtha ina chomhair ag an mbun-ughdar. Má gheibheann sé an “free hand” sin is deimhin go ndéanfar praiseach den ghnó, acht is dóigh liom gur fearr gan aon lámh a bheith agam-sa ann. Is é mo thuairim ná fuil an duine seo oireamhnach in éanchor ar thionntódh a dhéanamh.<sup>446</sup>

Mhol Mac Lellan, arís eile, gan leanúint ar aghaidh leis an aistriúchán, toisc gur chreid Ó Foghludha, mar a luadh cheana, go dtógfadh sé daichead lá chun an t-aistriúchán a ullmhú don chló.<sup>447</sup> Sula raibh seans ag an nGúm a chur in iúl don Tóibíneach nach raibh sé ar

---

<sup>444</sup> Edmund Alan Downey chuig Tomás Ó Deirg, 14 Iúil 1939, A0434, An Gúm.

<sup>445</sup> Ibid.

<sup>446</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig Seán Mac Lellan, 20 Iúil 1939, A0434, An Gúm.

<sup>447</sup> Seán Mac Lellan chuig Rúnaí an Aire Oideachais, 25 Iúil 1939, A0434, An Gúm.

intinn acu leanúint ar aghaidh leis an aistriúchán, áfach, sheol sé an chéad chaibidil isteach, agus na ceartúcháin déanta aige air.<sup>448</sup> Léirigh Ó Foghludha go raibh an chuid sin go maith cruinn aige anois, ach toisc gur cheartaigh sé an méid sin dó nárbh fhéidir leo glacadh leis mar shampla dá chuid oibre. Dá leanfadh an Gúm ar aghaidh leis an aistriúchán seo, mhol sé dóibh aistriúchán samplach de chaibidil a cúig nó caibidil a hocht a fháil uaidh, toisc go raibh siad gearr, agus níos fusa le haistriú ná an dara caibidil den bhunleabhar.<sup>449</sup> Ghlac siad le comhairle Uí Fhoghludha agus thug siad rogha don Tóibíneach aistriúchán a dhéanamh ar cheann de na caibidlí seo, faoi mar a moladh, agus é a sheoladh chucu.<sup>450</sup> Sheol sé aistriúchán ar chaibidil a cúig chucu i mí Lúnasa 1939.<sup>451</sup> Léirigh Ó Foghludha nach raibh ‘puinn baoghail air seo mar thionntódh’, agus gurbh fhéidir glacadh lena leagan Gaeilge ar an gcoinníoll go mbeadh an chuid eile den leabhar ‘ar aon dul leis an méid seo’.<sup>452</sup> Cuireadh é seo in iúl don Tóibíneach,<sup>453</sup> agus sheol sé an t-aistriúchán a rinne sé ar an dara caibidil—caibidil a bhí sách deacair, mar is léir ó thagairt Uí Fhoghludha thuas—den bhunleabhar isteach i mí Dheireadh Fómhair 1939.

Dúirt sé nach raibh sé ‘chun aon ró-mhaoidheamh a dhéanamh as an iarracht, mar is é an diabhal féin an caibidil céadna d’aistriú go sástamhail’.<sup>454</sup> Mheas Ó Foghludha nár mhór an chaibidil a athscríobh. Dá mbeadh caibidlí eile ‘den tsórt so’ ann, d’airigh sé go mbeadh sé chomh maith ag na heagarthóirí féin an obair a dhéanamh ‘ó bhonn’. Bhí baol ann go raibh an Béarla ‘ró-chruaidh’ dó, dar leis. Mhaígh sé nárbh ‘obair shaoráideach’ aistriúchán maith a dhéanamh ar an gcaibidil seo, ach gur ‘chóir go dtiocfadh le duine dúthrachtach feabhas a chur ar an leagan a tháinig an babhta so’.<sup>455</sup> Seoladh an dara

---

<sup>448</sup> Nioclás Tóibín chuig Seán Mac Lellan, 3 Lúnasa 1939, A0434, An Gúm.

<sup>449</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig Seán Mac Lellan, 12 Lúnasa 1939, A0434, An Gúm.

<sup>450</sup> Seán Mac Lellan chuig Nioclás Tóibín, 21 Lúnasa 1939, A0434, An Gúm.

<sup>451</sup> Nioclás Tóibín chuig Seán Mac Lellan, 24 Lúnasa 1939, A0434, An Gúm.

<sup>452</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig Seán Mac Lellan, 29 Lúnasa 1939, A0434, An Gúm.

<sup>453</sup> Seán Mac Lellan chuig Nioclás Tóibín, 13 Deireadh Fómhair 1939, A0434, An Gúm.

<sup>454</sup> Nioclás Tóibín chuig Seán Mac Lellan, 16 Deireadh Fómhair 1939, A0434, An Gúm.

<sup>455</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig Seán Mac Lellan, 20 Deireadh Fómhair 1939, A0434, An Gúm.

caibidil ar ais chuig an Tóibíneach agus dúradh leis go raibh an t-eagarthóir ‘an-mhí-shásta’ leis agus nár mhór dó é a athscríobh.<sup>456</sup> Rinne an Tóibíneach amhlaidh, agus dúirt sé go raibh ‘cuid de na caibidil go deacair’, agus nach raibh sé éasca ‘leagaint sástach a chur ar na habairtí’.<sup>457</sup>

Mhaígh an Tóibíneach gur ‘leabhar maith’ é *Forty-one* agus é ag déanamh argóinte ar son an t-aistriúchán a fhoilsiú,<sup>458</sup> ach de réir mar a rinne sé an t-aistriúchán, tháinig col aige leis; thug sé ‘an leabhar is déistineamhla’,<sup>459</sup> ‘leabhar leadránach’,<sup>460</sup> agus ‘leabhar ait gránda’<sup>461</sup> air ag pointí éagsúla, agus dúirt sé nár léigh sé riamh ‘leabhar níos leadránaíche agus níos mí-thaithneamhaíche’. Bhí aiféala air, go fiú, gur chuir sé brú ar an nGúm ligean dó an t-aistriúchán a dhéanamh: ‘Gan aon agó ar domhan b’fhearr liom gur tú féin nó duine éigin eile a bheadh i mbun a aistrighthe in ionad mé féin—tá an donas air’.<sup>462</sup>

Faoi mar a dúradh cheana, 27 caibidil atá sa bhunleabhar, agus nuair a bhí Gaeilge curtha aige ar chaibidil a seacht, mhaígh sé go raibh ‘an Béarla chómh ait sin go gcuirfeadh sé ar mearbhall na Gaedhilge duine’.<sup>463</sup> Agus caibidil a dó dhéag á cur isteach aige, dúirt sé nach gcreidfí ‘go bhféadfadh scríobhnóir a bheith cómh suarach i náiteannaibh’.<sup>464</sup> Fuair sé faoiseamh i gcuid deiridh an leabhair, áfach, agus mhaígh sé, i mí Feabhra 1940, nach ‘raibh an Béarla is na caibidil deireannacha chómh damnta leis an gcuid eile den leabhar’.<sup>465</sup> Ar ndóigh, bhí Ó Foghludha tar éis a rá sular thosaigh an Tóibíneach an t-aistriúchán, fiú, nach mbeadh sé ach ina chrá croí ag an aistritheoir agus

---

<sup>456</sup> Seán Mac Lellan chuig Nioclás Tóibín, 27 Deireadh Fómhair 1939, A0434, An Gúm.

<sup>457</sup> Nioclás Tóibín chuig Seán Mac Lellan, 31 Deireadh Fómhair 1939, A0434, An Gúm.

<sup>458</sup> Ibid., 6 Deireadh Fómhair 1939, A0434, An Gúm.

<sup>459</sup> Ibid., 26 Samhain 1939, A0434, An Gúm.

<sup>460</sup> Ibid., 6 Samhain 1939, A0434, An Gúm.

<sup>461</sup> Ibid., 6 Feabhra 1940, A0434, An Gúm.

<sup>462</sup> Ibid., 6 Samhain 1939, A0434, An Gúm.

<sup>463</sup> Ibid., 10 Samhain 1939, A0434, An Gúm.

<sup>464</sup> Ibid., 26 Samhain 1939, A0434, An Gúm.

<sup>465</sup> Ibid., 13 Feabhra 1940, A0434, An Gúm.

ag an nGúm dá leanfadh sé ar aghaidh leis.<sup>466</sup> Chaith Ó Foghludha a lán dá chuid ama ag ceartú an téacs: ‘Milleann an obair seo a lán dem chuid aimsire, acht ní fheicim go bhfuil leigheas air’.<sup>467</sup> Bhí fonn mór air na ceartúcháin dheireanacha a chríochnú chomh luath agus ab fhéidir leis: ‘Táim ag brostughadh chun an rud leadránach so a chur as mo láimh ar fad’.<sup>468</sup> Tugadh an ráta is ísle, 15/- an míle focal, don Tóibíneach toisc gur mhínigh Ó Foghludha go raibh air eagarthóireacht throm a dhéanamh ar an téacs: ‘Do bhí an oiread san ann de mhí-thuigsint i dtaobh an Bhéarla, agus tá an oiread san dem chuid-se aimsire caithte leis an ngnó gur dóigh liom nár cheart dam thar 16/- an míle focal do mholadh.’<sup>469</sup>

Cuireadh in iúl d’Edmund Alan Downey, údar an leabhair bhunaidh, i mí na Bealtaine 1940, nach raibh sé ar intinn ag an nGúm an leagan Gaeilge de *Forty-one*, nó aon leabhar eile seachas na cinn a bhí ag teastáil mar théacsleabhair mheánscoile a fhoilsiú i rith Aimsir na hÉigeandála: ‘it has been decided, as a measure of economy during the War emergency, not to incur any new expenditure on printing except in the case of such books as are definitely required as text-books for use by pupils in the secondary schools’.<sup>470</sup> Léirigh Mac Lellan i mí na Nollag 1944, áfach, go raibh an Gúm tar éis a lán leabhar nár théacsleabhair iad a fhoilsiú idir 1940 agus 1944. Ach bhraith sé nach raibh ‘aon deitheanas le foilsiú an aistriúcháin’, fós, agus mhol sé a rá le Downey go bhfoilseofaí an t-aistriúchán tar éis an chogaidh.<sup>471</sup> Bhí Tomás Ó hÉighneacháin ar aon intinn leis nár chóir an t-aistriúchán a fhoilsiú ag an bpointe sin. Chreid sé gur léir ón méid a dúirt Ó Foghludha faoin aistriú, nár aistriú maith a bhí ann. Bhí ceithre aistriúchán agus dhá bhunleabhar a scríobh an Tóibíneach ag na clódóirí ag an bpointe sin. Shíl sé

---

<sup>466</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig Seán Mac Lellan, 20 Meitheamh 1939, A0434, An Gúm.

<sup>467</sup> Ibid., 13 Nollaig 1939, A0434, An Gúm.

<sup>468</sup> Ibid., 23 Eanáir 1940, A0434, An Gúm.

<sup>469</sup> Ibid., 21 Feabhra 1940, A0434, An Gúm.

<sup>470</sup> Seán Mac Lellan chuig Edmund Alan Downey, 8 Bealtaine 1940, A0434, An Gúm.

<sup>471</sup> Seán Mac Lellan chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, 11 Nollaig 1944, A0434, An Gúm.

nár bh í ‘an chuid is fearr den Ghaedhilg’ a bhí iontu,<sup>472</sup> agus nár mhaith ‘an beart é an iomarca den droch-Ghaedhilge a thabhairt do na léightheoirí d’aon bhuille amháin’.<sup>473</sup>

Ar deireadh thiar, seoladh ordú cló chuig Oifig an tSoláthair i mí na Bealtaine 1946,<sup>474</sup> ach níor éirigh leis an Oifig comhlacht clódóireachta a aimsiú a bheadh in ann an leagan Gaeilge a fhoilsiú gan mhoill toisc go raibh comhlachtaí ar gcúl le hobair eile nár éirigh leo a dhéanamh i rith an chogaidh.<sup>475</sup> D’iarr Mac Lellan ar Oifig an tSoláthair 1000 cóip den leagan Gaeilge a fhoilsiú i mí na Nollag 1954.<sup>476</sup> Foilsíodh an leagan Gaeilge i mí na Nollag 1955, díoladh 148 cóip idir an t-am sin agus mí an Mhárta, 1962, agus bhí thart ar 786 cóip fós gan díol i mí na Bealtaine 1963.<sup>477</sup>

### **Samplaí de na lochtanna a fuarthas ar *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe* agus *Stair na Gréige***

Faoi mar a tagraíodh dó cheana, cheadaigh Domhnall Mac Grianna foilsiú an chéad imleabhair de *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe* in ainneoin go raibh amhras air i dtaca le nithe áirithe ann. 22 caibidil atá ann, ach ina thuairisc dhírigh sé go speisialta ar chaibidil a haon, mar mhaígh sé go dtógfadh sé tamall fada na lochtanna ar fad sa leabhar a lua. Tríd is tríd, mhaígh Mac Grianna gur bhain ceithre fhadhb leis an leagan Gaeilge, mar atá: níor thaitin an Ghaeilge a chuir Ó Domhnalláin ar fhocail áirithe le Mac Grianna; bhraith sé go raibh áiteanna san aistriúchán ina raibh sé soiléir nach ndearna Ó Domhnalláin iarracht eolas a aimsiú i leabhair ina mbeadh téarmaíocht oiriúnach ar fáil;

---

<sup>472</sup> Níor thug Ó hÉighneacháin le fios cérbh iad na haistriúcháin agus na bunleabhair seo, agus níl sé éasca an t-eolas seo a dhéanamh amach. D’fhoilsigh an Gúm aistriúchán is fiche leis an Tóibíneach, agus foilsíodh aon cheann déag díobh tar éis 1944, d’fhoilsigh siad naoi mbunleabhar leis, agus foilsíodh seacht gcinn díobh sin tar éis 1944. Tá liosta de na haistriúcháin dá chuid a d’fhoilsigh an Gúm ag deireadh an tráchtais.

<sup>473</sup> Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 7 Nollaig 1944, A0434, An Gúm.

<sup>474</sup> Seán Mac Lellan chuig Ceannasaí Oifig an tSoláthair, 21 Bealtaine 1946, A0434, An Gúm.

<sup>475</sup> Rúnaí an Aire Oideachais chuig Rúnaí Príobháideach Roinn an Taoisigh, 7 Márta 1947, A0434, An Gúm.

<sup>476</sup> Seán Mac Lellan chuig Ceannasaí Oifig an tSoláthair, 6 Nollaig 1954, A0434, An Gúm.

<sup>477</sup> Seán Mac Maoláin chuig Edmund Alan Downey, 9 Bealtaine 1963, A0434, An Gúm.

bhí an t-aistriúchán bunoscionn le ciall an Bhéarla bhunaidh in áiteanna; agus ní raibh brí na Gaeilge san aistriúchán soiléir dó i gcónaí.<sup>478</sup> Breathnaítear thíos ar cheithre cinn de na samplaí difriúla a luaigh Mac Grianna ina thuairisc. I gcás (A)–(D) thíos, luaitear (i) an leagan bunaidh Béarla, (ii) an leagan Gaeilge a foilsíodh (in ainneoin go bhfuair Mac Grianna locht air), agus (iii) an locht a fuair sé ar an leagan Gaeilge.

(A)

(i) universal equality<sup>479</sup>

(ii) cothrom foirleathan<sup>480</sup>

(iii) Dúirt Mac Grianna nár thaitin an Ghaeilge atá ag Ó Domhnalláin ar ‘universal’ leis, agus cé nár mhol sé leagan ar bith eile<sup>481</sup> is iad ‘cómhchoitcheann’ agus ‘uilibheach’ na leaganacha Gaeilge atá ar ‘universal’ i bhfoclóir Uí Dhuinnín.<sup>482</sup> Bhí ‘uilibheach’ in úsáid ag Ó Domhnalláin in áiteanna áirithe san aistriúchán, féach (D) thíos, mar shampla.

(B)

(i) Although still a pagan, he continued the mild policy of his predecessors in dealing with the Christians.<sup>483</sup>

(ii) Cé go raibh sé ina pháigánach ’san am, do lean sé leis le caingin chaoín a athar maidir leis na Críostaidhthe.<sup>484</sup>

(iii) De réir Mhic Grianna, ní raibh brí an fhocail ‘caingin’ soiléir agus ba ar éigean a thuigfeadh duine céard a bhí i gceist san abairt Ghaeilge gan féachaint ar an leagan

---

<sup>478</sup> Tuairisc Dhomhnaill Mhic Grianna, 23 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

<sup>479</sup> Weber, *A General History of the Christian Era*, vol. 1, 10.

<sup>480</sup> *Ibid.*, *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe*, iml. 1, 9.

<sup>481</sup> Tuairisc Dhomhnaill Mhic Grianna, 23 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

<sup>482</sup> Dineen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*.

<sup>483</sup> Weber, *A General History of the Christian Era*, vol. 1, 19.

<sup>484</sup> *Ibid.*, *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe*, iml. 1, 20.

Béarla.<sup>485</sup> Cé nár mhol sé malairt téarma anseo ach oiread, shamhlófaí, agus an chaint ar fad a rinne sé ar na foclóirí, gurbh é ‘dúnghaois’, an leagan Gaeilge atá ar ‘policy’ in *Foclóir Staire is Tír-Eóluíochta*, a bhí san intinn aige.<sup>486</sup> Ag breathnú ar an bhfocal ‘caingean’ ag an Duinníneach, tugtar ‘a law case; cause, dispute, covenant; a matter; a charge; a tribute’ mar mhíniú air.

(C)

- (i) One general language, Greek, was spoken throughout the empire.<sup>487</sup>
- (ii) Aon urlabhra coitcheann, an Ghréigis, do bhí ar labhairt ar fud na himpireachta.<sup>488</sup>
- (iii) Bhraith Mac Grianna nach raibh an chiall chéanna leis an leagan Gaeilge is a bhí leis an leagan Béarla san abairt seo. Dúirt sé gurbh é an ghnáthchiall a bhí le ‘aon’ nuair a bhí sé leis féin ná ‘any’, ach amháin i gcásanna fíorspeisialta, mar shampla ‘Aon-mhac Dé’. Chomh maith leis sin, mhaígh sé nach mbíonn teanga nó urlabhra ‘ar labhairt’, ach go mbíonn sé ‘dá labhairt’.<sup>489</sup>

(D)

- (i) Till then no one had called the papacy Italian, in spite of its Roman capital and its Italian incumbents. Now it was declared French, and to many persons it seemed to have lost the character of a universal Christian institution.<sup>490</sup>
- (ii) Do dhearbhuigheadh go mbu Fhranncach dhí anois, go raibh a lán daoine do mheas go raibh a cáilidheacht mar fhothúchán uilidheach Críostaidhe caillte aici.<sup>491</sup>

---

<sup>485</sup> Tuairisc Dhomhnaill Mhic Grianna, 23 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

<sup>486</sup> Roinn Oideachais Shaorstát na hÉireann, *Foclóir Staire is Tír-Eóluíochta*, 16.

<sup>487</sup> Weber, *A General History of the Christian Era*, vol. 1, 7.

<sup>488</sup> *Ibid.*, *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe*, iml. 1, 6.

<sup>489</sup> Tuairisc Dhomhnaill Mhic Grianna, 23 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

<sup>490</sup> Weber, *A General History of the Christian Era*, vol. 1, 229.

<sup>491</sup> *Ibid.*, *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe*, iml. 1, 260.



(iii) Faoi mar a dúradh cheana, bhraith Mac Grianna go raibh áiteanna sa téacs Gaeilge ina raibh sé soiléir nach ndearna Ó Domhnalláin iarracht eolas a aimsiú i leabhair ina mbeadh téarmaíocht oiriúnach ar fáil, agus tá sampla den chineál sin ar fáil anseo. Is é ‘bunnós’ an Ghaeilge atá ar ‘institution’ in *Foclóir Staire is Tír-Eóluíochta*,<sup>492</sup> ach bhain Ó Domhnalláin úsáid as ‘fothúchán’, leagan nach bhfuil fáil air i bhfoclóir an Duinnínigh ach oiread.<sup>493</sup>

Faoi mar a pléadh sa chuid dheireanach, socraíodh *Stair na Gréige* a fhoilsiú sa ‘chruth ina bhfuarthas’ ón Moinsíneoir Pádraig de Brún é,<sup>494</sup> in ainneoin na n-athruithe a mhol an bheirt eagarthóirí, Risteárd Ó Foghludha agus Micheál Ó Gríobhtha, a dhéanamh air ina gcuid tuairiscí.<sup>495</sup> Bhí tuairisc Uí Fhoghludha bunaithe ar an gcéad chaibidil den leagan Gaeilge.<sup>496</sup> Níl lámhscríbhinn *Stair na Gréige* ar fáil, ach mhaígh Tomás Ó hÉighneacháin go raibh 72 leabhar inti,<sup>497</sup> agus gur chreid sé go raibh tuairisc Uí Fhoghludha bunaithe ar na chéad chúig leabhar.<sup>498</sup> Thug Ó Gríobhtha le fios go raibh a thuairisc féin bunaithe ar na chéad chúig leabhar freisin.<sup>499</sup> Is léir, mar sin, go raibh an dá thuairisc bunaithe ar an sciar céanna den saothar, sé sin, ar an gcéad chaibidil (na chéad chúig leabhar), agus go deimhin, tá na lochtanna a fuair an bheirt acu le feiceáil sa chéad chaibidil.

Seo a leanas roinnt samplaí den éagsúlacht atá idir na téarmaí a foilsíodh i *Stair na Gréige* agus na téarmaí a moladh don Bhrúnach a úsáid, a raibh fáil orthu in *Foclóir Staire is Tír-Eóluíochta* nó i bhfoclóir Uí Dhuinnín. Seo thíos (i) an leagan Gaeilge a

---

<sup>492</sup> Roinn Oideachais Shaorstát na hÉireann, *Foclóir Staire is Tír-Eóluíochta*, 13.

<sup>493</sup> Tuairisc Dhomhnaill Mhic Grianna, 23 Eanáir 1930, A0117, An Gúm. Tá an focal ‘fothughadh’ ag an Duinníneach, a chiallaíonn ‘act of founding; foundation, basis; support, maintenance’.

<sup>494</sup> S.D. Ó Baoighill chuig Pádraig de Brún, 9 Deireadh Fómhair 1943, A0403, An Gúm.

<sup>495</sup> Tuairisc Risteárd Uí Fhoghludha, 10 Meán Fómhair 1937, A0403, An Gúm; Micheál Ó Gríobhtha chuig Seán Mac Lellan, 11 Feabhra 1943, A0403, An Gúm.

<sup>496</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádraig de Brún, 9 Deireadh Fómhair 1937, A0493, An Gúm.

<sup>497</sup> 72 leabhar thar 18 gcaibidil.

<sup>498</sup> Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 13 Deireadh Fómhair 1942, A0403, An Gúm.

<sup>499</sup> Micheál Ó Gríobhtha chuig Seán Mac Lellan, 11 Feabhra 1943, A0403, An Gúm.

foilsíodh, agus (ii) an leagan a mhol Ó Foghludha a úsáid ó fhoclóir Uí Dhuinnín, sa tuairisc a scríobh sé i mí Mheán Fómhair 1937:<sup>500</sup>

(i) conus<sup>501</sup>

(ii) cionnas<sup>502</sup>

(i) coidreamh<sup>503</sup>

(ii) caidreamh<sup>504</sup>

(i) cnocamhail<sup>505</sup>

(ii) cnocach<sup>506</sup>

(i) Eoraipe<sup>507</sup>

(ii) na hEorpa<sup>508</sup>

Seo a leanas (i) an leagan Gaeilge a foilsíodh, agus (ii) an leagan a mhol Ó Gríobhtha a úsáid ón *Foclóir Staire is Tír-Eóluíochta* nó ó fhoclóir Uí Dhuinnín, ina thuairisc siúd i mí Feabhra 1943:

(i) go poiblidhe<sup>509</sup>

(ii) go coitcheann<sup>510</sup>

---

<sup>500</sup> Tuairisc Risteáird Uí Fhoghludha, 10 Meán Fómhair 1937, A0403, An Gúm.

<sup>501</sup> John Bagnell Bury, *Stair na Gréige*, iml. 1, *Ón Tosach go Claoi na bPéirseach* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954), 3.

<sup>502</sup> Dineen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*.

<sup>503</sup> Bury, *Stair na Gréige*, iml. 1, 3.

<sup>504</sup> Dineen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*.

<sup>505</sup> Bury, *Stair na Gréige*, iml. 1, 1.

<sup>506</sup> Dineen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*.

<sup>507</sup> Bury, *Stair na Gréige*, iml. 1, 3.

<sup>508</sup> Dineen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*.

<sup>509</sup> Bury, *Stair na Gréige*, iml. 1, 27.

<sup>510</sup> Dineen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*.

- (i) Aifrice<sup>511</sup>
- (ii) na hAfraice<sup>512</sup>

- (i) Eoraípe<sup>513</sup>
- (ii) na hEorpa<sup>514</sup>

- (i) Éigipte<sup>515</sup>
- (ii) na hÉigipte<sup>516</sup>

- (i) ciorruighthe<sup>517</sup>
- (ii) ciorrbhuighthe<sup>518</sup>

- (i) spiaradóirí<sup>519</sup>
- (ii) sleaghdóirí<sup>520</sup>

- (i) na hAthaenigh<sup>521</sup>
- (ii) na hAithnigh<sup>522</sup>

- (i) laethanta<sup>523</sup>
- (ii) laetheanta<sup>524</sup>

---

<sup>511</sup> Bury, *Stair na Gréige*, iml.1, 3.

<sup>512</sup> Roinn Oideachais Shaorstát na hÉireann, *Foclóir Staire is Tír-Eóluíochta*, 25.

<sup>513</sup> Bury, *Stair na Gréige*, iml. 1, 3.

<sup>514</sup> Roinn Oideachais Shaorstát na hÉireann, *Foclóir Staire is Tír-Eóluíochta*, 29.

<sup>515</sup> Bury, *Stair na Gréige*, iml. 1, 7.

<sup>516</sup> Roinn Oideachais Shaorstát na hÉireann, *Foclóir Staire is Tír-Eóluíochta*, 28.

<sup>517</sup> Bury, *Stair na Gréige*, iml. 1, 31.

<sup>518</sup> Dineen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*.

<sup>519</sup> Bury, *Stair na Gréige*, iml. 1, 31.

<sup>520</sup> Dineen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*.

<sup>521</sup> Bury, *Stair na Gréige*, iml. 1, 37.

<sup>522</sup> Roinn Oideachais Shaorstát na hÉireann, *Foclóir Staire is Tír-Eóluíochta*, 25.

<sup>523</sup> Bury, *Stair na Gréige*, iml. 1, 48.

<sup>524</sup> Dineen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*.

(i) Chabhair<sup>525</sup>

(ii) Chabhruigh<sup>526</sup>

(i) Píoráitidheacht<sup>527</sup>

(ii) Píoráideacht<sup>528</sup>

Gheobhfar sa chuid seo a leanas roinnt samplaí den éagsúlacht idir an chomhréir a bhí in úsáid ag an mBrúnach, agus a foilsíodh, i *Stair na Gréige* agus an chomhréir a mhol Ó Gríobhtha. Faoi mar a tagraíodh dó cheana, botúin in aghaidh chomhréir na Gaeilge ab ea na botúin ba choitianta i leagan Gaeilge de Brún, dar le hÓ Gríobhtha. D'iarr an tAire Oideachais air roinnt samplaí a chur ar fáil,<sup>529</sup> agus roghnaigh Ó Gríobhtha ceithre cinn. Sheol an tAire na samplaí seo chuig an Taoiseach, agus chuir sé in iúl dó sa litir gur bhraith sé gur chóir earráidí mar seo a cheartú.<sup>530</sup> Seo a leanas (i) an leagan a foilsíodh, agus (ii) moladh Uí Ghríobhtha:

(i) Ach b'iad an dá chathair ba mhó tábhacht ann, agus gurbh ionta a bhí na ceannaphuirt ba threise, Cnossus agus Phaestus.<sup>531</sup>

(ii) Ach b'iad Cnossus agus Phaestus an dá chathair ba mhó tábhacht ann, agus b'ionnta bhí na ceannaphuirt ba threise.<sup>532</sup>

(i) 'Sé a tugtar ar lucht aon-bhaile, genos...<sup>533</sup>

---

<sup>525</sup> Bury, *Stair na Gréige*, iml. 1, 57.

<sup>526</sup> Dineen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*.

<sup>527</sup> Bury, *Stair na Gréige*, iml. 1, 57.

<sup>528</sup> Dineen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*.

<sup>529</sup> Micheál Ó Gríobhtha chuig Seán Mac Lellan, 26 Meitheamh 1943, A0403, An Gúm.

<sup>530</sup> Tomás Ó Deirg chuig Éamon de Valera, 10 Iúil 1945, A0403, An Gúm.

<sup>531</sup> Bury, *Stair na Gréige*, iml. 1, 7.

<sup>532</sup> Micheál Ó Gríobhtha chuig Seán Mac Lellan, 26 Meitheamh 1943, A0403, An Gúm.

<sup>533</sup> Bury, *Stair na Gréige*, iml. 1, 54.

(ii) Genos a tugtar ar lucht aon-bhaile...<sup>534</sup>

(i) ...b'iad céad-Ghréagaigh a sheol trasna na mara Aegéaighe chun tíortha nua d'fhagháil, na hAchaigh...<sup>535</sup>

(ii) ...b'iad na hAchaigh na céad Ghréagaigh a chuaidh trasna na mara chun tíortha nua d'fhagháil...<sup>536</sup>

(i) Deirtí gurb é a bhnuigh Argos, Ínachus...<sup>537</sup>

(ii) Deirtí gurb é Ínachus a bhnuigh Argos...<sup>538</sup>

Anuas ar na cinn thuasluaite, fuarthas scata lochtanna ginearálta eile ar leagan Gaeilge an Bhrúnaigh. Tagraíodh cheana don locht a fuair Ó Foghludha ar an gcaoi ar scríobh de Brún 'do' in ionad 'de' go minic.<sup>539</sup> Fuair Ó Gríobhtha an locht seo air freisin, shíl sé, mar shampla, gur cheart don Bhrúnach 'de bhárr', a scríobh in ionad 'do bhárr'.<sup>540</sup> Chomh maith leis sin, léirigh Ó Gríobhtha gur scríobh de Brún 'deallruigheann go' go minic, gan aon ainmní, mar shampla: 'deallruigheann gur mhinic dóibh ag lonnú sa phálas'.<sup>541</sup> Bhraith sé gur chóir dó 'deallruigheann sé gur...' a scríobh.<sup>542</sup>

## Breithiúnas Criticiúil

Chreid Micheál Breathnach nach ndeachaigh an Gúm i ngleic le cás *Stair Choitcheann*

---

<sup>534</sup> Micheál Ó Gríobhtha chuig Seán Mac Lellan, 26 Meitheamh 1943, A0403, An Gúm.

<sup>535</sup> Bury, *Stair na Gréige*, iml. 1, 65.

<sup>536</sup> Micheál Ó Gríobhtha chuig Seán Mac Lellan, 26 Meitheamh 1943, A0403, An Gúm.

<sup>537</sup> Bury, *Stair na Gréige*, iml. 1, 82.

<sup>538</sup> Micheál Ó Gríobhtha chuig Seán Mac Lellan, 26 Meitheamh 1943, A0403, An Gúm.

<sup>539</sup> Tuairisc Risteáird Uí Fhoghludha, 10 Meán Fómhair 1937, A0403, An Gúm.

<sup>540</sup> Bury, *Stair na Gréige*, iml.1, 2.

<sup>541</sup> *Ibid.*, 56.

<sup>542</sup> Micheál Ó Gríobhtha chuig Seán Mac Lellan, 26 Meitheamh 1943, A0403, An Gúm.

na Ré Críostaidhe go héifeachtach, agus tugann an fhianaise le fios go raibh an ceart aige. Bhí díomá ar Bhreathnach nach bhfuair Ó Domhnalláin an t-aistriúchán samplach a bhí ag teastáil uaidh ón nGúm, agus nach ndearnadh mionanailís ar an gcéad imleabhar ionas go bhfeicfeadh sé go soiléir cá raibh an ‘chranndacht’ agus an easpa simplíochta aige.<sup>543</sup> Dar le Breathnach, b’aistriúchán dúshlánach é seo,<sup>544</sup> agus níor éirigh leis an nGúm cabhair ná tacaíocht a thabhairt don aistritheoir nuair a bhí siad ag teastáil.<sup>545</sup> Bhí 22 caibidil den dara himleabhar aistrithe ag Ó Domhnalláin<sup>546</sup> faoin am ar shocraigh an Gúm gan glacadh leis an aistriúchán,<sup>547</sup> agus ní bhfuair Ó Domhnalláin íocaíocht ar bith as na caibidlí sin.<sup>548</sup> É sin ráite, bhí cuid mhór den locht ar an aistritheoir féin toisc nach raibh sé sásta in aon chor éisteacht, ná glacadh, leis an gcomhairle a cuireadh air.

Feictear gur cheadaigh Domhnall Mac Grianna foilsíú an chéad imleabhair,<sup>549</sup> cé gur léirigh sé roimhe sin go raibh an t-aistriúchán bunoscionn le ciall an Bhéarla bhunaidh.<sup>550</sup> Ceadáíodh é i gcomhair meánscoileanna, freisin,<sup>551</sup> in ainneoin gur admhaigh Mac Grianna gur ar éigean a d’fhéadfaí a rá go raibh Gaeilge shoiléir ann.<sup>552</sup> Caithfidh gur chruthaigh doiléire na Gaeilge deacrachtaí do na daltaí meánscoile a raibh aistriúchán Phádhraic Uí Dhomhnalláin mar théacsleabhar acu,<sup>553</sup> ach níl aon fhianaise sa chomhad go ndearna Mac Grianna machnamh air seo agus an téacs á fhaomhadh aige.

<sup>543</sup> Mícheál Breathnach chuig Seán Mac Lellan, 30 Deireadh Fómhair 1934, A0285, An Gúm.

<sup>544</sup> Tuairisc Mhichíl Bhreathnaigh, g.d., A0117, An Gúm.

<sup>545</sup> Mícheál Breathnach chuig Seán Mac Lellan, 30 Deireadh Fómhair 1934, A0285, An Gúm.

<sup>546</sup> Pádhraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 14 Feabhra 1934, A0285, An Gúm.

<sup>547</sup> Rúnaí an Aire Oideachais chuig Pádhraic Ó Domhnalláin, 6 Feabhra 1935, A0285, An Gúm.

<sup>548</sup> A0285, An Gúm. Íocadh Ó Domhnalláin i gceart as an gcéad imleabhar; tugadh £49:10 dó. Foirm Íocaíochta an Aistritheora, 14 Deireadh Fómhair 1931, A0117, An Gúm.

<sup>549</sup> Domhnall Mac Grianna chuig Seán Mac Lellan, 16 Meán Fómhair 1930, A0117, An Gúm.

<sup>550</sup> Tuairisc Dhomhnaill Mhic Grianna, 23 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

<sup>551</sup> Tá *imprimatur* na Roinne Oideachais le feiceáil ag tús an fhoilseacháin Ghaeilge: ‘Measta ag an Roinn Oideachais i gcóir foillsiúcháin fá’n nGúm chun cabhrúithe le foillsiú leabhar i nGaedhilg atá oriúnach mar théacs-leabhra ins na Meán-Sgoileanna.’

<sup>552</sup> Tuairisc Dhomhnaill Mhic Grianna, 23 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

<sup>553</sup> Cé nach bhfuarthas aon fhianaise sna comhaid i dtaca le líon na scoileanna, mar a dúradh cheana, foilsíodh dhá mhíle cóip de *Stair na Gréige*. Foilsíodh an chéad leath de na cóipeanna sin i mí Eanáir 1932, agus bhí na cóipeanna seo nach mór díolta faoi Mheán Fómhair na bliana sin. Ar a laghad, mar sin, díoladh

Fearacht *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe*, d'aontaigh an tAire Ó Deirg le *Stair na Gréige* a fhoilsiú sa 'chruth ina bhfuarthas' ó de Brún é,<sup>554</sup> agus ceadaíodh é le húsáid sna meánscoileanna<sup>555</sup> in ainneoin gur léiríodh roimhe sin go raibh botúin maidir le gramadach agus litriú na Gaeilge ann.<sup>556</sup> Arís, níl aon fhianaise sna comhaid a bhaineann leis an aistriúchán gur smaoinigh an Gúm faoi na daltaí meánscoile a mbeadh saothar de Brún mar théacsleabhar acu agus na cinní seo á ndéanamh acu. Caithfidh gur chuir éagsúlacht chomhréir na Gaeilge mearbhall ar na daltaí i dtaca le rialacha gramadaí na Gaeilge, agus gur chuir an canúnachas<sup>557</sup> amú iad maidir le téarmaíocht agus litriú na Gaeilge.

Tugtar léargas suimiúil sna cásanna seo ar an easpa úsáide a bhain de Brún, a raibh ardstádas i léann na Gaeilge aige,<sup>558</sup> agus Ó Domhnalláin, a bhí ina Ollamh le Gaeilge i gceann de na coláistí oiliúna, as téacs a chuir coiste téarmaíochta na Roinne Oideachais ar fáil, an *Foclóir Staire is Tír-Eóluíochta*. Bhain de Brún úsáid as a chuid focal féin go minic in ionad úsáid a bhaint as na focail a bhí san fhoclóir seo nó i bhfoclóir Uí Dhuinnín.<sup>559</sup> Bhí téarmaí san fhoclóir seo nár úsáid Ó Domhnalláin, nó nuair a bhain sé úsáid astu, bhí litriú mícheart nó neamhchaighdeánach aige.<sup>560</sup> In ainneoin go raibh post gradamach sa Ghaeilge ag Ó Domhnalláin in institiúid ardoideachais agus go raibh sé ina Scrúdaitheoir Gaeilge i Roinn an Oideachais,<sup>561</sup> ní raibh mórán measa aige ar na foinsí oifigiúla téarmaíochta agus foclóireachta a bhí ar fáil. B'fhéidir nach aon iontas é, dá

---

thart ar mhíle cóip de, agus shamhlófá gur cheannaigh daltaí meánscoile cuid mhaith de na cóipeanna sin, toisc gur leabhar scoile é.

<sup>554</sup> S.D. Ó Baoighill chuig Pádraig de Brún, 9 Deireadh Fómhair 1943, A0403, An Gúm.

<sup>555</sup> Tá *imprimatur* na Roinne Oideachais le feiceáil ag tús an fhoilseacháin Ghaeilge.

<sup>556</sup> Mícheál Ó Gríobhtha chuig Seán Mac Lellan, 11 Feabhra 1943, A0403, An Gúm; *ibid.*, 26 Meitheamh 1943, A0403, An Gúm.

<sup>557</sup> Tuairisc Risteáird Uí Fhoghludha, 10 Meán Fómhair 1937, A0403, An Gúm.

<sup>558</sup> Seosamh Ó Néill chuig Tomás Ó Deirg, g.d., A0403, An Gúm.

<sup>559</sup> Mícheál Ó Gríobhtha chuig Seán Mac Lellan, 11 Feabhra 1943, A0403, An Gúm.

<sup>560</sup> Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 19 Deireadh Fómhair 1934, A0285, An Gúm.

<sup>561</sup> Domhnall Mac Grianna chuig Seán Mac Lellan, 16 Meán Fómhair 1930, A0117, An Gúm.

bharr, nach raibh mórán measa ag Mac Grianna ar chaighdeán a chuid Gaeilge. Dúirt sé go raibh sé deacair a thuiscint céard a bhí ar siúl in áiteanna san aistriúchán gan féachaint ar an mBéarla.<sup>562</sup>

Chuirte i leith an Ghúim go minic gur chaith siad go míchothrom lena gcuid aistritheoirí. Mhotaigh Nioclás Tóibín go raibh olc ag an nGúm dó toisc go raibh sé ar an ngannchuid agus toisc nach raibh post ardhéimiúil aige. Mar a dúradh cheana, mhol sé a rá leis an Aire Oideachais, Tomás Ó Deirg, nach raibh ‘aon bhiadh ceart á chaitheamh’ aige, agus ‘go mb’fhéidir go mb’fhearr an leabhar a thabhairt le haistriú do dhuine éigin’ a raibh ‘tuarastal mór cheana féin aige nó peinsiún mór ag dul do’.<sup>563</sup> Léiríodh i gcás Uí Dhomhnalláin agus de Brún go raibh an ceart ag an Tóibíneach go raibh claonadh sa Ghúm géilleadh d’aistritheoirí a raibh gradam ag baint lena ngairm agus caitheamh leo ar shlí dhifriúil. Chonacthas go raibh ceithre chúis ag Mac Grianna le lámhscríbhinn *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe* a chur chun na clódóirí go díreach mar a bhí sí agus gan brú a chur ar an aistritheoir feabhas a chur uirthi, agus bhain an chéad dá chúis le stádas an aistritheora mar scríbhneoir agus an gradam a bhí ag baint lena phost.<sup>564</sup> Bhraith an Gúm faoi bhrú ag fórsa seachtrach an stádais phoiblí, mar sin. I gcás *Stair na Gréige*, mhol Ó Néill gan athrú a dhéanamh ar aistriúchán de Brún toisc go raibh ardstádas aige i léann na Gaeilge agus toisc, de réir cosúlachta, go raibh aithne mhaith aige ar de Valera.<sup>565</sup>

I gcás *Dathad a hAon*, chreid Ó Foghludha nach mbeadh ach ‘cráidhteacht do féin agus don Roinn’ i gceist dá leanfadh an Tóibíneach ar aghaidh leis an aistriúchán,<sup>566</sup> agus bhí barúil ag Mac Lellan go mbeadh ar na heagarthóirí obair fhadálach a dhéanamh chun

---

<sup>562</sup> Tuairisc Dhomhnaill Mhic Grianna, 23 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

<sup>563</sup> Nioclás Tóibín chuig Seán Mac Lellan, 19 Meitheamh 1939, A0434, An Gúm.

<sup>564</sup> Domhnall Mac Grianna chuig Seán Mac Lellan, 16 Meán Fómhair 1930, A0117, An Gúm.

<sup>565</sup> Seosamh Ó Néill chuig Tomás Ó Deirg, g.d., A0403, An Gúm.

<sup>566</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig Seán Mac Lellan, 20 Meitheamh 1939, A0434, An Gúm.



é a cheartú.<sup>567</sup> Tugann an fhianaise le fios go raibh an ceart acu. Chaith Ó Foghludha a lán dá chuid ama ag ceartú an aistriúcháin,<sup>568</sup> agus bhraith sé go raibh na ceartúcháin an-leadránach.<sup>569</sup> Ní raibh an Tóibíneach féin iomlán sásta ach oiread agus bhí aiféala air gur chuir sé brú ar an nGúm ligean dó an t-aistriúchán a dhéanamh toisc go raibh sé chomh míthaitneamhach.<sup>570</sup> Ní raibh fonn ar an nGúm an saothar a fhoilsiú nuair a bhí sé críochnaithe ag an Tóibíneach sa bhliain 1940. D'úsáid Mac Lellan an cogadh mar leithscéal chun foilsiú an aistriúcháin a chur ar athlá,<sup>571</sup> agus bhraith Ó hÉighneacháin nár mhaith an rud é an iomarca de dhroch-Ghaeilge an Tóibínigh, agus roinnt saothar dá chuid ag na clódóirí cheana féin, a thabhairt do na léitheoirí d'aon iarraidh amháin.<sup>572</sup> Tar éis na hoibre fadálaí seo go léir, níor díoladh ach thart ar 148 cóip de *Dathad a hAon* sna chéad seacht mbliana a bhí sé ar díol.<sup>573</sup>

Feictear sna trí chás go raibh tionchar suntasach ag brú seachtrach ar ghníomhaíochtaí an Ghúim. Cé nach raibh siad sásta le caighdeán aon cheann de na haistriúcháin seo a cuireadh faoina mbráid, ghlac siad leo, d'iarr siad ar léitheoirí agus ar eagarthóirí tuairiscí a chur ar fáil agus moltaí a dhéanamh i dtaca leis na saothair a fheabhsú, agus chuir siad i gcló ar deireadh iad. Cuireadh i leith an Ghúim go minic, faoi mar a dúradh cheana, nár chaith siad i gceart le haistritheoirí i gcónaí, ach níor chaith na haistritheoirí i gceart leis an nGúm i gcónaí ach oiread. Ní raibh Ó Domhnalláin, de Brún ná Tóibín sásta glacadh leis an gcomhairle a cuireadh orthu, agus bhí siad sách teasaí ina thaobh. Shíl an chéad bheirt nár cheart iad a cheistiú agus stádas chomh hard sin acu i saol na Gaeilge, agus, ar deireadh, géilleadh dóibh. I dtaca leis an Tóibíneach, mhol Mac

---

<sup>567</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 8 Bealtaine 1939, A0434, An Gúm.

<sup>568</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig Seán Mac Lellan, 13 Nollaig 1939, A0434, An Gúm.

<sup>569</sup> Ibid., 23 Eanáir 1940, A0434, An Gúm.

<sup>570</sup> Nioclás Tóibín chuig Seán Mac Lellan, 6 Samhain 1939, A0434, An Gúm.

<sup>571</sup> Seán Mac Lellan chuig Edmund Alan Downey, 8 Bealtaine 1940, A0434, An Gúm; Seán Mac Lellan chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, 11 Nollaig 1944, A0434, An Gúm.

<sup>572</sup> Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 7 Nollaig 1944, A0434, An Gúm.

<sup>573</sup> Seán Mac Maoláin chuig Edmund Alan Downey, 9 Bealtaine 1963, A0434, An Gúm.

Lellan, faoi dhó, nach ndéanfadh sé aistriúchán maith ar *Forty-one*,<sup>574</sup> ach toisc gur mhol an tAire go mbeadh sé ar a chumas é a aistriú, chuir Ó Dubhthaigh brú ar Mhac Lellan ligean dó an leabhar a aistriú.<sup>575</sup> Ar aon dul le cás *Stair na Gréige* agus *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe*, bhraith an Gúm go raibh iachall orthu glacadh le haistriúchán an Tóibínigh, d’ainneoin nach raibh siad sásta le caighdeán an téacs.

---

<sup>574</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 8 Bealtaine 1939, A0434, An Gúm; *ibid.*, 3 Meitheamh 1939, A0434, An Gúm.

<sup>575</sup> Proinnsias Ó Dubhthaigh chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 9 Bealtaine 1939, A0434, An Gúm; *ibid.*, 6 Meitheamh 1939, A0434, An Gúm.

## Caibidil 4

**‘Considerable changes would have to be made—and in many places’:**

### **An Gúm agus cúrsaí cinsireachta**

Mar a míníodh i gCaibidil 1, léirítear i gcomhaid an Ghúim nárbh é ceartú na gramadaí an chéad chúram a bhí ar eagarthóirí na n-aistriúcháin, ach cúram cinsireachta. Léiríodh, chomh maith, go ndearnadh taifead ar na saothair Bhéarla a ndearnadh cinsireacht orthu sa Saorstát in *Tabhall na bhFoilsíúcháin Coiscthe*, ach gur cuireadh féinchinsireacht i bhfeidhm ar théacsanna Gaeilge. Tá níos mó taighde de dhíth, mar sin, ar chás na Gaeilge chun a fháil amach cérbh iad go díreach na saothair a ndearnadh cinsireacht orthu. Tá scagadh déanta ag Máire Nic an Bhaird, ina tráchtas dochtúireachta, ar an gcinsireacht a rinne an Gúm ar na saothair bhunaidh *Fánaí*, *Mo Thurus go hAmerice*, *An Braon Broghach* agus *Cumhacht na Cineamhna*<sup>576</sup> agus sa chaibidil seo, díreofar ar dhá théacs, *Iascaire Inse Tuile* agus *Taoisigh Eorpa*, ar shamplaí iad den chinsireacht a rinneadh i bpróiseas an aistrithe, ábhar nach ndearnadh mionphlé air go dtí seo.

Ní hé, ar ndóigh, go ndearnadh cinsireacht ar na haistriúcháin ar fad a chuir an Gúm amach, agus níl aon fhianaise sna comhaid a bhaineann leis na húrscéalta *Maria Chapdelaine* agus *Dathad a hAon* a léiríonn go ndearnadh athrú ar bith den chineál seo orthu, ná gur léiríodh amhras ar bith i dtaobh aon chuid de na saothair. Ní haon ionadh é seo nuair a chuirtear ábhar na n-úrscéalta seo san áireamh. Tá *Maria Chapdelaine* suite in Quebec, cúige Ceanadach ina bhfuil móramh Caitliceach, agus is daoine cráifeacha go smior iad na carachtair sa scéal.<sup>577</sup> Is úrscéal é *Dathad a hAon* faoi cheannairí éirí amach

---

<sup>576</sup> Ó Caomhánaigh, *Fánaí*; Dubhghlas de hÍde, *Mo Thurus go hAmerice* (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1937); Máirtín Ó Cadhain, *An Braon Broghach* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1948); Tomás Bairéad, *Cumhacht na Cineamhna* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1950).

<sup>577</sup> Louis Hémon, *Maria Chapdelaine* (Paris: Bernard Grasset, 1921).

1641, agus mar sin tá sé go mór ar son an náisiúnachais agus an Chaitliceachais. I dtaobh *A History of Greece to the Death of Alexander the Great*, ba é Pádraig de Brún, sagart Caitliceach, a chuir an leabhar faoi bhráid an Ghúim.<sup>578</sup> D’fhéadfaí a shamhlú, dá bharr, gur roghnaigh sé an téacs seo go comhfhiosach, agus níor cheart go gcuirfeadh sé iontas ar éinne nach bhfuil fianaise ar bith sna ceithre chomhad a bhaineann leis an aistriúchán áirithe seo gur moladh nó go ndearnadh cinsireacht ar bith ar an téacs.<sup>579</sup>

Mar an gcéanna, ní luaitear cinsireacht ar bith sa chomhad a bhaineann le *A General History of the Christian Era*.<sup>580</sup> Ní hiontas ar bith é seo, ach oiread, mar roghnaíodh an leabhar seo ar an ábhar go raibh sé i bhfabhar na gCaitliceach. Luaigh Seán Mac Lellan, a bhí ina Oifigeach Foilseachán sa Ghúm, an leabhar seo sa chomhad a bhaineann leis an téacs *Makers of Europe* agus é ag iarraidh na fáthanna ar roghnaíodh an téacs áirithe sin a chosaint. Thug sé le fios gur cuireadh san áireamh go raibh ‘a strictly pro-Catholic History’ á aistriú ag Pádraic Ó Domhnalláin, .i. *A General History of the Christian Era*. Bhí Mac Lellan den tuairim go raibh *Makers of Europe* i bhfabhar na bProtastúnach, ach cheap sé go mbeadh cothromaíocht in ábhar staire na meánscoileanna toisc go mbeadh aistriúchán seo Uí Dhomhnalláin ar fáil freisin.<sup>581</sup>

Tá fáil ar dhá thuairisc shuimiúla a scríobhadh sa bhliain 1932 sa chomhad a bhaineann le *A General History of the Christian Era*. Chuir scríbhneoir in *An Timire* in iúl gur bhraith sé/sí go raibh gá, le blianta, le leabhar staire as Béarla agus as Gaeilge ina léireofaí dearcadh Caitliceach.<sup>582</sup> Bhí iriseoir in *The Standard* ar aon intinn leo:

An té léighfeadh na páipéir bhaineann le stair leagtair os comhair mac léighinn na hIolscoile agus na Scoil Idir-Meadhonaig le linn trial an tsamhraid thuigfeadh sé

---

<sup>578</sup> Pádraig de Brún chuig an nGúm, 23 Eanáir 1937, A0403, An Gúm; Bury, *A History of Greece*.

<sup>579</sup> A0403, An Gúm.

<sup>580</sup> A0117, An Gúm; Weber, *A General History of the Christian Era*, vol. 1.

<sup>581</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 9 Feabhra 1931, A0117, An Gúm; Wilmot-Buxton, *Makers of Europe*.

<sup>582</sup> *An Timire*, Bealtaine 1932, A0117, An Gúm.

ar nóiméint an gádh mór atá ann go mbeadh leabhair ar stair le fagháil ag na hoidí agus ag na macaibh léiginn bheadh stair an domhain scríobhta ionnta i slighe oírfeadh do Caitlicigh—i slighe bheadh an fhírinne ann maidir leis an mbaint atá ag an gcreideamh le stair.

Dá olcas bhí an sceul againn go dtí so maidir len a leithéid de leabhair i mBearla, bhí sé i bhfad níoba measa maidir le leabhair den tsaghas úd i nGaedhilge.<sup>583</sup>

De réir an tuairisceora in *An Timire*, ní raibh ach leabhair staire ina raibh dearcadh Protastúnach ar fáil le tamall, agus iad sin as Béarla, ach anois, le teacht *A General History of the Christian Era*, bhí an dearcadh eile ar fáil as Béarla agus as Gaeilge araon: ‘An té na raibh ach Béarla aige, níorbh fholáir dó stair an domhain a sgrúdughadh tré shúilibh Prostasthúgacha go dtí le fíor-dhéanaighe. Bhí an sgéal níba mheasa féin ag an nGaodhal. A bhuidhe le Padhraic tá an scéal ar a mhalairt de chuma anois’.<sup>584</sup>

**‘Tá píosaí anso is ansúd, agus caibeadal amháin ann, ná beifí buidheach don Roinn**

**Oideachais dá sgaoilfí chun an phobail Ghaedhlaigh iad mar atáid.’: cúrsaí**

**collaíochta in *Iascaire Inse Tuile***

Ag cruinniú de chuid an Choiste Foilseachán,<sup>585</sup> i mí na Samhna 1927, pléadh litir agus liosta leabhar a sheol Pádraig Ó Brolcháin, a bhí ina Phríomh-Oifigeach i gceannas ar an mbunoideachas, chuig an nGúm. Ba mhian leis go n-aistreodh an Gúm roinnt de na leabhair ar an liosta, agus bhí leagan Béarla de *Pêcheur d’Islande*,<sup>586</sup> le Pierre Loti, ina measc.<sup>587</sup> I ndiaidh dóibh an téacs a phlé, scríobh roinnt ball den Choiste,<sup>588</sup> chomh maith leis an scríbhneoir Cionait Ó Roideáin,<sup>589</sup> léirmheas ar an úrscéal. Níor thug Ó Roideáin

---

<sup>583</sup> *Standard*, 18 Meitheamh 1932, A0117, An Gúm.

<sup>584</sup> *An Timire*, Bealtaine 1932, A0117, An Gúm.

<sup>585</sup> Seo a leanas na baill a bhí i láthair ag an gcrúinniú: Dubhghlas de hÍde, Tadhg Ó Donnchadha, Seoirse Mac Niocaill, Piaras Béaslaí, Gearóid Ó Lochlainn, Colm Ó Murchadha agus Risteárd Ó Foghludha. Míontuairiscí an Chruinnithe, 3 Samhain 1927, G068, An Gúm.

<sup>586</sup> Pierre Loti, *Pêcheur d’Islande*.

<sup>587</sup> Míontuairiscí an Chruinnithe, 3 Samhain 1927, G068, An Gúm.

<sup>588</sup> An tAthair Láimhbheartach Mac Cionnaith, Colm Ó Murchadha agus Risteárd Ó Foghludha.

<sup>589</sup> Bhí drogall ar Ó Roideáin ballraíocht a ghlacadh sa Choiste toisc nach raibh sé in ann freastal ar na cruinnithe; ina ainneoin sin, d’iarradh an Gúm air a thuairim faoi théacsanna áirithe a chur in iúl don

ná Colm Ó Murchadha le fios ina gcuid litreacha cén leagan a léigh siad,<sup>590</sup> ach bhí an leagan Fraincise, chomh maith leis an leagan Béarla, léite ag an Athair Láimhbheartach Mac Cionnaith agus Risteárd Ó Foghludha araon. Bhí siad go léir ar aon ghuth gur scéal maith a bhí ann.<sup>591</sup>

Shíl Ó Roideáin nach raibh mórán leabhar eile a bhí chomh hoiriúnach le haistriú go Gaeilge leis an leabhar seo, agus gur cheart aistriúchán cruinn cruthaitheach a dhéanamh air: ‘I can conceive very few books more worthy of translation, and careful, imaginative translation at that, into Irish than this book, and it has a primitive quality which in my opinion is not mere art but is innate and indigenous entitling it to priority of translation for the reading public we are endeavouring to attract’.<sup>592</sup> Shamhlaigh sé an lucht léitheoireachta mar rómánsaithe sofaisticiúla a bhí díreach tar éis an scoil a fhágáil: ‘The public we seek for these translations is one just left school and is a romantic minded as well as a sophisticated one’. Bhraith sé go dtaitneodh *Pêcheur d’Islande* leis an sciar seo den phobal, agus gur cheart tús áite a thabhairt d’aistriúchán a dhéanamh air.<sup>593</sup>

Thug an tAthair Mac Cionnaith ‘a gem of literature’ ar an leagan Fraincise. Tharlódh go mbeifí ag súil leis gur ón sagart Caitliceach a thiocfadh aon mholadh gur cheart cinsireacht a dhéanamh ar an aistriúchán,<sup>594</sup> ach ní mar sin a bhí—ó Cholm Ó Murchadha, a d’oibrigh mar aistritheoir sa státseirbhís, a tháinig sé.<sup>595</sup> Tar éis do na

---

Choiste. Ba scríbhneoir é Ó Roideáin—bhuaigh sé an duais drámaíochta i gcomórtas litríochta Tailteann sa bhliain 1924—agus is dócha gurbh é sin an fáth ar iarr an Gúm air saothair a léamh dóibh. Cionait Ó Roideáin chuig Seán Mac Lellan, 4 Eanáir 1928, A0527, An Gúm; Seán Mac Lellan chuig Cionait Ó Roideáin, 20 Nollaig 1927, A0002, An Gúm; “Kenneth Reddin.”

<sup>590</sup> An leagan bunaidh Fraincise nó an leagan Béarla.

<sup>591</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig an nGúm, 2 Nollaig 1927, A0527, An Gúm; Cionait Ó Roideáin chuig Seán Mac Lellan, 4 Eanáir 1928, A0527, An Gúm; An tAthair Láimhbheartach Mac Cionnaith chuig an nGúm, g.d., A0527, An Gúm; Colm Ó Murchadha chuig an nGúm, g.d., A0527, An Gúm.

<sup>592</sup> Cionait Ó Roideáin chuig Seán Mac Lellan, 4 Eanáir 1928, A0527, An Gúm.

<sup>593</sup> Ibid., 5 Feabhra 1928, A0527, An Gúm.

<sup>594</sup> An tAthair Láimhbheartach Mac Cionnaith chuig an nGúm, g.d., A0527, An Gúm.

<sup>595</sup> Ceapadh Colm Ó Murchadha mar Chléireach na Dála in 1922. Is faoi a bhí féachaint chuige go mbeadh aistriúcháin oifigiúla ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ar gach dlí a bheadh achtaithe i mBéarla nó i nGaeilge. Bhí sé ar an gcoiste a ceapadh in 1922 chun téacs Gaeilge an bhunreachta nua a sholáthar.

léirmheastóirí eile ardmholadh a thabhairt d’ábhar an bhunleabhair, ba é Ó Murchadha a léirigh míshástacht faoi chodanna ar leith ann. Mhaígh sé nach mbeadh an pobal buíoch den Roinn Oideachais as píosaí faoi leith den téacs a aistriú.<sup>596</sup>

Luaigh Ó Murchadha leabhar eile, *Fánaí*, a ndearna an Gúm cinsireacht air ag deireadh na bhfichidí. Mar a pléadh i gCaibidil 1, chruthaigh an téacs áirithe seo go leor conspóide. Rinne an tAthair Mícheál Ó Murchadha, a bhí ina Scrúdaitheoir Deoiseach d’Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath, gearán nach raibh píosaí sa leabhar seo, a raibh baint acu le cúrsaí collaíochta, oiriúnach do dhaltáí meánscoile. Athghairmeadh cóipeanna den leabhar a bhí fós sna siopaí, dá bharr, baineadh na sleachta míchuí as, agus cuireadh *Fánaí* i gcló arís sa bhliain 1928. Bhraith Colm Ó Murchadha go raibh codanna de *Pêcheur d’Islande* a bhí níos conspóidí ná rud ar bith a bhí i dtéacs *Fánaí*: ‘Tá píosaí anso is ansúd, agus caibeadal amháin ann, ná beifí buidheach don Roinn Oideachais dá sgaoilfí chun an phobail Ghaedhlaigh iad mar atáid. Is measa iad, dar liom-sa, ná aon rud atá sa “bhFánaí”. Mara mbeadh na píosaí seo adeirim is é mo thuairim gurbh fhiú é dh’aistriú’. In ainneoin an imní a bhí air faoi chodanna áirithe in *Pêcheur d’Islande*, d’admhaigh Ó Murchadha gur thug an scríbhneoir léargas an-mhaith sa bhunleabhar ar shaol na mBriotánach agus go mbainfeadh léitheoirí Gaeilge taitneamh as an leabhar a léamh toisc go raibh cosúlacht mhór idir saol na n-iascairí sa scéal agus saol iascairí na hÉireann: ‘Pictiúir ana-mhaith iseadh an leabhar so de shaol na mBriotáineach, idir fhear agus bhean, ach pictiúir ana-bhrónach. Ba cheart go raghadh sé go maith i nGaedhlig mar d’fhéadfaí mórán de a sgríobh mar gheall ar iasgairí na hÉireann’.<sup>597</sup>

Ní raibh i gceist na bpíosaí conspóideacha ach dúshlán amháin a bhí le sárú ag an

---

Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, “Ó Murchú, Colm (1889–1939),” Ainm.ie, faighte 12 Meán Fómhair 2017, <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=216>.

<sup>596</sup> Colm Ó Murchadha chuig an nGúm, g.d., A0527, An Gúm.

<sup>597</sup> Ibid.

nGúm agus iad ag iarraidh Gaeilge a chur ar an téacs seo, áfach. Bhraith Risteárd Ó Foghludha<sup>598</sup> agus an tAthair Mac Cionnaith araon go mbeadh sé i bhfad ní b'fhearr aistriúchán a dhéanamh ar an mbunleagan Fraincise, seachas ar an aistriúchán Béarla: 'The Breton atmosphere of the original has already lost much of its acrid brine in this translation. In a translation of a translation it may feel somewhat vapid'. Ach dar leis an Athair Mac Cionnaith, ní fhéadfadh na haistritheoirí sa Ghúm a raibh Fraincis acu a cheart a thabhairt don saothar: 'The book has little of the qualities, such as swing of events attractiveness of character-sketching etc. which a merely approximate translation—such as any translation we could possibly get at present of Loti's French—would succeed in preserving'.<sup>599</sup>

Tharlódh gur chuir ceist na bpíosáí conspóideacha, agus/nó easpa scileanna aistritheoirí Fraincise an Ghúim, moill ar dhul chun cinn socruithe chun *Pêcheur d'Islande* a aistriú, mar, cé gur tráchtadh ar an aistriúchán seo a dhéanamh ar dtús i ngeimhreadh na bliana 1927,<sup>600</sup> ní dhearnadh socruithe arís chun é a aistriú go dtí mí Feabhra 1932. Ag an bpointe sin, mhol Seán Mac Lellan an t-aistriúchán Béarla a thabhairt le léamh don eagarthóir Tomás Ó hÉighneacháin.<sup>601</sup> Chreid Ó hÉighneacháin gurbh fhiú am agus airgead a chaitheamh ar aistriúchán Gaeilge, ach bhraith sé go bhféadfaí na 'giotaí aimhreasacha' a fhágáil ar lár toisc nach raibh 'baint ró-dhlúth ar fad ag na giotaí seo leis an sgéal féin'.<sup>602</sup>

Ansin, mhol Mac Lellan tuairim Mhichíl Bhreathnaigh a fháil.<sup>603</sup> Bhí Breathnach ina bhall de Choiste na Leabhar, agus mhol sé, i mí Mheán Fómhair 1932, é a aistriú, dá

---

<sup>598</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig an nGúm, 2 Nollaig 1927, A0527, An Gúm.

<sup>599</sup> An tAthair Láimhbheartach Mac Cionnaith chuig an nGúm, g.d., A0527, An Gúm.

<sup>600</sup> Miontuairiscí an Chruinnithe, 3 Samhain 1927, G068, An Gúm.

<sup>601</sup> Seán Mac Lellan chuig Tomás Ó hÉighneacháin, 2 Feabhra 1932, A0527, An Gúm.

<sup>602</sup> Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 5 Márta 1932, A0527, An Gúm.

<sup>603</sup> Seán Mac Lellan chuig Micheál Breathnach, 19 Aibreán 1932, A0527, An Gúm.



mbeadh ‘fear i n-Éirinn in-iúl dó’.<sup>604</sup> Go deimhin, tharlódh gur measadh nach raibh fear in Éirinn inniúil ar an aistriúchán seo a dhéanamh, mar tá an chuma ar an scéal gur cuireadh an t-aistriúchán ar fionraí; scríobhadh ‘Suspended List’ ar an nóta a scríobh Breathnach, agus cuireadh stad le socrúithe chun é a dhéanamh arís eile go dtí mí na Samhna 1944, nuair a dúirt Ó hÉighneacháin go mbeadh ar chumas Shéamus Uí Ghrianna é a aistriú ón mbunleagan Fraincise.<sup>605</sup> Mar a léiríodh i gCaibidil 1, bhí Ó Grianna ar an mbeagán aistritheoirí maithe Fraincise a bhí ar fáil ag an nGúm, dar le Mac Lellan, agus tugadh ardmholadh dó as an aistriúchán a rinne sé ar an leabhar Fraincise *La Terre Qui Meurt*, a foilsíodh sa bhliain 1935.<sup>606</sup> Chuaigh an t-aistriúchán seo i gcion ar Ó hÉighneacháin, agus mar sin, bhraith sé go bhféadfadh Ó Grianna leagan maith Gaeilge de *Pêcheur d’Islande* a chur ar fáil.

Iarradh ar Ó Grianna é a aistriú ar an 3 Bealtaine 1945,<sup>607</sup> agus laistigh de chúpla lá, bhí sé curtha in iúl aige go ndéanfadh sé é.<sup>608</sup> Bhí an t-aistriúchán iomlán i seilbh na Roinne Oideachais faoin 30 Iúil 1945,<sup>609</sup> agus ba ag an bpointe sin, a tosaíodh ar chinsireacht a dhéanamh air. Mhaígh Ó hÉighneacháin go mbeadh ar an nGúm ‘píosaí beaga a fhágáil ar lár thall agus ibhfus ann’, ach nach mbeadh ‘ach cúpla céad focal i gceist’.<sup>610</sup> Níor míníodh riamh d’úinéirí na gceart foilsithe, Messrs. Calmann-Lévy, go raibh sé beartaithe ag an nGúm cinsireacht a dhéanamh air—ní dúradh leo ach gur theastaigh ón nGúm é a aistriú.<sup>611</sup> Bhí an t-aistriúchán réidh do na clódóirí faoi mhí an

---

<sup>604</sup> Micheál Breathnach chuig Seán Mac Lellan, 29 Meán Fómhair 1932, A0527, An Gúm.

<sup>605</sup> Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 21 Samhain 1944, G303, An Gúm.

<sup>606</sup> ‘Tá blas agus snas na Gaedhilge ar an aistriú agus tá corra cainnte na Gaedhilge fighite fuaighte thríd an scéal ar dhóigh go saoilfeá gur úrscéal atá ann a chum sé féin’. Maolmhuire, “Ughdair Thir Chonaill,” *Irish Independent*, 2 Aibreán 1935; Seán Mac Lellan chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, 5 Bealtaine 1948, A0595, An Gúm.

<sup>607</sup> Seán Mac Lellan chuig Séamus Ó Grianna, 3 Bealtaine 1945, A0527, An Gúm.

<sup>608</sup> Séamus Ó Grianna chuig Seán Mac Lellan, 10 Bealtaine 1945, A0527, An Gúm.

<sup>609</sup> *Ibid.*, 30 Iúil 1945, A0527, An Gúm.

<sup>610</sup> Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 3 Lúnasa 1945, A0527, An Gúm.

<sup>611</sup> Seán Mac Lellan chuig Messrs. Calmann-Lévy, 15 Iúil 1946, A0527, An Gúm.

Mheithimh 1946.<sup>612</sup>

Níl aon fhianaise sa chomhad a bhaineann leis an téacs gur dúradh riamh le hÓ Grianna gur cuireadh cinsireacht i bhfeidhm ar a aistriúchán, ach léirigh sé an meon a bhí aige i leith na cinsireachta sa nuachtán *An Phoblacht* sa bhliain 1932 (sular thug sé faoin saothar seo a aistriú):

...there would be no necessity to censor the literature of the Gaeltacht. I couldn't conceive myself or Donn or Seosamh or any of the Gaelic writers that I know writing anything that would need to be censored. Of course there are two kinds of censorship. There is the censorship by the civil servant, whose idea of efficiency is a page of blue pencil marks. And there is the censorship which is by some considered necessary for the sake of morality or decency or both. I will never submit to the former brand of censorship unless indeed I am very hungry and they find it out and try to humiliate me. But as for the censorship on grounds of public morality and decency, I will always submit to the censorship of the Gael—of the Catholic Gael with fifteen centuries of tradition behind him in faith and nationality.<sup>613</sup>

Cinsireacht an státseirbhísigh, ‘censorship by the civil servant’, a rinneadh ar *Iascaire Inse Tuile*, ach dealraíonn sé gur cuireadh an chinsireacht i bhfeidhm ar mhaithe leis an bhféiniúlacht Chaitliceach a mholann Ó Grianna sa dara leath den sliocht a chosaint. Bhí gráin aige ar litríocht thur leanbaí, agus cháin sé scríbhneoireacht na Gaeilge sa bhliain 1927 toisc nár tugadh léiriú fírinneach inti ar an saol:

Dearc ar na rudaí a sgríobhtar i nGaedhilg. Nach gcuirfeadh siad náire ar mhadadh. “Sgairte againn a bhí ag coláiste Ghaedhilge agus bhí turas againn. Rinne Máire agus Nóra an tae réidh. Bhí an tráthnóna go h-áluinn. Sa deireadh thugamar ár n-aghaidh ar a’ bhaile.” (Is iongantach nach mur gcúl a bhéarfadh sibh leis.) Amannaí eile bíonn céilidhe againn. “Bhí sé go h-an deas ar fad. Rinne Méadhbha cúrsa damhsa (nó greas rinne), dubhairt Séamus amhrán. Labhair an t-Athair Pádrúig leis na macaibh léighinn, etc., etc.” Agus ar ndóighe is breágh an rud turas agus an tae a rinne Nóra. Tá mé cinnte go dtearn sí braon blasta. Agus is breágh an rud céilidhe agus an ceol agus an damhsa. Acht i n-ainm Dé an fíú iad a chur i gcló? An gcuirfeadh tír ar bith a mbéadh meas aici uirthí féin an cineál seo amaidighe i gcló seachtmhain i ndiaidh na seachtmhaine?<sup>614</sup>

<sup>612</sup> Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 28 Meitheamh 1946, A0527, An Gúm.

<sup>613</sup> A0527, An Gúm; Séamus Ó Grianna, “Plight of Irish Artists,” *An Phoblacht*, 6 Lúnasa 1932.

<sup>614</sup> Séamus Ó Grianna, “Sgríbhneoirí Gaedhilge—nár Agraídh Dia ortha é,” *The Catholic Bulletin* 17, uimh. 11 (Samhain 1927): 1172.

Mhol Ó Grianna *Fánaí* toisc gur tugadh léargas ionraic ann ar na carachtair:

Tá rud amháin soilléir ins an sgéal ó n-a thús go dtí n-a dheireadh; tá na daoine atá ann beo. Tchíthear duit, agus tú 'ghá léigheamh go bhfuil tú ag amharc ortha agus ag éisteacht leo. Rud a bheir le fios go bhfuil eolas maith ag an sgríbhneoir ar shaoghal a' duine, go bhfuil súil ghéar aige le rudaí a thabhairt fá dear, agus go bhfuil sé ábalta cuntas glinn soilléir a thabhairt ortha a bheireas greim ort agus tú 'ghá léigheamh.<sup>615</sup>

Feicfear níos déanaí sa chaibidil seo gur baineadh amach roinnt de na gnéithe is réalaíche de scéal *Iascaire Inse Tuile*—eachtraí a bhaineann le cúrsaí collaíochta. Shamhlófá ó na sleachta thuas nach dtaitneodh sé seo le hÓ Grianna ar chor ar bith. Is léir ó chomhfhreagras an Ghúim gur dhuine achrannach ab ea é,<sup>616</sup> agus is cinnte nach mbeadh sé sásta gur athraíodh giotaí áirithe dá aistriúchán i ngan fhios dó.

**‘I should not like to take the responsibility of approving the book. Indeed I cannot approve it—though I recognise that it is wonderfully fair for a Protestant writer.’:**

#### ***Taoisigh Eorpa agus dearcadh údar an tsaothair bhunaidh***

Ba é an t-aistritheoir, Micheál Ó Siochfhradha, a bhí ina chigire scoile, a mhol *Makers of Europe*<sup>617</sup> don Ghúm ar dtús. Scríobh sé chucu ar an 5 Iúil 1929 agus rinne sé tagairt do chomhrá a bhí aige le Seán Mac Lellan cúpla lá roimhe sin faoi leabhair staire do chúrsaí na Meánteistiméireachta agus na hArdteistiméireachta. Chuala Ó Siochfhradha deathuirisc ar an téacsleabhar seo a scríobh Ethel Mary Wilmot-Buxton, a bhí in úsáid i ‘Scoil Bhrighde’.<sup>618</sup> Léigh sé é agus sheol sé a thuairisc chuig an nGúm ar an 18 Iúil 1929.

---

<sup>615</sup> Séamus Ó Grianna, “Leabhar na Miosa,” *Fáinne an Lae*, Aibreán 1929.

<sup>616</sup> I litir amháin chuig an nGúm, scríobh sé ‘Thanks for your letter and contract form. There are some things in the latter which I cannot understand, and I intended to write and ask you to have the form translated into English for me—or into Irish if you could so arrange matters’. Séamus Ó Grianna chuig Seán Mac Lellan, 18 Meán Fómhair 1928, A0033, An Gúm. Deir Uí Laighléis go raibh na litreacha a scríobh sé chuig an nGúm ‘cliste cinnte, agus deisbhéalach, agus géarchúiseach, ach searbh nuair ba ghá, dar leis, agus caithfear a admháil, bhí cuid díofa crosta, cancrach fosta’. Uí Laighléis, *Gallán an Ghúim*, 137.

<sup>617</sup> Wilmot-Buxton, *Makers of Europe*.

<sup>618</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 5 Iúil 1929, A0053, An Gúm.

Fuair sé locht ar leabhair staire eile ar na cúiseanna seo a leanas: ‘méid an leabhair nó laighead an leabhair—claonú an ughdair chun creidimh éigin nó chun tíre éigin—mí-oiriúnaithe an leabhair maidir le costas nó leagan na hinnsinte’, ach bhí sé den tuairim gur bheag locht a bhí ar *Makers of Europe* agus go mbeadh an leabhar lánoiriúnach mar théacs do scoláirí agus do mhúinteoirí a bheadh ag dul don Mheánteistiméireacht. Maidir leis an Ardteistiméireacht, shíl sé gurbh fhearr fanacht le leabhair bhunaidh dírithe ar thréimhsí éagsúla ar chlár na hArdteistiméireachta ná aon leabhar a bhí ar eolas aige a aistriú, ach go gcuirfeadh *Makers of Europe* i gcumas aon mhúinteora aon tréimhse acu a mhúineadh idir an dá linn.<sup>619</sup>

Bhraith Ó Siochfhradha nach gcuirfeadh náisiúntacht an údair isteach ar oiriúnacht an leabhair do mheánscoileanna na hÉireann: ‘má tá éinne a mbeadh fonn air an leabhar so do lochtú ’chionn gur Sasanach a dhein é, tabhair le léigheamh do é agus raghaidh an t-amhras san de’.<sup>620</sup> Is léir ó leabhar eile a scríobh Wilmot-Buxton, *A Catholic History of Great Britain*, gur Chaitliceach í. Deir an tAthair C.C. Martindale i réamhrá an leabhair sin: ‘It is, in particular, satisfactory that this History should have been written by a Catholic...Miss Wilmot-Buxton, writing about Catholic times, can look through Catholic eyes and understand the evidence’.<sup>621</sup> Níl aon fhianaise sa chomhad a bhaineann le *Makers of Europe* go raibh creideamh an scríbhneora ar eolas ag an nGúm,<sup>622</sup> agus feicfeadh thíos gur glacadh leis cúpla uair gur Phrotastúnach í.

É sin ráite, mheas Ó Siochfhradha gur cheart ‘fiche abairt den innsint’ a fhágáil ar lár agus go bhféadfaí ‘teacht ar chomhairle ’na dtaobh san’. Mhol sé an leabhar a thabhairt do bhaill de Choiste na Leabhar, nó múinteoirí staire chun é a mheas agus tuairim a fháil

---

<sup>619</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 18 Iúil 1929, A0053, An Gúm.

<sup>620</sup> Ibid.

<sup>621</sup> C.C. Martindale, Introduction, in *A Catholic History of Great Britain*, E.M. Wilmot-Buxton (London: Burns Oates & Washbourne Ltd, 1921).

<sup>622</sup> A0053, An Gúm.

uathu. Luaigh sé múinteoirí staire faoi leith,<sup>623</sup> ina measc an Bráthair Seosamh Ó Muirthile, a bhí ina mhúinteoir i gColáiste Choill Cluana Gabhann agus Lúise Ghabhánach Ní Dhubhthaigh,<sup>624</sup> a bhí ina múinteoir i Scoil Bhríde. Socraíodh ag cruinniú d’fhochoiste de chuid Choiste na Leabhar—an FoChoiste um Leabhra Eolais—ar an 25 Iúil 1929, go mbeadh Ó Siochfhradha oiriúnach chun aistriúchán a dhéanamh ar *Makers of Europe*.<sup>625</sup> Chuir sé roimhe an t-aistriúchán a bheith críochnaithe aige faoi mhí na Bealtaine ionas go bhfoilseofaí é roimh oscailt na meánscoileanna in 1930.<sup>626</sup> Thug Mac Lellan le fios i mí na Nollag 1929 go raibh an FoChoiste sásta gur leabhar oiriúnach é *Makers of Europe* ‘for translation for use in the schools in the teaching of European history’.<sup>627</sup>

Bhí cearta foilsithe an leabhair ag Methuen & Co. Ltd. Deirtear sa chonradh a rinneadh idir rialtas an tSaorstáit (ar a dtugtar ‘the Publishers’ sa ráiteas seo a leanas) agus Methuen & Co. Ltd (ar a dtugtar ‘the Proprietors’) ar an 13 Eanáir 1931: ‘the Proprietors grant permission to the Publishers to translate into Irish and publish in volume form in that language an edition of 3,000 copies of a work entitled “Makers of Europe”, by the late Miss E.M. Wilmot-Buxton’.<sup>628</sup>

I mí Iúil 1930 thug Ó Siochfhradha le fios go raibh an t-aistriúchán críochnaithe aige.<sup>629</sup> Chuaigh baill foirne ó thrí scoil i dteagmháil leis an nGúm faoin aistriúchán i rith

---

<sup>623</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 18 Iúil 1929, A0053, An Gúm.

<sup>624</sup> Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, “Ó Muirthile, Seosamh Micheál (1905–1984),” Ainm.ie, faighte 7 Iúil 2017, <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1741>; *ibid.*, “Duffy, Louise Gavan (1884–1969),” Ainm.ie, faighte 7 Iúil 2017, <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=20>. Bhí Ní Dhubhthaigh ar dhuine de bhunaitheoirí Scoil Bhríde, a bhí ar Fhaiche Stiabhna ar dtús, ach osclaíodh foirgneamh nua don scoil sa bhliain 1965 sa láthair a raibh Scoil Íde ag an bPíarsach ar Bhóthar Fhíodh Cuillinn, Ragnallach.

<sup>625</sup> Seo a leanas na daoine a bhí i láthair ag an gcrúinniú sin: Seoirse Mac Niocaill, Lúise Ghabhánach Ní Dhubhthaigh, An tAthair Láimhbheartach Mac Cionnaith agus Micheál Breathnach. Miontuairiscí an Chruinnithe, 25 Iúil 1929, G097, An Gúm.

<sup>626</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 2 Lúnasa 1929, A0053, An Gúm.

<sup>627</sup> Seán Mac Lellan chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 1 Nollaig 1929, A0053, An Gúm.

<sup>628</sup> Conradh, 13 Eanáir 1931, A0053, An Gúm.

<sup>629</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 12 Iúil 1930, A0053, An Gúm.

shamhradh/fhómhar na bliana 1930, mar a bhí, Aindrias Ó Muimhneacháin ó Choláiste Caoimhín i nGlas Naíon, Pádraig Tiburtius (P.T.) Ó Riain ó Scoil na mBráithre i nDaingean Uí Chúis agus An tSiúr M. Columbán ó Choláiste Íde i nDaingean Uí Chúis. Chuir an triúr acu in iúl don Ghúm go raibh an t-aistriúchán a rinne Ó Siochfhradha ag teastáil go géar le haghaidh thús na bliana scoile.<sup>630</sup> Dar leis an tSiúr Columbán, thug Ó Siochfhradha le fios gur cheart go mbeadh an leabhar réidh laistigh de thrí seachtaine, agus de réir Uí Mhuimhneacháin, dúirt an t-aistritheoir leis siúd go raibh an t-aistriúchán réidh don chlódóir. Dúirt Ó Muimhneacháin go raibh Coláiste Caoimhín ‘i ngádhtar’ leabhar chun stair a mhúineadh trí mheán na Gaeilge agus go gcuirfeadh an scoil ordú mór isteach ar an aistriúchán toisc go raibh an scoil ag fanacht lena leithéid le fada. Mhínigh Ó Riain go raibh Scoil na mBráithre i ‘gcrúadh-chás’ gan téacsleabhar staire sa Ghaeilge a bheith acu agus bhraith sé go mbeadh an-éileamh ar an aistriúchán. Bhí an t-aistriúchán de dhíth chomh géar sin ar na scoileanna gur iarr beirt acu, Ó Muimhneacháin agus An tSiúr Columbán, ar an nGúm “proof-sheet” nó “printer’s copy” a sheoladh chucu mura raibh an t-aistriúchán foilsithe i gceart fós. Níl aon rud sa chomhad a thugann le fios gur thug an Gúm freagra ar dhuine ar bith acu ag an bpointe seo.

Mhaígh Ó Siochfhradha ar an 11 Meán Fómhair 1930 go raibh ‘gach aon ghnó’ a bhain le haistriúchán an leabhair curtha de.<sup>631</sup> Ní raibh, áfach, mar d’ardaigh an t-eagarthóir, Pádraig Ó Siochfhradha, nó ‘An Seabhac’, mar a tugadh air, ceist faoi oiriúnacht an leabhair ar an 22 Eanáir 1931, sé mhí i ndiaidh don aistritheoir an t-aistriúchán a chur i gcrích.<sup>632</sup> Cé go raibh an leagan Gaeilge réidh le seoladh chuig na clódóirí, ní raibh an t-eagarthóir cinnte go mbeadh na scoileanna dara leibhéal sásta leis

---

<sup>630</sup> Aindrias Ó Muimhneacháin chuig Seán Mac Lellan, 29 Iúil 1930, A0053, An Gúm; P.T. Ó Riain chuig an nGúm, 22 Lúnasa 1930, A0053, An Gúm; An tSiúr M. Columbán chuig an nGúm, 26 Lúnasa 1930, A0053, An Gúm.

<sup>631</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 11 Meán Fómhair 1930, A0053, An Gúm.

<sup>632</sup> Ibid., 12 Iúil 1930, A0053, An Gúm.

an méid a dúradh faoin Reifirméisean toisc go mbraithfí go raibh níos mó bá ag an údar, Ethel Mary Wilmot-Buxton, le Protastúnaigh ná mar a bhí aici le Caitlicigh. Dhírigh an Seabhac ar leathanaigh faoi leith,<sup>633</sup> ach gur léirigh sé nár cheap sé féin go raibh ‘puinn’ cearr leis an mbunleabhar. Dar leis go raibh daoine ag éirí ‘braitheach’ nó soghonta na laethanta sin faoi rudaí den chineál sin.<sup>634</sup> Bhí Mac Lellan den tuairim go bhféadfaí ráitis faoi leith san aistriúchán a mhaolú dá mbeidís róláidir ar son na bProtastúnach agus aistriúchán á dhéanamh ag Micheál Ó Siochfhradha ar an téacs: ‘possibly the case will be met by instructing the Editor to make sure that the translator has not accentuated (but rather the reverse) any bias which the author may have shown in dealing with matters which have been subjects of religious controversy’.<sup>635</sup>

Cheap Mac Lellan go raibh píosaí faoi leith sa téacs i bhfabhar na bProtastúnach, ceart go leor, ach nach raibh siad frith-Chaitliceach in aon chor: ‘Miss Wilmot Buxton’s references in the original book to Papal Deposition (page 144), Indulgences (page 146), The Inquisition (page 153) & the Massacre of St. Bartholomew (page 169) are pro-protestant, but hardly, in any opinion, anti-catholic’. Rinne sé machnamh ar an téacs a thabhairt don Athair Láimhbheartach Mac Cionnaith, a bhí ina bhall den FhoChoiste um Leabhra Eolais, nó don Athair Micheál Ó Murchadha, a bhí ina urlabhraí ag an Ardeaspag, le tuairim bhreise a fháil, ach bheartaigh sé nach raibh sé sin riachtanach ag an bpointe sin: ‘in the circumstances, I think we need not take any action on the lines of submitting the text to Fr. McKenna or Fr. Ó Murchadha’.<sup>636</sup>

Bhraith sé gur ghá dó a chur in iúl, áfach, céard a bhí ar intinn ag an bhFoChoiste nuair a roghnaigh siad an téacs seo sa chéad áit. Mhaígh sé gur chuir Ó Siochfhradha, a

---

<sup>633</sup> Déantar anailís ar na leathanaigh ar dhírigh sé orthu sa chéad chuid eile den chaibidil.

<sup>634</sup> Pádraig Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 22 Eanáir 1931, A0053, An Gúm.

<sup>635</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 9 Feabhra 1931, A0053, An Gúm.

<sup>636</sup> Ibid.

bhí ina chigire scoile, dea-thuirisc ar an téacs isteach; go raibh sé in úsáid cheana féin i meánscoileanna Caitliceacha faoi leith; nach raibh saothair staire eile oiriúnach; agus go raibh leabhar staire a bhí i bhfabhar na gCaitliceach<sup>637</sup> á aistriú ag Pádraic Ó Domhnalláin don Roinn Oideachais:

- The advisory committee had in mind when selecting this book for translation—
- (1) the recommendation of the Inspector who undertook to translate it;
  - (2) the fact that it is in use in a number of Catholic Secondary Schools;
  - (3) the unsuitability of Webster & others for translation; &
  - (4) the fact that a strictly pro-Catholic History (“The Christian Era”—Weber is being translated by Padraic O Domhnalláin.<sup>638</sup>

Ar aon dul leis an tuairim a bhí á léiriú cheana ag daoine eile, cheap Proinnsias Ó Dubhthaigh, Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, nach raibh an bunleabhar claonta i gcoinne na gCaitliceach ach an oiread: ‘this book certainly seems to be written from a Protestant view-point—i.e. by a Protestant and for Protestants—though not in a bigotted way, as far as I have been able to see’.<sup>639</sup> Léirigh sé nach bhféadfaí píosaí den téacs a fhágáil gan aistriú, toisc gur cheart go mbeadh an leagan Gaeilge ina aistriúchán ar an téacs Béarla ina iomláine, ach go mb’fhéidir go raibh an ceart ag Mac Lellan maidir le ráitis a mhaolú dá mba ghá: ‘as the Irish version is a translation, and published professionally as such, I don’t think we can make any material alteration in the sense of oppressing of the original, except to the limited extent which Mr. McLellan suggests’.<sup>640</sup>

Tar éis d’Ó Dubhthaigh comhairle a fháil ó Rúnaí na Roinne Oideachais, Seosamh Ó Néill,<sup>641</sup> shocraigh sé go mb’fhéidir go mb’fhearr dul i dteagmháil leis an Athair Mac

---

<sup>637</sup> Weber, *A General History of the Christian Era*, vol. 1.

<sup>638</sup> Níor thug Mac Lellan ach sloinne an údair, ‘Webster’, ach bhí *Modern European History* le Hutton Webster ar fáil ag an am seo, agus is dócha gurbh é an téacs sin a bhí i gceist aige. Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 9 Feabhra 1931, A0053, An Gúm.

<sup>639</sup> Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 10 Feabhra 1931, A0053, An Gúm.

<sup>640</sup> Ibid.

<sup>641</sup> Seosamh Ó Néill chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, 26 Feabhra 1931, A0053, An Gúm.



Cionnaith chun a thuairim a fháil ar an mbunleabhar: ‘perhaps it would be best to see Fr. McKenna about this, and explain the circs, and present position to him: and ask for his opinion as to the book’.<sup>642</sup> Labhair Mac Lellan leis an Athair Mac Cionnaith, dá bharr, agus dúirt sé go ndéanfadh sé siúd teagmháil leis nuair a bheadh an bunleabhar léite aige.<sup>643</sup> Ba é an tAthair Mac Cionnaith an chéad duine a léirigh an tuairim gur cheart don Ghúm athruithe suntasacha a dhéanamh ar an téacs. Ba chinneadh místuama an leabhar a aistriú sa chéad áit, dar leis, agus bhraith sé go gcáinfi an leagan Gaeilge mura ndéanfaí ráitis faoi leith a mhaolú ann:

I have looked over this book, especially the places marked. Considerable changes would have to be made—and in many places—if it were thought necessary to render the book proof against all hypercritical folk. It is the general tone, the perspective in which things are put that is wrong; there are few definite statements that could be challenged. I am sorry it was chosen. Still with a little—a very little modification here and there, I mean merely toning down certain words, etc.—it could be made fairly unobjectionable.<sup>644</sup>

Chomhairligh an tAthair Mac Cionnaith athruithe faoi leith a dhéanamh ar na leathanaigh a bhí luaite ag an Seabhadh cheana féin. Léirigh an sagart nár mhaith leis a bheith freagrach as moladh a thabhairt don Ghúm an t-aistriúchán a fhoilsiú. Ghlac sé leis gur Phrotastúnach é an scríbhneoir, agus bhraith sé gurbh insint iontach cothrom é, nuair a cuireadh creideamh an scríbhneora san áireamh. Mhothaigh sé gur cheart an scéal a phlé leis an Athair Ó Murchadha, a bhí ina urlabhraí ag an Ardeaspag, agus an cinneadh a fhágáil faoi i dtaca le hoiriúnacht an leabhair: ‘I should not like to take the responsibility of approving the book. Indeed I cannot approve it—though I recognise that it is wonderfully fair for a Protestant writer. I would suggest leaving the decision to Fr. Murphy who represents the Archbishop’.<sup>645</sup>

---

<sup>642</sup> Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais chuig Seán Mac Lellan, 27 Feabhra 1931, A0053, An Gúm.

<sup>643</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 2 Márta 1931, A0053, An Gúm.

<sup>644</sup> An tAthair Láimhbheartach Mac Cionnaith chuig Seán Mac Lellan, g.d., A0053, An Gúm.

<sup>645</sup> Ibid.

Mhol an tAthair Mac Cionnaith na hathruithe a luaigh sé féin a dhéanamh, chomh maith le pé athruithe eile a bhí ag teastáil ‘with a view to seeing that nothing obviously unfair from the standpoint of the ordinary Catholic layman is left in’. Míodh don Athair Ó Murchadha go raibh sé soiléir don Roinn Oideachais nárbh fhéidir an t-aistriúchán a fhoilsiú gan roinnt athruithe a dhéanamh san insint. Sheol an Gúm na hathruithe a luaigh an tAthair Mac Cionnaith ar aghaidh chuige agus d’iarr siad air a rá leo cérbh iad na hathruithe eile a bheadh ag teastáil: (1) dá gcuirfí aistriúchán ar an leabhar amach faoi scéim na meánscoileanna agus (2) dá gcuirfí aistriúchán ar an leabhar amach don phobal i gcoitinne. Chomhairligh Ó Dubhthaigh go gcuirfí an t-aistriúchán i gcló mar litríocht ghinearálta agus ní mar théacs scoile. Ní bheadh orthu *imprimatur* na Roinne Oideachais a chlóbhualadh ag tús an aistriúcháin dá gcuirfí é i gcló faoi scéim na litríochta ginearálta agus bheadh sé fós ar fáil do scoileanna dá mba mhaith leo é a úsáid. Bheadh ar an nGúm an *imprimatur* a chlóbhualadh, áfach, dá gcuirfí amach é mar leabhar i gcomhair meánscoileanna agus thabharfadh seo le fios gur mheas an Roinn Oideachais go raibh an leabhar oiriúnach do dhaltaí scoile.<sup>646</sup>

Mhínigh an tAthair Ó Murchadha go raibh a fhios aige go raibh an bunleabhar in úsáid sna scoileanna ag an am, ach fós nach mbeadh sé ceart *imprimatur* na Roinne Oideachais a chur air. Chreid an tAthair Ó Murchadha go raibh píosaí faoi leith sa leagan Béarla a thaispeáin ‘gomh an údair chun an chreidimh Catoilicidhe’. Mhol sé go ndéanfaí níos mó athruithe chun claonadh in aghaidh na gCaitliceach a bhaint den téacs agus mhaígh sé go mbeadh an t-aistriúchán ina leabhar maith staire don saol Gaelach tar éis don Ghúm na hathruithe seo a dhéanamh.<sup>647</sup> Dhírigh sé ar leathanaigh faoi leith, cúpla leathanach a luaigh an Seabhac roimhe sin, agus roinnt leathanach eile freisin. Bhraith

---

<sup>646</sup> Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 31 Márta 1931, A0053, An Gúm.

<sup>647</sup> An tAthair Micheál Ó Murchadha chuig an nGúm, g.d., A0053, An Gúm.

Mac Lellan go mbeadh sé ní b'fhearr, i bhfianaise thuairisc Uí Mhurchadha, dá ndéanfaí an t-aistriúchán a fhoilsiú mar théacs i gcomhair an phobail i gcoitinne.<sup>648</sup>

Ar an ábhar sin, iarradh ar Ó Siochfhradha na hathruithe a marcáladh ar an téacs a chur i bhfeidhm. Míníodh dó go gcuirfí cló ar an aistriúchán mar 'ádhbhar-leabhar do'n phobal i gcoitchinn'.<sup>649</sup> Bhí sé sásta na hathruithe a dhéanamh<sup>650</sup> agus bhí siad déanta aige, agus an t-aistriúchán ar ais i seilbh na Roinne Oideachais, faoin 22 Meitheamh 1931. Mhínigh sé gur bhraith sé féin riamh go raibh athruithe mar sin ag teastáil ach gur tuigeadh dó nach raibh cead aige athruithe a dhéanamh toisc go raibh an leagan Gaeilge 'ag dul fé ainm aistriúcháin'. Mhóthaigh sé gur bhain sé de ghéire an údair trí chodanna a fhágáil ar lár ach nár chuir sé isteach ar leanúnachas na hinsinte. Chreid sé nach raibh seirbhe an údair chomh soiléir anois tar éis dó na hathruithe a dhéanamh.<sup>651</sup> Íocadh an dara leath den airgead a bhí ag dul d'Ó Siochfhradha leis ar an 25 Lúnasa 1931,<sup>652</sup> beagnach bliain i ndiaidh dó an t-aistriúchán a chríochnú.<sup>653</sup>

Chuaigh Pádraig Tiburtius Ó Riain, ó Scoil na mBráithre i nDaingean Uí Chúis, i dteagmháil leis an nGúm arís i mí Lúnasa 1931, ag fiafraí díobh an raibh an leabhar staire ar fáil go fóill. Bhí siad chun bliain scoile eile a thosú gan leabhar staire sa Ghaeilge, agus é ag teastáil go géar uathu.<sup>654</sup> Míníodh dó nach mbeadh an leagan Gaeilge ullamh acu go dtí Earrach na bliana 1932.<sup>655</sup> Ní raibh sé foilsithe fós, áfach, faoi thús na bliana scoile 1932. De réir Uí Shiochfhradha, chuir a lán daoine ceist air faoin leabhar agus bhí na céadta cóip ordaithe ó shiopaí leabhar éagsúla, Brown and Nolan ina measc. Shíl sé gur

---

<sup>648</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 9 Bealtaine 1931, A0053, An Gúm.

<sup>649</sup> Seán Mac Lellan chuig Micheál Ó Siochfhradha, 11 Meitheamh 1931, A0053, An Gúm.

<sup>650</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 13 Meitheamh 1931, A0053, An Gúm.

<sup>651</sup> Ibid., 22 Meitheamh 1931, A0053, An Gúm.

<sup>652</sup> Foirm Íocaíochta an Aistritheora, 25 Lúnasa 1931, A0053, An Gúm.

<sup>653</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 11 Meán Fómhair 1930, A0053, An Gúm.

<sup>654</sup> P.T. Ó Riain chuig an nGúm, 15 Lúnasa 1931, A0053, An Gúm.

<sup>655</sup> Seán Mac Lellan chuig P.T. Ó Riain, 18 Lúnasa 1931, A0053, An Gúm.

cheart don Ghúm na clódóirí a bhrostrú mar bhí leabhair i gcomhair na bliana á lorg ag na scoileanna.<sup>656</sup> Dúradh leis go raibh a ndícheall á dhéanamh ag an nGúm chun foilsíú an leabhair a bhrostrú.<sup>657</sup> Ach bhí na litreacha fós ag teacht i dtaobh an tsaothair. I mí Mheán Fómhair 1932, d'fhiafraigh Pádraig Ó Baoighealláin<sup>658</sup> díobh an raibh an leabhar faoi stair na hEorpa i gcló nó cathain a bheadh sé réidh.<sup>659</sup> Cuireadh in iúl dó go raibh an t-aistriúchán críochnaithe agus go raibh súil acu go gcuirfí i gcló é go luath.<sup>660</sup>

Foilsíodh an t-aistriúchán, faoi dheireadh, i mí Mheán Fómhair na bliana 1933,<sup>661</sup> agus foilsíodh 750 cóip an chéad uair.<sup>662</sup> Chuir Caitlín de Bhulbh, ó Choláiste na Croise agus na Páise i gCill Chuillin, Co. Chill Dara, ceist ar an nGúm faoin dara heagrán, ansin, ar an 10ú lá de mhí na Samhna 1933.<sup>663</sup> Léiríonn orduithe den leabhar go raibh díolachán seasta ag an leagan Gaeilge. Dúradh le hOifig an tSoláthair 1000 cóip eile a fhoilsíú i mí Mheán Fómhair 1933, agus 1250 eile a fhoilsíú i mí an Mhárta 1934.<sup>664</sup> Mhol Mac Lellan gur cheart iarraidh ar úinéirí na gceart foilsithe, Methuen & Co. Ltd, cead a thabhairt don Ghúm 3000 cóip eile a fhoilsíú i mí Feabhra 1934. Bhí éileamh maith ó na scoileanna ar an leagan Gaeilge, dar leis: 'The book is being taken up very well by the schools and there is no prospect of another book of the same kind being issued by us for another couple of years'.<sup>665</sup> Dúradh le hOifig an tSoláthair 2000 cóip eile a fhoilsíú, ansin, i mí Feabhra 1935<sup>666</sup> agus 1000 cóip eile arís i mí na Bealtaine 1936.<sup>667</sup> Foilsíodh 6000 cóip den

---

<sup>656</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 7 Meán Fómhair 1932, A0053, An Gúm.

<sup>657</sup> Seán Mac Lellan chuig Micheál Ó Siochfhradha, 8 Meán Fómhair 1932, A0053, An Gúm.

<sup>658</sup> Is dócha gurbh é seo an Pádraig Ó Baoighealláin céanna a d'oibrigh leis an Moinsíneoir Pádraig de Brún ar an saothar *Beatha Íosa Críost* a d'fhoilsigh Comhartha na dTrí gCoinneal sa bhliain 1929.

<sup>659</sup> Pádraig Ó Baoighealláin chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 19 Meán Fómhair 1932, A0053, An Gúm.

<sup>660</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádraig Ó Baoighealláin, 30 Meán Fómhair 1932, A0053, An Gúm.

<sup>661</sup> Foirm Foilseacháin, 6 Meán Fómhair 1933, A0053, An Gúm.

<sup>662</sup> Ceannasaí Oifig an tSoláthair chuig Seán Mac Lellan, 14 Meán Fómhair 1933, A0053, An Gúm.

<sup>663</sup> Caitlín de Bhulbh chuig an nGúm, 10 Samhain 1933, A0053, An Gúm.

<sup>664</sup> Seán Mac Lellan chuig DJ Coveney, 18 Meán Fómhair 1933, A0053, An Gúm; *ibid.*, 2 Márta 1934, A0053, An Gúm.

<sup>665</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 12 Feabhra 1934, A0053, An Gúm.

<sup>666</sup> Seán Mac Lellan chuig Ceannasaí Oifig an tSoláthair, 13 Feabhra 1935, A0053, An Gúm.

<sup>667</sup> *Ibid.*, 1 Bealtaine 1936, A0053, An Gúm.

leabhar ar an iomlán.

### **Toradh na cinsireachta: na difríochtaí idir na saothair bhunaidh agus na haistriúcháin Ghaeilge**

Déanfar anailís ar dtús sa chuid seo ar na difríochtaí idir an t-aistriúchán *Iascaire Inse Tuile* agus an bunsaothar, *Pêcheur d'Islande*. Mar chúnaimh don léitheoir nach bhfuil Francis aige/aici, tá aistriúchán Béarla ar gach giota Fraincise ar fáil thíos chomh maith.<sup>668</sup> Tá cló trom ar na focail agus na giotaí nach ndearnadh aistriúchán Gaeilge orthu. Faoi mar a tagraíodh dó cheana, mhaígh Colm Ó Murchadha nach mbeadh an pobal buíoch den Roinn Oideachais as píosaí faoi leith sa bhunleabhar a aistriú, ach bhraith sé gurbh fhiú an t-aistriúchán a chur ar fáil mura mbeadh na píosaí conspóideacha seo ann. In aice le litir Uí Mhurchadha, scríobhadh ‘Caib VII. Cuid IV’ agus comhartha ceiste. Mhol Ó hÉighneacháin na giotaí a luaigh Ó Murchadha a fhágáil ar lár.<sup>669</sup>

Tá difríocht idir an bunleabhar agus an t-aistriúchán in dhá áit sa chaibidil seo. Sa chéad áit, déantar cur síos ar chomhrá bádóirí ag féasta bainise. Pléann na fir seo tithe striapachais i Hong Cong na Síne. Tá sé soiléir sa leagan Fraincise gur drúthlanna iad na tithe seo atá faoi chaibidil, ach níl sé sin soiléir sa leagan Gaeilge. Go deimhin, cuirtear in iúl sa leagan Gaeilge go bhfuil tithe ósta i gceist:

- (i) — A Hong-Kong, les *maisons*, tu sais bien, les *maisons* qui sont là, en montant dans les petites rues. . .
- Ah ! oui, répondait du bout de la table un autre qui les avait fréquentées, — oui, en tirant sur la droite quand on arrive ?
- C'est ça ; enfin, chez les **dames** chinoises, quoi ! . . . Donc, **nous avons consommé là dedans**, à trois que nous étions. . . Des vilaines femmes, *ma Doué*,

---

<sup>668</sup> Pierre Loti, *Iceland Fisherman*, aistr. W.P. Baines (London: J.M. Dent & Sons, 1935).

<sup>669</sup> Colm Ó Murchadha chuig an nGúm, g.d., A0527, An Gúm; nóta a scríobh Tomás Ó hÉighneacháin, 5 Márta 1932, A0527, An Gúm.

mais vilaines ! . . .

— Oh ! pour vilaines, je te crois, dit négligemment le grand Yann qui, lui aussi, **dans un moment d’erreur, après une longue traversée**, les avait connues, ces Chinoises.

— *Après, pour payer*, qui est-ce qui en avait des piastres ? . . . Cherche, cherche dans les poches, – ni moi, ni toi, ni lui, — plus le sou personne ! — Nous faisons des excuses, en promettant de revenir.<sup>670</sup>

- (ii) ‘At Hong-Kong, the *houses*, you know, the houses that are there as you go up the little streets. . .’

‘Ah ! yes !’ from the end of the table replied another who had frequented them—  
‘Yes, turning to the right when you arrive?’

‘That’s it; the Chinese **ladies**, what? Well, **we had amused ourselves there**, three of us. . . Ugly women, by Jove, ugly, ugly. . .’

‘Aye, ugly, I believe you,’ said Yann carelessly, for he also, **in a misguided moment, after a long voyage**, had made the acquaintance of these Chinese ladies.

‘Afterwards, **when it came to paying**, which of us had any money? . . . Feel, feel in your pockets—not I, nor you, nor he—not a sou amongst us all. We made excuses, promising to return’ . . .<sup>671</sup>

- (iii) “Na toighthe atá i Hong-Kong, tá ’fhios agat. Na toighthe atá annsin, mar théid tú suas na sráideannaí beaga. . .”

“Nach maith m’eolas ortha,” arsa fear eile aníos ó cheann íochtarach an tábla, fear a rabh aitheantas annsin aige lá den tsaoghal. “Go díreach ar thaoibh na láimhe deise ag gabháil isteach duit.”

“An áit cheanann chéadna. Síniú atá ann. A leithéid de áit ! . . . Bhí triúr againn ann seal tamaill. Agus aon duine nach bhfacaidh na mná úd . . .’ Siad ba mhíofaire chonnaic tú riamh ! . . .”

“Bhí siad míofar, ó dubhairt tú é,” arsa Yann, gan smaoineadh air féin. Bhí an domhan siubhalta aige-san fosta, agus aithne aige ar na Síniú seo.

“I n-a dhiaidh sin, nuair a bhí dolaidh an ósta le h-íoc, cé againn a rabh an t-airgead aige? Cuartuigh, cuartuigh do phócaí. Níl aon sou agam-sa, nó agat-sa, nó aige-san! Toisigheamar a ghlacadh leith-scéal agus a gheallamhaint go dtiocfamuis arais.<sup>672</sup>

Nuair a bhreathnaítear níos grinne ar na hailt seo, feictear go gcuirtear in iúl ag pointe níos luaithe sa Fhraincis ná sa Ghaeilge, gur mná atá sna tithe seo:

<sup>670</sup> Loti, *Pêcheur d’Islande*, 278–79.

<sup>671</sup> Ibid., *Iceland Fisherman*, 196–97.

<sup>672</sup> Ibid., *Iascaire Inse Tuile*, 201–2.

- (i) — C’est ça ; enfin, chez les **dames** chinoises, quoi !<sup>673</sup>
- (ii) ‘That’s it; the Chinese **ladies**, what?’<sup>674</sup>
- (iii) “An áit cheanann chéadna. Síngigh atá ann. A leithéid de áit !”<sup>675</sup>

Chomh maith leis sin, ní deirtear sa leagan Gaeilge ach gur chaith an triúr fear ‘seal tamaill’ san áit, ach sa leagan Fraincise, tugtar le fios, go hathbhríoch, go raibh a bpléisiúr acu ann:

- (i) Donc, **nous avons consommé là dedans**, à trois que nous étions. . .<sup>676</sup>
- (ii) Well, **we had amused ourselves there**, three of us. . .<sup>677</sup>
- (iii) Bhí triúr againn ann seal tamaill.<sup>678</sup>

Lena chois sin, luaitear sa Fhraincis nach raibh Yann i mbarr a mhaitheasa nuair a chas sé leis na mná seo, agus gur chinneadh místuama é casadh leo, leid eile a léiríonn don léitheoir go raibh áit a raibh droch-cháil uirthi i gceist leis an áit seo. Ní thugtar leid mar seo sa Ghaeilge, áfach:

- (i) — Oh ! pour vilaines, je te crois, dit négligemment le grand Yann qui, lui aussi, **dans un moment d’erreur, après une longue traversée**, les avait connues, ces Chinoises.<sup>679</sup>
- (ii) ‘Aye, ugly, I believe you,’ said Yann carelessly, for he also, **in a misguided moment, after a long voyage**, had made the acquaintance of these Chinese ladies.<sup>680</sup>
- (iii) “Bhí siad míofar, ó dubhairt tú é,” arsa Yann, gan smaoineadh air féin. Bhí an domhan siubhalta aige-san fosta, agus aithne aige ar na Síngigh seo.<sup>681</sup>

Tá difríocht idir an bunleabhar agus an t-aistriúchán, chomh maith, san áit ina ndéantar

---

<sup>673</sup> Loti, *Pêcheur d’Islande*, 279.

<sup>674</sup> Ibid., *Iceland Fisherman*, 196.

<sup>675</sup> Ibid., *Iascaire Inse Tuile*, 202.

<sup>676</sup> Ibid., *Pêcheur d’Islande*, 279.

<sup>677</sup> Ibid., *Iceland Fisherman*, 196.

<sup>678</sup> Ibid., *Iascaire Inse Tuile*, 202.

<sup>679</sup> Ibid., *Pêcheur d’Islande*, 279.

<sup>680</sup> Ibid., *Iceland Fisherman*, 196–97.

<sup>681</sup> Ibid., *Iascaire Inse Tuile*, 202.

cur síos ar radharc paiseanta idir Yann agus Gaud ar oíche a mbainise. Tagann an lánúin phósta isteach sa teach, agus tá seanmháthair Gaud, Yvonne, ann. Tá sí ina codladh, nó ag ligean uirthi go bhfuil sí ina codladh, sa chaoi is nach gcuirfeadh sí isteach ar na leannáin. Téann an lánúin chuig Yvonne, go measúil, chun oíche mhaith a fhágáil aici, ar eagla go bhfuil sí fós ina dúiseacht. Tá faitíos ar Gaud, go háirithe, go bhfeicfeadh Yvonne iad ag pógadh a chéile. Cuirtear in iúl sa leagan Fraincise, áfach, go n-imíonn an faitíos de Yann agus Gaud de réir mar a éiríonn cúrsaí níos téisiúla eatarthu, rud nach dtuigfí ón leagan Gaeilge:

- (i) Mais lui, avec un sourire, chercha les lèvres de sa femme encore et les reprit bien vite entre les siennes, comme un altéré à qui on a enlevé sa coupe d'eau fraîche. **Le mouvement qu'ils avaient fait venait de rompre le charme de l'hésitation délicate. Yann, qui, aux premiers instants, se serait mis à genoux comme devant la Vierge sainte, se sentit redevenir sauvage ;** il regarda furtivement du côté des vieux lits en armoire, ennuyé d'être aussi près de cette grand'mère, **cherchant un moyen sûr pour ne plus être vu ; toujours sans quitter les lèvres exquisés,** il allongea le bras derrière lui, et, du revers de la main, éteignit la lumière comme avait fait le vent.<sup>682</sup>
- (ii) But he, smiling, sought the lips of his wife again and took them quickly between his own, like a thirsty man from whom one has taken a cup of cool water. **The movement they had made had broken the spell of their exquisite hesitation. Yann, who, in his first moments, had been ready to go down on his knees as before the Holy Virgin, felt himself seized with a kind of savagery;** he looked furtively in the direction of the old press-beds, annoyed to be so near this old grandmother, **seeking some sure means by which they might not be seen; still without letting go her exquisite lips,** he stretched out his arm behind him, and with the back of his hand extinguished the light as the wind had done.<sup>683</sup>
- (iii) Acht rinne seisean draothadh gáire, agus tharraing sé chuige arais í, mar bhéadh duine ann a mbéadh an dubh-thart air agus a sciobfaidhe soitheach fíor-uisce uaidh . . . D'amharc sé an bealach a rabh na leabhacha druidte agus é mí-shásta cionn is go rabh siad comh deas sin don tsean-mhnaoi. Leig sé síos a sciathán tabh siar de, agus chuir sé as an choinneal le druim a láimhe, mar chuir an ghaoth as roimh sin í. . .<sup>684</sup>

Ní hiontas ar bith gur fágadh an tagairt don Mhaighdean Bheannaithe ar lár sa téacs

<sup>682</sup> Loti, *Pêcheur d'Islande*, 290.

<sup>683</sup> Ibid., *Iceland Fisherman*, 204.

<sup>684</sup> Ibid., *Iascaire Inse Tuile*, 209–10.



Gaeilge. Tugann an Eaglais Chaitliceach urraim do Mhuire, agus is cinnte go gcinnfí go mbeadh sé dímheasúil Í a lua sa phíosá céanna ina ndéantar cur síos ar mhianta collaí Yann, nó fiú go mbeadh sé blaisféimeach comparáid a dhéanamh idir Gaud agus Máthair Dé. Ní luaitear fiántas Yann sa leagan Gaeilge, ach oiread, agus mar gheall air sin, níl an leagan Gaeilge chomh téisiúil is atá an leagan Fraincise. Is é an tionchar atá ag na hathruithe seo go léir ná go moillíonn siad gluaiseacht an phíosá phaiseanta seo. Mar thoradh air sin, níl an leagan Gaeilge chomh hearótach is atá an leagan bunaidh.

Níor aistríodh an píosa ainmhianach seo a leanas go Gaeilge in aon chor:

- (i) **Alors, brusquement, il l'enleva dans ses bras ; avec sa manière de la tenir, la bouche toujours appuyée sur la sienne, il était comme un fauve qui aurait planté ses dents dans une proie. Elle, abandonnait son corps, son âme, à cet enlèvement qui était impérieux et sans résistance possible, tout en restant doux comme une longue caresse enveloppante : il 'emportait dans l'obscurité vers le beau lit blanc à la mode des villes qui devait être leur lit nuptial. . .**

Autour d'eux, pour leur **premier coucher de mariage**, le même invisible orchestre jouait toujours.<sup>685</sup>

- (ii) **Then, suddenly, he seized her in his arms : in his manner of holding her, his mouth still pressed against hers, he was like a wild beast which had fixed its teeth in its prey. She abandoned her body, her soul, to this rape which was imperious and beyond possible resistance, even while it remained sweet as a long enveloping caress ; he carried her in the darkness towards the pretty white bed which was to be their nuptial couch.**

Around them for their **bridal night**, the same invisible orchestra played continuously.<sup>686</sup>

- (iii) . . . Bhí an tuargan síorruidhe ag an ngaoith.<sup>687</sup>

Tugtar le fios go soiléir sa ghiota Fraincise seo a leanas gur chuir Yann agus Gaud an pósadh i gerích, rud nach ndéantar sa Ghaeilge:

---

<sup>685</sup> Loti, *Pêcheur d'Islande*, 290–91.

<sup>686</sup> Ibid., *Iceland Fisherman*, 204. Ciallaíonn 'enlèvement' duine a thógáil le fórsa. Shamhlófá nach bhfuil 'rape' iomlán ceart toisc go gcuireann sé in iúl nach bhfuil Gaud toilteanach an pósadh a chur i gerích. Tugann Jules Camon, 'seizure' ar 'enlèvement' ina aistriúchán; 'For her part she gave herself up entirely, to that body and soul seizure that was imperious and without possible resistance'. Ibid., *An Iceland Fisherman*, aistr. Jules Cambon (New York: P.F. Collier & Son, 1902), 231.

<sup>687</sup> Loti, *Iascaire Inse Tuile*, 210.

- (i) Alors, dans le logis pauvre et sombre où passait le vent, **ils se donnèrent l'un à l'autre**, sans souci de rien ni de la mort, enivrés, leurrés délicieusement par l'éternelle magie de l'amour. . .<sup>688</sup>
- (ii) And, in the poor and gloomy lodging about which the wind made riot, **they gave themselves to one another**, heedless of everything, even of death, enraptured, exquisitely ensnared by the eternal magic of love.<sup>689</sup>
- (iii) Bhí siad annsin ins an chró bheag bhocht dhorcha seo agus an ghaoth ghá chraitheadh. Ní rabh áird aca ar an bhuidheadh nó ar an bhás, acht iad mar bhéadh siad scartha leis an tsaoghal seo ag draoidheacht shíorruidhe an ghráda.<sup>690</sup>

Ar an mbealach céanna, feicimid, i gcás *Makers of Europe*, gur aithin an Seabhac, an tAthair Mac Cionnaith agus an tAthair Ó Murchadha ar fad giotaí áirithe nár mhór breathnú an athuir orthu,<sup>691</sup> agus déantar comparáid thíos idir (i) an leagan Béarla, (ii) an leagan sa lámhscríbhinn, agus (iii) an leagan Gaeilge a foilsíodh. Tá an eagarthóireacht seo le feiceáil go soiléir sna píosaí seo a leanas, (A)–(S). Bhraith an t-aistritheoir féin ón tús go raibh ‘fiche abairt den innsint’ ba cheart a fhágáil ar lár,<sup>692</sup> agus feictear, i gcásanna faoi leith sa lámhscríbhinn, go raibh focail áirithe fágtha ar lár aige sular roinn an Seabhac, an tAthair Mac Cionnaith agus an tAthair Ó Murchadha a gcuid tuairimí i dtaobh an tsaothair.<sup>693</sup> Dhírigh an Seabhac aird ar leathanaigh 144, 146, 153, 156 agus 158 faoi seach sa leagan Béarla.<sup>694</sup> Ansin léigh an tAthair Mac Cionnaith an leabhar agus mhol sé athruithe faoi leith a chur i bhfeidhm ar na leathanaigh chéanna,<sup>695</sup> agus bhí an tAthair Ó Murchadha ar aon intinn leo.<sup>696</sup>

<sup>688</sup> Loti, *Pêcheur d'Islande*, 292.

<sup>689</sup> Ibid., *Iceland Fisherman*, aistr. W.P. Baines (London: J.M. Dent & Sons, 1935), 205.

<sup>690</sup> Ibid., *Iascaire Inse Tuile*, 210.

<sup>691</sup> Thug an tAthair Mac Cionnaith le fios sna litreacha cérbh iad na sleachta nár thaitin leis, ach níor luaigh an Seabhac nó an tAthair Ó Murchadha sleachta faoi leith ina litreacha siúd, díreach na leathanaigh sa leagan Béarla. Is é sprioc an phársa seo ná anailís a dhéanamh ar na leathanaigh a luaigh siad chun léargas a fháil ar an eagarthóireacht a rinneadh i bpróiseas an aistrithe. Tugtar buille faoi thuairim ar an bhfáth a rinneadh an eagarthóireacht sin agus sa chás go dtugann an tAthair Mac Cionnaith fáth faoi leith sna litreacha cuirtear sin in iúl.

<sup>692</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 18 Iúil 1929, A0053, An Gúm.

<sup>693</sup> Is í cuid (ii) an leagan bunaidh a aistríodh. Is í cuid (iii) an sliocht Gaeilge a foilsíodh, i ndiaidh don Seabhac, don Athair Mac Cionnaith agus don Athair Ó Murchadha a gcuid tuairimí a léiriú ina leith agus i ndiaidh don aistritheoir na hathruithe éagsúla a chur i bhfeidhm.

<sup>694</sup> Pádraig Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 22 Eanáir 1931, A0053, An Gúm.

<sup>695</sup> Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 31 Márta 1931, A0053, An Gúm.

<sup>696</sup> An tAthair Micheál Ó Murchadha chuig an nGúm, g.d., A0053, An Gúm.

Tá fáil ar na habairtí seo a leanas, A(i)–D(i), ar leathanach 144 den leabhar bunaidh.

(A)

- (i) Papal Despotism.—The second obstacle to progress was the growth of the despotic power of the popes.<sup>697</sup>
- (ii) Tíorántacht na Pápachta: Dob é an dara constaic ná méid na comhachta a bhí ag na pápaí.<sup>698</sup>
- (iii) An Phápacht.—Dob é an dara constaic ná méid na cómhachta a bhí ag na pápaí.<sup>699</sup>

Léiríonn Ó Siochfhradha go raibh tíorántacht ar siúl ag na pápaí sa lámhscríbhinn, ag freagairt do na focail ‘despotism’ agus ‘despotic’ sa leagan Béarla, ach níl aon rian díobh sa leagan Gaeilge a foilsíodh. Tharlódh gur fágadh an dá fhocal ar lár toisc nach rabhtas sásta go léireofaí ann go raibh cumhacht iomlán smachtúil ag na pápaí agus chun a chinntiú nach gcuirfí drochíomhá de lucht ceannais na hEaglaise in iúl.

(B)

- (i) Then you will remember that for a time the popes lived in France, and at the same time a rival papacy was set up in Rome, and no one knew for certain who was the real pope at all.<sup>700</sup>
- (ii) Annsan do chuaidh na pápaí chun comhnuithe don Fhrainc agus do bunuigheadh pápacht eile sa Róimh agus ní rabhtas cinnte cérbh é an pápa ceart in ao’ chor.<sup>701</sup>
- (iii) Annsan do chuaidh na pápaí chun cómhnuithe don Fhrainc agus do bunuigheadh pápacht eile sa Róimh agus do dein sin meascán mór.<sup>702</sup>

Agus an abairt seo á haistriú go Gaeilge, beartaíodh gan tagairt a dhéanamh don iomaíocht idir an phápacht sa Róimh agus sa Fhrainc. Tharlódh gur ceapadh go mbainfeadh sé ó mheas an léitheora ar an bpápacht dá luafaí go raibh iomaíocht nó coimhlint idir an dá phápacht. Deirtear sa leagan Béarla ‘no one knew for certain who was the real pope at

---

<sup>697</sup> Wilmot-Buxton, 144.

<sup>698</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

<sup>699</sup> Wilmot-Buxton, *Taoisigh Eorpa*, 151.

<sup>700</sup> *Ibid.*, *Makers of Europe*, 144.

<sup>701</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

<sup>702</sup> Wilmot-Buxton, *Taoisigh Eorpa*, 151.

all’, ach sa leagan Gaeilge a foilsíodh ní mhaítear ach go ndearnadh ‘meascán mór’. B’fhéidir gur fágadh ‘ní rabhthas cinnte cérbh é an pápa ceart in ao’ chor’ ar lár toisc go dtabharfadh an ráiteas sin le tuiscint nach raibh lánmhuinín ag an bpobal as an bpáacht.

(C)

- (i) Moreover, as the years passed on, the teaching of the Church, which had always done so much to ennoble and purify men’s lives, had become, as regards some points of custom and belief, exaggerated and formal.<sup>703</sup>
- (ii) ‘Na theannta san, le himeacht aimsire d’éirigh teagasc na hEaglaise ró-éigeantach agus ró-neamhghéiliúil i leith gnása agus altanna áirithe creidimh gidh gur mhór a dhein teagasc na hEaglaise chun uaisleacht agus geannnuíocht do thabhairt i n-uachtar ins gach duine.<sup>704</sup>
- (iii) ‘Na theannta san, le himtheacht aimsire d’éirigh teagasc na hEaglaise ró-éigeantach agus ró-neamhghéiliúil i leith gnása agus altanna áirithe creidimh cé gur mhór a dhein teagasc na hEaglaise chun uaisleacht agus geannnaidheacht do thabhairt i n-uachtar i ngach duine.<sup>705</sup>

Níl aon difríocht shuntasach anseo idir an leagan a bhí ag Ó Siochfhradha ar dtús agus an t-aistriúchán a foilsíodh. Bhraith an tAthair Ó Murchadha go raibh ‘exaggerated and formal’ doiléir ó thaobh brí de agus mhol sé na focail seo a athrú. Roghnaigh Ó Siochfhradha ‘ró-éigeantach agus ró-neamhghéiliúil’ a chur sa lámhscríbhinn agus sin atá sa leagan a cuireadh i gcló. Ní thugtar le fios sa Ghaeilge go ndearnadh áibhéil faoi phointí áirithe creidimh i dteagasc na hEaglaise.

(D)

- (i) Moreover, we must not forget that what has done good work in times past does not deserve destruction and insult because in course of years it has fallen away from its first paths, and has accumulated the dust and cobwebs of time. Reform, not destruction, was what was needed, and this fact was sometimes forgotten by those enthusiastic reformers who in their zeal would rather sweep away than cleanse.<sup>706</sup>

---

<sup>703</sup> Wilmot-Buxton, *Makers of Europe*, 144.

<sup>704</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

<sup>705</sup> Wilmot-Buxton, *Taoisigh Eorpa*, 151.

<sup>706</sup> *Ibid.*, *Makers of Europe*, 144.

- (ii) 'Na theannta san, caithfear a thuiscint nach cóir an rud a dhein maitheas, uair dá raibh, a mhilleadh agus a mhaslú de bhrígh gur chlaon sé ó chomhlíonadh na gcuspóirí gur cuireadh ar bun chuige é agus de bhrígh go bhfuil rian aoise agus anró ag teacht air. Ní milleadh a bhí ag teastáil ach leasuíocht agus sin ní do dhearmadadh go minic ag na leasuightheoirí griothallacha nár thuig rud a chur i n-ionad an rud a bhí á sgriosadh aca.<sup>707</sup>
- (iii) —

Fágadh an t-aistriúchán seo a rinne Ó Siochfhradha ar lár ar fad san fhoilseachán Gaeilge. Ní thugtar le tuiscint sa leagan a foilsíodh, mar sin, gur imigh an Eaglais de bhóthar a leasa agus go raibh sí as dáta.

Faightear na habairtí E(i)–F(i), ansin, ar leathanach 146.<sup>708</sup>

- (E)
  - (i) Some ten years later, a band of monks sent from Rome began to traverse Europe for the sake of raising a large sum of money wherewith to complete the building of S. Peter's Church in Rome. This was the great aim of Leo X., a pope who took much interest in architecture and art of all kinds, and who determined to raise the sum required partly by the sale of "indulgences."<sup>709</sup>
  - (ii) Tuairim deich mbliana 'na dhiaidh san do cuireadh buidhean mhanach amach ón Róimh ar fuaid na hEorpa chun airgid do bhailiú. Do theastuigh an t-airgead chun Eaglais Peadair sa Róimh do chríochnú amach. Sé Leo X, Pápa, do chuir roimhe san a dhéanamh. Ba mhór é a shuim i bhfoirgníocht agus ins na healadhna uaisle uile agus do mheas sé cuid de'n airgead do bhailiú tré "logha" do dhíol.<sup>710</sup>
  - (iii) Tuairim deich mbliana 'na dhiaidh san do cuireadh buidhean mhanach amach ón Róimh ar fuaid na hEorpa chun airgid do bhailiú. Do theastaigh an t-airgead chun Eaglais Pheadair sa Róimh do chríochnú. 'Sé Leo X. Pápa, do chuir roimhe é sin a dhéanamh. Ba mhór é a shuim i bhfoirgnidheacht agus ins na healadhna uaisle uile agus do mheas sé cuid den airgead do bhailiú tré "Logha" do dhíol.<sup>711</sup>

Agus an píosa seo á aistriú go Gaeilge, socraíodh gan tagairt a dhéanamh don tsuim mhór airgid a bhí ag teastáil ó na manaigh, agus ní luaitear ach go ndeachaigh siad chun 'airgid do bhailiú'. Léirítear sa leagan Béarla go raibh suim ag Leo X 'in architecture and art of

<sup>707</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

<sup>708</sup> Don leabhar bunaidh a thagraíonn na leathanaigh a luaitear roimh na habairtí difriúla sa chuid seo.

<sup>709</sup> Wilmot-Buxton, *Makers of Europe*, 146.

<sup>710</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

<sup>711</sup> Wilmot-Buxton, *Taoisigh Eorpa*, 153–54.

all kinds’, ach, spéisiúil go leor, cuirtear ‘uaisle’ leis sa leagan Gaeilge, a ardaíonn cineál na n-ealaíon a raibh suim aige iontu: ‘i bhfoirgnidheacht agus ins na healadhna **uaisle** uile’.

(F)

- (i) Reform was therefore needed, but Luther attacked the doctrine itself from the pulpit of the Cathedral...<sup>712</sup>
- (ii) Bhí gádh le leasuíocht nó ceartú ach do cháin Luther an teagasc féin ó bhonn ins an Árdeaglais.<sup>713</sup>
- (iii) Ba ghádh, dá bhrígh sin, léiriúchán níos cruinne ar an scéal, ach do cháin Lúther an teagasc féin ó bhonn ins an Áird-Eaglais.<sup>714</sup>

Mhol an tAthair Mac Cionnaith a rá sa leagan deifnídeach Gaeilge go raibh ‘léiriúchán níos cruinne’ ag teastáil agus ní ‘leasuíocht’. Tugtar le tuiscint sa leagan Béarla go raibh fadhb ag baint leis an teagasc é féin, ach, sa saothar Gaeilge a foilsíodh cuirtear in iúl nach raibh fadhb ag baint leis an teagasc, ach leis an tuiscint a bhí ag daoine ar an teagasc sin, agus go raibh ‘léiriúchán níos cruinne’ ag teastáil dá bharr.

Is ar leathanach 153 atá fáil ar na habairtí áirithe seo, G(i)–H(i).

(G)

- (i) The king who succeeded to the throne of Spain was the gloomy narrow-minded Philip II.<sup>715</sup>
- (ii) Sé an rí a tháinig i n-urláimh na Spáine ina dhiaidh ná Pilib gruamdha caolaigeanta...<sup>716</sup>
- (iii) Sé an rí tháinig i n-urláimh na Spáine ’na dhiaidh an duine gruamdha Pilib II.<sup>717</sup>

Murab ionann is an leagan Béarla agus an leagan lámhscríbhinne, ní thugtar le fios san

---

<sup>712</sup> Wilmot-Buxton, *Makers of Europe*, 146.

<sup>713</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

<sup>714</sup> Wilmot-Buxton, *Taoisigh Eorpa*, 154.

<sup>715</sup> *Ibid.*, *Makers of Europe*, 153.

<sup>716</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

<sup>717</sup> Wilmot-Buxton, *Taoisigh Eorpa*, 160.

fhoilseachán Gaeilge go raibh Pilib ‘caolaigeanta’. Ba Chaitliceach é Pilib II agus shamhlófaí go mb’fhéidir nár léiríodh san aistriúchán a foilsíodh go raibh Pilib II cúngaigeanta toisc go gcuirfeadh sé sin drochíomhá de cheannaire Caitliceach in iúl.

(H)

- (i) In his time Spain touched the highest point of her greatness, though owing little to her ruler, pre-occupied as he was with religious fanaticism.<sup>718</sup>
- (ii) I réimeas an rí seo do tháinig an Spáin go huas-aoirde a maitheasa ach ba bheag dá bhuidheachas a bhí ag dul do’n rí mar ná raibh aon ní ag déanamh cúraim dósan ach cúrsaí creidimh.<sup>719</sup>
- (iii) I réimheas an rí sin tháinig an Spáin go lán-aoirde a maitheasa, ach ba bheag dá bhuidheachas a bhí ag dul don rí.<sup>720</sup>

Mhaígh an tAthair Mac Cionnaith nach raibh sé fíor go raibh Pilib gafa le hantoisceachas creidimh agus mar sin gur cheart é a fhágáil ar lár. Is léir ón téacs Gaeilge a foilsíodh gur cloíodh lena chuid comhairle.

Tá fáil ar na habairtí I(i)–J(i) ar leathanach 156.

(I)

- (i) Though a Catholic himself, William had seen enough of religious persecution both in France and his own land to make him decide that two things must be obtained unless he would see his native country crushed into an insignificant province of Spain. Religious freedom must be granted them...<sup>721</sup>
- (ii) Caitliceach deagh-mhóideach dob eadh Liam féin ach do chonnaic sé go leor de thoradh géarleanúna ’na dhúthaigh féin agus sa bhFrainnc chun a chur i dtuiscint dó go mba ghádh dhá rud a thabhairt chun críche nó tír a dhúthchais a bheith ’na giallstat go deo fé thíorántas na Spáine—i. sairse creidimh an chéad rud...<sup>722</sup>
- (iii) Catoiliceach deabhóideach dob eadh Liam féin ach do chonnaic sé go leor de thoradh géir-leanúna ’na dhúthaigh féin agus sa bhFrainnc chun a chur i dtuiscint do go mba ghádh dhá rud a thabhairt chun críche nó tír a dhúthchais a bheith ’na

---

<sup>718</sup> Wilmot-Buxton, *Makers of Europe*, 153.

<sup>719</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

<sup>720</sup> Wilmot-Buxton, *Taoisigh Eorpa*, 160.

<sup>721</sup> *Ibid.*, *Makers of Europe*, 156.

<sup>722</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

giall-stát go deo fé thíorántas na Spáine .i. caithfí cead a thabhairt chun an creideamh Protastúnach a chleachta...<sup>723</sup>

Tugtar le tuscint sa téacs Béarla agus sa lámhscríbhinn araon gur cheart saoirse a thabhairt do na daoine chun a rogha creidimh a chleachtadh. Bhí cead ag an bpobal an Caitliceachas a chleachtadh, áfach, agus b'fhéidir gurbh é sin an fáth gur maíodh, ar deireadh, sa Ghaeilge gur cheart saoirse a thabhairt dóibh an creideamh Protastúnach, go sonrach, a chleachtadh. Ba é an tAthair Mac Cionnaith a mhol an t-athrú áirithe seo a dhéanamh chomh maith.

(J)

- (i) The mistake that Philip made was in thinking that it only required a little extra firmness and strength to establish a rule over the Netherlanders as despotic as that by which he ruled his own people. The news that the greater part of these semi-subjects of his had embraced the reformed religion confirmed him in his desire.<sup>724</sup>
- (ii) Sé dearmad do dhein Pilib ná a cheapadh nár ghádh ach luighe beagáinín níos déine ortha agus go n-éireochadh leis an Isiltír a chur fé iol-smacht mar a bhí a mhuintir féin sa Spáin. Ní luaithe a chuala sé gur ghaibh na hÍsiltírigh leis an gcreideamh nua ná gur daingnigheadh é sa chomhairle sin.<sup>725</sup>
- (iii) 'Sé dearmhad do dhein Pilib ná cheapadh nár ghádh ach luighe beagáinín níos déine ortha agus go n-éireochadh leis an Isiltír a chur fé iol-smacht mar a bhí a mhuintir féin sa Spáin.<sup>726</sup>

Ní mhaítear san fhoilseachán Gaeilge go raibh an chuid is mó de dhaonra na hÍsiltíre tar éis glacadh leis an gcreideamh leasaithe agus gur chuir sé seo fonn níos mó, fiú, ar Philib an Ísiltír a chur chomh mór faoi dhiansmacht agus a bhí a thír féin aige.

Ar leathanach 158 a fhaightear K(i), ar leathanach 140 a fhaightear L(i), agus ar leathanaigh 140–141 a fhaightear M(i).

---

<sup>723</sup> Wilmot-Buxton, *Taoisigh Eorpa*, 163.

<sup>724</sup> *Ibid.*, *Makers of Europe*, 156.

<sup>725</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

<sup>726</sup> Wilmot-Buxton, *Taoisigh Eorpa*, 162–63.



(K)

- (i) but when he found his own son, Don Carlos, openly stating his intention of putting himself at the head of the rebels, he concealed his feelings and planned a yet more deadly vengeance in his crafty soul. By means of a bribed physician the speedy death of Don Carlos was assured.<sup>727</sup>
- (ii) ach nuair a d'fhogair Don Carlos, a mhac féin, go puiblí go raibh sé i bhfonn dul i gceannas ar lucht na ceannairce do chúb an rí chuige agus do bheartuigh sé seift diabhlaidhe díoltais. Ní raibh ach breab maith a thabhairt do liagh agus do cuireadh deire le ré Don Carlos.<sup>728</sup>
- (iii) —

Seachnaítear ceist bhás Don Carlos san fhoilseachán Gaeilge toisc gur léirigh an tAthair Ó Murchadha go raibh sé amhrasach faoi dhúnmharú Don Carlos: 'Is it established that Philip brought about Don Carlos murder?'.<sup>729</sup> Tharlódh nár theastaigh uaidh a chur i leith an Chaitlicigh seo go bhféadfadh sé a mhac féin a mharú.

Mar a luadh cheana, bhí an tAthair Ó Murchadha i bhfabhar na n-athruithe a mhol an Seabhac, agus dhírigh sé aird ar leathanaigh eile chomh maith.<sup>730</sup> É féin amháin a tharraing aird ar na leathanaigh seo a leanas sa saothar bunaidh Béarla.

(L)

- (i) Reform was still his cry, and it only needed the whisperings of a hostile party and the jealousy of a weak and worldly Pope to raise so great a storm of opposition against the doctrines of Savonarola, that he was excommunicated.<sup>731</sup>
- (ii) Níor staon sé de bheith ag iarraidh dlighthé do leasú agus níor ghádh ach cogarnach lucht doichill agus éad agus formad an Phápa chun callán agus iomarbháigh do thógaint i gcoinne Shavonaróla. Do cuireadh fé choinnealbhadh é.<sup>732</sup>

---

<sup>727</sup> Wilmot-Buxton, *Makers of Europe*, 158.

<sup>728</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

<sup>729</sup> Mar a mhaítear thuas bhí cúis ag Pilib chun Don Carlos a mharú, ach ní deirtear sa lá atá inniu ann ach gur ráfla a bhí i gceist gur mharaigh a athair Don Carlos, toisc, is dócha, nach bhfuil fianaise chinnte ar fáil: 'Philip and Don Carlos hated each other so much that when Carlos was suspected of plotting to kill his father, Philip imprisoned him and, it is rumored, had him either poisoned or strangled.' David Hilliam, *Philip II: King of Spain and Leader of the Counter-Reformation* (New York: The Rosen Publishing Group, 2005), 10.

<sup>730</sup> An tAthair Micheál Ó Murchadha chuig an nGúm, g.d., A0053, An Gúm; Pádraig Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 22 Eanáir 1931, A0053, An Gúm.

<sup>731</sup> Wilmot-Buxton, *Makers of Europe*, 140.

<sup>732</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

- (iii) Níor staon sé de bheith ag iarraidh dlighthé do leasú agus níor ghádh ach cogarnach lucht doichill, chun callán agus iomarbháigh do thógaint i gcoinne Shavonaróla. Do cuireadh fé choinnealbháthadh é.<sup>733</sup>

Thug Ó Siochfhradha le fios sa lámhscríbhinn go raibh éad ar an bpápa le Savonarola, ach níor cuireadh é seo, ná go raibh sé lag, in iúl sa téacs a cuireadh i gcló.

(M)

- (i) Savonarola's great mind rejected at once this relic of a superstitious and barbarous custom, but the council of the city ordered that one of the monks of his order should represent his side and one of the Franciscan clergy his opponents.<sup>734</sup>
- (ii) Do dhiúltaigh Savonaróla géilleadh do ghnás do shíolruigh ó gheasrógacht agus ó bharbaracht ach d'orduigh comhairle na cathrach go gcaithfeadh manach dá ord féin seasamh thar ceann Shavonaróla agus manach eile d'órd na bhProinsiascánach seasamh thar ceann na muintire a bhí 'na choinne.<sup>735</sup>
- (iii) Do dhiúltaigh Savonaróla géilleadh do ghnás do shíolruigh ó gheasrógacht agus ó bharbaracht, ach d'orduigh cómhairle na cathrach go gcaithfeadh manach dá ord féin seasamh thar ceann Shavonaróla agus manach eile d'órd na bhProinsiascánach seasamh thar ceann na muintire a bhí 'na choinne.<sup>736</sup>

Agus an píosa seo á aistriú go Gaeilge, rinneadh cinneadh gan tagairt a dhéanamh don 'great mind' a luaitear le Savonarola sa téacs bunaidh. Shamhlófaí go mb'fhéidir nár aistríodh é toisc go dtabharfadh sé sin le tuiscint gur dhuine thar a bheith éirimiúil é Savonarola, cáinteoir a bhí an-ghéar ar fad ar an Eaglais.

Maidir leis an gcéad chuid eile, tá fáil ar N(i) ar leathanach 141, ar O(i) ar leathanach 148, agus ar P(i) ar leathanaigh 148–149.

(N)

- (i) It was a striking scene. "From the Church militant and triumphant I separate thee," cried, in confusion and haste, the bishop sent by the Pope to unfrock the excommunicated man. "From the Church militant, yes," answered the calm sweet voice of the martyred monk, "but from the Church triumphant, no: that is not yours

<sup>733</sup> Wilmot-Buxton, *Taoisigh Eorpa*, 148.

<sup>734</sup> Ibid., *Makers of Europe*, 140–41.

<sup>735</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

<sup>736</sup> Wilmot-Buxton, *Taoisigh Eorpa*, 148.

to do.”<sup>737</sup>

- (ii) Radharc uamhnach dob eadh é: “Ó Eaglais na bhfioraon ar thalamh agus Eaglais na naomh ar neamh, scaraim tú,” arsa an t-easbag do chuir an Pápa uaidh nuair a bhítheas ag baint na héide de’n duine coinnealbháidhte. “Ó Eaglais na bhfioraon, scarair”, arsa an manach martartha de ghuth caoin milis, “ach ó eaglais na naomh, ní scarair: ní fútsa san do dhéanamh”...<sup>738</sup>
- (iii) —

Níl aon rian den aistriúchán seo a rinne Ó Siochfhradha san fhoilseachán Gaeilge. Seachnaíodh an chodarsnacht ghéar a fhaightear sa Bhéarla, mar sin, idir an tíoránach agus an mairtíreach.

(O)

- (i) Many of his difficulties arose from the mistaken zeal of such of his followers as Zwingle in Switzerland, who went much further than Luther had ever done, and invented many new doctrines which were quite as unscriptural as those which Luther had attacked in the Church of Rome.<sup>739</sup>
- (ii) Ní beag den mbuairt a thárla tré mhí-thuisgint a bheith ar chuid dá lucht leanúna de shaghas Zwingle san Eilbhéis. Níor leor leis ar athruigh Lúther agus do cheap sé mór-chuid d’altannaibh nua creidimh a bhí gan oiread bunadhasa do réir scriptiúra agus a bhí na haltanna san do caineadh ag Lúther.<sup>740</sup>
- (iii) Ní beag den bhuairt a thárlaidh tré mí-thuisgint a bheith ar chuid dá lucht leanúna de shaghas Zwingle san Eilbhéis. Níor leor leis ar athruigh Lúther, agus do cheap sé mór-chuid d’altannaibh nua creidimh dá chuid féin...<sup>741</sup>

Ní mhaítear sa téacs Gaeilge a cuireadh i gcló go raibh codanna den teagasc a chum Zwingle chomh neamhscriptiúrtha le teagasc Eaglais na Róimhe a ndearna Luther ionsaí air, toisc, is dócha, go dtabharfadh sé sin le fios go raibh ceist i dtaca le teagasc na hEaglaise Caitlicí.

(P)

---

<sup>737</sup> Wilmot-Buxton, *Makers of Europe*, 141.

<sup>738</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

<sup>739</sup> Wilmot-Buxton, *Makers of Europe*, 148.

<sup>740</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

<sup>741</sup> Wilmot-Buxton, *Taoisigh Eorpa*, 156.

- (i) He had done a great work in calling men's attention to the evils existing within the Church, and had hurried on a movement of reform, which it is quite certain was bound to come within the next few years. The popes still ruled in Rome, but their power was very much lessened, and as the new doctrines spread to other kingdoms, their sovereigns, each in turn, became, in more or less degree, independent of their authority. But, except in England, it took many long years of fighting and despair before the reformed Faith was allowed to exist in the different countries. To throw off a galling chain of authority was one thing: to allow one's subjects to be divided upon a matter which involved much beside religion, was quite another...<sup>742</sup>
- (ii) D'éirigh leis daoine do chur ag machtnamh ar na lochtaí a bhain leis an eaglais agus do bhrostuigh sé gluaiseacht na leasuíochotha mar is dearbh go dtiocfadh san uaidh féin i gceann beagán bliain. Bhí na pápaí sa Róimh feadh na haimsire ach ba lugha go mór a gcuid comhachta agus do réir mar do leath foirceadal an nua-aicme ar fuaid na ríoghacht d'éirigh na righthe a bhí ortha-san neamh-spleadhach leis na pápaí, diaidh ar ndiaidh. Ach, mar a mbeadh i Sasana amháin, do fearadh mórchuid de throid agus d'achrann agus d'iomarbháigh sarar ceadúigheadh an creideamh leasuithe i gcríochaibh na hEorpa. Ní leasc le héinne cuing nach áil leis a chaitheamh de féin: ba scéal eile do rí leigint dá mhuintir éirighe i gcoinnibh a chéile i dtaobh rud a fhág rian, ní hamháin ar chreideamh, ach ar gach rud eile leis.<sup>743</sup>
- (iii) —

Níl an t-eolas seo sa téacs Gaeilge a foilsíodh, agus ní léirítear ann, dá bharr, go ndearna Luther obair iontach chun aird na ndaoine a dhíriú ar na drochbhearta a bhí ar siúl san Eaglais agus gur tháinig forbairt níos tapa ar ghluaiseacht an leasaithe (a bhí le teacht ar aon nós laistigh de chúpla bliain) mar gheall air. Ní luaitear gur laghdaíodh cumhacht na bpápaí a bhí i gceannas sa Róimh, agus gur éirigh tiarnaí ríochtaí eile neamhspleách, a bheag nó a mhór, ar údarás na pápachta, ná ní thugtar le tuiscint do léitheoirí an tsaothair Ghaeilge nárbh é an creideamh an t-aon chúis amháin leis na cathanna.

Tá fáil ar na cinn seo a leanas, Q(i)–R(i), ar leathanach 163.

(Q)

<sup>742</sup> Wilmot-Buxton, *Makers of Europe*, 148–49.

<sup>743</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

- (i) One of their little towns was given up on condition that their lives were spared. The promise was given, but the soldiers decided that they need not keep faith with heretics. The men were massacred, the women shut up in a barn and burnt.<sup>744</sup>
- (ii) Do thiodhlacadar baile amháin dá namhadaibh ar choingheall go ndéanfaí anacal ortha. Do gealladh san dóibh ach níor tuigeadh do na saighdiúirí go mba ghadh aon gheallúint do tugadh d'eiricigh do chomhlíonadh. Do tugadh ár na bhfear; do cuireadh na mná fé iadhamh i scioból agus do loisceadh iad tré na chéile.<sup>745</sup>
- (iii) —

Níl aon rian de na habairtí seo sa leagan críochnaithe Gaeilge ach oiread. Ní chuirtear in iúl, mar sin, gur ghéill an baile beag seo ar an gcoinníoll go ligfí a mbeo leo—gur gealladh dóibh go ndéanfaí amhlaidh, ach gur shocraigh na saighdiúirí nár ghá gealltanais d'eiricigh a chomhlíonadh. Ní mhaítear go ndearnadh sléacht ar na fir, ach oiread, agus gur cuireadh na mná faoi ghlas i scioból sular loisceadh é. Shamhlófaí gur fágadh an méid seo ar lár toisc an léargas diúltach a fhaightear ann ar iompar na gCaitliceach seo.

(R)

- (i) So there descended upon these harmless folk,<sup>746</sup> working in their little farms and happy and contented in their simple lives, bands of rude soldiers, who proceeded to burn the villages and kill every man, woman, and child they found therein...<sup>747</sup>
- (ii) Mar sin d'ionnsuigh díormaí de shaighdiúirí garga do-bhéasacha na daoine neamh-urchóideacha so a bhí ag saothrú a gcuid feirmeach go sonaidhe sásta; do loisceadar na bailte agus do mharbhuigheadar idir fhear, bean agus páiste.<sup>748</sup>
- (iii) Mar sin d'ionnsuigh díormaí de shaighdiúirí garga na daoine úd a bhí ag saothrú a gcuid feirmeach go sonaidhe sásta; do loisceadar na bailte agus do mharbhuigheadar idir fhear, bean agus páiste.<sup>749</sup>

Cé gur aistríodh an píosa seo ina dtagraítear don scrios a rinneadh ar fheirmeacha sna sráidbhailte, baineadh amach gur dhaoine neamhurchóideacha iad na Protastúnaigh seo as an leagan deireanach, íomhá a mhúslóidh trua dóibh, b'fhéidir, i gcroíthe na léitheoirí.

<sup>744</sup> Wilmot-Buxton, *Makers of Europe*, 163.

<sup>745</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

<sup>746</sup> Ba Phrotastúnaigh iad na 'daoine neamhurchóideacha' seo.

<sup>747</sup> Wilmot-Buxton, *Makers of Europe*, 163.

<sup>748</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

<sup>749</sup> Wilmot-Buxton, *Taoisigh Eorpa*, 168–69.

Agus ar leathanach 164 a fhaightear S(i).

(S)

- (i) His son, Francis II., who now became king, was a boy of fifteen, and the whole governing power fell into the hands of the queen-mother, Catherine de Medici, and those of the Guises, six powerful brothers, who, by virtue of being the uncles of Mary Stuart, the young king's bride, exercised great influence over the weak youth and his court.<sup>750</sup>
- (ii) Sé a mhac san, Francois II, do tháinig 'na dhiaidh agus de bhrígh ná raibh sé ach 'na gharsún cúig bliana déag d'aois do thuit follamhnas na tíre le Cairtriona de Medicí, a mháthair agus le muintir Ghuisse—seisear dritheár díobh a bhí 'na gcomhairleoirí ag an rí de bhrígh go rabhadar 'na n-úncailí ag Máire Stíobhart a bhí pósta aige.<sup>751</sup>
- (iii) 'Sé a mhac san, Francois II., a tháinig 'na dhiaidh agus de bhrígh ná raibh sé ach 'na gharsún cúig bliana déag d'aois do thuit follúnas na tíre le Cairtriona de Medicí, a mháthair agus le muintir Ghuisse—seisear dritheár díobh a bhí 'na gcómhairleoirí ag an rí de bhrígh go rabhadar 'na n-úncailí ag Máire Stíobhart a bhí pósta aige.<sup>752</sup>

Níl aon difríocht shuntasach idir an leagan lámhscríbhinne agus an leagan Gaeilge a foilsíodh, ach tá idir na leaganacha seo agus an téacs bunaidh. Ba de bharr a aoise, a deirtear san aistriúchán, a bhí tionchar chomh mór sin ag a mháthair agus ag muintir Ghuisse ar Francis II—ar Chaitlicigh iad ar fad—seachas a laige, dáil nach mbeadh leath chomh diúltach i súile an léitheora.

Bhí leathanaigh eile ann ar dhírigh an tAthair Ó Murchadha agus an Seabhac aird orthu ach nuair a rinneadh comparáid idir an leagan Béarla, an leagan lámhscríbhinne agus an leagan Gaeilge a foilsíodh, níor léir go ndearnadh aon athrú ar aistriúchán Mhíchíl Uí Shiochfhradha.<sup>753</sup> Fuair an tAthair Ó Murchadha locht ar leathanaigh 154 agus 159<sup>754</sup>

---

<sup>750</sup> Wilmot-Buxton, *Makers of Europe*, 164.

<sup>751</sup> Lámhscríbhinn *Taoisigh Eorpa* le Micheál Ó Siochfhradha, g.d., MT008, An Gúm.

<sup>752</sup> Wilmot-Buxton, *Taoisigh Eorpa*, 170.

<sup>753</sup> Rinneadh anailís ar an 1ú, 10ú, 15ú, 19ú agus 20ú heagrán, agus níl difríocht ar bith eatarthu maidir le leathanach 154, 159 agus 167. Tá eagrán 20 díreach cosúil leis an lámhscríbhinn agus an leagan Gaeilge a foilsíodh (seachas an chinsireacht a rinneadh i bpróiseas an aistrithe). I ndeireadh na dála, is é an rud is tábhachtaí sa taighde seo ná an chinsireacht a rinne an t-aistritheoir/an Gúm sa deireadh, tar éis do na daoine seo a gcuid tuairimí a léiriú ina leith, agus i gcás na leathanach seo, ní dhearna an t-aistritheoir/an Gúm cinsireacht ar bith.

<sup>754</sup> Seán Mac Lellan, 9 Meitheamh 1931, A0053, An Gúm.

agus bhí an Seabhac buartha faoi leathanach 167.<sup>755</sup>

Ar leathanach 167, déantar cur síos ar ‘Ár Féile Partholáin’, nuair a d’ionsaigh Caitlicigh Protastúnaigh ar Lá Fhéile Partholáin sa bhliain 1572. Tugtar cur síos ar fheallmharú Aimiréal Gaspard de Coligny a bhí ina cheannaire ar Phrotastúnaigh na Fraince agus ar an mbaint a bhí ag Diúc Guise leis. Deirtear go raibh Protastúnaigh á scaoileadh ag Rí na Fraince, Séarlas IX, ó fhuinneog a pháláis féin. Ba Chaitlicigh iad Diúc Guise agus Séarlas IX.<sup>756</sup> Cuirtear síos ar Chaitliceach eile, Diúc Alba, agus na maruithe go léir a raibh sé freagrach astu mar bhunaitheoir Chomhairle na Fola ar leathanach 159. Chomh maith leis sin, déantar cur síos ar Liam Oráiste mar ‘the people’s only hope’.<sup>757</sup>

Shamhlófaí nach raibh an Seabhac ná an tAthair Ó Murchadha sásta leis na híomhánna diúltacha i leith na gCaitliceach a chruthaítear ar leathanach 159 agus 167 faoi seach, agus tharlódh nach raibh an tAthair Ó Murchadha sásta leis an gcur síos a thugtar ar Liam Oráiste mar chosantóir na saoirse ar leathanach 159. Is cinnte nár thaitin sé leis an Athair Mac Cionnaith cur síos a dhéanamh ar Liam Oráiste mar chosantóir saoirse creidimh: ‘The idea of William of Orange being champion of freedom of Religion is too absurd. Penal Laws in Ireland?’.<sup>758</sup> Is dócha gur mhol an tAthair Ó Murchadha agus an Seabhac athruithe a dhéanamh ach gur shocraigh an Gúm gan iad a chur i bhfeidhm. Níl rud ar bith ar leathanach 154, áfach, a sheasann amach mar rud a chuirfeadh isteach ar Chaitliceach á léamh.<sup>759</sup> Ba é an tAthair Ó Murchadha a luaigh an leathanach seo agus tharlódh go ndeachaigh uimhir na leathanach sa fhraoch ar an sagart nó nach raibh an t-eagrán céanna aige is a bhí ag an aistritheoir (ach is beag an baol go bhfuil eagrán áirithe

---

<sup>755</sup> Pádraig Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 22 Eanáir 1931, A0053, An Gúm.

<sup>756</sup> Wilmot-Buxton, *Makers of Europe*, 167.

<sup>757</sup> *Ibid.*, 159.

<sup>758</sup> An tAthair Láimhbheartach Mac Cionnaith chuig Seán Mac Lellan, g.d., A0053, An Gúm.

<sup>759</sup> Wilmot-Buxton, 154.

ann atá difriúil ó thaobh an leathanaigh seo, féach fonóta 753), agus mar sin nach raibh aon ní ar ghá cinsireacht a dhéanamh air ar leathanach 154 d’eagrán an aistritheora.

### **Breithiúnas Criticiúil**

Díríodh, sa chaibidil seo, ar an gcinsireacht a cuireadh i bhfeidhm ar an dá aistriúchán *Iascaire Inse Tuile* agus *Taoisigh Eorpa* sular foilsíodh iad. Faoi mar a léiríodh, fágadh píosaí faoi leith ar lár sa leagan Gaeilge de *Pêcheur d’Islande*—píosaí a thagair do na fir ag an bhféasta bainise a chaith seal i ndrúthlann, agus ina ndearnadh cur síos grafach ar oíche bainise Yann agus Gaud—chun moráltacht léitheoirí an tsaothair Ghaeilge a chosaint, is dócha. Ní hí an chinsireacht féin an rud is spéisiúla, sa chás seo, áfach, ach an chaoi nár cuireadh in iúl don aistritheoir uair ar bith go ndéanfaí cinsireacht ar a aistriúchán, agus nach ndearnadh na hathruithe go dtí go raibh deireadh déanta aigesean leis.<sup>760</sup> Ach d’fhéadfaí a áitiú nach raibh an dara rogha ag an nGúm—bhí brú orthu feidhmiú mar chompás morálta na sochaí, ach ba dhuine é an t-aistritheoir nár aontaigh le cinsireacht den chineál seo. Faoi mar a dúradh cheana, bhí meas ag Ó Grianna ar an litríocht ar tugadh léiriú ionraic ar an saol inti, agus shamhlófá, dá bharr, nach mbeadh sé sásta gur baineadh roinnt de na gnéithe is réalaíche de scéal *Iascaire Inse Tuile* amach.<sup>761</sup> Tá sé seo i nglanchodarsnacht le cás *Taoisigh Eorpa*, agus páirt ghníomhach ag an aistritheoir i bpróiseas na cinsireachta.<sup>762</sup> Tá cosúlacht idir an dá chás, áfach, sa chaoi is nár míníodh d’úinéirí na gceart foilsithe go ndéanfaí cinsireacht ar an mbunleabhar—ní dúradh leo ach gur theastaigh ón nGúm an dá cheann a aistriú.<sup>763</sup>

---

<sup>760</sup> Séamus Ó Grianna chuig an nGúm, 30 Iúil 1945, A0527, An Gúm; Tomás Ó hÉighneacháin chuig Seán Mac Lellan, 3 Lúnasa 1945, A0527, An Gúm.

<sup>761</sup> Ó Grianna, “Plight of Irish Artists,”; *ibid.*, “Sgríbhneoirí Gaedhilge—nár Agraidh Dia ortha é,” 1172.

<sup>762</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 22 Meitheamh 1931, A0053, An Gúm.

<sup>763</sup> Conradh, 13 Eanáir 1931, A0053, An Gúm; Seán Mac Lellan chuig Messrs. Calmann-Lévy, 15 Iúil 1946, A0527, An Gúm.



Is inspéise gur mhol an tAthair Mac Cionnaith gur cheart cinsireacht a dhéanamh ar *Taoisigh Eorpa*, ach nárbh eisean a mhol gur cheart cinsireacht a dhéanamh ar *Iascaire Inse Tuile*<sup>764</sup>—Colm Ó Murchadha a rinne sin.<sup>765</sup> Bhí eagla ar Ó Murchadha go mbeadh leagan Gaeilge de *Pêcheur d’Islande* chomh conspóideach, nó níos conspóidí, fiú, ná *Fánaí*, ach ní raibh an dá théacs dírithe ar an lucht léitheoireachta céanna: d’fhoilsigh an Gúm *Fánaí* mar théacs a bheadh oiriúnach do dhaltaí meánscoile, ach dhíreofaí ar ‘léightheoirí agus m[i]c-léighinn na Gaedhilge i measc an ghnáth-phobail’ i gcás *Iascaire Inse Tuile*.<sup>766</sup> Ach ní raibh an scéal chomh simplí sin, le fírinne—níor bhain cleachtas cinsireachta an Ghúim le daltaí scoile agus le soineantacht na hóige amháin a chosaint, ach bhain sé leis an bpobal i gcoitinne, le moráltacht an phobail iomláin a chosaint, agus níor ceapadh, dá bharr, gur cheart d’éinne, óg nó aosta, rudaí áirithe a fheiceáil i gcló.<sup>767</sup>

I dtaca leis na hathruithe a rinneadh ar *Taoisigh Eorpa*, taispeánadh thuas nár aistríodh píosaí faoi leith den bhunleabhar, agus gur cuireadh eolas breise in áiteanna sa leagan Gaeilge. De réir dealraimh, cuireadh an t-eolas breise seo sa leagan Gaeilge chun an Eaglais Chaitliceach, baill faoi leith den Eaglais, nó lucht ceannais na hEaglaise a

<sup>764</sup> An tAthair Láimhbheartach Mac Cionnaith chuig an nGúm, g.d., A0527, An Gúm.

<sup>765</sup> Colm Ó Murchadha chuig an nGúm, g.d., A0527, An Gúm.

<sup>766</sup> Seán Mac Lellan chuig Rúnaí Roinn Gnóthaí Eachtracha, Liam Mac Giolla Mhearnóg, 1 Nollaig 1944, A0527, An Gúm. Ní dhíreofaí *Iascaire Inse Tuile* ar dhaltaí scoile; tá go leor fianaise ann chun tacú leis an bpointe seo. Ar an gcéad dul síos, moladh an leabhar a aistriú ag cruinniú den Choiste Foilseachán, agus cuireadh an coiste sin ar bun chun ábhar litríochta a chur ar fáil don phobal i gcoitinne (bhí Coiste na Leabhar ar bun cheana féin chun leabhair scoile a chur ar fáil). Anuas air sin, níl *imprimatur* na Roinne Oideachais ag tús *Iascaire Inse Tuile*. Thabharfadh an *imprimatur* seo le fios gur mheas an Roinn Oideachais go raibh an leabhar oiriúnach do dhaltaí meánscoile. Nuair a foilsíodh *Fánaí* den chéad uair, mar shampla, bhí an *imprimatur* le feiceáil ar *verso* an leathanaigh teidil: ‘Measta ag an Roinn Oideachais i gcomhair foillsiúcháin fá’n nGúm chun cabhruithe le foillsiú leabhar i nGaedhilg tá oiriúnach mar théacsleabhra ins na Meán-Sgoileanna’. Ar an mbealach céanna socraíodh go gcuirfí *Taoisigh Eorpa* i gcló mar litríocht ghinearálta agus ní mar théacs scoile toisc nach mbeadh ar an nGúm an *imprimatur* a chlóbhualadh ag tús an aistriúcháin. Chomh maith leis sin, tabhair faoi deara gur luadh an saothar le ‘mac léighinn na Gaedhilge i measc an ghnáth-phobail’ seachas le mic léinn na Gaeilge sna meánscoileanna.

<sup>767</sup> Tuairisc Mhichíl Uí Mhurchadha, 17 Eanáir 1928, N0032, An Gúm. Cuireann sé seo le hargóint Mháirtín Uí Chadhain a pléadh i gCaibidil 1 go raibh ‘a special Gúm censorship’ ann ‘which presumed that everything that was to be written in Irish was for children or nuns’. Ó Cadhain, “Irish Prose in the Twentieth Century,” 147. Mar a dúradh sa chuid chéanna, dhéantaí gearán faoi chinsireacht mar seo san iris *The Bell*; dúirt an scríbhneoir, Margaret Barrington, mar shampla: ‘And because the Censor may think that a book is bad for the under-twenties, must I, who am over forty, be denied the pleasure of reading it?’. Barrington, “Public Opinion—Censorship,” 528; Gibbon, “In Defence of Censorship,” 313.

chosaint, agus níor aistríodh píosaí faoi leith den leagan Béarla toisc, is dócha go gcuirfidís dea-íomhá de Phrotastúnaigh nó de cháinteoirí na hEaglaise Caitlicí in iúl nó go gcuirfidís drochíomhá den Eaglais Chaitliceach, de bhaill faoi leith den Eaglais Chaitliceach nó de lucht ceannais na hEaglaise os comhair an léitheora.

Fearacht *Iascaire Inse Tuile*, léiríonn *cás Taoisigh Eorpa* go raibh tionchar suntasach ag meon cinsireachta na linne ar obair aistriúcháin an Ghúim. Cé nár cheap an t-eagarthóir, an tOifigeach Foilseachán ná Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais go raibh *Makers of Europe* frith-Chaitliceach,<sup>768</sup> bhí siad buartha faoi thuairim an phobail. Bhraith an t-eagarthóir nach mbeadh na scoileanna sásta leis,<sup>769</sup> agus bhraith an tOifigeach Foilseachán agus Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais gur ghá athruithe a chur i bhfeidhm ar an téacs ar mholadh cléireach Caitliceach.<sup>770</sup> Ba thrua nár éist an Gúm leis an aistritheoir nuair a mhol sé dóibh tuairimí a fháil ó léitheoirí eile ar oiriúnacht an bhunleabhair sular thosaigh sé ag aistriú ar chor ar bith. Níor ardaíodh ceisteanna faoi oiriúnacht an tsaothair go dtí go raibh an t-aistriúchán críochnaithe aige<sup>771</sup> agus níor íocadh an dara leath den airgead a bhí ag dul dó, dá bharr, go dtí beagnach bliain ina dhiaidh sin arís.<sup>772</sup>

Is díol suime é gur dhírigh Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais agus an t-aistritheoir araon aird ar mhí-eiticiúlacht na cinsireachta i bpróiseas an aistrithe, ach nár thóg oifigigh an Ghúim aon cheann dóibh; chuir Ó Dubhthaigh in iúl nár cheap sé go mbeadh sé ceart ‘any material alteration in the sense of oppressing of the original’ a dhéanamh toisc go

---

<sup>768</sup> Pádraig Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 22 Eanáir 1931, A0053, An Gúm; Seán Mac Lellan chuig Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, 9 Feabhra 1931, A0053, An Gúm; Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 10 Feabhra 1931, A0053, An Gúm.

<sup>769</sup> Pádraig Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 22 Eanáir 1931, A0053, An Gúm.

<sup>770</sup> Proinnsias Ó Dubhthaigh chuig Seán Mac Lellan, 9 Meitheamh 1931, A0053, An Gúm; Seán Mac Lellan chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, 9 Meitheamh 1931, A0053, An Gúm.

<sup>771</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 18 Iúil 1929, A0053, An Gúm; *ibid.*, 12 Iúil 1930, A0053, An Gúm; Pádraig Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 11 Meán Fómhair 1930, A0053, An Gúm.

<sup>772</sup> Foirm Íocaíochta an Aistritheora, 25 Lúnasa 1931, A0053, An Gúm.

mbeadh an leagan Gaeilge ‘published professionally’ mar aistriúchán,<sup>773</sup> agus mhínigh Ó Siochfhradha gur cheap sé nach mbeadh sé ceadaithe dó athruithe a dhéanamh toisc go raibh an leagan Gaeilge ‘ag dul fé ainm aistriúcháin’.<sup>774</sup>

Cé go raibh an tAthair Ó Murchadha sásta go raibh an leagan Béarla den saothar in úsáid i meánscoileanna na hÉireann, is léir gur cheap sé gur cheart cinsireacht a dhéanamh ar an leagan Gaeilge sula scaoilfí isteach sna scoileanna é, agus mhaígh sé nach mbeadh sé ceart *imprimatur* na Roinne Oideachais a chur air mar chuirfeadh sé sin in iúl gur mheas Roinn Oideachais an tSaorstáit go raibh an t-aistriúchán oiriúnach do dhaltai meánscoile. Toisc gur ghlac sé leis gur Phrotastúnach í an scríbhneoir, bhraith sé go ndeachaigh sí thar fóir lena tuairim, ach go gcosnódh an chinsireacht pobal na Gaeilge ó na gnéithe ba láidre den tuairim seo a léamh agus an rialtas ó na gnéithe ba láidre den tuairim seo a fhoilsiú.<sup>775</sup>

Mar a luadh cheana, bhí an t-aistriúchán críochnaithe ag Ó Siochfhradha faoin 12 Iúil 1930 agus chuir baill foirne ó thrí scoil in iúl don Ghúm i rith shamhradh/fhómhar na bliana 1930 go raibh sé ag teastáil go géar do thús na bliana scoile.<sup>776</sup> Thuig an Gúm, mar sin, go raibh práinn ag baint leis nuair a d’ardaigh an Seabhadh ceist faoi oiriúnacht an leabhair i mí Eanáir 1931.<sup>777</sup> Ba mhór an tairbhe a bheadh san aistriúchán seo—de réir Uí Shiochfhradha bhí sé oiriúnach do chúrsa na Meánteistiméireachta agus chuirfeadh sé i gcumas aon mhúinteora cúrsa na hArdteistiméireachta a mhúineadh agus iad ag fanacht le leabhair bhunaidh.<sup>778</sup> Bhí díomá ar mhúinteoirí cheana féin nach raibh an t-aistriúchán

---

<sup>773</sup> Proinnsias Ó Dubhthaigh chuig Seosamh Ó Néill, 10 Feabhra 1931, A0053, An Gúm.

<sup>774</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 22 Meitheamh 1931, A0053, An Gúm.

<sup>775</sup> An tAthair Micheál Ó Murchadha chuig an nGúm, g.d., A0053, An Gúm.

<sup>776</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 12 Iúil 1930, A0053, An Gúm; Aindrias Ó Muimhneacháin chuig Seán Mac Lellan, 29 Iúil 1930, A0053, An Gúm; P.T. Ó Riain chuig an nGúm, 22 Lúnasa 1930, A0053, An Gúm; An tSiúr M. Columbán chuig an nGúm, 26 Lúnasa 1930, A0053, An Gúm.

<sup>777</sup> Pádraig Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 22 Eanáir 1931, A0053, An Gúm.

<sup>778</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 18 Iúil 1929, A0053, An Gúm.

ar fáil do thús scoilbhliain 1930, ach mar gheall ar an gcur agus ar an gcúiteamh faoi na hathruithe a bheadh ag teastáil ní raibh an t-aistriúchán ina iomláine i seilbh na Roinne Oideachais go dtí an 22 Meitheamh 1931.<sup>779</sup> Nuair a chuirtear san áireamh go raibh an bunleabhar in úsáid i meánscoileanna Caitliceacha cheana féin,<sup>780</sup> ba chur amú ama uafásach é an siar is aniar faoi na hathruithe a bheadh ag teastáil sa leagan Gaeilge.

---

<sup>779</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 22 Meitheamh 1931, A0053, An Gúm.

<sup>780</sup> An tAthair Micheál Ó Murchadha chuig an nGúm, g.d., A0053, An Gúm.

## Caibidil 5

### **‘a leithéid sin de chos ar bolg d’imirt ar dhuine den phobal Gaedhal’: tionchar éiginnteacht na rialacha maidir le foilsiú sa chló Gaelach agus sa chló Rómhánach ar obair an Ghúim**

Sa chaibidil seo, déanfar plé cuimsitheach ar an tionchar a bhí ag éiginnteacht na rialacha maidir le foilsiú sa chló Gaelach agus sa chló Rómhánach ar scéal aistriúcháin an Ghúim agus díreofar, go háirithe, ar chás *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe, Maria Chapdelaine* agus *Taoisigh Eorpa*. Mar a pléadh i gCaibidil 1, nuair a bunaíodh an Saorstát, bhí go leor de na scríbhneoirí go láidir i bhfabhar an chló Ghaelaigh, agus bhí an cló sin in úsáid i bhformhór na scoileanna agus sa chuid is mó de na leabhair, ach bhí sé ní ba chostasáí ná úsáid an chló Rómhánaigh.<sup>781</sup>

Sa bhliain 1924 shocraigh an Rialtas a bhí i bhfeidhm, rialtas Chumann na nGaedheal, gurbh é an cló Rómhánach a d’úsáidfí feasta ar fud na státseirbhíse. Leathadh amach rialacha ar bhonn céimneach chun an cló Gaelach a dhíothú agus sa bhliain 1931 d’ordaigh an tAire Airgeadais, Earnán de Blaghd, go mbeadh an cló Rómhánach ina chló oifigiúil ón gcéad bhliain eile amach agus go mbeadh foilseacháin Ghaeilge an rialtais sa chló sin. Ach níorbh fhada gur toghadh Fianna Fáil, agus ar an 29 Márta 1932 cinneadh go mbeadh rogha idir an dá chló ag Ranna Stáit agus gurbh é an tAire cuí a dhéanfadh an rogha dá Roinn féin. Maidir leis an nGúm, socraíodh go dtabharfaí rogha idir an dá chló d’aistritheoirí agus do scríbhneoirí.<sup>782</sup> Glacadh go fonnmar agus go forleathan le cinneadh seo an Rialtais deireadh a chur le héigeantas an chló Rómhánaigh.<sup>783</sup>

---

<sup>781</sup> Ó Riain, *Pleanáil Teanga in Éirinn, 1919–1985*, 64.

<sup>782</sup> Walter Doolin chuig Seosamh Ó Néill, 25 Aibreán 1932, G010, An Gúm.

<sup>783</sup> Ó Riain, *Pleanáil Teanga in Éirinn, 1919–1985*, 64–65.

Agus an obair ar na comhaid idir lámha don chatalóg nua, ba léir gur mhinic a chruthaigh éiginnteacht na rialacha i dtaca le cúrsaí cló aighneas idir aistritheoirí agus oifigigh an Ghúim agus go ndearna sé dochar don chaidreamh idir an dá dhream. Is eiseamláirí ionadaíocha iad na cásanna thíos ar an tionchar a bhí ag an éiginnteacht ar obair aistriúcháin an Ghúim i dtréimhse ama an tráchtais.

Níor spreagadh imreas forleitheadach de thoradh mholadh úd an Aire sa bhliain 1932 rogha idir an dá chló a thabhairt d'aistritheoirí agus d'údair an Ghúim. Ní raibh aon achran, mar shampla, maidir le cúrsaí cló i gcás *Stair na Gréige, Dathad a hAon* ná *Iascaire Inse Tuile*. B'fhearr leis an triúr a d'aistrigh na téacsanna seo—An Moinsíneoir Pádraig de Brún, Nioclás Tóibín agus Séamus Ó Grianna—an cló Gaelach, agus sa chló Gaelach a foilsíodh iad. Mar sin, cé nár bhain deacracht leis an rogha seo, b'fhiú léargas a thabhairt ar na tuairimí a nocht siad i dtaobh cúrsaí cló, tuairimí a bhfuil fáil orthu i gcomhaid an Ghúim.

Socraíodh iarraidh ar an Moinsíneoir de Brún *Stair na Gréige* a aistriú sa bhliain 1937, agus mar sin tugadh rogha idir an dá chló dó. Murach gur tugadh an rogha seo dó, seans maith go mbeadh aighneas idir é féin agus an Gúm faoi fhoilsiú an leabhair toisc go raibh sé go láidir i gcoinne an chló Rómhánaigh—tuairim a léirigh sé i mí an Mheithimh 1934 nuair a bhí an Gúm chun aistriúchán dá chuid, *Beathaí Phlútairc*, a fhoilsiú. Dúirt sé nár mhaith leis 'aon bheatha aca d'fheiscint sa chló Rómhánach'. Sa chló Gaelach, mar sin, a cuireadh an dá shaothar dá chuid amach.<sup>784</sup>

Foilsíodh roinnt de na haistriúcháin is luaithe a rinne Nioclás Tóibín don Ghúm sa chló Rómhánach, mar shampla; *La Belle Nivernaise*, agus *Dinní Ó Frighil*.<sup>785</sup> Níor

---

<sup>784</sup> Pádraig de Brún chuig Seán Mac Lellan, 1 Meitheamh 1934, A0267.

<sup>785</sup> Daudet, *La Belle Nivernaise*; Séamus MacManus, *Dinní Ó Frighil*, aistr. Nioclás Tóibín (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933).

tugadh rogha dó maidir le cló na n-aistriúchán sin,<sup>786</sup> ach nuair a tugadh rogha dó sa bhliain 1932, agus aistriúchán á dhéanamh aige ar *The Hound of the Baskervilles*, roghnaigh sé an cló Gaelach<sup>787</sup>—rogha a mhínigh sé go soiléir i litir a scríobh sé chuig Seán Mac Lellan, a bhí ina Oifigeach Foilseachán sa Ghúm: ‘Is eol dúinn d’réir staire nár ghabh Julius Caesar ní ba shia siar ná Sasana, pé cúis a bhí aige leis. Agus óir nár ránaig do Gaedhil a chur fé smacht cad é an chúis go nglacfaidís le n-a chuid cló?’.<sup>788</sup> Bhí a fhios ag an nGúm go rímhaith faoi 1939, mar sin, nuair a mhol an tAire Ó Deirg go mbeadh an Tóibíneach oiriúnach chun *Forty-one* a aistriú,<sup>789</sup> go dteastódh uaidh go gclóbhuailfí an t-aistriúchán sa chló Gaelach, agus foilsíodh an t-aistriúchán sa chló sin. De réir dealraimh, ghlac an Gúm leis go roghnódh an Tóibíneach an cló úd, mar níl aon fhianaise sna comhaid a bhaineann le *Dathad a hAon* gur fhiafraigh siad de, go fiú, cén cló a d’úsáidfidís.<sup>790</sup>

Ní raibh aon aighneas maidir le cúrsaí cló i gcás *Iascaire Inse Tuile* ach an oiread, agus foilsíodh é sa chló Gaelach sa bhliain 1952.<sup>791</sup> I dtaca le Séamus Ó Grianna, agus a smaointe siúd i leith an chló i gcoitinne, nuair a tugadh rogha idir an dá chló dó sa bhliain 1932 léirigh sé gurbh fhearr leis go bhfoilseofaí *Caiftín Blood* sa cheann Gaelach.<sup>792</sup> Mar a pléadh i gCaibidil 1 den tráchtas, dúirt Ó Grianna go raibh sé ‘ar an tráigh fhoilimh’ nuair a thosaigh sé ag aistriú sa bhliain 1930 agus murach sin, nach rachadh sé ag obair faoin scéim ar chor ar bith.<sup>793</sup> Foilsíodh aistriúchán amháin leis, *Éire agus Éireannaigh i Muirthéacht na Frainnce*,<sup>794</sup> sa chló Rómhánach, agus ní dheachaigh sé i gcoinne an

<sup>786</sup> A0086, An Gúm; A0133, An Gúm.

<sup>787</sup> Seán Mac Lellan chuig Nioclás Tóibín, 22 Aibreán 1932, A0434, An Gúm.

<sup>788</sup> Nioclás Tóibín chuig Seán Mac Lellan, 25 Aibreán 1932, A0434, An Gúm.

<sup>789</sup> Edmund Alan Downey chuig Tomás Ó Deirg, 20 Aibreán 1939, A0434, An Gúm.

<sup>790</sup> A0434, An Gúm; Downey, *Dathad a hAon*.

<sup>791</sup> A0527, An Gúm; Loti, *Iascaire Inse Tuile*.

<sup>792</sup> Séamus Ó Grianna chuig Seán Mac Lellan, 28 Aibreán 1932, A0155, An Gúm.

<sup>793</sup> Ó Grianna, *Saol Corrach*, 235.

<sup>794</sup> Richard Hayes, *Éire agus Éireannaigh i Muirthéacht na Frainnce*.

Ghúim ina thaobh toisc, is dócha, go raibh an t-airgead ag teastáil go géar uaidh san am sin. Socraíodh go bhfoilseofaí an t-aistriúchán áirithe seo sa chló Rómhánach sular cinneadh go dtabharfaí rogha idir an dá chló do na haistritheoirí.<sup>795</sup>

Ach, cúpla bliain roimhe sin, nuair nach raibh sé ar an ngannchuid, is dócha, dhiúltaigh Ó Grianna leanúint ar aghaidh leis an aistriúchán a bhí á dhéanamh aige ar *Comin' Thro' the Rye* mar gheall ar chúrsaí cló.<sup>796</sup> Thug sé faoin nGúm go nimhneach i litir a scríobh sé chucu:

Thanks for your letter and contract form. There are some things in the letter which I cannot understand, and I intended to write and ask you to have the form translated into English for me—or into Irish if you could so arrange matters. In the meantime however I found out that your committee have decided to have all translated works printed in Roman type; and as I could not possibly agree to that, I am spared the trouble of trying to understand a document written in “Compulsory Irish”. With regard to the translating of “Comin’ through the Rye”, I think it was very unfair not to have told me in the beginning that it would have to be printed in Roman type. I worked hard at it for two months and translated between thirty and forty thousand words. The book is an extremely difficult one to translate...And now I am told that all my labour was for nothing, unless I agree to accept impossible conditions...I claim that in all justice, such conditions should be made known and explained in the beginning...I think that every reasonable person will agree with me on this point.<sup>797</sup>

Bhí sé beartaithe ag a dheartháir, Seosamh, an t-aistriúchán áirithe seo a dhéanamh i dtosach ach bhí Séamus tar éis a rá leis an nGúm nach mbeadh a dheartháir in ann obair a dhéanamh go ceann i bhfad toisc go raibh sé go dona tinn ach go mbeadh sé féin sásta an téacs a aistriú.<sup>798</sup> Thosaigh Seosamh an t-aistriúchán ón tús nuair a tháinig sé chuige féin agus foilsíodh é sa chló Rómhánach sa bhliain 1933.<sup>799</sup>

---

<sup>795</sup> Instructions to Printers, 7 Eanáir 1932, A0162, An Gúm.

<sup>796</sup> Helen Mathers, *Comin' Thro' the Rye* (London: Richard Bentley & Son, 1875).

<sup>797</sup> Séamus Ó Grianna chuig Seán Mac Lellan, 18 Méan Fómhair 1928, A0033, An Gúm.

<sup>798</sup> *Ibid.*, 4 Aibreán 1928, A0033, An Gúm.

<sup>799</sup> Seosamh Mac Grianna chuig Seán Mac Lellan, 30 Deireadh Fómhair 1928, A0033, An Gúm; *ibid.*, 9 Eanáir 1929, A0033, An Gúm; Helen Mathers, *Teacht fríd an tSeagal*, aistr. Seosamh Mac Grianna (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933).



**‘Cad a dhéanfas sgríobhóir idir an dá linn?’: *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe*  
agus athrú rialtais**

Mar a d’úradh i gCaibidil 4, iarradh ar Phádhraic Ó Domhnalláin aistriúchán a dhéanamh ar an leabhar *A General History of the Christian Era*<sup>800</sup> le Nicholas A. Weber i mí na Samhna 1928.<sup>801</sup> Mhínigh Ó Domhnalláin go ndéanfadh sé an t-aistriúchán, ceart go leor, ach ar an gcoinníoll go gclóbhuailfí é sa chló Gaelach.<sup>802</sup> Tá dhá imleabhar sa téacs, agus fiafraíodh d’Ó Domhnalláin, i mí na Bealtaine 1929 nuair a bhí an chéad imleabhar á aistriú aige, an raibh sé ar intinn aige an dara himleabhar a dhéanamh,<sup>803</sup> agus thug sé le fios go raibh.<sup>804</sup> I mí Eanáir 1930, chuir sé in iúl arís eile go raibh sé meáite ar an téacs a chur amach sa chló Gaelach: ‘Maidir le coingheallacha: Ní mór dom-sa deimhniú d’fhághail go gcló-bhuailfear as cló ar a dtugtar an cló Gaedhealach é’.<sup>805</sup>

Cuireadh in iúl d’Ó Domhnalláin, níos déanaí an mhí sin, go mbeadh an Roinn Sásta an t-aistriúchán a bhí déanta aige ar an gcéad imleabhar de *A General History of the Christian Era* a chlóbhualadh sa chló Gaelach.<sup>806</sup> I mí Aibreáin 1927, chinn an Rialtas go gceadófaí don Roinn Oideachais, go ceann dhá bhliain eile, leabhair a bhain le Sraith na Meánscoile a chur amach sa chló Gaelach. Glacadh le haistriúchán Uí Dhomhnalláin ar an gcéad imleabhar laistigh den dá bhliain sin,<sup>807</sup> agus ba é sin an fáth gur foilsíodh an chéad eagrán gan achrann ar bith maidir le cúrsaí cló.

Cé go raibh beartais ar siúl ag an Rialtas faoi Eanáir 1930 chun an cló Gaelach a

---

<sup>800</sup> Weber, *A General History of the Christian Era*, vol. 1; *ibid.*, vol. 2. Níor luaigh an Gúm go sonrach an raibh an chéad imleabhar amháin, nó an saothar ina iomláine (an dá imleabhar) i gceist acu.

<sup>801</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádhraic Ó Domhnalláin, 27 Samhain 1928, A0117, An Gúm.

<sup>802</sup> Pádhraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 2 Nollaig 1928, A0117, An Gúm. Tá cur síos i gCaibidil 1 ar na bealaí difriúla ina ndearnadh aistritheoirí a carcú.

<sup>803</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádhraic Ó Domhnalláin, 8 Bealtaine 1929, A0285, An Gúm.

<sup>804</sup> Pádhraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 12 Bealtaine 1929, A0285, An Gúm.

<sup>805</sup> *Ibid.*, 19 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

<sup>806</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádhraic Ó Domhnalláin, 30 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

<sup>807</sup> Seán Mac Lellan chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, 18 Feabhra 1930, A0117, An Gúm.

dhíothú i bhfoilseacháin faoi leith de chuid Oifig an tSoláthair,<sup>808</sup> níor thug an Gúm le fios don Domhnallánach go raibh éiginnteacht ar bith ann, ag an bpointe sin, maidir le húsáid an chló sa todhchaí—éiginnteacht a ba chúis le haighneas idir an Gúm agus aistritheoir *Maria Chapdelaine*, Risteárd Ó Foghludha, mar a fheicfear níos déanaí sa chaibidil seo. Dúradh le hÓ Domhnalláin i mí na Samhna 1931 ‘gurab amhlaidh nach raibh sé ceaduithe don Roinn Oideachais le tamall maith anuas leabhra do ghlacadh i gcóir foillsiúcháin ach amháin ar choinghill go gcuirfí an Cló Rómhánach orra. Thiocfadh an dara leabhar den “Christian Era” fé’n choinghill sin’.<sup>809</sup>

Ní raibh Ó Domhnalláin róshásta leis sin, áfach, agus scríobh sé ar ais chucu: ‘do thagairt do’n chló Rómhánach! Atá geallamhaint agam cheana uaibh go gcuirfí an ‘Ré-Christuidhe’ amach ins an gCló Gaedhealach!’<sup>810</sup> Bhí frustrachas air gur ligeadh dó tabhairt faoin téacs a aistriú sa chló Gaelach agus nár dúradh a mhalairt leis, ach anois, agus cuid de déanta, go raibh siad ag iarraidh air an cló eile a úsáid: ‘Maidir le iml. II. Cé bí cad atá ins an litir do thuig mise go gcuirfí an leabhar uile sa gcló Gaedhealach: agus an méid de atá déanta agam is ins an gcló sin atá sé sgríobhtha’.<sup>811</sup>

Bhí Cumann na nGaedheal i mbun an Rialtais ag an am sin (1923–32). Bhí frustrachas ar Ó Domhnalláin mar tuigeadh dó nach raibh taobh thiar den chinneadh chun leabhair a chur amach sa chló Rómhánach amháin ach mian páirtí polaitíochta agus go bhféadfaí an riail a athrú chomh luath is a thoghfaí páirtí eile: ‘Rud eile atá geallta ag Fianna Fáil má bhíd i gceannas Riaghaltais go gcuirfid an cló Rómhánach fá chois. Cad a dhéanfas sgríobhnóir idir an dá linn? Bu mhaith liom do thuairim faoi, le do thoil...’<sup>812</sup>

Bhí an ceart ag an aistritheoir a bheith amhrasach mar toghadh Fianna Fáil an chéad mhí

---

<sup>808</sup> Ó Riain, *Pleanáil Teanga in Éirinn: 1919–1985*, 64.

<sup>809</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádraic Ó Domhnalláin, 2 Samhain 1931, A0285, An Gúm.

<sup>810</sup> Pádraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 30 Nollaig 1931, A0285, An Gúm.

<sup>811</sup> *Ibid.*, 7 Feabhra 1932, A0285, An Gúm.

<sup>812</sup> *Ibid.*

eile, ar an 9 Márta 1932, agus, go deimhin, rinne siad athruithe maidir le cúrsaí cló. Chinn an Rialtas, ar an 29 Márta 1932, go gcealófaí feasta na rialacháin a chuir cosc le foilsiú sa chló Gaelach.<sup>813</sup> Dúradh le hÓ Domhnalláin i mí Mheán Fómhair 1932, dá thoradh, go mbeadh ‘an Roinn sásta cló Gaedhealach do chur ar aistriú de’n dara imleabhar’.<sup>814</sup>

**‘neart gan cheart’: *Maria Chapdelaine* agus diongbháilteacht Earnáin de Blaghd**

D’iarr an Coiste Foilseachán ar Risteárd Ó Foghludha *Maria Chapdelaine* a aistriú i mí an Mhárta 1928,<sup>815</sup> agus bhí an obair i gcrích aige faoi 22 Lúnasa na bliana céanna.<sup>816</sup> Fad is a bhí an t-aistriúchán á dhéanamh aige, bhí éiginnteacht áirithe ann, áfach, maidir leis an gcineál cló a mbainfí úsáid as in aistriúcháin choimisiúnaithe mar seo, sé sin, aistriúcháin a dhéanfaí ar iarratas ón gCoiste. Shocraigh an tAire Airgeadais gur cheart aistriúcháin a choimisiúnaigh an Coiste Foilseachán a fhoilsiú sa chló Rómhánach, socrú a cuireadh in iúl don Roinn Oideachais ar an 8 Deireadh Fómhair 1928. Bhí Ó Foghludha tar éis an t-aistriúchán a chríochnú agus a thabhairt isteach faoin tráth seo.<sup>817</sup>

Dhéantaí comhaontú faoi leith le haistritheoirí a dhéanadh aistriúcháin choimisiúnaithe, ach níor socraíodh foclaíocht an chomhaontaithe áirithe seo go dtí go raibh an t-aistriúchán críochnaithe ag Ó Foghludha. Dhiúltaigh sé an fhoirm chomhaontaithe a shíniú nuair a cuireadh é faoina bhráid i mí Mheán Fómhair 1928, toisc nach raibh aon chinntiú san fhoirm go bhfoilseofaí a aistriúchán sa chló Gaelach.<sup>818</sup> Bhí Ó Foghludha go mór ar son an chló Ghaelaigh, agus go mór i gcoinne an chló

---

<sup>813</sup> Ó Riain, *Pleanáil Teanga in Éirinn: 1919–1985*, 65.

<sup>814</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádraic Ó Domhnalláin, 16 Meán Fómhair 1932, A0285, An Gúm.

<sup>815</sup> Seo a leanas na daoine a bhí i láthair ag an gcuinniú sin: Dubhghlas de hÍde, Tomás Ó Máille, Tadhg Ó Donnchadha, Seoirse Mac Niocaill, an tAthair Láimhbheartach Mac Cionnaith, Lúise Ghabhánach Ní Dhubhthaigh, Piaras Béaslaí agus Risteárd Ó Foghludha. Miontuairiscí an Chruinnithe, 15 Márta 1928, G068, An Gúm.

<sup>816</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig an nGúm, 22 Lúnasa 1928, A0002, An Gúm.

<sup>817</sup> Seán Mac Lellan chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 24 Márta 1932, A0002, An Gúm.

<sup>818</sup> Ibid.

Rómhánaigh, mar is léir ón nóta seo a scríobh sé chuig Seán Mac Lellan: ‘ní bheinnse sásta éinleabhar óm láimh do dhul sa chló Rómhánach. Agus má’s sa chló Rómhánach a mheasgadh an Roinn é chur, ná bíodh a thuille mar gheall air; faghaim an t-adhbhar thar n-ais, mar ní haon chabhair a bheith ag caitheamh cainnte air, chomh fada is bhaineann an scéal liomsa’.<sup>819</sup> D’iarr an Roinn Oideachais ar an Roinn Airgeadais, faoi dhó, cead a thabhairt dóibh an t-aistriúchán a fhoilsiú sa chló Gaelach, dá bharr, i mí Dheireadh Fómhair agus arís i mí na Samhna 1928,<sup>820</sup> ach saothar in aisce a bhí ann.<sup>821</sup> Léirigh an Roinn Oideachais gur cheart an t-aistriúchán a fhoilsiú sa chló Gaelach toisc nár luadh le hÓ Foghludha go gclóbhuailfí an t-aistriúchán sa chló Rómhánach sular thug sé faoin obair. Dá dtabharfadh an Roinn Airgeadais cead dóibh an t-aistriúchán a fhoilsiú sa chló Gaelach, mhaígh siad go gcuirfidís ina luí ar an aistritheoir gur chás eisceachtúil é seo agus go bhfoilseofaí aistriúcháin choimisiúnaithe eile sa chló Rómhánach.<sup>822</sup>

Cé gurbh aistriúchán coimisiúnaithe é seo, agus rialacha áirithe ag gabháil leis, bhain coinníollacha ar leith le foilsiú ‘works voluntarily submitted’ chomh maith. Maíodh, i meamram ar an 7 Nollaig 1928, go bhfoilseofaí leabhar as gach trí cinn den chineál seo (téacsanna a cuireadh isteach ar chonlán an scríbhneora/aistritheora) sa chló Rómhánach sa bhliain airgeadais 1929/30.<sup>823</sup> D’fhiafraigh Ó Foghludha de Sheán Mac Lellan i mí Dheireadh Fómhair 1929 an nglacfadh an Roinn Oideachais leis an gceithre chéad leathanach a scríobh sé ‘ar athchuinghe an Choiste’ mar théacs a cuireadh isteach ar a chonlán féin.<sup>824</sup> D’iarr Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, Proinsias Ó Dubhthaigh,

---

<sup>819</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig Seán Mac Lellan, 25 Feabhra 1931, A0194, An Gúm.

<sup>820</sup> Meamram ón Roinn Oideachais chuig an Roinn Airgeadais, 25 Deireadh Fómhair 1928, A0002, An Gúm; *ibid.*, 14 Samhain 1928, A0002, An Gúm.

<sup>821</sup> Meamram ón Roinn Airgeadais chuig an Roinn Oideachais, 8 Samhain 1928, A0002, An Gúm; *ibid.*, 7 Nollaig 1928, A0002, An Gúm.

<sup>822</sup> Meamram ón Roinn Oideachais chuig an Roinn Airgeadais, 14 Samhain 1928, A0002, An Gúm.

<sup>823</sup> Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais chuig Rúnaí na Roinne Airgeadais, 15 Samhain 1929, A0002, An Gúm. Dealraíonn sé gur cheadaigh an Roinn Airgeadais cuid de na téacsanna den chineál seo a chur amach sa chló Gaelach toisc gur bhain ráta íocaíochta níos ísle leo, ní thabharfaí ach 10/- an míle focal ar a mhéad don aistritheoir astu. Féach fonóta 846. Comhaontú, 3 Iúil 1934, A0293, An Gúm.

<sup>824</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig Seán Mac Lellan, 3 Deireadh Fómhair 1929, A0002, An Gúm.

ar Rúnaí na Roinne Airgeadais, Walter Doolin, cead a thabhairt don Roinn glacadh leis an aistriúchán sa chaoi seo.<sup>825</sup> Tugadh le fios do Rúnaí na Roinne Oideachais, Seosamh Ó Néill, ar an 23 Samhain 1929, nach gceadódh an tAire Airgeadais, Earnán de Blaghd, an t-aistriúchán a fhoilsiú sa chaoi seo ach chomh beag, agus go raibh sé den tuairim nach bhfoilseofaí téacs ar bith den chineál seo, ach an oiread, sa chló Gaelach tar éis tamall beag eile.<sup>826</sup>

Ghoill cás an aistriúcháin seo go mór ar Ó Foghludha agus shíl sé ‘ná raibh ann ar fad acht neart gan cheart a leithéid sin de chos ar bolg d’imirt ar dhuine dhen phobal Gaedhal’. Chaith sé níos mó ná ceithre mhí nó tuairim is seacht seachtaine déag ag déanamh aistriúcháin ar an ‘leabhar maith mór’ seo agus chreid sé go ndearnadh ‘tíorántacht chríochnuighthe’ air ina thaobh. Bhí Ó Foghludha ina bhall den Choiste Foilseachán ach bhí sé ‘láncheapaithe an coiste do thréigean ar fad’ mar gheall ar an aighneas seo. Agus argóint á déanamh aige ar son an t-aistriúcháin a fhoilsiú, dhírigh Ó Foghludha aird ar oiriúnacht ábhar an bhunleabhair. Léirigh sé gur bhain an téacs le saol lucht tuaithe in Quebec, saol a bhí an-chosúil le saol na nGael in Éirinn.<sup>827</sup> Bhí *Maria Chapdelaine* luaite mar leabhar a bheadh oiriúnach le haistriú sa chéad liosta ar fad a chuir an Coiste Foilseachán le chéile.<sup>828</sup> Nuair a mhol Tadhg Ó Donnchadha, nó ‘Torna’, mar a tugadh air, an téacs a aistriú ar dtús, thug sé le fios go mbeadh sé éasca d’Éireannaigh fealsúnacht agus dearcadh an údair ar an saol a thuiscint;<sup>829</sup> dhírigh Gearóid Ó Lochlainn agus Ó Foghludha araon ar an tuiscint chruinn a léirigh an t-údar ar chás na ndaoine a bhí ina gcónaí i bhfad amach ó chathracha agus ó bhailte móra i gcúige

---

<sup>825</sup> Proinsias Ó Dubhthaigh chuig Walter Doolin, 15 Samhain 1929, A0002, An Gúm.

<sup>826</sup> Walter Doolin chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 23 Samhain 1929, A0002, An Gúm.

<sup>827</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 18 Márta 1932, A0002, An Gúm.

<sup>828</sup> Ag an gcéad chruinniú den Choiste Foilseachán, iarradh ar na baill leabhair ab fhiú a aistriú a ainmniú. Seo a leanas na daoine a d’fhreastail ar an gcruinniú sin: Seoirse Mac Niocaill, Piaras Béaslaí, Tomás Ó Máille, Pádraig de Brún, Risteárd Ó Foghludha, Lúise Ghabhánach Ní Dhubhthaigh, Colm Ó Murchadha agus Gearóid Ó Lochlainn. Miontuairiscí an Chruinnithe, 22 Méan Fómhair 1927, G068, An Gúm.

<sup>829</sup> Tadhg Ó Donnchadha chuig an nGúm, 23 Samhain 1927, A0002, An Gúm.

Quebec;<sup>830</sup> agus bhraith Cionait Ó Roideáin gur cheart tús áite a thabhairt d'aistriúchán a dhéanamh ar *Maria Chapdelaine* toisc go mbeadh sé chomh hoiriúnach sin do léitheoirí Gaeilge.<sup>831</sup>

B'aistriúchán ó Fhraincis go Gaeilge é an t-aistriúchán seo, agus mar gheall gur cáineadh an Gúm toisc gur aistrigh a gcuid aistritheoirí níos mó téacsanna Béarla ná téacsanna ó theanga ar bith eile, shamhlófaí gur chuir an teanga bhunaidh le fiúntas an tsaothair seo.<sup>832</sup> Mar a dúradh i gCaibidil 1, is léir ó na comhaid a bhaineann le haistriúcháin an Ghúim nach raibh go leor aistritheoirí Gaeilge a raibh teanga eile acu seachas an Béarla, agus gurbh é sin an fáth nár fhoilsigh siad níos mó aistriúchán ó theangacha eile. B'aistritheoirí Gaeilge an-luachmhar iad leithéidí Uí Fhoghludha agus Shéamais Uí Ghrianna don Roinn Oideachais, mar sin, toisc go raibh an Fhraincis acu. Chuirte dualgas ar Ó Foghludha téacsanna a léamh agus a thuairim fúthu a thabhairt don Ghúm, chomh maith le téacsanna a aistriú. Bhí a chuid scileanna de dhíth chomh géar sin ar an eagrais gur bhraith sé gur cuireadh an iomarca brú air: 'Níor fhéadas líne de Mharia Chapdelaine a dhéanamh le trí hoidhche anuas, toisc Tristan is Iseult a bheith á léigheamh agam. Ná féadfaidhe an obair léighthóireachta so a chur ar dhaoine go dteastuigheann caitheamh aimsire uatha, in ionad bheith ag moilliughadh duine go mbíonn air a lán scríbhneoireachta a chur dá láimh?'.<sup>833</sup> De réir an Ghúim, bhí orthu é a chur faoi bhrú oibre 'toisc a dheacraighe' is a bhí sé 'daoine sár-léigheanta sa Ghaedhilge agus sa bhFraincis araon d'aimsiúghadh'.<sup>834</sup> Bhí an Roinn Oideachais buartha, dá bharr, faoi aistritheoirí, a raibh na scileanna acu a bhí ag teastáil go géar ón Roinn, a chailleadh mar gheall ar ábhair aighnis de chineál seo an chló.<sup>835</sup>

---

<sup>830</sup> Risteárd Ó Foghludha agus Gearóid Ó Lochlainn chuig an nGúm, 3 Samhain 1927, A0002, An Gúm.

<sup>831</sup> Cionait Ó Roideáin chuig Seán Mac Lellan, 3 Feabhra 1928, A0002, An Gúm.

<sup>832</sup> Ó Faracháin, "Regarding An Gúm," 176.

<sup>833</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig an Roinn Oideachais, 15 Meitheamh 1928, A0002, An Gúm.

<sup>834</sup> Seán Mac Lellan chuig Risteárd Ó Foghludha, 21 Meitheamh 1928, A0002, An Gúm.

<sup>835</sup> Seán Mac Lellan chuig Rúnaí na Roinne Airgeadais, 24 Márta 1932, A0002, An Gúm.

Sa bhliain 1932, ceithre bliana tar éis don Roinn Oideachais iarraidh ar Ó Foghludha an t-aistriúchán a dhéanamh, bhí sé fós gan foilsiú de bharr cheist an chló. Nuair a toghadh Fianna Fáil i mí an Mhárta 1932 agus chealaigh siad na rialacháin a chuir cosc le foilsiú sa chló Gaelach,<sup>836</sup> chuaigh Ó Foghludha i dteagmháil le Rúnaí na Roinne Oideachais chun a ábhar gearáin a chur os comhair an Aire nua, Tomás Ó Deirg, ‘ionas go ndéanfadh sé cothrom insa chás’.<sup>837</sup> Faoi dheireadh, tugadh le tuiscint don aistritheoir, i mí Aibreáin 1932, go bhfoilseofaí a aistriúchán sa chló Gaelach.<sup>838</sup> Tugadh íocaíocht dó an mhí chéanna sin,<sup>839</sup> ceithre bliana tar éis don Roinn Oideachais iarraidh air an t-aistriúchán a dhéanamh,<sup>840</sup> agus foilsíodh sa bhliain 1934 é,<sup>841</sup> dhá bhliain ina dhiaidh sin arís.

**‘go mbuanófaí sa mhargadh é’: meon Mhichíl Uí Shiochfhradha i leith luach an chló Ghaelaigh**

Nuair a d’iarr an Gúm ar Mhicheál Ó Siochfhradha *Taoisigh Eorpa* a aistriú i mí Iúil 1929, cuireadh in iúl dó go bhfoilseofaí an t-aistriúchán sa chló a roghnódh an Roinn Oideachais<sup>842</sup>—coinníoll a raibh sé sásta leis.<sup>843</sup> Ach, nuair a toghadh Fianna Fáil i mí an Mhárta 1932,<sup>844</sup> cheadaigh an Roinn Oideachais aistriúcháin a chur amach sa chló Gaelach nach mór láithreach—*Maria Chapdelaine* Uí Fhoghludha ina measc. Is léir go ndearna Ó Siochfhradha athmhachnamh ar chló an aistriúcháin nuair a léiríodh go raibh meon níos dearfaí ag an Rialtas a bhí i bhfeidhm i leith an chló Ghaelaigh agus dúirt sé, i

---

<sup>836</sup> Ó Riain, *Pleanáil Teanga in Éirinn: 1919–1985*, 64.

<sup>837</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 18 Márta 1932, A0002, An Gúm.

<sup>838</sup> Seán Mac Lellan chuig Risteárd Ó Foghludha, 6 Aibreán 1932, A0002, An Gúm.

<sup>839</sup> Foirm Íocaíochta an Aistritheora, 14 Aibreán 1932, A0002, An Gúm.

<sup>840</sup> Miontuairiscí an Chruinnithe, 15 Márta 1928, G068, An Gúm.

<sup>841</sup> Foirm Foilseacháin, 3 Iúil 1934, A0002, An Gúm.

<sup>842</sup> Seán Mac Lellan chuig Mhicheál Ó Siochfhradha, 29 Iúil 1929, A0053, An Gúm.

<sup>843</sup> Mhicheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 2 Lúnasa 1929, A0053, An Gúm.

<sup>844</sup> Ó Riain, *Pleanáil Teanga in Éirinn: 1919–1985*, 64.

mí an Mhárta 1934, gur mhaith leis an ‘cló gaedhealach d’fheiscint ar an leabhar’. Bhí an t-aistriúchán curtha amach sa chló Rómhánach faoin bpointe seo, áfach, rogha a rinne an Roinn Oideachais, faoi mar a socraíodh nuair a ghlac sé leis an obair ar dtús, agus cé gur shíl sé gur díoladh roinnt mhaith cóipeanna toisc nach raibh aon leabhar eile oiriúnach ar an margadh, bhraith sé nach mairfeadh sé ar an margadh toisc gur foilsíodh sa chló Rómhánach é. Bhraith sé gur thrua é sin toisc gur chaith sé ‘mór chuid de dhuadh’ air agus go raibh ábhar maith ann. Chreid sé ‘go mbuanófaí sa mhargadh é’ dá bhfoilseofaí é sa chló Gaelach.<sup>845</sup>

Bhí tromlach mór na múinteoirí go láidir in aghaidh an chló Rómhánaigh agus ba é an cló Gaelach a bhí i bhformhór mór na scoileanna. D’fhiafraigh Ó Siochfhradha de Sheán Mac Lellan: ‘an gceadóhadh an Roinn an leabhar san do theacht ar ais chugam-sa tar éis a bheith díolta as féin ins an gnáth-shlighe—sé sin, an leigfí é fé na coingeallacha nua aistriúcháin’.<sup>846</sup> Dá gceadódh an Roinn é seo, mhínigh Ó Siochfhradha go ndéanfadh sé socruithe maidir leis an aistriúchán a chur amach sa chló Gaelach.<sup>847</sup>

Mhínigh Mac Lellan gur maíodh sa chomhaontú a rinneadh le hÓ Siochfhradha ar an 3 Lúnasa 1929 nach mbeadh aon cheart ag an aistritheoir ‘chun an aistriúcháin’ tar éis dó an chéad íocaíocht a fháil agus nár leis féin é feasta ach leis an Roinn Oideachais.<sup>848</sup> Tugadh le fios d’Ó Siochfhradha, an lá arna mhárach, mar sin, go raibh an Gúm tar éis machnamh a dhéanamh ar a cheist ach nach n-athródh coinníollacha an chomhaontaithe agus go leanfadh an Gúm ar aghaidh, mar sin, leis an leabhar a fhoilsiú sa chló

---

<sup>845</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 13 Márta 1934, A0053, An Gúm.

<sup>846</sup> Tá sampla de na coinníollacha seo a bhí ar fáil d’aistritheoirí sa bhliain 1934 sa chomhad a bhaineann le *Latin Prose Composition*. Rinneadh comhaontú le haistritheoir an tsaothair úd, Maognus Ó Domhnaill, ar an 3 Iúil 1934. Sa chomhaontú seo, d’aontaigh Ó Domhnaill go mbeadh cóipcheart an aistriúcháin ag rialtas an tSaorstáit go dtí go mbeadh an brabús a dhéanfaí as é a dhíol ag teacht leis an airgead a chaith an Saorstát ar fhoilsiú agus ar thabhairt amach an aistriúcháin (gan íocaíocht an aistritheora a chur san áireamh). Ag an bpointe sin, gheobhadh an t-aistritheoir cóipcheart an aistriúcháin ar ais. Comhaontú, 3 Iúil 1934, A0293, An Gúm.

<sup>847</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 13 Márta 1934, A0053, An Gúm.

<sup>848</sup> Seán Mac Lellan chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, 13 Márta 1934, A0053, An Gúm.



Rómhánach.<sup>849</sup> Ordaíodh d'Oifig an tSoláthair 2000 cóip den aistriúchán a fhoilsiú sa chló Rómhánach i mí Feabhra 1935<sup>850</sup> agus 1000 cóip eile sa chló céanna i mí an Mheithimh 1936.<sup>851</sup>

### **Breithiúnas Criticiúil**

Maidir le *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe*, chuir Pádhraic Ó Domhnalláin in iúl go soiléir ón tús go raibh tuairim láidir aige maidir le cúrsaí cló. Sa chéad litir ó pheann an aistritheora sa chomhad a bhaineann leis an téacs seo mhaígh sé go ndéanfadh sé an t-aistriúchán ar an gcoinníoll go gclóbhuailfí é sa chló Gaelach. Níor mhór cuimhneamh gur thoiligh an t-aistritheoir an obair a dhéanamh ar iarratas ón nGúm—níorbh eisean a tháinig chomh fada leis an gCoiste leis an téacs.<sup>852</sup> In ainneoin go raibh sé ráite go soiléir aige nach ndéanfadh sé an t-aistriúchán ach ar an gcoinníoll go gclóbhuailfí sa chló Gaelach é agus go raibh oifigigh an Ghúim ar an eolas nach gceadófaí don Roinn Oideachais leabhair a bhain le Sraith na Meánscoile a chur amach sa chló Gaelach ach ar feadh bliain eile,<sup>853</sup> níl aon fhianaise sa chomhad go ndearna siad machnamh ar bith ar cheist chló an aistriúcháin ag an bpointe sin. Chuaigh bliain thart agus níor thrácht siad ar an gceist seo leis. D'fhan siad ina dtost ar feadh tréimhse chomh fada sin go raibh ar Ó Domhnalláin an cheist a chur i gcuimhne dóibh arís i mí Eanáir 1930 nuair a bhí an chéad imleabhar aistrithe aige: ‘maidir le coingheallacha: Ní mór dom-sa deimhniú d’fhágáil go gcló-bhuailfear as cló ar a dtugtar an cló Gaedhealach é’.<sup>854</sup>

Is dócha go raibh Ó Domhnalláin cinnte go leor agus an litir seo á scríobh aige go

---

<sup>849</sup> Seán Mac Lellan chuig Mícheál Ó Siochfhradha, 14 Márta 1934, A0053, An Gúm.

<sup>850</sup> Seán Mac Lellan chuig Ceannasaí Oifig an tSoláthair, 13 Feabhra 1935, A0053, An Gúm.

<sup>851</sup> Ibid., 5 Meitheamh 1936, A0053, An Gúm.

<sup>852</sup> Pádhraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 2 Nollaig 1928, A0117, An Gúm.

<sup>853</sup> Seán Mac Lellan chuig Proinnsias Ó Dubhthaigh, 18 Feabhra 1930, A0117, An Gúm.

<sup>854</sup> Pádhraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 19 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

gclóbhuaifí a aistriúchán sa chló Gaelach, ag cur san áireamh gur mhaígh sé sa chéad litir sin uaidh nach ndéanfadh sé é mura gclóbhuaifí é sa chló úd,<sup>855</sup> nach raibh aon rud ráite ag na foilsitheoirí leis ina thaobh, go raibh sé tar éis níos mó ná bliain a chaitheamh air faoin bpointe sin agus go raibh sé críochnaithe aige.<sup>856</sup>

Thug an Gúm le fios dó i mí Eanáir 1930 go mbeadh an Roinn sásta an t-aistriúchán a bhí déanta aige ar an gcéad imleabhar de *A General History of the Christian Era* a chlóbhualadh sa chló Gaelach.<sup>857</sup> Níor thuig Ó Domhnalláin as an eolas seo go raibh éiginnteacht ann faoi chló an dara himleabhar. Tá sé éasca a thuiscint go gceapfadh sé go raibh sé geallta ag an nGúm go gclóbhuaifí an dara himleabhar sa chló Gaelach, chomh maith, agus gur baineadh geit as, ansin, nuair a dúradh leis i mí na Samhna 1931 nach gclóbhuaifí é sa chló úd.<sup>858</sup> Bhí cuid den imleabhar aistrithe aige faoin tráth sin, é scríofa aige sa chló Gaelach.<sup>859</sup>

D'ardaigh Ó Domhnalláin ceist faoi chló *A General History of the Christian Era* leis an nGúm faoi dhó.<sup>860</sup> Ní dheachaigh an Gúm i ngleic leis an gceist an chéad uair, agus níor fhreagair siad an cheist faoi chló an téacs ina iomláine an dara huair, ach d'fhreagair siad go díreach maidir le himleabhar amháin.<sup>861</sup> Is furasta a thuiscint go mbeadh frustrachas ar an aistritheoir, go mór mór nuair a chuir sé in iúl go soiléir ón tús nach ndéanfadh sé an t-aistriúchán ach ar choinníoll an chló Ghaelaigh.<sup>862</sup> Chaithfí a rá nach ndeachaigh an Gúm i ngleic leis an gcás seo go héifeachtach. Mar bharr ar an donas, thuig Ó Domhnalláin gurbh é an páirtí polaitíochta a bhí i gceannas a shocródh cineál an chló,

---

<sup>855</sup> Pádhraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 2 Nollaig 1928, A0117, An Gúm.

<sup>856</sup> Seán Mac Lellan chuig Micheál Breathnach, 13 Samhain 1929, A0117, An Gúm.

<sup>857</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádhraic Ó Domhnalláin, 30 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

<sup>858</sup> *Ibid.*, 2 Samhain 1931, A0285, An Gúm.

<sup>859</sup> Pádhraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 7 Feabhra 1932, A0285, An Gúm.

<sup>860</sup> *Ibid.*, 2 Nollaig 1928, A0117, An Gúm; *ibid.*, 19 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

<sup>861</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádhraic Ó Domhnalláin, 30 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

<sup>862</sup> Pádhraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 19 Eanáir 1930, A0117, An Gúm.

cinneadh a d'athrófaí ach páirtí difriúil a thoghadh, agus bhraith sé nach raibh sé seo féaráilte le scríbhneoirí.<sup>863</sup>

Bhí an t-ádh le hÓ Domhnalláin, is dócha, gur toghadh Fianna Fáil agus gur tugadh cead don Ghúm an leabhar a fhoilsiú sa chló Gaelach seacht mí tar éis sin.<sup>864</sup> Is cinnte gur chúinsí deacra iad seo do scríbhneoirí agus d'aistritheoirí an Ghúim. Is dócha, ámh, gur chúinsí deacra iad d'fhostaithe an Ghúim freisin, agus iad ag brath ar chinntí Rialtais. Níor fhreagair an Gúm ceist Uí Dhomhnalláin: 'Cad a dhéanfas sgríobhnóir idir an dá linn?'<sup>865</sup> go dtí níos mó ná seacht mí tar éis don aistritheoir an cheist a chur, nuair a bhí athrú tagtha ar an Rialtas.<sup>866</sup> B'fhéidir go léiríonn sé seo go raibh fostaithe an Ghúim chomh neamhchinnte faoi rialacha an Rialtais is a bhí sé féin agus nach raibh a fhios acu céard ba cheart dóibh a rá le scríbhneoirí agus le haistritheoirí, nó cad iad na geallúintí a d'fhéadfaidís a thabhairt; rinne an Rialtas na cinntí ach bhí ar an nGúm déileáil le gearáin na n-aistritheoirí a d'eascair as na cinntí sin. Chuir roinnt mhaith aistritheoirí brú ar an nGúm chun an cló Gaelach a úsáid ach chuir rialtas Chumann na nGaedheal brú orthu an cló Rómhánach a chur i bhfeidhm. Bhí an Gúm faoi smacht ag an Rialtas agus bhí orthu a gcuid rialacha siúd a leanúint, ach nuair a d'athraigh an Rialtas sin, agus na rialacha maidir le cúrsaí cló in éineacht leo, bhí ar fhostaithe an Ghúim dul siar ar a bhfocal agus déileáil leis na haistritheoirí.

I gcás *Maria Chapdelaine*, dúradh cheana gur bhraith Ó Foghludha go ndearnadh 'tíorántacht chríochnuighthe' air,<sup>867</sup> agus bhí údar maith aige a bheith feargach. D'iarr an Coiste Foilseachán air aistriúchán a dhéanamh ar an téacs i mí an Mhárta 1928,<sup>868</sup> ní

---

<sup>863</sup> Pádhraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 7 Feabhra 1932, A0285, An Gúm.

<sup>864</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádhraic Ó Domhnalláin, 16 Meán Fómhair 1932, A0285, An Gúm.

<sup>865</sup> Pádhraic Ó Domhnalláin chuig Seán Mac Lellan, 7 Feabhra 1932, A0285, An Gúm.

<sup>866</sup> Seán Mac Lellan chuig Pádhraic Ó Domhnalláin, 16 Meán Fómhair 1932, A0285, An Gúm.

<sup>867</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 18 Márta 1932, A0002, An Gúm.

<sup>868</sup> Miontuairiscí an Chruinnithe, 15 Márta 1928, G068, An Gúm.

bhfuair sé an íocaíocht a bhí ag dul dó go dtí ceithre bliana tar éis sin i mí Aibreáin 1932<sup>869</sup> agus níor foilsíodh an t-aistriúchán go dtí dhá bhliain tar éis sin arís, sa bhliain 1934.<sup>870</sup> Níor tugadh rabhadh ar bith dó go mbeadh deacrachtaí ann maidir le cúrsaí cló go dtí go raibh an t-aistriúchán déanta aige. Bhí mí-ádh ar Ó Foghludha nach ndearnadh cinneadh maidir leis an gcineál cló a mbainfí úsáid as in aistriúcháin choimisiúnaithe mar seo go dtí go raibh an t-aistriúchán críochnaithe aige.<sup>871</sup> Is cinnte nach gcaithfeadh sé ceithre mhí<sup>872</sup> ag scríobh ceithre chéad leathanach den aistriúchán<sup>873</sup> dá mbeadh a fhios aige nach gceadófaí dóibh é a chlóbhualadh sa chló Gaelach. Nuair a diúltaíodh dó an t-aistriúchán a fhoilsiú sa chló Gaelach,<sup>874</sup> ní foláir nó go raibh eagla ar Ó Foghludha nach bhfoilseofaí a aistriúchán agus nach bhfaigheadh sé go deo an íocaíocht a bhí ag dul dó.

Ach caithfidh gurbh ábhar frustrachais é don Ghúm, freisin, nach ndearnadh cinneadh níos luaithe maidir leis an gcineál cló a mbainfí úsáid as in aistriúcháin mar seo. Bhí an Coiste Foilseachán ag déanamh iarrachta daoine a chur ag aistriú ábhar léitheoireachta ón 1 Deireadh Fómhair 1927,<sup>875</sup> ach níor tugadh le fios don Roinn Oideachais gur cheart aistriúcháin choimisiúnaithe a fhoilsiú sa chló Rómhánach go dtí níos mó ná bliain ina dhiaidh sin, ar an 8 Deireadh Fómhair 1928.

Is doiligh a thuiscint cén fáth nach raibh trua ag an Aire Airgeadais, Earnán de Blaghd, d'Ó Foghludha sa chás seo agus cén fáth nár ghéill sé don aistriúchán seo a fhoilsiú sa chló Gaelach ag pointe ar bith. Rinne an Roinn Oideachais achainí ar an Roinn Airgeadais cead a thabhairt dóibh an t-aistriúchán a fhoilsiú sa chló Gaelach trí huair in 1928 agus 1929. Míníodh don Roinn Airgeadais nach ndearnadh cinneadh maidir leis an

---

<sup>869</sup> Foirm Íocaíochta an Aistritheora, 14 Aibreán 1932, A0002, An Gúm.

<sup>870</sup> Foirm Foilseachán, 3 Iúil 1934, A0002, An Gúm.

<sup>871</sup> Seán Mac Lellan chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 24 Márta 1932, A0002, An Gúm.

<sup>872</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 18 Márta 1932, A0002, An Gúm.

<sup>873</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig Seán Mac Lellan, 5 Deireadh Fómhair 1929, A0002, An Gúm.

<sup>874</sup> Meamram ón Roinn Airgeadais chuig an Roinn Oideachais, 7 Nollaig 1928, A0002, An Gúm.

<sup>875</sup> Miontuairiscí an Chruinnithe, 1 Deireadh Fómhair 1927, G068, An Gúm.

gcineál cló a mbainfí úsáid as in aistriúcháin choimisiúnaithe go dtí go raibh an t-aistriúchán críochnaithe ag an aistritheoir. I bhfianaise an mhéid sin, tá sé deacair a thuiscint conas nach bhfaca an tAire de Blaghd go mbeadh éagóir á dhéanamh ag an Roinn Oideachais ar an aistritheoir mura gclóbhuaillfí an t-aistriúchán sa chló Gaelach. Faoi mar a dúradh thuas, iarradh ar an Roinn Airgeadais cead a thabhairt don Roinn Oideachais glacadh leis an aistriúchán mar théacs a cuireadh isteach ar chonlán an aistritheora, toisc go raibh cead ag an Roinn méid faoi leith de na haistriúcháin seo a fhoilsiú sa chló Gaelach,<sup>876</sup> ach fós, ní cheadódh de Blaghd é.<sup>877</sup> Níor thug de Blaghd le fios ag pointe ar bith an fáth a raibh sé chomh láidir i gcoinne an aistriúcháin seo, ach go háirithe, a fhoilsiú sa chló Gaelach, agus is ceist an-suimiúil í seo.<sup>878</sup>

Is deacair a chreidiúint gur caitheadh le hÓ Foghludha sa chaoi seo agus é ina bhall sáraithe den Choiste Foilseachán.<sup>879</sup> Thug sé le fios go raibh sé ‘láncheapaithe an coiste do thréigean ar fad’,<sup>880</sup> agus is cinnte go mbeadh cúis mhaith aige é sin a dhéanamh. Má fhéachaimid air ó thaobh an Ghúim de, bhí scileanna Uí Fhoghludha de dhíth go géar orthu—mar aistritheoir, mar léitheoir agus mar dhuine a raibh an Fhraincis aige—agus ní foláir nó gurbh ábhar inní dóibh siúd é nuair a thosaigh an argóint seo faoi chúrsaí cló. Mar a dúradh cheana, bhí an Roinn Oideachais buartha faoi aistritheoirí dá leithéid a chailleadh mar gheall ar ábhair aighnis den sórt seo,<sup>881</sup> agus bhí an ceart acu a bheith inníoch faoi raon teoranta na dteangacha as ar aistríodh saothair, go háirithe, mar cáineadh iad go géar sna blianta a bhí le teacht toisc nár foilsíodh níos mó aistriúchán ó

---

<sup>876</sup> Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais chuig Rúnaí na Roinne Airgeadais, 15 Samhain 1929, A0002, An Gúm.

<sup>877</sup> Walter Doolin chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 23 Samhain 1929, A0002, An Gúm.

<sup>878</sup> Shíl mé go mb’fhéidir go mbeadh tagairt déanta ag de Blaghd do chásanna den chineál seo ina chuimhní cinn, ach ní dhíríonn sé iontu ach ar an tréimhse roimh bhunú an tSaorstáit. Earnán de Blaghd, *Trasna na Bóinne* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1957); *ibid.*, *Slán le hUltaibh* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1970); *ibid.*, *Gaeil á Múscailt* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1973).

<sup>879</sup> Miontuairiscí an Chruinnithe, 15 Márta 1928, G068, An Gúm.

<sup>880</sup> Risteárd Ó Foghludha chuig Rúnaí na Roinne Oideachais, 18 Márta 1932, A0002, An Gúm.

<sup>881</sup> Seán Mac Lellan chuig Rúnaí na Roinne Airgeadais, 24 Márta 1932, A0002, An Gúm.

theangacha eile seachas an Béarla.<sup>882</sup> Níl aon amhras gurbh ábhar frustrachais é d’Ó Foghludha gur cuireadh in iúl dó gur mhór ag an Roinn Oideachais a chuid scileanna ach gur caitheadh chomh dona sin leis ag an am céanna.

Faoi mar a luadh thuas, dúirt Ó Siochfhradha i dtaca le *Taoisigh Eorpa*, gur chaith sé ‘mór chuid de dhuadh’<sup>883</sup> leis an aistriúchán, rud nach bhféadfaí a shéanadh. Mar a pléadh i gCaibidil 4, thug sé le fios nuair a thosaigh sé an t-aistriúchán go ndéanfadh sé iarracht é a bheith críochnaithe aige roimh oscailt na meánscoileanna in 1930.<sup>884</sup> Sheas sé lena fhocal, agus chuir sé in iúl don Ghúm go raibh sé déanta aige ar an 12 Iúil 1930.<sup>885</sup> Ardaíodh ceisteanna faoi oiriúnacht an aistriúcháin tar éis dó é a chríochnú, áfach,<sup>886</sup> agus bhí air fanacht ar feadh bliana, nach mór, lena íocaíocht a fháil mar gheall ar na hathruithe a moladh dó.<sup>887</sup> Tar éis na trioblóide seo go léir a chuir an Gúm ar Ó Siochfhradha, níor chuir na hoifigigh aon stró orthu féin é a shásamh nuair a chuir sé in iúl dóibh gur mhaith leis go bhfoilseofaí an t-aistriúchán sa chló Gaelach.<sup>888</sup> Níor chaith siad mórán ama ag smaoiniamh faoi, go fíú, agus chuir siad in iúl dó, an lá dár gcionn, nach n-athródh coinníollacha an chomhaontaithe.<sup>889</sup> Is cinnte gur cheart don Ghúm machnamh ní ba chúramaí a dhéanamh ar iarratas an aistritheora sa chás seo, go mór mór nuair a chuirtear san áireamh cé chomh foighneach agus garúil a bhí sé féin agus an t-aistriúchán á dhéanamh aige.

---

<sup>882</sup> Ó Faracháin, “Regarding An Gúm,” 176.

<sup>883</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 13 Márta 1934, A0053, An Gúm.

<sup>884</sup> Ibid., 2 Lúnasa 1929, A0053, An Gúm.

<sup>885</sup> Ibid., 12 Iúil 1930, A0053, An Gúm.

<sup>886</sup> Pádraig Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 22 Eanáir 1931, A0053, An Gúm.

<sup>887</sup> Foirm Íocaíochta an Aistritheora, 25 Lúnasa 1931, A0053, An Gúm.

<sup>888</sup> Micheál Ó Siochfhradha chuig Seán Mac Lellan, 13 Márta 1934, A0053, An Gúm.

<sup>889</sup> Seán Mac Lellan chuig Micheál Ó Siochfhradha, 14 Márta 1934, A0053, An Gúm.

## Conclúid

Ba í buncheist an tráchtais seo ná cén chaoi a ndeachaigh fórsaí seachtracha áirithe i bhfeidhm ar obair aistriúcháin an Ghúim sa tréimhse idir 1926 agus 1966. Cuireadh an cheist seo chun an meon coiteann—sé sin, gurbh iad an Gúm féin ba chúis leis an droch-cháil a bhí orthu—a fhiosrú. Bhí trácht sa saothar seo, chomh maith, ar an gcaoi ar dhéileáil an eagraíocht leis na fórsaí úd, trácht a thug léargas ar an tionchar a bhí acu ar na hoifigigh agus ar na haistritheoirí, agus ar an gcaidreamh idir an dá dhream. Rinneadh mionscrúdú ar chomhaid sé aistriúchán ar leith, trí théacsleabhar meánscoile agus trí leabhar litríochta, mar eiseamláirí ionadaíocha ar an tionchar sin. Ba iad na bunfhoinsí seo croí an tráchtais.

Díríodh ar na ceisteanna seo a leanas agus an taighde seo á dhéanamh, ceisteanna nach ndearnadh mionphlé orthu i gcomhthéacs scéal aistriúcháin an Ghúim sa tréimhse idir 1926 agus 1966 go dtí seo:

- (1) Cén tslí a ndeachaigh fórsaí seachtracha i bhfeidhm ar chinneadh an Ghúim glacadh le haistriúcháin fhochaighdeánacha?
- (2) Cén chaoi a ndeachaigh meon cinsireachta na linne in Éirinn i bhfeidhm ar obair aistriúcháin an Ghúim?
- (3) Cén dóigh a ndeachaigh éiginnteacht na rialacha maidir le foilsíú sa chló Gaelach agus sa chló Rómhánach i bhfeidhm ar an obair chéanna?

Tabharfar léargas thíos ar fhreagraí na gceisteanna seo. Ansin, déanfar iarracht an obair aistriúcháin a rinne an comhlacht sa tréimhse a mheas de réir na fianaise a tháinig chun cinn le linn an taighde a rinneadh ar na bunfhoinsí. Ar deireadh, déanfar moltaí maidir leis an taighde atá fós le déanamh ar chartlann an Ghúim.

Léiríodh sa tráchtas seo go raibh tionchar ag fórsaí seachtracha ar chinneadh an

Ghúim glacadh le haistriúcháin fhochaighdeánacha. I gcás *Stair na Gréige* agus *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe* araon, bhí faitíos orthu go gceapfaí go mbeadh ardscoláirí á gceistiú acu dá gcuirfidís ina gcoinne. Bhí baint ag an dlúthchairdeas a bhí ag an Moinsíneoir de Brún leis an Taoiseach, chomh maith, le meon na heagraíochta i leith *Stair na Gréige*. Bhraith an Gúm go raibh iachall orthu glacadh le *Dathad a hAon* ansin, toisc gurbh é an tAire Oideachais, Tomás Ó Deirg, a mhol go ndéanfadh Nioclás Tóibín aistriúchán maith ar an leabhar.

Tugadh léargas sa saothar seo ar an gcinsireacht a rinne an Gúm ar *Makers of Europe* agus *Pêcheur d'Islande* i bpróiseas an aistrithe. Fágadh giotaí ar lár sa leagan Gaeilge de *Makers of Europe* toisc, is dócha, go gcuirfidís drochíomhá den Eaglais Chaitliceach in iúl, agus níor aistríodh píosaí a bhain le cúrsaí collaíochta in *Pêcheur d'Islande*. Ba thír Chaitliceach í Éire agus bhí an Stát ag iarraidh an íomhá sin a chur os comhair an phobail agus náisiúnachas na tíre a láidriú. Ní raibh na píosaí seo sna leabhair ag teacht leis an íomhá sin, áfach, agus mar sin bhain an Gúm úsáid as an gcinsireacht chun iad a chur faoi chois. Léiríodh an cleachtas cinsireachta a bhí acu, chomh maith, agus chonacthas nár míníodh d'úinéirí na gceart foilsithe i gceachtar den dá chás go ndéanfaí cinsireacht ar an leabhar, agus nár cuireadh seo in iúl don aistritheoir, fiú, i gcás *Pêcheur d'Islande*.

Chonacthas gur chruthaigh éiginnteacht na rialacha maidir le foilsiú sa chló Gaelach agus sa chló Rómhánach aighneas idir aistritheoirí agus oifigigh an Ghúim i gcás *Maria Chapdelaine* agus *Stair Choitcheann na Ré Críostaidhe* agus go ndearna sé dochar don chaidreamh idir an dá dhream. Rinne an Rialtas na cinntí agus bhí ar oifigigh an Ghúim déileáil le gearáin na n-aistritheoirí a d'eascair as na cinntí sin. Nuair a d'athraigh an Rialtas, ansin, agus na rialacha maidir le cúrsaí cló in éineacht leis, bhí ar na hoifigigh dul siar ar a bhfocal agus déileáil leis na haistritheoirí céanna.



De réir na fianaise a tháinig chun cinn le linn an taighde seo, d'fhéadfaí a mhaíomh gur thionscnamh ceannródaíoch é an Gúm; toisc gur éirigh leo ábhar leathan léitheoireachta a chur ar fáil do phobal na Gaeilge, rud nach ndearna aon eagraíocht seachas Conradh na Gaeilge roimhe sin. Ní foláir a rá gur ghrúpa an-chumasach iad na comhairleoirí a bhí ag obair dóibh ó thaobh scoláireacht na Gaeilge de, cuir i gcás Tadhg Ó Donnchadha a bhí ina Ollamh le Gaeilge i gColáiste Ollscoile Chorcaí. Ba léannta iad na daoine a thug comhairle don Ghúm i dtaobh theangacha na Mór-Roinne chomh maith; mar shampla an léachtóir le clasaicigh, Maighréad Ní Éimhthigh; an léachtóir le hIodáilis, David Nolan; an léachtóir le Fraincis, Louis de Róiste; agus an tOllamh le teangacha rómánsacha, Liam Ó Briain. B'oilte an dream iad na cigirí agus na hoifigigh sa Roinn Oideachais, a raibh an-tuiscint acu ar chúrsaí oideachais, chomh maith, chun comhairle a thabhairt i dtaobh leabhair scoile.

Níorbh iad na comhairleoirí amháin, áfach, a chuaigh i bhfeidhm ar na téacsanna a roghnaigh an Gúm le haistriú. Ba mhinic gur tháinig scríbhneoirí chucu le plean chun téacs a aistriú, nó téacs aistrithe cheana féin acu, agus gur ghlac an Gúm leis. D'fhéadfaí a áiteamh gur leag siad níos mó béime ar ábhar léitheoireachta a chur ar fáil ná ar chaighdeán na litríochta a bhí sna leabhair, agus gur foilsíodh, mar gheall air sin, meascán de shárlitríocht agus de shaothair níos laige. Os a choinne sin, is foinsí luachmhara iad na haistriúcháin ó thaobh stór focal de, beag beann ar chaighdeán na litríochta atá iontu. Baineadh úsáid as an nGaeilge sna haistriúcháin chun plé a dhéanamh ar ábhair nár scríobhadh fúthu riamh sa teanga agus tháinig forbairt ar smaointeoireacht agus ar fhriotal na Gaeilge mar gheall orthu. Léiríodh sna haistriúcháin go bhféadfaí an Ghaeilge a chur in oiriúint don saol comhaimseartha.

Rinne an Gúm iarracht aistriúcháin ó theangacha eile seachas an Béarla a chur ar fáil, ach ní raibh na haistritheoirí acu. Mar an gcéanna, bhí fíorbheagán údar ann chun

saothair bhunaidh a scríobh. É sin ráite, toisc nach raibh difríocht mhór idir na rátaí íocaíochta a tugadh do na húdair agus do na haistritheoirí, d'fhéadfaí a mhaíomh gur cuireadh na húdair ón scríbhneoireacht chruthaitheach. Ní dheachaigh an Gúm i ngleic leis an bhfadhb seo in am trátha, áfach. Níor mhéadaigh siad na rátaí i gcomhair buncheapadóireachta go mór ar feadh fiche bliain, agus mar gheall air sin d'iompaigh na scríbhneoirí i dtreo na n-aistriúchán agus i gcoinne na bunscríbhneoireachta.

Bhí tús dearfach, lán le dea-rúin, ag an nGúm ach ba ghairid go ndeachaigh gnéithe faoi leith den státseirbhís ina n-aghaidh—gnéithe cosúil le cinsireacht agus éiginnteacht pholaitiúil a pléadh thuas. Léiríodh, chomh maith, gur thuig oifigigh na heagraíochta nach raibh caighdeán maith Gaeilge i gcuid de na leabhair a d'fhoilsigh siad, ach bhraith siad nach raibh an chumhacht acu chun dul i gcoinne na bpolaiteoirí a mhol na haistritheoirí. Lena chois sin, is léir go ndeachaigh maorlathas na státseirbhíse i bhfeidhm orthu—ba mhinic nach ndeachaigh oifigigh an Ghúim i ngleic lena gcuid fadhbanna in am trátha, ach ligidís iad le gaoth agus dhéantaí dearmad orthu go dtí go ndeachaigh siad in olcas. Léiríonn sé seo go raibh easpa freagrachta sa chóras acu—ní raibh caidreamh leanúnach idir scríbhneoir agus eagarthóir amháin, agus chuir sé seo leis an bhfadhb. Caitear a rá nach raibh cur chuige iomlán cothrom ag an nGúm ach oiread—bhí claonadh iontu géilleadh d'aistritheoirí a raibh gradam ag baint lena bpost, agus níos mó saoirse a thabhairt dóibh.

Tá sé éasca a thuiscint cén fáth a ndeachaigh roinnt de na scríbhneoirí is fearr i dtreo Sháirséal agus Dill—comhlacht nach raibh chomh láidir faoi thionchar na polaitíochta agus na cinsireachta is a bhí an Gúm—nuair a bunaíodh é sa bhliain 1945. Ach ní chuimhníonn lucht cáinte na heagraíochta rómhinic ar an dua fisiciúil, ama agus foighne a bhain le hobair fhoilsitheoireachta a dhéanamh mar chuid de Roinn Stáit, agus ní féidir a shéanadh gurbh é an Gúm a chuir bonn láidir faoi chúrsaí foilsitheoireachta na

Gaeilge sa chéad scór bliain a raibh sé ar an bhfód i gcomhair na gcomhlachtaí príobháideacha seo a bhí ar tí teacht ar an saol.

Tá go leor taighde fós le déanamh ar chomhaid aistriúcháin an Ghúim sa tréimhse idir 1926 agus 1966. B’fhiú go mór staidéar níos cuimsithí a dhéanamh ar chuid mhór ábhar nárbh acmhainn dom, de cheal spáis agus ama, a phlé go mion sa saothar seo. Mar shampla, tá níos mó taighde le déanamh ar údair, ar shaothair agus ar eagarthóirí áirithe. Anois agus liosta curtha le chéile de chomhairleoirí an Ghúim agus na comhaid inar léirigh siad a dtuairimí, b’fhiú comhairleoirí faoi leith a roghnú agus taighde a dhéanamh ar na comhaid a bhaineann leo chun tuiscint a fháil ar an modh oibre a bhí acu agus ar an tionchar a bhí acu ar an scéal—ar tugadh éisteacht níos fearr do dhaoine áirithe?; an bhféadfaí patrún a aithint sa chomhairle a cuireadh ar fáil?; an raibh lé ag daoine áirithe le téacsanna ar leith?, agus araile.

Toisc go ndearnadh taifead ar na saothair Bhéarla a ndearnadh cinsireacht orthu sa Saorstát sa tréimhse seo in *Tabhall na bhFoilsíochán Coiscthe*, ach gur cuireadh féinchinsireacht i bhfeidhm ar théacsanna Gaeilge, caitear níos mó oibre cosúil leis an taighde a rinneadh sna bunfhoinní don tráchtas seo a dhéanamh chun a fháil amach cérbh iad go díreach na saothair Ghaeilge a ndearnadh cinsireacht orthu. Bheadh sé spéisiúil breathnú, ansin, ar chur chuige an Ghúim i leith cinsireachta ar aistriúcháin i gcoitinne— ar cuireadh in iúl d’úinéirí chearta an tsaothair bhunaidh agus/nó don aistritheoir go ndearnadh cinsireacht?; an raibh lámh ag an aistritheoir sa chinsireacht?; ar shocraigh siad féin an chinsireacht a dhéanamh nó ar tháinig an brú ó lasmuigh?, agus araile.

Mar fhocal scoir, beidh an taifead cuimsitheach atá déanta i gcatálóg nua na gcomhad atá sa Chartlann Náisiúnta an-úsáideach do scoláirí Gaeilge a dteastaíonn uathu féachaint ar ghnéithe faoi leith de scéal an Ghúim—cuir i gcás, an dearcadh a léirítear sna

gearrthóga nuachtáin a coinníodh, na giotaí réamhchló de na haistriúcháin a bhfuil fáil orthu, na haistriúcháin a raibh tóir orthu agus a athfhoilsíodh, agus an fhorbairt a rinneadh ar stór focal na Gaeilge sa tréimhse seo toisc go raibh sé de dhíth sna haistriúcháin.

Ar an mórgóir, eochair atá sa chatalóg chun an iliomad doras a oscailt do scoláirí Gaeilge, toisc go dtugtar léargas inti ar an saibhreas ábhair atá sna bunfhoinní agus ar an taighde ar fad atá fós le déanamh chun scéal aistritheoireachta an Ghúim a insint ina iomláine. Ní raibh scéim aistriúcháin an Ghúim, idir 1926 agus 1966, gan locht, níl aon amhras faoi sin, ach ba chonstaic mhór iad na laincisí maorlathais a bhí ag brú orthu mar eagraíocht stáit—b'éigean dóibh géilleadh d'oifigigh shinsearacha Rialtais, b'éigean dóibh cluas éisteachta a thabhairt do chléir agus do lucht cosanta moráltachta ar theastaigh uathu an náisiún nuabheirthe a mhúnlú ar bhealach ar leith, agus b'éigean dóibh an 'siar is aniar' ar dhlúthchuid é d'athrú rialtais a leanúint—gan trácht ar an obair eagarthóireachta agus riaracháin gan bhuíochas a bhí de dhlúth agus d'inneach ina gcuid oibre laethúla.

## Leabharliosta

- “A British Plot.” *Irish Times*. 24 Eanáir 1929.
- A Catechism of Catholic Doctrine*. Dublin: M.H. Gill & Son, 1951.
- Adams, Michael. *Censorship: the Irish Experience*. Dublin: Scepter Books, 1968.
- Adams, Róisín, Claire Marie Dunne, agus Caoimhe Nic Lochlainn, eag. *Thar an Tairseach: Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg*. Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR, 2014.
- Adams, Róisín. “Forbairt Litríocht Ghaeilge na nÓg.” Tráchtas PhD, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, 2015.
- Andersen, Hans Christian. *Scéalta don Aos Óg*. Aistrithe ag Proinnsias Ó Brógáin. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1935.
- . *Stories for the Young*. London: Ward Lock Bowden, 1894.
- “An Gúm agus Foilsiú na Gaeilge.” *Comhar* 9, uimh. 8 (Lúnasa 1950): 12–14.
- “An Gúm.” *Comhar* 4, uimh. 7 (Iúil 1945): 4.
- “An Gúm: A Lochta is a Leigheas, II.” *Comhar* 6, uimh. 6 (Meitheamh 1947): 9.
- “An Gúm: A Lochta is a Leigheas, III.” *Comhar* 6, uimh. 7 (Iúil 1947): 2.
- “An Gúm: A Lochta is a Leigheas, IV.” *Comhar* 6, uimh. 8 (Lúnasa 1947): 2.
- An tOireachtas. “Acht um Scrúdóireacht Fhoillseachán, 1929.” Achtanna an Oireachtais. Faighte 1 Márta 2018. <http://www.acts.ie/ga.act.1929.0021.1.html>.
- . “Dáil Éireann Debate Vol. 168 No. 5.” Tithe an Oireachtais. Rinneadh athruithe air ar an 22 Aibreán 2015. Faighte 1 Iúil 2018. <http://oireachtasdebates.oireachtas.ie/debates%20authoring/debateswebpack.nsf/takes/dail1958052200020>.
- . “Members of the First Dáil.” Tithe an Oireachtais. Faighte 23 Aibreán 2019. <https://www.dail100.ie/en/people/>.
- Bairéad, Tomás. *Cumhacht na Cinneamhna*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1950.
- Barrington, Margaret. “Public Opinion—Censorship.” *The Bell* 9, uimh. 6 (Márta 1945): 528–30.
- Barry, Dermot. *Tomás Ó Créagáin*. Aistrithe ag Roibeárd Ó Faracháin. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.
- Bassnett, Susan. *Translation Studies Revised Edition*. London: Routledge, 1992.
- Bazin, René. *An Chaoin-Fhrainc*. Aistrithe ag Maighréad Nic Mhaicín. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1956.
- . *La Douce France*. Paris: J. de Gigord, 1911.
- Beckett, James Camlin. *The Making of Modern Ireland*. New York: Alfred A. Knopf Inc., 1980.

- Bellew, Henry. "Censorship, Law and Conscience." *The Bell* 3, uimh. 2 (Samhain 1941): 140.
- "Bishops Urge Prayers for Censorship Bill." *Irish Times*. 11 Feabhra 1929.
- Blackmore, Richard D. *Lorna Doone*. Aistrithe ag Aindrias Ó Baoighill. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1934.
- . *Lorna Doone*. London: Sampson Low, Son & Marston, 1869.
- Blamires, Cyprian, agus Paul Jackson, eag. *World Fascism: A Historical Encyclopedia*. Oxford: ABC-CLIO, 2006.
- "Board of Censors to Number Nine." *Irish Times*. 21 Feabhra 1929.
- "Books Column." *Cork Weekly Examiner*. 7 Eanáir 1939.
- Bourden, Patricia. *The Emergence of Modern Ireland 1850–1966*. Dublin: Folens, 1986.
- Bricriú. "Cúrsaí Reatha: Clann na Talmhan ins na Sé Conndae: An Gúm." *Comhar* 2, uimh. 5 (Meán Fómhair 1943): 7.
- Brontë, Emily. *Árda Wuthering*. Aistrithe ag Seán Ó Ciosáin. Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, 1933.
